# Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta

## Leagan 1.0 – Meitheamh 2020

## Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| ARF | Aitheantas Réamhfhoghlama |
| CFC | Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe |
| DISA | Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán |
| FS/SS | Fíordheimhnitheoir Seachtrach/Scrúdaitheoir Seachtrach |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| POF | Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin |
| TF | Teicneolaíocht Faisnéise |
| TGG | Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil |

## Clár Ábhair


**Cuid 1: Réamhrá** ........ **1**

**1. Próifíl na hInstitiúide** ........ 1

**2. Ráiteas Misin** ........ 1

**3. Éiteas** ........ 2

**4. Achoimre ar Chúrsaí arna gcreidiúnú ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann** ........ 2

**5A. Struchtúr na hEagraíochta** ........ 4

**5B. Córas Dearbhaithe Cáilíochta** ........ 5

**Cuid 2: Beartais agus Nósanna Imeachta** ........ **6**

**1. Rialachas agus Bainistíocht Cáilíochta** ........ **6**

**1.1 Beartas Rialachais** ........ 6

**1.2 Foghrúpaí a Roghnú** ........ 8

**1.3 Téarmaí Tagartha agus Róil agus Freagrachtaí** ........ 9

**1.4 Bainistíocht Riosca san Eagraíocht** ........ 14

1.4.1 Beartas ........ 14

1.4.2 Doiciméid Tagartha ........ 14

1.4.3 Téarmaíocht ........ 15

1.4.4 Bainistíocht Riosca ........ 16

1.4.5 Cur Chuige Bunúsach maidir le Bainistíocht Riosca ........ 16

1.4.6 Nós imeachta ........ 18

1.4.7 Oiliúint ........ 19

1.4.8 Monatóireacht agus Iniúchóireacht ........ 19

1.4.9 Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtúlacht ........ 20

1.4.10 Athbhreithniú ar an mbeartas ........ 20

**1.5 Bainistiú ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cultúr Cáilíochta a Leabú** ........ 21

1.5.1. Córas Dearbhaithe Cáilíochta ........ 21

1.5.2 Comhthéacs ........ 22

1.5.3 Ár mB4.5unluachanna ........ 22

1.5.4 An Fhís atá againn maidir le Cáilíocht ........ 24

1.5.5 Beartas Dearbhaithe Cáilíochta ........ 24

1.5.6 An Fhoireann Cáilíochta ........ 26

1.5.7 An Timthriall Feabhsúcháin Cáilíochta ........ 27

1.5.8 Táscairí Feidhmíochta ........ 28

1.5.9 Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta ..... 31

**2. Cur Chuige Doiciméadaithe um Dhearbhú Cáilíochta ..... 32**

**2.1 Beartais agus Nósanna Imeachta Doiciméadaithe: Córas Cuimsitheach** ..... 32

2.1.1 Aiseolas ó Pháirtithe Leasmhara ..... 33

2.1.2 Freagracht ..... 33

2.1.3 Struchtúr Beartas agus Nósanna Imeachta ..... 34

2.1.4 Forbairt Beartais ..... 34

2.1.5 Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Dhearbhú Cáilíochta ..... 36

**2.2 Beartas Tagarmharcála** ..... 38

**2.3 Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta** ..... 40

**2.4 Beartas Sláinte agus Sábháilteachta** ..... 43

**2.5 Critéir Roghnaithe Áitreabh** ..... 45

**2.6 Monatóireacht agus Athbhreithniú** ..... 47

**3. Cláir Oideachais agus Oiliúna ..... 48**

**3.1 Rochtain, Aistriú & Dul Chun Cinn Foghlaimeoirí** ..... 48

**3.2 Rochtain agus Iontrálacha: Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí** ..... 50

**3.3 Beartas Iontrála Foghlaimeoirí** ..... 51

**3.4 Dul chun cinn an Fhoghlaimeora** ..... 56

**3.5 Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF)** ..... 58

3.5.1 An Próiseas ARF ..... 59

3.5.2 Critéir i dtaca le ARF ..... 60

**3.6 Beartas Bradaíola** ..... 64

3.6.1 Sainmhíniú ar Bhradaíl ..... 64

**3.7 Forbairt agus Faomhadh Clár** ..... 69

**3.8 Measúnú ar Riachtanais an Chláir** ..... 71

**3.9 Dearadh Cláir** ..... 73

**3.10 Faomhadh Cláir** ..... 75

**3.11 Sreabhchairt maidir le Forbairt Cláir agus Faomhadh Cláir** ..... 77

**3.12 Pleanáil Cláir** ..... 78

**3.13 Soláthar Cláir** ..... 79

**3.14 Beartas um Fhoghlaim Chumaisc agus um Fhoghlaim Ar Líne** ..... 81

**3.15 Monatóireacht agus Athbhreithniú** ..... 88

**4. Earcaíocht, Bainistíocht agus Forbairt Foirne ..... 89**

**4.1 Earcaíocht** ..... 91

**4.2 Cumarsáid san Institiúid** .......... 94
**4.3 Bainistíocht agus Forbairt Foirne** .......... 98
**4.4 Cód iompair don Fhoireann** .......... 103
**4.5 Monatóireacht agus Athbhreithniú** .......... 105
**5. Teagasc agus Foghlaim .......... 106**
**5.1 Beartas Teagaisc agus Foghlama** .......... 106
**5.2 Éiteas an tSoláthraí chun an Fhoghlaim a Chur Chun Cinn** .......... 109
**5.3 Cleachtas Náisiúnta agus Idirnáisiúnta** .......... 115
**5.4 Timpeallachtaí Foghlama** .......... 116
5.4.1 Acmhainní Foghlama .......... 116
5.4.2 Áitribh a Roghnú .......... 118
**5.5 Monatóireacht agus Athbhreithniú** .......... 120
**6. Measúnú ar Fhoghlaimeoirí .......... 122**
6.1.1 Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí maidir le Measúnú .......... 122
6.1.2 Pleanáil Chomhordaithe maidir le Measúnú .......... 123
6.1.3 Slándáil an Phróisis Measúnaithe .......... 128
6.1.4 Socrú Réasúnta .......... 128
6.1.5 Comhsheasmhacht na Marcála .......... 129
6.1.6 Tras-mhodhnóireacht .......... 130
6.1.7 Fíorú Inmheánach .......... 131
6.1.8 Fíordheimhniú Seachtrach .......... 133
6.1.9 Faomhadh Torthaí .......... 134
6.1.10 Aighneacht le haghaidh Deimhniúcháin .......... 138
**6.2 Meastóireacht ar Fhoghlaimeoirí** .......... 140
**6.3 Achomhairc ó Fhoghlaimeoirí** .......... 142
**6.4 Gearáin ó Fhoghlaimeoirí** .......... 143
**6.5 Monatóireacht agus Athbhreithniú** .......... 145
**7. Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí .......... 146**
**7.1 Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí** .......... 146
**7.2 Monatóireacht agus Athbhreithniú** .......... 156
**8. Bainistíocht Sonraí agus Faisnéise .......... 157**
**8.1 Córais Faisnéise** .......... 158
**8.2 Córas Faisnéise Foghlaimeoirí** .......... 159
**8.3 Córas Faisnéis Bhainistíochta** .......... 161

**8.4 Pleanáil Bhreise** ..... 162
8.4.1 Anailísiú Sonraí ..... 162
**8.5 Rátaí Críochnúcháin** ..... 163
**8.6. Coinneáil Taifead** ..... 164
8.6.1 Beartas Taifid Ardcháilíochta ..... 164
8.6.2 Beartas Taifid Foghlaimeoirí ..... 165
8.6.3 Bainistíocht Doiciméad ..... 166
**8.7 Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise** ..... 168
8.7.1 Ráiteas Príobháideachta Sonraí ..... 169
8.7.2 Beartas um Chosaint Sonraí ..... 170
8.7.3 Sonraí a Bhailiú agus a Phróiseáil ..... 172
8.7.4 Iarrataí ar Rochtain ar Shonraí ..... 174
8.7.5 Iarrataí ar Cheartú, ar Scriosadh, ar Phróiseáil a Shrianadh agus Agóidí ..... 175
8.7.6 Iarrataí ar Iniomparthacht Sonraí ..... 176
8.7.7 Rúndacht agus Slándáil ..... 177
8.7.8 Glanadh Sonraí ..... 178
8.7.9 Sárú ar Shonraí a Bhainistiú ..... 179
8.7.10 Iniúchtaí Inmheánacha ..... 181
8.7.11 Oiliúint agus Tacaíocht don Fhoireann ..... 182
8.7.12 Coinneáil agus Diúscairt Sonraí ..... 183
**8.8 Monatóireacht agus Athbhreithniú** ..... 185
**9. Faisnéis agus Cumarsáid ..... 187**
**9.1 Faisnéis don Phobal** ..... 187
**9.2 Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí** ..... 189
**9.3 Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí** ..... 191
**9.4 Cumarsáid san Eagraíocht** ..... 192
**9.5 Lámhleabhar na Foirne/na Léachtóirí/na dTeagascóirí/na gCeartaitheoirí** ..... 194
**9.6 Foilsiú na dTuarascálacha maidir le Meastóireacht ar Dhearbhú Cáilíochta** ..... 196
**9.7 Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe** ..... 198
**9.8 Soláthar Oideachais (Inmheánach agus Comhoibritheach)** ..... 200
**9.9 Beartas Suímh Gréasáin agus Beartas na Meán Sóisialta** ..... 203
**9.10 Monatóireacht agus Athbhreithniú** ..... 205
**10. Páirtithe Eile a bhfuil baint acu le hOideachas agus Oiliúint ..... 206**
**10.1 Caidreamh Piaraí leis an bPobal Oideachais agus Oiliúna níos Leithne** ..... 206

**10.2 Comhpháirtíochtaí Seachtracha agus Dara Soláthraithe** ........ 207
**10.3 Painéil saineolaithe, scrúdaitheoirí agus fíordheimhnitheoirí** ........ 208
**11. Féinmheastóireacht, Monatóireacht agus Athbhreithniú ........ 209**
**11.1 Athbhreithniú Inmheánach, Féinmheastóireacht agus Monatóireacht an tSoláthraí** ........ 210
**11.2 Féinmhonatóireacht Inmheánach** ........ 211
**11.3 Féinmheastóireacht agus Feabhsú** ........ 213
**11.4 Baint le Dearbhú Cáilíochta Seachtrach** ........ 215

# Cuid 1: Réamhrá

## 1. Próifíl na hInstitiúide

Bunaíodh Gaelchultúr in 2005 agus is ceannairí margaidh muid ó thaobh acmhainní foghlama agus teagaisc Gaeilge a sholáthar. Is é an cuspóir atá againn ná seirbhísí den chéad scoth a sholáthar le foghlaimeoirí agus cainteoirí líofa Gaeilge araon a spreagadh chun a gcuid eolais ar an teanga a fheabhsú. Is Institiúid bheag speisialaithe é Gaelchultúr a fhreastalaíonn ar riachtanais oiliúna baill foirne san earnáil phoiblí agus don éileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar aistritheoirí agus ar shainscríbhneoirí agus sainchainteoirí Gaeilge.

Cuirimid cúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe ar fáil ar fud na hÉireann, a mhúineann ár líonra de theagascóirí cumasacha, agus tugann ár suíomh gréasáin ríomhfhoghlama, ranganna.com, deis d'fhoghlaimeoirí ar fud an domhain caighdeán níos airde Gaeilge a bhaint amach. Mar a shonraítear inár nÉiteas, glactar le gach cohórt foghlaimeoirí i nGaelchultúr, agus freastalaítear trí scóip ár gcuid clár ar fhoghlaimeoirí Gaeilge ag gach leibhéal.

Is é Gaelchultúr an t-aon institiúid tríú leibhéal Gaeilge ar domhan atá faoi úinéireacht phríobháideach agus bronnadh an stádas sin ar an gcomhlacht i mí Iúil 2013. Cuireadh tús leis an gcéad chúrsa de chuid Choláiste na hÉireann/Ghaelchultúir, an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA), i mí Mheán Fómhair 2013. Is é an clár seo, atá ar leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ), agus a mhaireann trí sheimeastar, an cúrsa Gaeilge dá leithéid is mó a bhfuil tóir air in Éirinn.

Tá an-tóir ar an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (TGG) chomh maith, atá á reáchtáil ag Gaelchultúr ó bhí 2012 ann, agus atá ar fáil sa seomra ranga agus mar chúrsa iomlán ar líne araon. Mar gheall ar an éileamh ard atá ar an TGG, rinne Gaelchultúr an cúrsa a bhailíochtú ag Leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus tá an TGG á reáchtáil againn go rathúil ag Leibhéil 3–6 ó bhí mí Mheán Fómhair na bliana sin ann. In 2017, d'éirigh le Gaelchultúr i gcomórtas soláthair a reáchtáil rialtas na hÉireann agus anois is é Gaelchultúr an t-aon eagraíocht amháin a sholáthraíonn oiliúint i nGaeilge do na ranna rialtais.

Tá an TGG críochnaithe ag beagnach 2,000 foghlaimeoir ó cuireadh tús leis in 2012 agus tá an DISA bainte amach ag 93 foghlaimeoir. Tá na mílte agus na mílte foghlaimeoir in Éirinn agus ar fud an domhain tar éis páirt a ghlacadh i bhfoghlaim na Gaeilge linn trínár gcúrsaí oíche neamhchreidiúnaithe, trínár gcúrsaí Gaeilge ar líne a chuirimid ar fáil ar ár n-ardán ríomhfhoghlama, ranganna.com, agus trínár sraith leabhar *Gaeilge gan Stró!* chomh maith.

Tá leabhair agus acmhainní éagsúla d'fhoghlaimeoirí agus do theagascóirí foilsithe ag Gaelchultúr agus is é ár bhfoilseachán is mó díol, an leabhar gramadaí *Gramadach gan Stró!*, an príomh-théacsleabhar i gcás fhormhór na gcúrsaí Gaeilge tríú leibhéal in Éirinn. Díolaimid ár gcuid acmhainní oideachais, mar aon le go leor leabhair, cluichí agus bréagáin eile Ghaeilge trínár siopa ar líne, www.siopa.ie.

## 2. Ráiteas Misin

Is é misean Ghaelchultúir ná réimse cúrsaí agus acmhainní spraíúla tarraingteacha a sholáthar le go gcuirfear ar chumas foghlaimeoirí, trí chur chuige foghlaimeoirlárnach a úsáid, a gcuspóirí foghlama a bhaint amach nó a shárú agus muinín a thabhairt dóibh an teanga a labhairt áit ar bith.
Is é aidhm na hInstitiúide ná go mbeidh a ráiteas misin agus an cur i bhfeidhm a bhaineann leis ag teacht le Bunluachanna Ghaelchultúir, atá léirithe i bhfoirm léaráide i mír 1.5.3.

## 3. Éiteas

A luaithe a leagfaidh tú cos in áras Ghaelchultúir, beidh an Ghaeilge ina teanga bheo bheathach thart timpeall ort; is trí mheán na Gaeilge a oibrímid 100% den am i ngach gné dár gcuid cúrsaí gnó agus oideachais. Cuirimid fáilte roimh chainteoirí agus roimh fhoghlaimeoirí ar gach leibhéal agus déanaimid ár ndícheall spás sábháilte a chruthú do chách chun an Ghaeilge atá acu a úsáid inár n-ionad oideachais agus sna seomraí ranga go léir a úsáidimid timpeall na tíre.

Nuair a chláróidh tú le Gaelchultúr, díreofar ar d'fhorbairt agus ar d'fhoghlaim ar feadh do thréimhse staidéir. Táimid bródúil as an gcaidreamh idir baill foirne agus foghlaimeoirí, as an timpeallacht réchúiseach chairdiúil a chruthaímid agus as a bheith dírithe ar an bhfoghlaimeoir.

Maidir linn:

- An cur síos beacht a d'fhéadfaí a thabhairt ar éiteas teagaisc Ghaelchultúir ná 'cumarsáideach, foghlaimeoirlárnach agus idirghníomhach'. Ó bunaíodh an Institiúid in 2005, tá sé mar chuspóir againn foghlaim na Gaeilge in Éirinn agus thar lear a athrú ó bhonn.
- Mar gheall ar ár modhanna teagaisc, spreagfar tú chun machnamh a dhéanamh ar do dhul chun cinn agus chun tascanna leanúnacha agus tacaíocht teicneolaíochta a úsáid chun cabhrú leat dul i ngleic leis an ábhar agus chun na hionchais atá agat a bhaint amach.

An méid a dhéanfaimid ar do shon:

- Glacfaimid páirt ghníomhach i d'fhorbairt agus cuideoimid leat spriocanna dúshlánacha a chur romhat agus iad a bhaint amach. Tá an aire a thugaimid dár bhfoghlaimeoirí ó thaobh tacaíochta agus forbartha de gan sárú ag institiúidí eile.
- Tabharfaimid tacaíocht duit le go mbeidh tú in ann a bheith ag foghlaim go leanúnach agus beidh an measúnú leanúnach a chuirfimid ar fáil mar léiriú beacht ar an dul chun cinn a bheidh á dhéanamh agat. Tabharfar aiseolas cuimsitheach duit maidir le gach tasc agus cuirfear an t-aiseolas in oiriúint do do riachtanais foghlama féin agus tú ag dul ar aghaidh trínár gcúrsaí.
- Cuirfimid gach fáilte roimh chumarsáid uait agus beidh ár bhfoireann teagascóirí, léachtóirí agus riarthóirí ar fáil i gcónaí chun cabhrú leat ceisteanna a phlé agus tacaíocht a chur ar fáil nuair a bheidh gá léi.
- Tá sé mar sprioc lárnach againn i nGaelchultúr pobal a chruthú agus déanaimid ár ndícheall i gcónaí le foghlaimeoirí a spreagadh chun dul i dteagmháil lena chéile trínár líonra.

## 4. Achoimre ar Chúrsaí arna gcreidiúnú ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Cuireann Gaelchultúr cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais ar fáil a ndéanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) bailíochtú agus creidiúnú orthu.

Faoi láthair, tá cáilíochtaí ag Leibhéil 3, 4, 5, 6 agus 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí á dtairiscint ag Gaelchultúr.[1] Tá an Institiúid, i gcomhar leis an bhforas cáiliúcháin, tiomanta i gcónaí do chláir a fhorbairt laistigh agus lasmuigh dá sainchúram reatha maidir le soláthar cúrsaí. Déanfar dearbhú cáilíochta ar aon iarratais ar bhailíochtú sa todhchaí trí rochtain ar acmhainní agus ar phearsanra


[1] An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí: https://nfq.qqi.ie/

ábhartha agus de réir straitéis fáis Ghaelchultúir.


Baineann na beartais agus na nósanna imeachta um Dhearbhú Cáilíochta atá leagtha amach sa cháipéis seo leis na cúrsaí seo a leanas:

| **Uimhir** | **Cód an Chúrsa** | **Teideal an Chúrsa** | **Leibhéal agus Cineál Cáilíochta** | **Téarmaí sa bhliain** |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 3M0874 | Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil | Leibhéal 3 – Dámhachtain Chomhpháirte | 2 |
| 2 | 4M2010 | Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil | Leibhéal 4 – Miondámhachtain | 2 |
| 3 | 5M2073 | Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil | Leibhéal 5 – Miondámhachtain | 2 |
| 4 | 6M5013 | Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil | Leibhéal 6 – Miondámhachtain | 2 |
| 5 | 9M12165 | Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán | Leibhéal 9 – Mórdhámhachtain | 1 – 2 |

## 5A. Struchtúr na hEagraíochta



## 5B. Córas Dearbhaithe Cáilíochta




**Eochair:**

**Saigheada**

Sruth an eolais

Gorm: Monatóireacht leanúnach; Cumarsáid maidir le próisis Dearbhaithe Cáilíochta
Dearg: Forbairt clár
Glas: Athbhreithiú clár

**Imlínte**

Imlíne dhearg: Bord, Ról nó Foireann
Imlíne oráiste: Ábhar / tuarascáil a chruthaítear mar chuid den phróiseas Dearbhaithe Cáilíochta
Imlíne ghlas: Próiseas / céim / gníomh a bhaineann le Dearbhú Cáilíochta
Imlíne chorca: Céim sheachtrach a bhaineann le Dearbhú Cáilíochta

# Cuid 2: Beartais agus Nósanna Imeachta

## 1. Rialachas agus Bainistíocht Cáilíochta

### 1.1 Beartas Rialachais

Le creat Ghaelchultúir maidir le rialú ár gcórais bhainistíochta, féachtar le cur chuige a chur chun cinn ina bhfuil an bhéim ar gach ball foirne a bheith bainteach leis an dearbhú cáilíochta agus é seo a bheith ina dhlúthchuid de chultúr na hInstitiúide, agus féachtar freisin le maoirseacht shoiléir, línte tuairiscithe agus cuntasacht a chruthú. Cinntítear mar gheall air seo go ndéantar bainistiú éifeachtach ar an Institiúid agus go gcuirtear ar chumas na heagraíochta a spriocanna straitéiseacha agus a cuspóirí oibriúcháin a bhaint amach, agus deighilt shoiléir a choinneáil ag an am céanna idir cúrsaí tráchtála agus cúrsaí acadúla.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | RsBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Bainistiú éifeachtach a chinntiú ar gach córas Dearbhaithe Cáilíochta ar fud na hInstitiúide agus ar fud gach réimse den Institiúid. | | |
| **Scóip:** | Gach gníomhaíocht oideachais, tráchtála agus oiliúna | | |
| **Freagrach as:** | Tá an Bord Stiúrtha agus an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF) freagrach as a chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht a bhaineann leis an mbeartas seo ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.<br>Tarmligfear an fhreagracht as réimsí ar leith de réir mar is cuí agus nuair is gá. Bítear ag súil go n-éascóidh gach fostaí agus gach páirtí leasmhar gaolmhar é seo. | | |
| **Nós imeachta:** | Is mian le Gaelchultúr Teoranta a chinntiú go bhfuil dearbhú cáilíochta éifeachtach i bhfeidhm laistigh den chuideachta agus déanann sé a dhícheall nósanna imeachta rialachais a sholáthar ina léirítear go trédhearcach agus go soiléir na freagrachtaí uile laistigh den eagraíocht.<br><br>Tá Gaelchultúr tiomanta d'ionracas acadúil ár gclár creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe a choinneáil agus a chinntiú go bhfuil soláthar agus measúnú na gclár sin ag teacht le riachtanais bhailíochtaithe, le caighdeáin oideachais agus oiliúna, agus le gach treoir reachtúil. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, tá Gaelchultúr tiomanta do Chóras Dearbhaithe Cáilíochta den chéad scoth a chruthú agus a choinneáil. Ní mór do thionchar seachtrach a bheith mar chuid leanúnach dár gcóras dearbhaithe cáilíochta lenár gcuspóirí cáilíochta agus rialachais a bhaint amach.<br><br>Chun cur i bhfeidhm agus bainistiú rathúil ár gcóras dearbhaithe cáilíochta a éascú, lena n-áirítear tionchar seachtrach, cuimsítear inár gcreat rialachais:<br><br>- an Bord Stiúrtha, atá freagrach as pleanáil straitéiseach agus as inmharthanacht agus rathúnas tráchtála na hInstitiúide. Tugtar cuireadh do Chathaoirleach seachtrach na Comhairle Acadúla freastal ar chruinnithe ina dtugtar aiseolas agus moltaí acadúla. | | |

| | |
|---|---|
| | - an Chomhairle Acadúil, atá freagrach as ionracas acadúil na hInstitiúide. Ceaptar triúr nó ceathrar ball seachtrach neamhspleách ar an gComhairle Acadúil.<br>- na Stiúrthóirí, atá freagrach as tacaíocht a thabhairt don Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF) i reáchtáil na hInstitiúide.<br>- an Fhoireann Cáilíochta, atá freagrach as tuarascáil féinmheastóireachta a scríobh agus iniúchadh inmheánach ar an gcóras bainistíochta cáilíochta a chur i gcrích, agus as na pleananna feabhsúcháin ábhartha a dhéanfar ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm sula gcuirtear isteach iad. Tá sí freagrach chomh maith as maoirseacht a sholáthar agus as dréachtchúrsaí a fhaomhadh sula gcuirtear isteach iad le haghaidh bailíochtaithe nó athbhailíochtaithe. Ceapadh Comhairleoir Cáilíochta Seachtrach ar an bhFoireann Cáilíochta.<br>- an Bord Clár, atá freagrach as maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir bhailíochtaithe reatha agus as forbairt agus dearadh a dhéanamh ar chláir ionchasacha.<br>- an Painéal Faofa Torthaí, atá freagrach as torthaí foghlaimeoirí a fhaomhadh sula gcuirtear isteach iad lena ndeimhniú, etc.<br>- Téarmaí Tagartha do gach comhlacht bunaithe laistigh den chreat rialachais.<br>- róil agus freagrachtaí na ndaoine go léir a bhfuil baint acu le soláthar gníomhaíochtaí oideachais agus foghlama. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | |

## 1.2 Foghrúpaí a Roghnú

Le go gcloítear leis na caighdeáin is airde i dtaca le soláthar seirbhíse, is minic a bhunaítear agus a reáchtáiltear foghrúpaí a leagann an POF nó an Stiúrthóir Oideachais tasc agus feidhm shonrach orthu. D'fhéadfaí foghrúpa a bhunú chun saineolas a sholáthar ar ábhar áirithe, chun críocha dearbhaithe cáilíochta, chun tabhairt faoi thionscadal agus chun é a chríochnú, nó chun tuairimí éagsúla a chothú agus oibiachtúlacht a chinntiú ar ábhar faoi leith.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | FaRBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Foghrúpa a earcú agus a bhunú go héifeachtach agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí leordhóthanach ag na hiarrthóirí chun an tasc sonraithe a dhéanamh. | | |
| **Scóip:** | Clúdaítear leis an nós imeachta seo earcú agus roghnú foghrúpaí agus soláthraítear leis treoir maidir le critéir roghnúcháin do chách. | | |
| **Freagrach as:** | An POF, an Stiúrthóir Oideachais | | |
| **Nós imeachta:** | Cloítear sa nós imeachta seo leis na bearta seo a leanas:<br>- critéir roghnúcháin a leagan amach<br>- téarmaí tagartha a fhorbairt<br>- daoine aonair inmheánacha nó seachtracha, a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí chuí acu, a shainaithint<br>- dul i dteagmháil le daoine aonair lena fháil amach an mbeidh siad ar fáil lena gcur san áireamh don mheitheal caighdeán ábhartha<br>- téarmaí tagartha a scaipeadh<br>- ballraíocht an phainéil a thabhairt chun críche<br>- ionduchtú agus oiliúint a chur ar fáil, de réir mar is gá. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Critéir Roghnúcháin, Téarmaí Tagartha (A.1.3-A.1.11), CVanna, Comhfhreagras, Taifid ar Chruinnithe (A.4.12) | | |

## 1.3 Téarmaí Tagartha agus Róil agus Freagrachtaí

Cuireann Gaelchultúr téarmaí tagartha ar fáil do gach comhlacht atá ann cheana, mar atá leagtha síos sa chreat rialachais agus le feiceáil sa tábla thíos. Tá na téarmaí tagartha ina n-iomláine le fáil in Aguisín 3.

| Uimhir | Téarmaí Tagartha | Feidhm |
|---|---|---|
| 1. | An Bord Stiúrtha | Tá sé mar aidhm ag an mBord Stiúrtha maoirseacht a dhéanamh ar an Institiúid mar ghnólacht. Is ar an mBord Stiúrtha atá an fhreagracht fhoriomlán as cúrsaí airgeadais, riaracháin agus dearbhaithe cáilíochta na hInstitiúide. |
| 2. | An Chomhairle Acadúil | Tá sé mar aidhm ag an gComhairle Acadúil maoirseacht a dhéanamh ar obair acadúil na hInstitiúide, agus moltaí a dhéanamh faoi na cláir agus faoin timpeallacht acadúil. Is ar an gComhairle Acadúil atá an fhreagracht i ndeireadh na dála a chinntiú go bhfuil beartais acadúla na hInstitiúide maidir le foghlaim agus teagasc ag teacht le ráiteas misin agus le plean straitéiseach na hInstitiúide. |
| 3. | An Bord Clár | Tá sé mar aidhm ag an mBord Clár monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun atá á dhéanamh i gcás dhá chlár de chuid Ghaelchultúir, an TGG agus an DISA, le linn na bliana acadúla. Tá an Bord Clár freagrach as an aiseolas a fhaightear ó fhoghlaimeoirí, ón bhfoireann agus ó pháirtithe leasmhara a phlé. Ullmhaíonn an Bord Clár Tuarascáil Bhliantúil an Chláir agus cuireann sé faoi bhráid na Comhairle Acadúla í ag deireadh na bliana acadúla. |
| 4. | An Painéal Faofa Torthaí | Is é cuspóir an Phainéil Faofa Torthaí ná a chinntiú go ndéantar torthaí an TGG agus an DISA a ríomh i gceart agus go ndéantar aon neamhrialtachtaí a imscrúdú agus a cheartú. Tá an Painéal Faofa Torthaí freagrach as marcanna deiridh na gcúrsaí a fhaomhadh. |
| 5. | An Painéal Achomharc | Tá sé mar aidhm ag an bPainéal Achomharc cásanna a bhaineann le hachomhairc a phlé, agus cloí leis an gcóras achomharc chun teacht ar réiteach cothrom ar na cásanna seo. |
| 6. | An Painéal Gearán | Is é aidhm an Phainéil Gearán ná cásanna a bhaineann le gearáin a phlé, agus cloí leis an gcóras gearán chun teacht ar réiteach cothrom ar na cásanna seo. |
| 7. | An Coiste Feabhsaithe Cáilíochta | Tá sé mar aidhm ag an gcoiste seo monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an DISA, ó thaobh cúrsaí acadúla agus Cúram Tréadach de, le linn na bliana acadúla. Tá an Coiste Feabhsaithe Cáilíochta freagrach as aiseolas ó fhoghlaimeoirí ar chúrsaí a bhailiú agus a phlé. Bailíonn an Coiste an t-aiseolas ábhartha le chéile lena chur faoi bhráid an Bhoird Clár agus an Choiste um Chúram Tréadach. |
| 8. | An Fhoireann Cáilíochta | Tá sé mar aidhm ag an bhFoireann Cáilíochta a bheith mar bhonn agus mar thaca ag struchtúir an Chórais Dearbhaithe Cáilíochta agus gníomhaíochtaí a chur i gcrích ina mbailíochtaítear riachtanais cháilíochta. |

| | | |
|---|---|---|
| 9. | Cúram Tréadach | Tá Cúram Tréadach ar cheann de na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil i gcás an DISA. Chomh maith le cáilíocht acadúil na gcúrsaí a chinntiú, tá sé mar aidhm ag an Institiúid seirbhísí tacaíochta cuí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta agus mheabhairshláinte. Cuirtear seirbhís comhairleoireachta ar fáil go seachtrach, de réir mar is gá. |

Cuireann Gaelchultúr cur síos ar fáil ar an ról mar aon le freagrachtaí soiléire i dtaca le gach post arna bhunú ina struchtúr eagrúcháin, mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Sonraítear róil agus na freagrachtaí faoi seach a bhaineann leo ina n-iomláine in Aguisín 4.

| **Uimhir** | **Ról** | **Achoimre ar an Ról** |
|---|---|---|
| 1. | An POF | Tá an POF freagrach as bainistiú laethúil na hInstitiúide, lena n-áirítear cinntí maidir leis an airgeadas agus leis an bhfoireann, agus as pleanáil fhadtéarmach na hInstitiúide. Bíonn sí i dteagmháil go leanúnach le stiúrthóirí na cuideachta. Déanann sí cathaoirleacht ar chruinnithe pleanála seachtainiúla. |
| 2. | An Stiúrthóir Oideachais | Tá an Stiúrthóir Oideachais freagrach as bainistiú laethúil na gclár, lena n-áirítear cinntí acadúla agus airgeadais agus cúrsaí foirne. Tá an Stiúrthóir Oideachais ina cheannasaí ar chlár an DISA, agus bíonn sé ina Chathaoirleach ar chruinnithe an Bhoird Clár. |
| 3. | Ceannaire Cláir an DISA | Ceaptar ball sinsearach foirne ón bhFoireann Acadúil a bhfuil baint aige/aici leis an gclár ábhartha mar Cheannaire Cláir. Tá an Ceannaire Cláir freagrach as bainistiú acadúil an chláir. Tá an Ceannaire Cláir freagrach don Stiúrthóir Oideachais. Tá dhá chlár á gcur ar fáil faoi láthair: an DISA agus an TGG. Comhlíonann an Stiúrthóir Oideachais freagrachtaí an Cheannaire Cláir i gcás an DISA. |
| 4. | An Stiúrthóir Tráchtála | Tá an Stiúrthóir Tráchtála freagrach as bainistiú tráchtála na hInstitiúide, lena n-áirítear íocaíochtaí, margaíocht agus caidreamh le cliaint. Feidhmíonn an Stiúrthóir Tráchtála mar Chathaoirleach ar an mBord Stiúrtha. |
| 5. | Léachtóir le Gaeilge | Ball an-tábhachtach d'fhoireann acadúil na hInstitiúide is ea an Léachtóir le Gaeilge. Tá sí freagrach as ábhar acadúil a fhorbairt agus a athdhearadh de réir mar is gá, lena n-áirítear cúrsaí nua, ceardlanna agus ábhar ríomhfhoghlama. Tá freagrachtaí teagaisc agus léachtóireachta sa Ghaeilge ar an Léachtóir freisin agus tá baint aici le dearbhú cáilíochta ar chúrsaí teanga na hInstitiúide. Is é an Léachtóir le Gaeilge an Ceannaire Cláir don TGG. |
| 6. | Ceannaire Cláir an TGG | Ceaptar ball sinsearach foirne ón bhFoireann Acadúil a bhfuil baint aige/aici leis an gclár ábhartha mar Cheannaire Cláir. Tá an Ceannaire Cláir freagrach as bainistiú acadúil an chláir. Tá an Ceannaire Cláir freagrach don Stiúrthóir Oideachais. Tá dhá chlár á gcur ar fáil faoi láthair: an DISA agus an TGG. Comhlíonann an Léachtóir le Gaeilge freagrachtaí an Cheannaire Cláir don TGG. |

| | | |
|---|---|---|
| 7. | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | Is é príomhról an Oifigigh um Dhearbhú Cáilíochta ná maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta na hInstitiúide agus a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm i gceart iad. Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as deacrachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm agus le héifeachtacht nósanna imeachta na hInstitiúide a shainaithint i dtaca le cúrsaí acadúla agus cúrsaí neamhacadúla, amhail cúram tréadach, araon. |
| 8. | An Riarthóir Acadúil | Tá an Riarthóir Acadúil freagrach as an TGG a riar, lena n-áirítear ábhair theagaisc a ullmhú, Próiseas Measúnaithe a chomhordú agus torthaí a thaifeadadh. Déanann sé idirchaidreamh le foghlaimeoirí, teagascóirí, ceartaitheoirí agus comhordaitheoirí cúrsaí ar an láthair. |
| 9. | An Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta | Tá an Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta freagrach as bainistiú díolacháin agus margaíochta na cuideachta, lena n-áirítear pleananna díolacháin a fhorbairt, foinsí maoinithe a bhainistiú, agus cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus le cliaint. Tá an Bainisteoir Margaíochta agus Díolacháin i gceannas ar bheartas na cuideachta maidir le faisnéis a scaipeadh ar an bpobal. |
| 10. | An Feidhmeannach Riaracháin agus Margaíochta | Tá an Feidhmeannach Riaracháin agus Margaíochta freagrach as córas íocaíochta na cuideachta, lena n-áirítear íocaíochtaí i gcás chúrsaí Ghaelchultúir, íocaíochtaí i gcás tháirgí ar siopa.ie agus tháirgí sa siopa in ionad Ghaelchultúir. Comhordaíonn sí na cúrsaí Saoire Phearsanta Bhreise (Extra Personal Vacation, nó EPV), na ranganna oíche agus na ranganna ar líne, agus bíonn sí mar theagmhálaí do na foghlaimeoirí a thugann faoi na cúrsaí sin. Cuidíonn sí le riarachán margaíochta agus le pleananna margaíochta a fhorbairt agus cuireann sí tacaíocht ar fáil don Bhainisteoir Margaíochta agus Díolacháin. |
| 11. | An Cúntóir Riaracháin | Tá an Cúntóir Riaracháin i gceannas ar shiopa na cuideachta, áit a mbíonn sé ag plé leis an bpobal agus le foghlaimeoirí Ghaelchultúir. Rialaíonn sé an méid airgid ar an láthair. Tá sé freagrach as foghlaimeoirí a chlárú ar chúrsaí Ghaelchultúir, orduithe agus íocaíochtaí a phróiseáil, agus sonraisc a chur le chéile. Is é an Cúntóir Riaracháin an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta in áitreabh Ghaelchultúir. |
| 12. | An tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta | Cé go bhfuil sé de fhreagracht ar gach ball foirne dea-chleachtais sláinte agus sábháilteachta a chinntiú, tá freagracht fhoriomlán ar an Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta as cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ar áitreabh Ghaelchultúir, lena n-áirítear comharthaíocht, trealamh sábháilteachta, agus taifead a choinneáil de thimpistí agus de thinnis. |
| 13. | An Comhairleoir um Chúram Tréadach | Tá Cúram Tréadach ar cheann de na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí an DISA. Tá comhairleoir seachtrach ar fáil d'fhoghlaimeoirí an chúrsa seo chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí maidir le deacrachtaí pearsanta, sóisialta agus meabhairshláinte. Má theastaíonn an tseirbhís |

| | | |
|---|---|---|
| | | comhairleoireachta ó fhoghlaimeoir, íocann Gaelchultúr as an gcéad dá sheisiún leis an gcomhairleoir seachtrach. |
| 14. | An Dearthóir Gréasáin | Is í an Dearthóir Gréasáin a dhear suíomhanna gréasáin ríomhthráchtála agus foghlama Ghaelchultúir, lena n-áirítear gaelchultur.com, ranganna.com agus siopa.ie. Is í an Dearthóir Gréasáin forbróir gréasáin na suíomhanna seo freisin agus déanann sí iad a mhaoirsiú go seachtrach. Déanann sí na suíomhanna a bhainistiú i gcomhar leis an mBainisteoir Margaíochta agus Díolacháin. |
| 15. | An Fíordheimhnitheoir Inmheánach | De ghnáth is duine é an Fíordheimhnitheoir Inmheánach a bhfuil cur amach aige ar chóras ceartaithe Ghaelchultúir. Tá an Fíordheimhnitheoir Inmheánach freagrach as rialú cáilíochta na chéad trí thasc a cheartaíonn ceartaitheoirí nua sula gcuirtear ar ais chuig na foghlaimeoirí iad.<br>Ag deireadh gach cúrsa den TGG, cinntíonn an Fíordheimhnitheoir Inmheánach, i gcomhar leis an Riarthóir Acadúil, go ndearnadh gach tasc oibre baile a cheartú agus a chomhdú i gceart san fhillteán cuí ar chuntas Dropbox na gceartaitheoirí. Ansin eagraíonn sé/sí na tascanna a ndéanfaidh an Fíordheimhnitheoir Seachtrach rialú cáilíochta orthu. |
| 16. | An Fíordheimhnitheoir Seachtrach | Tá an Fíordheimhnitheoir Seachtrach freagrach as torthaí oifigiúla mheasúnuithe an TGG. Tá sé de chúram air/uirthi dearbhú cáilíochta neamhspleách a sholáthar don phróiseas measúnaithe. Is é an fheidhm atá aige/aici ná a chinntiú go mbaintear amach caighdeáin chuí do leibhéal na cáilíochta agus go bhfuil na caighdeáin seo ar aon dul le caighdeáin náisiúnta agus le caighdeáin institiúidí eile. De ghnáth, bíonn na Fíordheimhnitheoirí Seachtracha mar chuid de phainéal fíordheimhnitheoirí, a bhíonn freagrach i gcomhpháirt as caighdeán na cáilíochta a chinntiú. |
| 17. | An Scrúdaitheoir Seachtrach | Tá an Scrúdaitheoir Seachtrach freagrach as torthaí oifigiúla scrúduithe an DISA. Tá sé de chúram air/uirthi dearbhú cáilíochta neamhspleách a sholáthar don phróiseas measúnaithe. Is é an fheidhm atá aige/aici ná a chinntiú go mbaintear amach caighdeáin chuí do leibhéal na cáilíochta agus go bhfuil na caighdeáin seo ar aon dul le caighdeáin náisiúnta agus le caighdeáin institiúidí eile. De ghnáth, bíonn na Fíordheimhnitheoirí Seachtracha mar chuid de phainéal fíordheimhnitheoirí, a bhíonn freagrach i gcomhpháirt as caighdeán na cáilíochta a chinntiú. |
| 18. | Teagascóirí | Tá painéal teagascóirí páirtaimseartha ag Gaelchultúr. Múineann na teagascóirí seo ranganna oíche Ghaelchultúir chomh maith le ranganna de chuid an TGG. Déantar an chuid is mó den teagasc sa seomra ranga fisiciúil ach is minic a bhíonn ranganna beo ar líne ar siúl. Ní mór d’iarrthóirí a chuireann isteach ar phost mar theagascóir céim sa Ghaeilge a bheith acu.<br>Tá siollabas deartha ag Gaelchultúr do gach cúrsa agus tugtar leabhrán do theagascóirí roimh thús gach cúrsa ina bhfuil treoir chuimsitheach agus pleananna ceachta do ranganna |

| | | |
|---|---|---|
| | | uile an chúrsa. Tá sé de fhreagracht ar an teagascóir plean an cheachta a leanúint, an tinreamh a thaifeadadh ag tús gach ranga agus bileog aiseolais a chomhlánú ag deireadh gach ranga. |
| 19. | Léachtóirí | Múineann na léachtóirí modúil éagsúla den DISA, faoi stiúir Cheannaire Cláir an DISA. Is baill de chuid Fhoireann Acadúil na hInstitiúide iad léachtóirí an DISA. Ceaptar léachtóir i gcás gach modúil de chuid an DISA, agus tá an léachtóir seo freagrach as ábhair theagaisc a eagrú le haghaidh léachtaí an mhodúil sin, as measúnuithe an mhodúil a dhearadh agus a cheartú, agus as comhoibriú le Ceannaire Cláir an DISA chun aoi-léachtaí a eagrú. Múineann léachtóirí ar líne agus sa seomra ranga ag seisiúin lae an DISA. |
| 20. | Ceartaitheoirí | Tá painéal ceartaitheoirí páirtaimseartha ag Gaelchultúr. Ceartaíonn na ceartaitheoirí obair bhaile na bhfoghlaimeoirí atá ag tabhairt faoin TGG. Úsáideann siad córas ceartaithe Ghaelchultúir chun an obair bhaile a cheartú. Tugann an ceartaitheoir aiseolas agus marc do na foghlaimeoirí i dtaca le gach measúnú. |

## 1.4 Bainistíocht Riosca san Eagraíocht

**Uimhir Thagartha Bheartais:** BtREBs-01

Is é cuspóir bheartas bainistíochta riosca Ghaelchultúir ná creat bainistíochta riosca a sholáthar laistigh den Institiúid chun rioscaí a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú go héifeachtach chun a chinntiú gur féidir leis an Institiúid a cuspóirí tráchtála agus acadúla a bhaint amach.

Tá an beartas bainistíochta riosca seo mar chuid de rialuithe inmheánacha agus socruithe rialachais chorparáidigh na hInstitiúide. Is gné riachtanach é bainistiú éifeachtach riosca i gcreat an dea-rialachais chorparáidigh in institiúidí ardoideachais. Sonraítear sna Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta a d'fhorbair QQI lena n-úsáid ag na soláthraithe uile gur cheart go mbeadh córas rialachais i bhfeidhm ina mbreithnítear rioscaí agus go mbeadh nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gcóras rialachais chun a chinntiú nach dtéann an soláthraí i mbun gníomhaíochtaí ná comhpháirtíochtaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'ionracas an oideachais agus na hoiliúna a chuirtear ar fáil ná do na cáilíochtaí sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a bheadh mar thoradh orthu, in Éirinn nó thar lear. [2]

Cuimsítear an modh soláthair leis an riosca; mar shampla, modhanna soláthair malartacha nach gcuimsítear leis an gcóras dearbhaithe cáilíochta.

Cuimsítear le breithniú rioscaí chomh maith:

- ionracas acadúil a choinneáil

- calaois acadúil nó calaois eile a bhaineann le soláthar agus le seirbhísí gaolmhara a sheachaint

- pleanáil chun a chinntiú go mbeifear in ann seirbhísí leordhóthanacha a sholáthar do líon agus do chineál na bhfoghlaimeoirí a earcaítear.

### 1.4.1 Beartas

Tá sé mar pholasaí ag Gaelchultúr Teoranta rioscaí maidir le cuspóirí straitéiseacha na hInstitiúide a bhaint amach agus maidir le reáchtáil na hInstitiúide a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhonatóiriú, chun dea-rialachas a chinntiú. Mínítear sa bheartas cur chuige bunúsach na hInstitiúide i leith bainistiú riosca, agus déantar doiciméadú ann ar róil agus freagrachtaí an Bhoird Stiúrtha, an POF agus príomhpháirtithe eile.

### 1.4.2 Doiciméid Tagartha

Tá tionchar ag na rudaí seo a leanas ar an gcreat bainistíochta riosca:

- an aicme caighdeán ISO 3000, a bhaineann le rioscaí
- foilseacháin de chuid an Higher Education Funding Council for England maidir le bainistiú riosca.

---

[2] Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta, QQI, 2016
https://www.qqi.ie/Downloads/Core%20Statutory%20Quality%20Assurance%20Guidelines.pdf

### 1.4.3 Téarmaíocht

*Riosca*
De réir ISO 3000, is éard is riosca ann ná 'iarmhairt na neamhchinnteachta ar chuspóirí' agus is diall dearfach nó diúltach í an iarmhairt óna bhfuiltear súil leis. D'fhéadfadh sé go mbeadh rioscaí ann nó nach mbeadh siad ann, i ngeall ar an gcineál riosca atá i gceist leo, agus bíonn catagóirí éagsúla ag baint leo, arb iad na cinn is coitianta ná:

- Rioscaí Straitéiseacha: an neamhábaltacht cuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin na hInstitiúide a bhaint amach, mar atá leagtha amach sa Phlean Fáis, agus gan deiseanna a thapú nuair a thagann siad chun cinn.
- Rioscaí Oibriúcháin: an neamhábaltacht caillteanas a chosc mar thoradh ar phróisis agus córais inmheánacha atá neamhdhóthanach.
- Rioscaí Airgeadais: neamhchosaint ar chaillteanais a tharlaíonn mar gheall ar an ngá le bainistiú sócmhainní airgeadais na hInstitiúide a fheabhsú.
- Rioscaí Clú: neamhchosaint ar chaillteanais a tharlaíonn mar gheall ar cháineadh sna meáin, íomhá phoiblí dhiúltach agus an gá le bainistíocht caidrimh idir páirtithe leasmhara a fheabhsú.

*Bainistiú riosca*
Tagraítear leis an téarma bainistiú riosca do shraith chomhordaithe de ghníomhaíochtaí agus de mhodhanna a úsáidtear chun eagraíocht a stiúradh agus chun srian a choimeád ar an iliomad rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a cumas cuspóirí a bhaint amach. Tagraítear leis freisin don ollstruchtúr a úsáidtear chun riosca a bhainistiú. Cuimsítear leis an ollstruchtúr seo prionsabail bainistíochta riosca, creat bainistíochta riosca agus próiseas bainistíochta riosca. Taispeántar an cur chuige in Aguisín 1.

*Measúnú riosca*
Próiseas is ea measúnú riosca a n-eascraíonn trí phróiseas eile as: sainaithint riosca, anailís riosca agus meastóireacht riosca.

*Sainaithint riosca*
Is próiseas í an tsainaithint riosca a úsáidtear chun na rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhaint amach cuspóirí a aimsiú agus a aithint agus chun cur síos a dhéanamh orthu.

*Anailís riosca*
Is próiseas í anailís riosca a úsáidtear chun tuiscint a fháil ar chineál agus ar fhoinsí an riosca arna aithníodh agus ar na cúiseanna atá leis agus chun leibhéal an riosca a mheas. Úsáidtear í freisin chun staidéar a dhéanamh ar thionchair agus iarmhairtí agus chun na rialuithe atá ann faoi láthair a scrúdú.

*Meastóireacht riosca*
Is próiseas í an mheastóireacht riosca a úsáidtear chun torthaí anailíse riosca a chur i gcomparáid le critéir riosca chun a chinneadh an bhfuil leibhéal sonraithe riosca inghlactha nó inlamháilte.

*Inghlacthacht agus lamháltas riosca*
Is féidir inghlacthacht riosca a shainmhíniú mar 'an méid riosca agus an cineál riosca atá eagraíocht toilteanach a ghlacadh chun a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach'. Is féidir leis an Institiúid a bheith toilteanach rioscaí a ghlacadh nó a bheith drogallach rompu, agus is féidir leibhéil éagsúla inghlacthachta riosca a bheith i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí éagsúla. Agus cinneadh á dhéanamh aige maidir lena inghlacthacht riosca, cinnfidh Gaelchultúr ar an tairseach thar a mbogfar rioscaí ó

mhonatóireacht áitiúil go monatóireacht ag an mBord Stiúrtha nó, ag an deireadh ar fad, thar an n-éireofar as gníomhaíocht áirithe. Tá soiléireacht maidir le hinghlacthacht riosca na hInstitiúide ríthábhachtach le go mbeidh an Bord Stiúrtha in ann cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun aon riosca ar leith a bhainistiú.

*Catagóirí d'inghlacthacht riosca*
Féadfar gnéithe de riosca a eascraíonn as forbairtí/gníomhaíochtaí beartaithe nó iarbhír laistigh den Institiúid a roinnt ina dtrí gcatagóir:

(i) rioscaí atá fánach agus inghlactha dá bhrí sin agus nach gá iad a bhainistiú
(ii) rioscaí atá inghlactha agus ar gá iad a bhainistiú
(iii) rioscaí atá doghlactha agus nár cheart dul ar aghaidh leis an bhforbairt/leis an ngníomhaíocht mar gheall orthu.

Baineann coincheap na hinghlacthachta riosca le mórfhorbairtí/mórghníomhaíochtaí agus is é an cúram a bhaineann léi ná teorainn a chur idir (ii) agus (iii) thuas. Mar sin, is léiriú í ar lamháltas riosca na hInstitiúide.

*Mórfhorbairt/mórghníomhaíocht*
Is féidir mórfhorbairt/mórghníomhaíocht a shainmhíniú mar mórfhorbairt/mórghníomhaíocht a bhfuil luach níos mó ná € 40,000 uirthi nó a d'fhéadfadh a bheith ina riosca suntasach do chlú na hInstitiúide. Is gá aon fhorbairt/aon ghníomhaíocht bheartaithe dá leithéid agus na rioscaí a bhaineann léi a thuairisciú don POF lena breithniú a luaithe a thagann sí chun cinn agus is gá gurb é an POF an té a údaraíonn í. Is gá an próiseas seo a leanúint freisin má bhíonn aon amhras ann an gcinnfí go mbeadh riosca a bhaineann le haon fhorbairt/aon ghníomhaíocht inghlactha nó doghlactha ag an Institiúid.

### 1.4.4 Bainistíocht Riosca
Nuair a bheidh measúnú riosca críochnaithe, agus inghlacthacht riosca na hInstitiúide curtha san áireamh, féadfaidh an Institiúid cinneadh ar cheann amháin díobh seo a leanas:

- an riosca a láimhseáil (e.g. rialuithe inmheánacha a úsáid)
- an riosca a fhoirceannadh
- an riosca a ghlacadh (agus monatóireacht a bheith ann nó gan í a bheith ann)
- an riosca a aistriú (e.g. trí árachas nó fochonraitheoireacht a úsáid).

### 1.4.5 Cur Chuige Bunúsach maidir le Bainistíocht Riosca
Tugtar breac-chuntas ar chur chuige na hInstitiúide i leith bainistíocht riosca agus rialú inmheánach sna príomhphrionsabail seo a leanas:

*An Bord Stiúrtha*
Is ar an mBord Stiúrtha atá an fhreagracht fhoriomlán as bainistíocht riosca laistigh den Institiúid. Déanfaidh an Bord Stiúrtha:

- an Beartas maidir le Bainistíocht Riosca ag an Institiúid a fhaomhadh
- a dheimhniú dó féin tríd an POF go bhfuil Creat Bainistíochta Riosca leordhóthanach i bhfeidhm san Institiúid
- maoirseacht ar shaincheisteanna bainistíochta agus corparáideacha a théann i bhfeidhm ar riosca

- inghlacthacht riosca na hInstitiúide a chinneadh agus an phunann rioscaí a athbhreithniú i gcomparáid leis an inghlacthacht
- maoirseacht neamhspleách, de réir mar is gá.

*POF*

Is é ról an POF ná a dheimhniú don Bhord Stiúrtha go bhfuil Creat Bainistíochta Riosca leordhóthanach i bhfeidhm san Institiúid. Agus an leibhéal riachtanach dearbhaithe á sholáthar aici, déanfaidh an POF:

- a chinntiú go bhfuil bainistíocht na hInstitiúide ag bainistiú rioscaí go cuí
- athbhreithniú leanúnach, agus tabharfaidh sí comhairle faoi fheidhmiú agus faoi éifeachtacht Chreat Bainistíochta Riosca na hInstitiúide
- a chinntiú go bhfuil an dearbhú a sholáthraíonn bainisteoirí agus iniúchóirí seachtracha/inmheánacha cuí
- monatóireacht ar éifeachtacht na Bainistíochta Riosca maidir le rioscaí a shainaithnítear a bheith bunúsach do rathúlacht nó cliseadh chuspóirí straitéiseacha na hInstitiúide
- tuairisciú don Bhord Stiúrtha, ar bhonn bliantúil, ar a thorthaí maidir le bainistíocht riosca agus maidir le leordhóthanacht an Chreata Bainistíochta Riosca.

*Feidhm Bainistíochta Riosca*

Tá freagracht fhoriomlán ar an POF as a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus próisis i bhfeidhm le go mbeifear in ann cloí leis an mBeartas Bainistíochta Riosca seo. Ina theannta sin, déanfaidh an POF:

- a chinntiú go gcuirtear oiliúint leordhóthanach ar fáil d’Úinéirí Riosca agus go bhfuil siad feasach ar rioscaí
- cumarsáid a chinntiú maidir le príomhghnéithe Chreat Bainistíochta Riosca na hInstitiúide
- Clár Riosca na hInstitiúide a choinneáil, lena n-áirítear athbhreithniú agus a nuashonrú an chláir dhá uair sa bhliain.
- an Beartas maidir le Bainistíocht Riosca ag an Institiúid a chur i bhfeidhm
- rioscaí a shainaithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

*Baill Foirne Shinsearacha*

Tá Baill Foirne Shinsearacha na hInstitiúide freagrach as:

- Beartas Bainistíochta Riosca na hInstitiúide a chur i bhfeidhm
- rioscaí a shainaithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- a chinntiú go bhfuil Úinéir Riosca ann i gcás gach riosca agus go bhfuil sé freagrach as bainistiú an riosca sin
- a chinntiú go bhfuil na rialuithe a shainaithnítear ag oibriú, dearbhú dearfach a sholáthar go tráthrialta go bhfuil siad ag oibriú agus/nó tuairisc a thabhairt mura bhfuil siad ag oibriú
- a chinntiú go dtuigeann daoine aonair an leibhéal riosca a bhfuil sé de chumhacht acu é a ghlacadh thar ceann na hInstitiúide
- a chinntiú go ndéantar rioscaí áitiúla a bhainistiú go cuí (trí thuarascálacha ar riosca áitiúil a bhreithniú dhá uair sa bhliain)
- aird ar leith a thabhairt ar aon rioscaí a shainaithnítear go háitiúil ar cheart iad a ardú chuig an gClár Riosca
- athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Riosca dhá uair sa bhliain i bhfianaise tuarascálacha ar anailís riosca áitiúil agus ábhair ábhartha eile
- monatóireacht a dhéanamh ar mheasúnú agus ar bhainistiú rioscaí a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar chuspóirí na hInstitiúide a bhaint amach

- cultúr bainistíochta riosca a chothú ar fud na hInstitiúide ionas go mbeidh riosca mar dhlúthchuid de chinnteoireacht agus d'oibriúchán na hInstitiúide
- athbhreithniú grinn a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca
- tuairisciú don POF dhá uair sa bhliain ar Chlár Riosca na hInstitiúide agus ar chur i bhfeidhm an Chreata Bainistíochta Riosca.

*Baill Foirne Aonair*

Tá baill foirne aonair freagrach as an méid seo a leanas maidir le bainistíocht riosca:

- Beartais Bainistíochta Riosca na hInstitiúide a chur i bhfeidhm laistigh dá réimse rialaithe
- sainaithint, measúnú, bainistiú agus a úinéireacht riosca laistigh dá réimse rialaithe
- rioscaí áitiúla ina réimse féin a dhearbhú agus a athbhreithniú go rialta agus a chur ar aghaidh chuig Baill Foirne Shinsearacha de réir mar is gá
- rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn nach féidir a bhainistiú go háitiúil a shainaithint agus rioscaí den chineál sin a thuairisciú don POF de réir mar is gá, ach dhá uair sa bhliain ar a laghad lena n-ardú chuig an gClár Riosca
- a chinntiú go ndéantar measúnú riosca ar gach tionscadal nó clár suntasach nua agus go gcuirtear an measúnú sin san áireamh sa togra tionscadail/cláir, agus go ndéanfar tuairisciú air sin do bhaill foirne shinsearacha ábhartha
- tacú le bainistíocht riosca a leabú ina réimse féin agus le cultúr a fhorbairt ina bhfuiltear feasach ar riosca.

*Úinéir Riosca*

Déanann úinéir an riosca maoirseacht ar an bpróiseas maidir le bainistíocht riosca ar leith. Cuimsítear i ról an úinéara riosca maidir le bainistíocht riosca:

- na rialuithe ábhartha a bhaineann le riosca a chomhordú
- a chinntiú go bhfuil baill foirne ag déileáil le rioscaí áitiúla
- bainistiú foriomlán an riosca.

Ainmnítear úinéir gach riosca sa Chlár Riosca.

*Iniúchadh Inmheánach*

Tá an Foghrúpa Iniúchóireachta, arna cheapadh ag an POF, freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha laistigh den Institiúid. Agus a Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí Bliantúla á fhorbairt, cuirfear Clár Riosca na hInstitiúide san áireamh. Cuimseofar leis na hathbhreithnithe ar iniúchóireacht inmheánach ar ghníomhaíochtaí/cúrsaí/feidhmeanna na hInstitiúide measúnú tráthrialta ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca faoi seach a bhaineann leo agus tuairisceofar iontu don POF mar gheall ar an gcaoi a bhfuil na rioscaí sin á mbainistiú.

### 1.4.6 Nós imeachta

1. Déanfar na rioscaí do chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach go rathúil agus do reáchtáil na hInstitiúide a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú ar bhonn réamhshocraithe. Déanfar rioscaí nua a eascróidh as cuspóir straitéiseach nua a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú.

Sainaithneofar rioscaí nua arna n-eascairt as:

- neamhchomhréireacht
- teagmhais

- neasteagmhais
- gearáin
- éilimh

2. Déanfar gach riosca a athmheasúnú ar bhonn réamhshocraithe ionas go mbeidh measúnú riosca cothrom le dáta ar fáil chun tacú le bainistíocht riosca.

3. Bainfear úsáid as an gcur chuige seo a leanas agus measúnú á dhéanamh ar rioscaí chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na hInstitiúide ó thaobh cur i bhfeidhm de. Ní mór na rioscaí a shainaithnítear a mheasúnú agus a mheas de réir critéir riosca intrigh agus riosca iarmharaigh, mar a thaispeántar sa tábla thíos:

| Measúnú | Intreach | Iarmharach |
|---|---|---|
| **Tionchar** | Méid an tionchair ar oibríochtaí na hInstitiúide má thagann an riosca chun cinn *in éagmais* rialuithe maolaitheacha. | Méid an tionchair ar oibríochtaí na hInstitiúide má thagann an riosca chun cinn agus bearta agus rialuithe maolaitheacha i bhfeidhm. |
| **Dóchúlacht** | An dóchúlacht go dtiocfadh an riosca chun cinn *in éagmais* rialuithe maolaitheacha. | An dóchúlacht go dtiocfadh an riosca chun cinn agus bearta agus rialuithe maolaitheacha i bhfeidhm. |

**Tábla 1: Sainaithint agus Measúnú Riosca**
Ní mar a chéile gach riosca agus ní féidir bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí ach amháin má chuirtear in ord tosaíochta go cuí iad. De ghnáth, ba cheart rioscaí a chur in ord tosaíochta de réir an tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar an Institiúid ó thaobh cuspóirí a bhaint amach de, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh siad athrú de réir mar a athraíonn na cuspóirí.

4. Déanfaidh na húinéirí riosca ábhartha éifeachtacht na rialuithe bainistíochta a thuairisciú don Fhoghrúpa Iniúchóireachta ag eatraimh réamhshocraithe:

- rioscaí ardleibhéil gach trí mhí
- rioscaí meánleibhéil gach sé mhí
- rioscaí ar leibhéal íseal ar bhonn bliantúil nó níos minice má athraíonn cúinsí.

5. Éascóidh an POF iniúchóireacht ar an gcóras bainistíochta riosca.

6. Déanfaidh an POF bearta ceartaitheacha agus coisctheacha a shainaithneofar a bheith riachtanach mar gheall ar bhearta monatóireachta agus iniúchóireachta.

### 1.4.7 Oiliúint

Cuirfear oiliúint ar fáil de réir mar a iarrtar é ar an POF.

### 1.4.8 Monatóireacht agus Iniúchóireacht

Déanfaidh na daoine seo monatóireacht agus iniúchadh:

- an POF
- an Foghrúpa Iniúchóireachta (déanfaidh siadsan iniúchadh ar an gcóras bainistíochta riosca ag eatraimh réamhshocraithe).

### 1.4.9 Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtúlacht

1. Tá an POF agus an Bord Stiúrtha freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe riosca na hInstitiúide, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn baill foirne shinsearacha. Tá breac-chuntas tugtha thíos ar an gcur chuige a bhaineann leis. I gcás gach riosca shuntasaigh a shainaithnítear, déanfaidh an Foghrúpa Iniúchóireachta, thar ceann an POF agus an Bhoird Stiúrtha: athbhreithniú ar an mbliain roimhe sin agus scrúdú ar chuntas teiste na hInstitiúide maidir le bainistíocht riosca agus rialú inmheánach, breithniú ar phróifíl riosca inmheánach agus seachtrach na bliana atá le teacht agus breithniú lena fháil amach an dóigh go mbeidh na socruithe reatha i dtaobh rialú inmheánach éifeachtach.

2. Agus a chinneadh á dhéanamh, breithneofar an méid seo a leanas:

- timpeallacht rialaithe
    - cuspóirí na hInstitiúide agus a spriocanna airgeadais agus neamhairgeadais
    - struchtúr eagrúcháin
    - cultúr, cur chuige agus acmhainní maidir le bainistíocht riosca
    - údarás a tharmligean
    - tuairisciú poiblí.

- Rioscaí suntasacha a shainaithint agus a mheasúnú go leanúnach:
    - rioscaí suntasacha a shainaithint agus a mheasúnú go tráthúil
    - rioscaí a chur in ord tosaíochta agus leithdháileadh acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar réimsí ardriosca.

- Faisnéis agus cumarsáid:
    - cáilíocht agus tráthúlacht na faisnéise faoi rioscaí suntasacha
    - an t-am a thógann sé cliseadh rialaithe a aithint nó rioscaí nua a shainaithint.

- Monatóireacht agus gníomhartha ceartaitheacha:
    - cumas na hInstitiúide foghlaim óna cuid fadhbanna
    - tiomantas agus luas maidir le gníomhartha ceartaitheacha a chur i bhfeidhm.

Ullmhóidh baill foirne shinsearacha tuarascáil ar a n-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh gach bliain lena mbreithniú ag an POF agus an Bord Stiúrtha.

### 1.4.10 Athbhreithniú ar an mbeartas

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo gach dara bliain chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh ag cur le cinnteoireacht agus le hoibriú na hInstitiúide dá bharr.

## 1.5 Bainistiú ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cultúr Cáilíochta a Leabú

**Uimhir Thagartha Bheartais:** BuDCCCLBn-01

Cuireann Gaelchultúr, mar an príomhsholáthraí i soláthar oideachais Gaeilge, ár bhfoghlaimeoirí i gcroílár ár nInstitiúide agus cinntímid go bhfuil dearbhú cáilíochta lárnach i ngach clár a chuirimid ar fáil. Tá Dearbhú Cáilíochta ina chuid dhílis de Ghaelchultúr, mar Institiúid acadúil agus mar fhiontar tráchtála. Is muidne an chéad institiúid bhreisoideachais agus ardoideachais Ghaeilge faoi úinéireacht phríobháideach, i gcleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta araon; cuirimid seirbhís den scoth ar fáil agus aithnítear go bhfuilimid ar thús cadhnaíochta inár n-earnáil.

Tá dearbhú cáilíochta fite fuaite i gcultúr na hInstitiúide agus ina samhail ghnó mar gheall ar chóras dearbhaithe cáilíochta atá faoi úinéireacht aonair a bheith curtha le chéile.

Mar Institiúid neamhspleách, tá sé riachtanach go nglacaimid cur chuige iomlánaíoch i leith cáilíochta ina gcuimsítear na páirtithe leasmhara go léir agus atá ar aon dul le bunluachanna Ghaelchultúir. Bunaítear agus athbhreithnítear cuspóirí cáilíochta sonracha agus intomhaiste le linn an phróisis athbhreithnithe bainistíochta. Is é beartas cáilíochta na hInstitiúide ná a chinntiú go n-aithníonn an fhoireann go léir na riachtanais ar fad atá le cáilíocht agus go ndéantar na riachtanais seo a rialú go héifeachtach comhsheasmhach chun críocha sástacht cliant.

### 1.5.1. Córas Dearbhaithe Cáilíochta

Tá Córas Dearbhaithe Cáilíochta forbartha ag Gaelchultúr ina soláthraítear creat don Institiúid ar féidir linn oibriú laistigh de agus a chuidíonn linn ár misean agus ár n-éiteas a bhaint amach. Tá an córas sin léirithe go físiúil i ngraf atá le feiceáil i mír 5B den lámhleabhar seo.

Rinne an Institiúid féinmheastóireacht dhian ar a Córas Dearbhaithe Cáilíochta le linn phróiseas ateagmhála QQI agus mar gheall air sin, agus le cúnamh ó shaineolaí Dearbhaithe Cáilíochta, chruthaigh an Institiúid Córas Dearbhaithe Cáilíochta den chéad scoth agus tá sé á chur i bhfeidhm againn. Cruthaíodh an Córas Dearbhaithe Cáilíochta mar chóras inoibrithe agus speisialaithe atá oiriúnach do raon feidhme Ghaelchultúir ó thaobh soláthair, méide agus éagsúlacht tráchtála de.

Córas dearbhaithe cáilíochta faoi úinéireacht daoine aonair is ea Córas Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon duine amháin freagrach as úinéireacht an chórais ná as é a chur i bhfeidhm. Fágann sé seo go bhfuil an córas dinimiciúil, go bhfuil sé mar chuid de ról gach duine agus go nglactar leis mar ghnáthchleachtas agus an Institiúid á reáchtáil ó lá go lá. Cinntítear leis freisin gur leor an bonn acmhainní chun inbhuanaitheacht a chinntiú. Cé go ndéanann daoine aonair é a chur i bhfeidhm ag céimeanna éagsúla agus i róil éagsúla, déanann ceannaire cáilíochta ár gCóras Dearbhaithe Cáilíochta maoirseacht leanúnach air.

Nuashonraíodh an Córas Dearbhaithe Cáilíochta le go mbeadh sé ag teacht le ceanglais reachtúla an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, agus an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, agus leis na treoirlínte ina dhiaidh sin a d'fhoilsigh QQI in 2016. Baineann beartais, nósanna imeachta agus treoirlínte breise QQI le gníomhaíochtaí oiliúna breisoideachais agus ardoideachais Ghaelchultúir.

Sna míreanna seo a leanas, tá breac-chuntas ar na gnéithe éagsúla atá mar chuid de struchtúr comhtháite Chóras Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir. Féach thíos an breac-chuntas, le do thoil, ar na gnéithe éagsúla sin a fhorbrófar sna fo-ailt seo a leanas:

| Gné den Chóras Dearbhaithe Cáilíochta | Feidhm |
|---|---|
| Bunluachanna | Faisnéis atá mar bhonn eolais do gach struchtúr cáilíochta de chuid Ghaelchultúir. |
| Fís maidir le Cáilíocht | An fhís atá againn maidir le cáilíocht laistigh de Ghaelchultúr. |
| Beartas Dearbhaithe Cáilíochta | Ár dtiomantas do Dhearbhú Cáilíochta agus conas a bhainfimid amach é. |
| Foireann Cáilíochta | Acmhainní atá ar fáil mar bhonn agus mar thaca ag struchtúir Chóras Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir. |
| Timthriall Feabhsúcháin Cáilíochta | An cur chuige atá againn chun an Córas Dearbhaithe Cáilíochta atá deartha againn a fheabhsú go leanúnach. |
| Bearta Feidhmíochta | An uirlis Feabhsúcháin Cáilíochta lena ndéanfaimid feidhmíocht gach réimse dearbhaithe cáilíochta laistigh den Chóras Dearbhaithe Cáilíochta a thomhas. |
| Lámhleabhar Cáilíochta | Na beartais agus na nósanna imeachta doiciméadaithe chun a chinntiú gur féidir cleachtais dearbhaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm i ngach réimse cáilíochta. |

### 1.5.2 Comhthéacs

Úsáideadh na cáipéisí seo a leanas chun comhthéacs a thabhairt mar thagairt agus Córas Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir á fhorbairt.

- Beartas QQI maidir le Treoirlínte Dearbhaithe Cáilíochta – Aibreán 2016
- Ateagmháil le Beartais QQI
- Buntreoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta – QQI, Aibreán 2016
- Treoirlínte Sain-Earnála um Dhearbhú Cáilíochta le haghaidh Soláthraithe Neamhspleácha/Príobháideacha – QQI, Aibreán 2016
- Treoirlínte Sain-Topaice um Dhearbhú Cáilíochta le haghaidh Foghlaim Chumaisc – QQI, Aibreán 2016.

### 1.5.3 Ár mB4.5unluachanna

Tá Gaelchultúr tiomanta do na luachanna thíos, atá mar bhonn eolais do gach gné dár struchtúir cháilíochta, dár struchtúir oibriúcháin agus dár bpróisis chinnteoireachta. Tá siad mar bhonn eolais don obair a dhéanaimid agus don chaoi a ndéanaimid í. Is iad na luachanna atá i gceist ná:

- Cáilíocht
- Nuálaíocht
- Ionchuimsitheacht
- Inoiriúnaitheacht
- Macántacht.

***Léaráid 1A:  Ár mbunluachanna***



### 1.5.4 An Fhís atá againn maidir le Cáilíocht

- A bheith mar an príomhsholáthraí seirbhísí oiliúna Gaeilge in Éirinn
- Na caighdeáin is airde a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara uile maidir le soláthar oiliúna agus seirbhísí
- Táirgí agus seirbhísí a sholáthar go comhsheasmhach ina gcomhlíontar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara
- Cur chuige comhoibríoch a bheith againn i leith Dearbhú Cáilíochta ina n-aithnítear ionchur fostaithe, foghlaimeoirí, fochonraitheoirí, custaiméirí, comhlachtaí rialála agus páirtithe leasmhara eile a chabhróidh linn ár gcomhsprioc a bhaint amach
- Na hacmhainní agus an oiliúint riachtanach a sholáthar le gur féidir leis an gCóras Cáilíochta oibriú go héifeachtach
- Ár ndícheall a dhéanamh cáilíocht ár ngnólachta a fheabhsú go leanúnach agus lena chinntiú go mbeidh rochtain agus fáil éasca ag ár bpáirtithe leasmhara uile ar chur chuige, ar bheartais agus ar nósanna imeachta Ghaelchultúir maidir le Dearbhú Cáilíochta.

### 1.5.5 Beartas Dearbhaithe Cáilíochta

Sa bheartas seo tabharfaidh Gaelchultúr breac-chuntas ar a thábhachtaí agus atá Dearbhú Cáilíochta don Institiúid agus a thiomanta agus atá sé do Chóras Dearbhaithe Cáilíochta den chéad scoth a sholáthar. Forbrófar sa bheartas seo na tiomantais a phléitear i mír 1.5 agus mír 1.5.1 thuas agus déanfar doiciméadú ar na bearta sonracha agus follasacha a ghlacfar le go gcuirfear ar chumas na hInstitiúide a cuspóirí a bhaint amach.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>DuCBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">Soiléiriú a thabhairt ar thiomantas na hInstitiúide do Dhearbhú Cáilíochta agus creat a sholáthar chun dearbhú cáilíochta gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a chinntiú ar bhealach córasach struchtúrtha.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann sé le gach gníomhaíocht oideachais, oiliúna agus tacaíochta agus leo siúd go léir a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí sin.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">Tá freagracht fhoriomlán ar an POF as ábharthacht, as acmhainní a chur ar fáil agus as cur i bhfeidhm agus comhlíonadh an bheartais Dearbhaithe Cáilíochta a chinntiú. Tarmligfear an fhreagracht chuig foghrúpa nó chuig duine aonair ábhartha.<br><br>Tá na foghrúpaí ábhartha freagrach as a gcuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích ar bhealach tráthúil, gairmiúil agus oibiachtúil.<br><br>Tarmligfear gníomhaíochtaí freagrachta a bhaineann leis an mbeartas chuig an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus cinnteoidh sise go gcuirfear pearsanra agus páirtithe leasmhara bainteacha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha go léir. Déanfar tuairisciú rialta ar ghníomhaíochtaí ag gach leibhéal laistigh den Institiúid.</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Aithníonn Gaelchultúr an éifeachtacht agus an tionchar a bhaineann le Dearbhú Cáilíochta mar leagtar amach in ‘Cáilíocht laistigh den Ardoideachas 2017, Tuarascáil Achomair’ (‘Quality Within Higher Education 2017, A</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | Summary Report'[3]) agus gabhann sé air féin teacht leis na cleachtais is fearr i réimse an Dearbhaithe Cáilíochta agus na príomhthéamaí aitheanta maidir le feabhsú cáilíochta a bhaint amach laistigh dá scóip ó thaobh soláthair de.<br><br>Chun an gealltanas seo a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhfuil cultúr Dearbhaithe Cáilíochta fite fuaite san Institiúid, déanfaimid:<br><br>- córas dearbhaithe cáilíochta atá ar aon dul le luachanna Ghaelchultúir agus ina dtacaítear le heispéireas foghlama iomlánaíoch do gach foghlaimeoir<br>- córas dearbhaithe cáilíochta ina leagtar amach go soiléir sna beartais agus sna nósanna imeachta atá ann conas a chuirfear próisis i gcrích agus cé a bheidh freagrach astu, agus ina ndéantar foráil do mhaoirseacht oibiachtúil ar gach gníomhaíocht oideachais agus oiliúna<br>- a chinntiú go bhfuil struchtúir rialachais agus bhainistíochta chuí agus thrédhearcacha i bhfeidhm chun maoirseacht oibiachtúil ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta a sholáthar agus chun an cur i bhfeidhm a chinntiú<br>- bearta feidhmíochta a bhaineann le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna agus atá sainithe go soiléir a fhorbairt<br>- acmhainní foghlama atá leordhóthanach agus cuí a sholáthar agus pearsanra atá inniúil agus a bhfuil taithí oiriúnach acu a fhostú agus a cheapadh<br>- sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhailiú ó fhoghlaimeoirí agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha ar gach clár de chuid Ghaelchultúir agus anailís a dhéanamh ar na sonraí sin ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht eispéireas an fhoghlaimeora agus iad ag plé le Gaelchultúr<br>- athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar na cáipéisí, na próisis agus na nósanna imeachta is tábhachtaí lena chinntiú go gcomhlíontar iontu riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na hInstitiúide agus, nuair is cuí, riachtanais na reachtaíochta<br>- monatóireacht ar fheidhmíocht an phearsanra agus breithmheasanna rialta a mbeidh spriocanna leagtha síos agus deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) sainaitheanta mar thoradh orthu<br>- taifid a bhaineann leis an oideachas agus an oiliúint go léir a choinneáil agus iad a chur ar fáil le haghaidh athbhreithniú inmheánach agus seachtrach. A chinntiú go gcomhlíontar sna taifid riachtanais na hInstitiúide, na bhforas cáiliúcháin agus páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha eile<br>- féinmheasúnú bliantúil a mbeidh plean feabhsúcháin cáilíochta mar thoradh air agus a úsáidfear mar threoir chun cáilíocht gníomhaíochtaí a fheabhsú. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | |

[3] Cf. QQI (2017) 'Quality Within Higher Education 2017, A Summary Report', (lgh. 22-26).

### 1.5.6 An Fhoireann Cáilíochta

Is cuid dhílis de Chóras Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir í an Fhoireann Cáilíochta agus is é an aidhm atá aici ná a bheith mar bhonn agus mar thaca ag struchtúir an Chórais Dearbhaithe Cáilíochta agus gníomhaíochtaí a chur i gcrích ina mbailíochtaítear riachtanais cháilíochta.

Cinntíonn an Fhoireann Cáilíochta pleanáil agus forbairt leanúnach i dtaca le cáilíocht mar aon le cinnteoireacht shoiléir agus an obair a dhéantar dá barr, agus cuireann siad maoirseacht ar chórais mheastóireachta ar fáil agus i bhfeidhm.

Beidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta i gceannas ar gach tionscadal, gníomhaíocht agus sceideal a bhaineann le cáilíocht, agus tá sí freagrach as acmhainní daonna cuí a earcú ón bhFoireann Cáilíochta agus ar a son agus as tascanna tionscadail a tharmligean chuig an bhfoireann.

I measc bhaill na Foirne Cáilíochta tá:

- an Scrúdaitheoir Seachtrach
- an Fíordheimhnitheoir Seachtrach
- an Comhairleoir Dearbhaithe Cáilíochta Seachtrach
- an Ceannaire Cláir
- an Bord Clár
- an Riarthóir Acadúil

Déanfaidh an Fhoireann Cáilíochta na gníomhaíochtaí seo a leanas chun cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a chuirtear ar fáil ar na cláir a chinntiú agus chun feabhsú cáilíochta a bhaint amach ar bhonn leanúnach:

| Uimh. | Gníomhaíocht |
|---|---|
| 1 | Sonraí a bhailiú, anailís a dhéanamh go straitéiseach ar shonraí, agus táscairí a fhorbairt is féidir a úsáid chun éifeachtacht na mbeartas agus na nósanna imeachta a thomhas |
| 2 | Iniúchadh inmheánach ar na príomhphróisis cháilíochta |
| 3 | Athbhreithniú córasach ar bheartais agus ar nósanna imeachta |
| 4 | Fíorú inmheánach agus fíordheimhniú seachtrach |
| 5 | Meastóireacht sheachtrach ar an gCóras Dearbhaithe Cáilíochta |
| 6 | Féinmheastóireacht agus pleanáil feabhsúcháin cáilíochta |
| 7 | Faisnéis cáilíochta a thuairisciú do chomhlachtaí ábhartha agus torthaí cáilíochta a roinnt leo |
| 8 | Oiliúint ábhartha a bhaineann le cáilíocht a eagrú agus a thuairisciú |


### 1.5.7 An Timthriall Feabhsúcháin Cáilíochta

De réir mar a mholtar i dtaighde C. Argyris, tá cinneadh déanta ag Gaelchultúr cur chuige foghlama na lúibe dúbailte[4] a ghlacadh chun feabhas leanúnach a chur ar a Chórais Dearbhaithe Cáilíochta. Is córas dinimiciúil athraitheach é córas dearbhaithe cáilíochta na hInstitiúide agus beidh na feabhsúcháin a dhéanfar bunaithe ar earráidí a aithint agus a cheartú, agus ar fhoghlaim atá bunaithe ar thaithí a chorprú. Bainfear úsáid as eochairtháscairí feidhmíochta atá ailínithe le gach cuid de réimsí Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir a léirítear i mír 1.2.8 thíos chun earráidí a thomhas. Ansin cuirfear feabhsuithe i bhfeidhm mar aschur Plean Feabhsúcháin Cáilíochta.

Is éard atá sa Timthriall Feabhsúcháin Cáilíochta thíos ná sraith de na gníomhaíochtaí idirnasctha seo a leanas lena gcinntítear cur chuige sistéamach i leith feabhsú leanúnach cáilíochta na ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna agus na seirbhísí gaolmhara:

- an obair a phleanáil
- an obair a dhéanamh
- anailís a dhéanamh ar an obair (féinmheastóireacht agus meastóireacht sheachtrach)
- Plean Feabhsúcháin Cáilíochta a fhorbairt
- monatóireacht leanúnach (Bearta Feidhmíochta)

## *Léaráid 1B: An Timthriall Feabhsúcháin Cáilíochta*




[4] Cf. C Argyris, (1977) 'Double Loop Learning in Organisations'.

### 1.5.8 Táscairí Feidhmíochta

**Uimhir Thagartha Bheartais:** TeFBs-01

Sa tábla thíos, tá eolas faoi na córais faisnéise cáilíochtúla agus cainníochtúla éagsúla a fhreagraíonn do gach réimse cáilíochta a chuimsítear sa Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta seo agus dá bpríomhtháscairí feidhmíochta faoi seach.

Is cuid dhílis de Chreat Feabhsúcháin Cáilíochta Ghaelchultúir iad táscairí feidhmíochta agus is uirlis iad a úsáidimid chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil gach réimse cáilíochta laistigh de Chóras Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir ag feidhmiú.

Tá sé tábhachtach aschur follasach a bheith mar thoradh ar gach táscaire feidhmíochta a úsáidtear chun cáilíocht a thomhas. Tá sé tábhachtach go ndéantar an t-aschur a dhoiciméadú, agus go dtugtar breac-chuntas soiléir ar an bhfreagracht as bearta sonraithe a dhéanamh, agus ar an gclár ama cuí chun é sin a dhéanamh. Cuirtear san áireamh na riachtanais seo chun cáilíocht a thomhas i dtábla na n-eochairtháscairí thíos.

Tá an ghné seo den Chreat Feabhsúcháin Cáilíochta ar cheann de na modhanna a úsáidtear le go mbaintear amach cuspóir Ghaelchultúir cur chuige comhoibríoch a ghlacadh maidir le Córas Dearbhaithe Cáilíochta agus dearbhú cáilíochta faoi úinéireacht daoine aonair á chur i bhfeidhm laistigh den Institiúid agus an cuspóir maidir le Dearbhú Cáilíochta a leabú i gcultúr na hInstitiúide á bhaint amach.

Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as an Tábla d’Eochairtháscairí Feidhmíochta a fhorbairt, a choinneáil agus a stóráil.

| Uimhir na Treoirlíne Cáilíochta | Ainm na Treoirlíne | Eochairtháscaire Feidhmíochta | Beart atá de dhíth | Minicíocht | Duine atá freagrach as |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Rialachas agus Bainistíocht Cáilíochta | • Rioscaí a Aithníodh<br>• Athbhreithniú ar Riosca<br>• Athbhreithniú ar Bhainistiú Cáilíochta | Plean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí | Gach 6 mhí | An Bord Stiúrtha/an POF |
| 2 | Cur Chuige Doiciméadaithe i leith Dearbhú Cáilíochta | • Leasuithe ar Dhearbhú Cáilíochta | Athbhreithniú ar Dhearbhú Cáilíochta | Gach bliain | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 3 | Cláir Oideachais agus Oiliúna | • Athbhreithnithe ar Chláir<br>• Torthaí Cruinnithe an Bhoird Clár<br>• Rátaí Críochnúcháin Cúrsaí<br>• Dul Chun Cinn Foghlaimeoirí<br>• an Líon Foghlaimeoirí Cláraithe<br>• Rátaí Críochnúcháin<br>• Moltaí EE/EA | Plean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí na nEochairtháscairí Feidhmíochta | Deireadh gach téarma acadúil | An Ceannaire Cláir |
| 4 | Earcú, Bainistíocht agus Forbairt Foirne | • Pleananna Forbartha Pearsanta na Foirne<br>• Ionduchtú, Oiliúint agus Athbhreithnithe Foirne<br>• Meastóireacht ar Fhoghlaimeoirí<br>• Coinneáil Foirne | Athbhreithnithe agus Tuarascálacha a chruthú | Gach bliain | An POF |
| 5 | Teagasc agus Foghlaim | • Meastóireacht ar Theagascóirí<br>• Rátaí Sástachta agus Gearán Foghlaimeoirí<br>• Conairí Gairme na gCéimithe<br>• Meastóireacht ar Chláir | Athbhreithnithe agus Tuarascálacha a chruthú | Deireadh gach téarma acadúil | An Ceannaire Cláir |
| 6 | Measúnú | • Anailís ar Ghráid agus Tagarmharcáil<br>• Achomhairc<br>• Bearnaí i gcur isteach na bhfoghlaimeoirí<br>• Athruithe an Fhíordheimhnitheora Inmheánaigh | Plean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí na nEochairtháscairí Feidhmíochta | Deireadh gach téarma acadúil | An Ceannaire Cláir |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 7 | Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí | • Tacaíocht atá ar fáil<br>• Iarratais ar thacaíocht | Athbhreithnithe agus Tuarascálacha a chruthú | Deireadh gach téarma acadúil | An Riarthóir Acadúil |
| 8 | Bainistíocht Faisnéise agus Sonraí | • Cruinneas an tuairiscithe<br>• Sáruithe ar shonraí<br>• Comhlíonadh RGCS | Athbhreithnithe agus Tuarascálacha a chruthú | Gach bliain | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta |
| 9 | Faisnéis agus Cumarsáid Phoiblí | • Fiosruithe Faisnéise ón bPobal<br>• Tuarascálacha cáilíochta inmheánacha agus seachtracha curtha i gcrích | Athbhreithnithe agus Tuarascálacha a chruthú | Gach bliain | An Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta |
| 10 | Páirtithe eile a bhfuil baint acu le hOideachas agus le hOiliúint | • Fochonraitheoir<br>• Athbhailíochtú agus Faomhadh QQI<br>• Tuarascálacha don National Centre of Excellence agus ón ionad sin | Athbhreithnithe agus Tuarascálacha a chruthú | Gach bliain | An Ceannaire Cláir |
| 11 | Féinmheastóireacht, Monatóireacht agus Athbhreithniú | • Tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí Monatóireachta agus Meastóireachta<br>• Athbhreithniú ar fheabhsú cáilíochta<br>• Tascanna feabhsúcháin cáilíochta oscailte | Plean Dearbhaithe Cáilíochta chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí na nEochairtháscairí Feidhmíochta | Gach bliain | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta |

### 1.5.9 Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta

Is é an aidhm atá leis an Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta seo ná doiciméad mionsonraithe scríofa a sholáthar chun cabhrú le comhtháthú Chóras Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir. Cuimsítear sa Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta seo na beartais, na nósanna imeachta agus an fhaisnéis tacaíochta atá mar bhonn agus mar thaca ag ár dtiomantas do thimpeallacht foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar dár bhfoireann, dár dteagascóirí, dár bhfoghlaimeoirí agus dár bpáirtithe leasmhara.

# 2. Cur Chuige Doiciméadaithe um Dhearbhú Cáilíochta

## 2.1 Beartais agus Nósanna Imeachta Doiciméadaithe: Córas Cuimsitheach

Uimhir Thagartha Bheartais: NsIDBn-01

Is eagraíocht foghlaimeoirlárnach é Gaelchultúr agus táimid tiomanta do sholáthar cúrsaí oideachais atá ar ardchaighdeán. Dá bhrí sin, tá cultúr cáilíochta, comhsheasmhachta agus iontaofachta fite fuaite inár gcuid gníomhaíochtaí go léir, i ngníomhaíochtaí acadúla agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann le rialachas na hInstitiúide araon. Tá córas cuimsitheach á chur i bhfeidhm againn chun soláthar cáilíochta inár ngníomhaíochtaí uile a chinntiú, agus lena chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm chun dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta a chumasú go leanúnach i ngníomhaíochtaí, beartais agus nósanna imeachta uile na hInstitiúide.

Tá gá le cur chuige doiciméadaithe chun creat éifeachtach maidir le dearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm agus is é aidhm an lámhleabhair seo ná forbhreathnú doiciméadaithe a sholáthar ar an gcultúr cáilíochta seo atá againn agus cur síos cuimsitheach soiléir a sholáthar ar bheartais agus nósanna imeachta na hInstitiúide. Bainfear úsáid as an lámhleabhar seo chun muid a threorú i ngníomhaíochtaí laethúla na hInstitiúide, rud a fhágann go mbeidh an soláthar oideachais ar ardchaighdeán. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cáipéis bheo í seo, is é sin le rá go ndéanfar athbhreithniú, monatóireacht agus nuashonrú rialta air.

Tá gach ball foirne ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le dearbhú cáilíochta laistigh den Institiúid agus glacann siad ról gníomhach ina chur i bhfeidhm. Le cinntiú go gcuirtear ár mbeartais agus ár nósanna imeachta i bhfeidhm, go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú orthu go héifeachtach, áfach, tá freagracht ar leith ar an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta chun maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar an gcóras um dhearbhú cáilíochta (féach 2.1.2 thíos chun tuilleadh eolais a fháil).

Tá na beartais agus na nósanna imeachta go léir atá leagtha amach sa lámhleabhar seo ag cloí leis na ceanglais dhlíthiúla agus reachtúla go léir agus leis na ceanglais atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin, QQI, agus tá an lámhleabhar roinnte ina ranna de réir threoirlínte lárnacha QQI:

| | |
|---|---|
| 1. Rialachas agus Bainistíocht Cáilíochta<br>2. Cur chuige doiciméadaithe um Dhearbhú Cáilíochta<br>3. Cláir Oideachais agus Oiliúna<br>4. Earcaíocht, Bainistíocht agus Forbairt Foirne<br>5. Teagasc agus Foghlaim<br>6. Measúnú ar Fhoghlaimeoirí | 7. Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí<br>8. Bainistíocht Sonraí agus Faisnéise<br>9. Faisnéis agus Cumarsáid<br>10. Páirtithe Eile a bhfuil baint acu le hOideachas agus Oiliúint<br>11. Féinmheastóireacht, Monatóireacht agus Athbhreithniú |

Cuid lárnach den phróiseas um dhearbhú cáilíochta is ea monatóireacht agus athbhreithniú córasach a dhéanamh ar chláir, ar bheartais agus ar nósanna imeachta, ar bhonn corparáideach (e.g. rialachas, airgeadas agus acmhainní daonna) agus ar bhonn acadúil. Mar gheall ar an bpróiseas athbhreithnithe seo, táimid in ann éifeachtúlacht na mbeartas agus na nósanna imeachta a mheas lena chinntiú go bhfuil gach gné díobh oiriúnach don fheidhm, agus aon laigí a aithint le go mbeimid in ann iad a réiteach agus feabhas a chur ar ár gcleachtas sa todhchaí. Chomh maith leis an monatóireacht leanúnach seo, déantar athbhreithniú níos foirmiúla ag deireadh gach bliana acadúla. Tá forléargas ar na beartais a ndearnadh athbhreithniú orthu le fáil sa chóras rialaithe leaganacha (féach Aguisín A.7.1) agus tá eolas ann maidir leis an leagan is déanaí den bheartas agus an dáta is gá

athbhreithniú eile a dhéanamh air. Tá tuilleadh eolais maidir leis na bpróiseas monatóireachta agus athbhreithnithe le fáil thíos.

### 2.1.1 Aiseolas ó Pháirtithe Leasmhara

Gné thábhachtach eile de chóras dearbhaithe cáilíochta Ghaelchultúir is ea cumarsáid agus plé leanúnach lenár bpáirtithe leasmhara uile, idir pháirtithe leasmhara inmheánacha agus pháirtithe leasmhara seachtracha, maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta atá á gcur i bhfeidhm san Institiúid. Tá sé mar aidhm againn cultúr a chruthú ina bhfuil meas againn ar ionchur ár gcuid páirtithe leasmhara agus cuirimid fáilte mhór roimh a gcuid tuairimí maidir lenár gcláir agus lenár ngníomhaíochtaí. Tá ionchur na bpáirtithe leasmhara an-tábhachtach dúinn lena chinntiú go gcuirimid cúrsaí agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus go gcuirtear feabhas orthu go leanúnach.

Tá ról riachtanach ag suirbhéanna aiseolais foghlaimeoirí agus suirbhéanna aiseolais léachtóirí/teagascóirí sa phróiseas seo, chomh maith le rannpháirtíocht na n-ionadaithe ranga ar an gCoiste Feabhsaithe Cáilíochta, a ndéantar cruinnithe dá chuid a reáchtáil gach seimeastar. Úsáidtear an t-aiseolas seo ó na páirtithe leasmhara mar aon le sonraí eile i bpróisis tagarmharcála (e.g. líon foghlaimeoirí a chríochnaíonn cláir, anailís ar ghráid etc.) chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na mbeartas agus na nósanna imeachta atá ann cheana a mheas agus úsáidtear é chun iad a fheabhsú de réir mar is gá.

Spreagtar foireann Ghaelchultúir chun aird a tharraingt ar aon cheisteanna a bhaineann le dearbhú cáilíochta ag na cruinnithe pleanála foirne a bhíonn ar siúl go rialta agus déantar an beartas nó an nós imeachta ábhartha a fhorbairt agus/nó a nuashonrú, de réir mar is gá. Úsáidtear an chumarsáid rialta seo lenár bpáirtithe leasmhara chun cleachtas laistigh den eagraíocht a threorú agus a fheabhsú.

### 2.1.2 Freagracht

Tá ról ag gach ball foirne i gcur i bhfeidhm beartas agus nósanna imeachta i leith dearbhú cáilíochta i ngach aon ghné den Institiúid. Tá freagracht ar leith ar an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, áfach, as na próisis dearbhaithe cáilíochta a bhainistiú. Beidh na cúraimí seo a leanas ag an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta:

- maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar na próisis i leith dearbhú cáilíochta
- athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus déanfaidh sé/sí anailís ar an eolas a úsáidtear le haghaidh tagarmharcála chun éifeachtacht agus cáilíocht gach beartais agus nós imeachta a mheas
- comhordú a dhéanamh ar an athbhreithniú bliantúil ar chláir agus ar bheartais Ghaelchultúir
- cruinnithe dearbhaithe cáilíochta a eagrú (cruinnithe ag deireadh gach seimeastair agus cruinnithe eile le linn na bliana, de réir mar is gá)
- tuarascáil dearbhaithe cáilíochta a dhréachtú tar éis cruinnithe maidir le dearbhú cáilíochta (tá tuilleadh eolais faoi róil agus freagrachtaí an Oifigigh um Dhearbhú Cáilíochta ar fáil in Aguisín A.1.15 agus sna Téarmaí Tagartha, Aguisíní A.1.4-A.1.11).

Cé go bhfuil freagracht ar an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta as bainistíocht agus as cur i bhfeidhm na bpróiseas i leith dearbhú cáilíochta, déanfar é seo i gcomhar leis an bhFoireann Cáilíochta. Mar sin, níl aon bhall foirne amháin freagrach as dréachtú beartas; is féidir le gach ball foirne ról a ghlacadh i ndréachtú beartas agus i ndréachtú na nósanna imeachta a bhaineann leo. Beidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF) ar fáil chun maoirseacht a dhéanamh ar dhréachtú gach beartais nua agus caithfidh an POF/an Bord

Stiúrtha athbhreithniú a dhéanamh ar gach beartas agus ar gach beartas nuashonraithe agus caithfidh siad an beartas a fhaomhadh sula gcuirfear i bhfeidhm é.

### 2.1.3 Struchtúr Beartas agus Nósanna Imeachta

Mar chuid den chóras dearbhaithe cáilíochta, tá gach beartas agus nós imeachta sa lámhleabhar seo leagtha síos de réir teimpléad caighdeánach rud a fhágann go bhfuil siad soiléir agus ar comhcháilíocht. Tá na míreanna seo a leanas le fáil sa teimpléad:

- teideal beartais
- leagan beartais
- dáta a faomhadh é[5]
- dáta an chéad athbhreithnithe eile
- cuspóir
- scóip
- freagracht
- nósanna imeachta
- doiciméid a bhaineann le hábhar
- doiciméid tacaíochta atá curtha fáil sna haguisíní agus uimhir an aguisín do gach doiciméad.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | | **Leagan:** | |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | | | |
| **Scóip:** | | | |
| **Freagrach as:** | | | |
| **Nós imeachta:** | | | |
| **Doiciméid:** | | | |
| **Doiciméid tacaíochta/Uimhir aguisín** | | | |

Beidh gach beartas a dhréachtófar as seo amach leagtha amach de réir an teimpléid seo thuas agus caithfidh an POF/an Bord Stiúrtha iad a fhaomhadh sula bhfoilseofar iad agus sula gcuirfear i bhfeidhm iad. Coimeádfar taifead de na beartais go léir agus déanfar rialú orthu sa mhaitrís rialaithe leaganacha lena chinntiú go bhfuil an leagan is déanaí i gcúrsaíocht agus le léiriú go soiléir cén uair a bheidh an chéad athbhreithniú eile ar an mbeartas.


### 2.1.4 Forbairt Beartais

Tá céimeanna éagsúla ann nach mór a leanúint agus beartas nua á fhorbairt. Tá cur síos agus plé ar na céimeanna sin le fáil thíos:

1. Gá le beartas a aithint
2. Beartas a dhréachtú
3. Beartas a fhaomhadh
4. Beartas a chur i bhfeidhm agus a fhoilsiú (de réir mar is cuí)
5. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas.

[5] Faoi láthair, níl aon dáta luaite sa Lámhleabhar maidir leis an dáta a faomhadh na beartais agus an dáta a ndéanfar athbhreithniú orthu. Cuirfear na dátaí cuí isteach i ngach aon bheartas tar éis an phróisis ateagmhála nuair a bheidh na beartais go léir atá sa Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta faofa agus roghnófar dáta cuí don chéad athbhreithniú eile.

### *Léaráid 2A: Céimeanna le tógáil agus beartas á fhorbairt*




1. **Gá le Beartas a Aithint**: Is é an chéad chéim sa phróiseas chun beartas nua a fhorbairt ná an gá atá leis an mbeartas a aithint. Féadfar beartas nua a fhorbairt chun seasamh Ghaelchultúir a leagan amach maidir le ceist ar leith nó maidir le cúinsí nua. De rogha air sin, b'fhéidir go gcaithfear beartas atá ann cheana a leasú má tá cúinsí athraithe ó dréachtaíodh é nó má mheastar nach bhfuil an beartas atá ann cheana oiriúnach a thuilleadh. Mar a luadh thuas, tá aiseolas ó pháirtithe leasmhara an-luachmhar sa phróiseas seo.

2. **Beartas a Dhréachtú**: Agus beartas nua á dhréachtú, caithfear cloí leis an teimpléad atá le fáil thuas (in 2.1.3, 'Struchtúr Beartas agus Nósanna Imeachta'). Ba chóir beartais a scríobh i dteanga shoiléir bheacht agus ba chóir go mbeadh na nósanna imeachta atá in éineacht leo furasta a leanúint. Is dea-chleachtas é freisin sainmhínithe ar phríomhthéarmaí a sholáthar lena chinntiú go mbeidh sé intuigthe.

3. **Beartas a Fhaomhadh**: Caithfidh an POF agus an Bord Stiúrtha athbhreithniú a dhéanamh ar gach beartas nua (agus ar gach beartas a ndéantar leasuithe air) agus ní mór dóibh é a fhaomhadh sula bhfoilseofar agus sula gcuirfear i bhfeidhm é.


4. **Beartas a chur i bhfeidhm agus a fhoilsiú (de réir mar is cuí)**: Nuair a bheidh beartas faofa, i bhformhór na gcásanna beidh sé riachtanach an beartas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir. Cuirfear an fhoireann ar an eolas freisin faoi aon bheartais nua/aon bheartais leasaithe lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach iad.

5. **Monatóireacht agus Athbhreithniú**: Nuair a bheidh an beartas faofa agus foilsithe, déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar an mbeartas go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil sé fós oiriúnach don fheidhm. Déanfar é seo laistigh d'achair ama éagsúla agus braitheann sé ar cé acu beartas atá i gceist ach ba cheart dáta an chéad athbhreithnithe eile a thaifeadadh go soiléir ar an mbeartas agus ar an maitrís rialaithe leaganacha (féach Aguisín A.7.1). Tá tuilleadh eolais maidir leis an bpróiseas monatóireachta agus athbhreithnithe leagtha amach thíos.

### 2.1.5 Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Dhearbhú Cáilíochta

D'fhonn cáilíocht na gclár agus na seirbhísí a sholáthraímid a chinntiú, cuirimid córas monatóireachta agus athbhreithnithe chuimsithigh i bhfeidhm agus déanaimid féinmheastóireacht thréimhsiúil (féach 11, 'Féinmheastóireacht, Monatóireacht agus Athbhreithniú' le haghaidh tuilleadh eolais). Úsáidtear cur chuige timthriallach leanúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar bheartais na hInstitiúide, arb é an aidhm atá le feabhsúchán leanúnach cáilíochta a chur i bhfeidhm. Is éard atá i gceist sa chur chuige timthriallach seo ná bearna a aithint; pleanáil feabhsúcháin agus forbairt; faomhadh; cur i bhfeidhm; meastóireacht agus athbhreithniú (féach Léaráid 2B thíos).

## *Léaráid 2B: Timthriall Faireacháin agus Athbhreithnithe*




Chomh maith le monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu, déantar athbhreithniú bliantúil ar na beartais agus na nósanna imeachta i leith dearbhú cáilíochta lena chinntiú go bhfuil na heochairtháscairí feidhmíochta go léir á gcomhlíonadh (le haghaidh tuilleadh eolais féach 1.5.8, 'Tábla d'Eochairtháscairí Feidhmíochta', thuas). Déanfar na gníomhaíochta seo thíos (mar aon le gníomhaíochtaí eile nach iad) mar chuid den phróiseas monatóireachta agus athbhreithnithe:

- Eagróidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta cruinniú chun dearbhú cáilíochta a phlé ag deireadh gach seimeastair.
- Socrófar cruinnithe eile freisin chun dearbhú cáilíochta a phlé le linn na bliana de réir mar is gá.
- Tionólfar measúnú cáilíochta agus cruinniú foirmiúil i leith dearbhú cáilíochta foirmiúil ag deireadh gach bliana acadúla, le linn an tsamhraidh de ghnáth, mar chuid den ullmhúchán don chéad bhliain acadúil eile.
- Scríobhfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta tuarascáil ina ndéanfar cur síos ar na bearnaí a aithníodh mar chuid de na próisis mhonatóireachta agus athbhreithnithe agus dréachtófar plean feabhsúcháin cáilíochta ina léireofar na céimeanna thógfar chun feabhas a chur ar na beartais agus ar na nósanna imeachta. Ba chóir spriocdháta a leagan síos do gach beart atá sa phlean feabhsúcháin cáilíochta agus ba chóir na bearta a chur in ord tosaíochta.

- Cuirfear an plean feabhsúcháin cáilíochta ar aghaidh chuig an POF agus an Bord Stiúrtha lena fhaomhadh. Má tá leasuithe suntasacha a bhaineann le cúrsaí acadúla sa phlean feabhsúcháin cáilíochta, cuirfear é faoi bhráid na Comhairle Acadúla chomh maith lena fhaomhadh sula gcuirfear i bhfeidhm é.
- Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta a chinntiú go gcuirfear an Plean Feabhsúcháin Cáilíochta i bhfeidhm, go ndéanfar aon bheartais agus nósanna imeachta ábhartha a nuashonrú agus go gcuirfear na leasuithe atá déanta in iúl do na páirtithe leasmhara ábhartha go léir ar an mbealach iomchuí (e.g. na beartais ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir a nuashonrú, lámhleabhair na bhfoghlaimeoirí/na léachtóirí a nuashonrú, cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha, tuarascálacha i leith dearbhú cáilíochta nó tuarascálacha féinmheastóireachta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir).

Déanfar na gníomhaíochtaí seo a leanas go tréimhsiúil freisin mar chuid den phróiseas monatóireachta agus athbhreithnithe:

- eagrófar cruinnithe go rialta ina dtabharfar deiseanna don fhoireann aiseolas a sholáthar maidir le dearbhú cáilíochta
- baileofar aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus déanfar anailís air
- baileofar aiseolas ón bhfoireann agus déanfar anailís air
- baileofar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus déanfar anailís air
- déanfar anailís ar ghráid agus ar staitisticí (e.g. maidir le líon foghlaimeoirí atá cláraithe, líon foghlaimeoirí a chríochnaíonn clár, etc.) agus déanfar tagarmharcáil ar na staitisticí seo i gcomparáid le soláthraithe eile sa réimse de réir mar is cuí
- déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht foirne (lena n-áirítear anailís ar fhoirmeacha aiseolais agus anailís ar athbhreithnithe feidhmíochta bliantúla)
- déanfar anailís ar thuairiscí an Scrúdaitheora Sheachtraigh agus an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh
- déanfar féinmheastóireacht agus pleanáil feabhsúcháin.

## 2.2 Beartas Tagarmharcála

Táimid tiomanta d'fheabhsúchán leanúnach cáilíochta agus mar chuid den phróiseas seo, déanaimid tagarmharcáil inmheánach agus tagarmharcáil seachtrach, idir muid féin agus institiúidí agus eagraíochtaí oiliúna eile, chun eispéiris agus torthaí na bhfoghlaimeoirí a chur i gcomparáid lena chéile.

Déantar é seo d'fhonn go mbeimid in ann dea-chleachtas a aithint agus le go mbeimid in ann tógáil ar na láidreachtaí atá againn agus deiseanna feabhsúcháin a aithint. Tá ról tábhachtach ag tagarmharcáil sna próisis féinmheastóireachta agus athbhreithnithe a dhéanaimid agus, mar gheall ar na próisis seo, faighimid léargas níos leithne ar dhul chun cinn Ghaelchultúir i gcomparáid le hinstitiúidí eile. Is mór an cuidiú iad na próisis tagarmharcála seo nuair a bhíonn cinntí acadúla agus cinntí bainistíochta/tráchtála á ndéanamh againn.

Bainfear úsáid as modhanna éagsúla chun eolas agus sonraí cuí a bhailiú don phróiseas tagarmharcála. Úsáidfear sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla sa phróiseas tagarmharcála lena n-áirítear na sonraí seo a leanas (agus sonraí eile nach iad):

- líon na bhfoghlaimeoirí cláraithe ar gach clár (íosmhéid agus uasmhéid)
- leibhéil dámhachtana
- sástacht foghlaimeoirí (bunaithe ar aiseolas ó fhoghlaimeoirí i suirbhéanna aiseolais)
- rátaí críochnúcháin
- rátaí aistrithe
- rátaí teastasaithe
- anailís ar ghráid (i gcomparáid leis an meán náisiúnta)
- tuarascálacha an Scrúdaitheora Sheachtraigh agus an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh
- próifílí foirne (e.g. cáilíochtaí agus scileanna na bhfoirne i gcomparáid le hinstitiúidí eile)
- táillí clár.

Chun tagarmharcáil a dhéanamh, bainfear úsáid as staitisticí a sholáthróidh an foras cáiliúcháin agus staitisticí náisiúnta eile, nuair atá siad ar fáil. Is eol dúinn freisin gur féidir linn foghlaim ó institiúidí eile trí chumarsáid a dhéanamh le hinstitiúidí agus eagraíochtaí oiliúna eile. Beimid in ann feabhas a chur ar ár gcleachtas féin agus beimid in ann a chinntiú go bhfuil ár mbeartais agus ár nósanna imeachta féin cothrom le dáta agus ag teacht leis an gcleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Chomh maith le cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bhforas cáiliúcháin agus cumarsáid a dhéanamh le heagraíochtaí eile, an tIonad Náisiúnta Barr Feabhais, mar shampla, freastalaímid freisin ar imeachtaí a eagraítear in earnáil na Gaeilge, glacaimid páirt i gcoistí ionadaíocha agus tugaimid deiseanna do bhaill foirne teagmháil a dhéanamh le piaraí agus dul i mbun gníomhaíochtaí comhroinnte eolais le hinstitiúidí agus eagraíochtaí eile. Mar shampla, d'fhéadfaí comparáidí a dhéanamh idir líon agus próifílí foghlaimeoirí gach bliain, cláir/modúil a ndéantar staidéar orthu agus líon na bhfoghlaimeoirí a mbronntar teastas orthu ag deireadh an chláir. Mar gheall ar an anailís a dhéanfar ar na staitisticí seo, beimid in ann na cleachtais is fearr a aithint agus a thuiscint agus, dá bhrí sin, is féidir cuir chuige nua a ghlacadh nuair is gá chun cuidiú le soláthar ár gclár agus chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | TIBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil creatlach atá oiriúnach don fheidhm ag Gaelchultúr chun tagarmharcáil a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht i gcomparáid le hinstitiúidí | | |

| | |
|---|---|
| | agus eagraíochtaí oiliúna eile sa réimse. Tá sé mar aidhm aige a chinntiú:<br><br>– go bhfuil nósanna imeachta Ghaelchultúir maidir le teagasc agus foghlaim ag cloí le dea-chleachtas<br>– go bhfuilimid ar comhchaighdeán le hinstitiúidí/eagraíochtaí eile ina bhfuil dámhachtainí den chineál céanna á dtairiscint acu<br>– go mbailímid agus go n-úsáidimid faisnéis go cuí chun deiseanna feabhsúcháin a aithint. |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo leis an eolas a bhailítear agus nósanna imeachta a dhéantar sna próisis tagarmharcála. |
| **Freagrach as:** | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an Riarthóir Acadúil, an Bord Clár |
| **Nós imeachta:** | **Sonraí cáilíochtúla:**<br>– Baileofar sonraí cáilíochtúla ó fhoghlaimeoirí ag céimeanna éagsúla le linn na bliana acadúla. Déanfaidh an Riarthóir Acadúil suirbhéanna aiseolais ar fhoghlaimeoirí a dháileadh i lár an tseimeastair agus arís ag deireadh an tseimeastair.<br>– Glacfaidh ionadaithe ranga páirt sa Choiste Feabhsaithe Cáilíochta uair amháin in aghaidh an tseimeastair agus tabharfaidh siad aiseolas ar ábhar agus soláthar an chláir (beidh sé seo ag brath, áfach, ar leibhéal agus fad an chláir).<br><br>**Sonraí cainníochtúla:**<br>– Baileofar sonraí cainníochtúla go leanúnach sna cláir go léir, lena n-áirítear sonraí maidir le líon na bhfoghlaimeoirí, rátaí teastasaithe, rátaí aistrithe, etc.<br>– Ag deireadh gach seimeastair, comhthiomsóidh an Riarthóir Acadúil sonraí maidir le rátaí críochnúcháin, gráid (e.g. céatadán na bhfoghlaimeoirí ar theip orthu/a fuair pas/a fuair pas le fiúntas, etc.) agus rátaí aistrithe.<br>– Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta i gcomhar le baill den Bhord Clár anailís ar na sonraí seo agus cuirfear iad i gcomparáid le staitisticí na bliana seo caite, leis an bhfaisnéis a fhoilsíonn an foras cáiliúcháin QQI agus le faisnéis a fhoilsítear maidir le hinstitiúidí/eagraíochtaí oiliúna eile go náisiúnta.<br>– Scríobhfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta tuarascáil tagarmharcála ag deireadh gach bliana acadúla. Déanfar athbhreithniú ar an tuarascáil seo mar chuid den chruinniú bliantúil dearbhaithe cáilíochta.<br><br>Bainfear úsáid as sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon chun feabhas a chur ar chleachtas amach anseo maidir le hábhar agus soláthar clár. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Suirbhéanna Aiseolais (A.5.14); Tuarascálacha an Scrúdaitheora Sheachtraigh agus an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh; Scarbhileoga ina bhfuil eolas maidir le clárúcháin, rátaí críochnúcháin agus rátaí aistrithe, etc. |

## 2.3 Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta

Tá comhionannas agus éagsúlacht lárnach i luachanna agus in éiteas Ghaelchultúir agus tá prionsabail an chomhionannais agus éascú na héagsúlachta ag croílár an chultúir atá againn. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht foghlama a chruthú agus a chothú ina gcuirtear fáilte roimh chách, ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht agus ina mbraitheann gach foghlaimeoir agus ball foirne sábháilte agus go bhfuil meas á léiriú orthu. Aithnímid freisin go gcuireann an éagsúlacht i measc ár bhfoghlaimeoirí agus baill foirne réimse peirspictíochtaí ar fáil agus gur féidir leis an éagsúlacht seo an t-eispéireas foghlama agus an saol oibre a shaibhriú do chách.

Tá Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta Ghaelchultúir i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha go léir agus leis an reachtaíocht uile i leith Comhionannais agus Éagsúlachta, lena n-áirítear na hAchtanna um Comhionannas Fostaíochta 1998-2015 agus an tAcht um Stádas Comhionann 2000-2015. Táimid tiomanta do chomhionannas deiseanna don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí, beag beann ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh, aois, míchumas, bunadh eitneach nó náisiúnta, nó ballraíocht den Lucht Taistil. Agus é sin á dhéanamh tá sé i gceist againn timpeallacht foghlama agus oibre a chruthú atá spreagúil agus ina bhfuil tacaíocht ar fáil do chách.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | CsEBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun éagsúlacht i measc na bhfoghlaimeoirí agus na foirne a éascú agus chun teagmháil chothrom, oscailte, thrédhearcach leis an bhfoireann, leis na foghlaimeoirí agus leis na foghlaimeoirí ionchasacha uile a chinntiú. | | |
| **Scóip:** | Gach duine a bhfuil baint aige le Gaelchultúr lena n-áirítear baill foirne, foghlaimeoirí, foghlaimeoirí ionchasacha agus páirtithe leasmhara atá ag plé le Gaelchultúr. | | |
| **Freagrach as:** | Gach ball foirne (go háirithe an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an Bord Clár, Léachtóirí/Teagascóirí) | | |
| **Nós imeachta:** | Cuirfimid timpeallacht oibre agus staidéir chun cinn atá saor ó idirdhealú sna réimsí seo a leanas:<br><br>– inscne<br>– stádas pósta<br>– stádas teaghlaigh<br>– claonadh gnéasach<br>– creideamh<br>– aois<br>– míchumas<br>– bunadh eitneach nó náisiúnta<br>– ballraíocht den Lucht Taistil.<br><br>**Foghlaimeoirí**<br>D'fhonn a chinntiú nach gcaithfear go héagórach le haon fhoghlaimeoir ná le foghlaimeoir ionchasach mar gheall ar na cúiseanna thuasluaite, glacfar na céimeanna seo a leanas:<br><br>– Cuirfear gach ball foirne ar an eolas faoina fhreagrachtaí maidir le beartas Comhionannais agus Éagsúlachta Ghaelchultúir agus maidir | | |

| | |
|---|---|
| | le forálacha na reachtaíochta náisiúnta mar chuid den ionduchtú foirne agus i Lámhleabhar na Foirne.<br>– Le linn an ionduchtaithe cuirfear léachtóirí agus teagascóirí ar an eolas nach mór dóibh tuairimí nó ráitis atá maslach a sheachaint lena n-áirítear tuairimí nó ráitis a bhaineann le hinscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, aois, míchumas, bunadh ciníoch nó náisiúnta, creideamh, tuairimí polaitiúla, athailíniú inscne agus ballraíocht den Lucht Taistil.<br>– Is gá do gach foghlaimeoir glacadh le Cód Iompair na bhFoghlaimeoirí ina léirítear an t-iompar a bhfuilimid ag súil leis. Déantar é seo lena chinntiú go gcaitear gach foghlaimeoir agus gach ball foirne le meas.<br>– Tabharfar tacaíocht do gach foghlaimeoir chun cabhrú leis/léi a lánacmhainneacht a bhaint amach (Féach 7.1, 'Seirbhísí Tacaíochta d'fhoghlaimeoirí').<br>– Seolfar ríomhphost chuig foghlaimeoirí sula dtosóidh siad ar a gcúrsa ina n-iarrfar orthu eolas maidir le haon riachtanais tacaíochta sa bhreis atá acu.<br>– Beidh mír ar gach foirm iarratais chun deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí tacaíocht bhreise a iarraidh.<br>– Úsáidfear agallaimh le foghlaimeoirí le fáil amach faoina gcuid riachtanas tacaíochta. Cuirfear seirbhísí tacaíochta i bhfeidhm nuair is féidir chun ligean d'fhoghlaimeoirí páirt iomlán a ghlacadh i gcúrsaí.<br>– Cuirfear ábhar/modhanna seachadta/modhanna measúnaithe an chúrsa in oiriúint nuair is féidir chun freastal orthu siúd a bhfuil riachtanais tacaíochta sa bhreis acu<br>– Tabharfar oiread tacaíochta agus spreagtha agus is féidir d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais tacaíochta sa bhreis acu laistigh de shrianta seachadta an chúrsa.<br><br>**Foireann**<br>Tabharfar faoi na céimeanna seo a leanas chun a chinntiú go gcaitear go cóir le gach ball foirne agus gach ball foirne ionchasach:<br><br>– Beidh gach cinneadh a bhaineann le pearsanra agus earcaíocht bunaithe ar cháilíochtaí, taithí, fiúntas agus cumas.<br>– Beidh an próiseas earcaíochta cothrom, oscailte agus trédhearcach agus leagfar amach critéir earcaíochta mhionsonraithe.<br>– Ní bheidh tionchar ag aon cheann de na cúinsí thuasluaite sa bheartas seo ar aon chinneadh maidir le fostaíocht.<br>– Ní bheidh tionchar ag aon cheann de na cúinsí thuasluaite ar chinntí earcaíochta.<br>– Déanfaimid a chinntiú nach ndéanfar leithcheal ná idirdhealú ar aon duine mar gheall ar na cúinsí thuasluaite, bíodh sé sin d'aon ghnó nó go hindíreach.<br>– Sa chás go dtugann iarratasóir le fios go bhfuil riachtanais speisialta aige/aici maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus roghnóireachta, déanfar freastal cuí air/uirthi, ar an gcoinníoll go bhfuil sé ar ár gcumas an tacaíocht sin a sholáthar agus nach dtabharfadh sé buntáiste breise don iarrthóir sin thar na hiarrthóirí eile. |

| | |
|---|---|
| | Tá tuilleadh eolais maidir le Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta Ghaelchultúir ar fáil freisin i Lámhleabhar na Foirne agus cuirtear gach ball foirne nua ar an eolas faoin eolas seo le linn a n-ionduchtaithe. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Foirm Iarratais/Clárúcháin (A.5.6), Seicliosta Ionduchtaithe (A.4.10), Lámhleabhar na Foirne, Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, Lámhleabhar na Léachtóirí/Teagascóirí |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar gach beartas maidir le Comhionannas agus Éagsúlacht lena chinntiú go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm i gceart agus nach bhfuil leithcheal á dhéanamh ar aon duine. Tá aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ón bhfoireann ríthábhachtach chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis seo. Tá nósanna imeachta i leith gearáin oifigiúla againn freisin trínar féidir le foghlaimeoirí agus baill foirne gearáin neamhfhoirmiúla agus foirmiúla a dhéanamh maidir le Comhionannas agus Éagsúlacht (is féidir tuilleadh eolais a fháil thíos i rannóga 6.3 agus 6.4 faoi na nósanna imeachta chun achomhairc agus gearáin a dhéanamh. Tá eolas faoi na beartais seo ar fáil i Lámhleabhar na Foirne agus i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí freisin). Má dhéantar gearán maidir le comhionannas agus éagsúlacht, déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú oifigiúil ar bheartais chomhionannais agus éagsúlachta agus déanfaidh sé/sí a chinntiú go mbeidh gach ball foirne eolach ar bheartais na hInstitiúide maidir leis na saincheisteanna seo.

## 2.4 Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Tá Gaelchultúr tiomanta do sholáthar cúrsaí oideachais atá ar ardchaighdeán agus táimid tiomanta chomh maith do bhainistiú éifeachtach sláinte agus sábháilteachta san Institiúid lena chinntiú go mbeidh ár bhfoghlaimeoirí agus ár bhfoireann slán sábháilte i gcónaí. Chun é sin a dhéanamh, cloímid go docht leis an reachtaíocht ábhartha maidir le sláinte agus sábháilteacht – an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (agus gach leasú ábhartha) – agus déanaimid gach iarracht a chinntiú go ndéantar ár gcúrsaí a reáchtáil ar bhealach sábháilte agus i dtimpeallacht ghlan a ndéantar cothabháil rialta uirthi.[6]

Mar chuid dár dtiomantas do shláinte agus sábháilteacht sa timpeallacht oibre agus foghlama, cinntímid go bhfaigheann gach ball foirne agus foghlaimeoir an t-ionduchtú cuí maidir le sláinte agus sábháilteacht. Cinntímid freisin go ndéantar cothabháil rialta ar ár n-áiseanna agus ár dtrealamh lena chinntiú go mbíonn siad i gcónaí sábháilte le húsáid. Tá sé mar aidhm againn freisin a chinntiú go bhfuil gach aon ionad seachtrach a úsáidimid sábháilte, glan agus go bhfuil bail mhaith ar an áit agus mar sin ní mór don ionad cloí leis na critéir cháilíochta atá leagtha amach sa seicliosta dearbhaithe cáilíochta d'ionaid sheachtracha (féach na haguisíní). Chomh maith leis sin, d'fhonn cloí leis an gceanglas atá leagtha síos sa reachtaíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht san áit oibre, tá ráiteas sábháilteachta Ghaelchultúir ar taispeáint i gceanncheathrú na hInstitiúide.

Déanaimid ár ndícheall freisin cosc a chur ar iompar míchuí nó aon iompar a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas ár bhfoghlaimeoirí nó ár bhfoirne a chur i mbaol. Sna Cóid Iompair, tugann baill foirne agus foghlaimeoirí araon gealltanas go mbeidh meas acu ar shábháilteacht agus ar shláinte daoine eile agus go mbeidh meas acu ar ár saoráidí agus ar ár dtrealamh (féach na hAguisíní le haghaidh Chód Iompair an Fhoghlaimeora agus féach rannóg 4, 'Earcaíocht, Bainistíocht agus Forbairt Foirne' don Chód Iompair Foirne).

| **Beartas:** | SeSBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go gcloíonn Gaelchultúr leis an reachtaíocht go léir maidir le Sláinte agus Sábháilteacht agus go gcuirimid timpeallacht oibre/foghlama atá sábháilte agus a bhfuil bail mhaith uirthi ar fáil don fhoireann agus do na foghlaimeoirí. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le ceanncheathrú Ghaelchultúir agus le hionaid eile ina reáchtálfar cúrsaí Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach as:** | An Bord Stiúrtha, an POF, An tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta | | |
| **Nós imeachta:** | Tá na céimeanna a ghlacann Gaelchultúr lena a chinntiú go gcuirimid timpeallacht oibre agus foghlama atá sábháilte ar fáil dár bhfoireann agus dár bhfoghlaimeoirí, i gceanncheathrú Ghaelchultúir agus in ionaid sheachtracha, leagtha amach thíos.<br><br>Tá na nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta seo a leanas i bhfeidhm in ionad oideachais Ghaelchultúir:<br>– Tá bainistíocht Ghaelchultúir freagrach as a chinntiú go bhfuil timpeallacht oibre/foghlama na hInstitiúide sábháilte agus saor ó ghuaiseacha. | | |

[6] An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (arna leasú); Na Rialacháin faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007; An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2016.

| | |
|---|---|
| | – Tá bainistíocht Ghaelchultúir freagrach as gníomhaíochtaí na foirne a bhainistiú lena chinntiú nach mbeidh aon duine á iompar féin go míchuí nó go contúirteach ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith ina riosca dá s(h)láinte nó dá s(h)ábháilteacht féin nó do shláinte/shábháilteacht daoine eile.<br>– Cuirtear Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta Ghaelchultúir ar fáil don fhoireann agus do na foghlaimeoirí.<br>– Is é an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanfaidh measúnú rioscaí agus guaise.<br>– Déanfar druileanna dóiteáin go rialta agus déanfaidh gairmí trealaimh dóiteáin tástáil ar na múchtóirí dóiteáin gach bliain.<br>– Déanfar iniúchadh ar áitribh agus trealamh go rialta.<br>– Tabharfar treoir do bhaill foirne nua maidir le nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta le linn a n-ionduchtaithe.<br>– Iarrfar ar fhostaithe aon ghuaiseacha, lochtanna nó trealamh a d'fhéadfadh an tsláinte a chur i mbaol a chur in iúl don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta.<br>– Ba chóir gach timpiste a thuairisciú don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta agus don POF.<br><br>**Cothabháil**<br>Tá freagracht ar fhoireann Ghaelchultúir uile a chinntiú go gcoinnítear an t-áitreabh glan agus saor ó ghuaiseacha.<br>Tá an gníomhaire ligin freagrach as cothabháil an fhoirgnimh. Tá sé de fhreagracht ar fhoireann Ghaelchultúir an gníomhaire ligin a chur ar an eolas faoi aon deisiúcháin is cóir a dhéanamh.<br><br>**Ionaid sheachtracha**<br>Uaireanta, úsáidfidh Gaelchultúr ionaid sheachtracha chun cúrsaí a chur ar fáil. Is minic a chuirfidh an eagraíocht lena mbeimid ag eagrú an chúrsa an t-ionad ar fáil agus, sna cásanna sin, tá freagracht orthu a chinntiú go gcloíonn an t-ionad leis an reachtaíocht chuí agus leis na riachtanais sláinte agus sábháilteachta go léir. Nuair a roghnaíonn Gaelchultúr an t-ionad don chúrsa, agus nuair atá sé indéanta a leithéid a dhéanamh, déanfar caighdeán agus oiriúnacht an ionaid a mheas trí na critéir roghnúcháin áitribh atá leagtha amach thíos (féach 2.5) a úsáid. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta |

## 2.5 Critéir Roghnaithe Áitreabh

Is féidir leis an timpeallacht ina bhfoghlaimíonn daoine eolas nua tionchar suntasach a bheith aige ar dhul chun cinn foghlaimeoirí agus, mar sin, lena chinntiú gur féidir lenár bhfoghlaimeoirí an leas is fearr a bhaint as a dtaithí foghlama, cuireann Gaelchultúr timpeallacht foghlama ar fáil dóibh a bhíonn spreagúil agus compordach dóibh i gcónaí. Mar chuid dár n-iarrachtaí chun é seo a dhéanamh, cinntímid go múintear ár bhfoghlaimeoirí in áitribh oiriúnacha atá glan, sábháilte, a bhfuil bail mhaith orthu agus atá inrochtana d'fhoghlaimeoirí, don fhoireann agus do na páirtithe leasmhara ábhartha eile go léir.

Cuirtear ranganna Ghaelchultúir ar siúl go príomha inár n-ionad foghlama, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2, agus cinntímid go gcoinnítear ár n-áitreabh ar chaighdeán an-ard agus go ndéantar obair chothabhála go rialta ar an bhfoirgneamh lena chinntiú go gcomhlíonann sé na rialacháin sláintiúla agus sábháilteachta riachtanacha go léir (féach 2.4, 'Beartas Sláinte agus Sábháilteachta' thuas).

Uaireanta, ag brath ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí nó ar riachtanais na heagraíochta lena mbaineann an cúrsa, úsáideann Gaelchultúr áitribh sheachtracha. Ar uairibh, eagraíonn an eagraíocht ábhartha an t-ionad agus sa chás sin bíonn freagracht orthusan a chinntiú go gcomhlíonann an t-ionad na rialacháin sláinte agus sábháilteachta go léir. Ar na hócáidí nuair a bhíonn Gaelchultúr freagrach as ionad seachtrach a eagrú, ní mór don ionad na critéir cháilíochta atá leagtha amach sa seicliosta dearbhaithe cáilíochta d'ionaid sheachtracha a chomhlíonadh (féach na hAguisíní). (Tá tuilleadh eolais faoi thimpeallachtaí foghlama agus acmhainní foghlama le fáil in 5.4, 'Teagasc agus Foghlaim' thíos chomh maith).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | CrRABs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil an t-áitreabh agus na saoráidí a úsáideann Gaelchultúr oiriúnach, inrochtana agus go ndéantar cothabháil rialta orthu. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach cúrsa a sholáthraíonn Gaelchultúr, idir na cúrsaí a chuirtear ar siúl inár n-ionad oideachais agus iad siúd a chuirtear ar siúl in ionaid sheachtracha. | | |
| **Freagrach as:** | An POF, an Bord Stiúrtha, an Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | Maidir le cúrsaí a chuirtear ar fáil inár n-ionad oideachais féin, déanfaidh Gaelchultúr a chinntiú go gcloítear san áitreabh lenár mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta agus go ndéantar cothabháil rialta air (féach 2.4 thuas chun tuilleadh eolais a fháil ar ár mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta).<br>Nuair is féidir, déantar seiceáil sláinte agus sábháilteachta ar áitreabh roimh thús cúrsa, lena n-áirítear ar n-áitreabh féin agus ionaid sheachtracha.<br>Maidir le cúrsaí atá á reáchtáil in ionaid sheachtracha agus nuair a bheidh Gaelchultúr freagrach as áitribh a roghnú:<br>– Caithfidh gach áitreabh riachtanais an chúrsa a chomhlíonadh.<br>– Cuirfear rochtain ar an áitreabh agus riachtanais rochtana foghlaimeoirí/foghlaimeoirí ionchasacha san áireamh nuair a bheidh an t-áitreabh á roghnú.<br>– Úsáidfear an seicliosta dearbhaithe cáilíochta d'ionaid sheachtracha chun oiriúnacht an áitribh a mheas.<br>– Nuair is féidir, déanfaidh ball d'fhoireann Ghaelchultúir athbhreithniú ar áitribh sheachtracha chun n-oiriúnacht a chinntiú. | | |

| | |
|---|---|
| | – Má tharlaíonn sé go bhfaigheann Gaelchultúr áitreabh ar cíos, iarrfar ar an tiarna talún/ngníomhaire ligin cóip de ráiteas sábháilteachta a chur ar fáil agus déanfar measúnú riosca air.<br>– Cuirfidh an Riarthóir Acadúil eolas ar fáil do na foghlaimeoirí maidir le háiseanna.<br>– Iarrfar ar na foghlaimeoirí agus léachtóirí/teagascóirí aiseolas a chur ar fáil maidir le hoiriúnacht an áitribh.<br>– Déanfar athbhreithniú bliantúil ar oiriúnacht áitribh bunaithe ar aiseolas a bhaileofar ó na foghlaimeoirí agus léachtóirí/teagascóirí oiriúnacht áitribh gach seimeastar.<br>– Má mheastar go bhfuil áitribh mí-oiriúnach, gheofar áitreabh eile don chúrsa.<br><br>Sa chás go roghnaíonn Gaelchultúr ionad seachtrach chun cúrsa a chur ar fáil, beidh sé mar aidhm againn a chinntiú:<br><br>– go mbeidh an t-áitreabh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas<br>– go mbainfimid úsáid as áitreabh a mbeidh fáil ag foghlaimeoirí go héasca air, e.g. bainfimid úsáid as ionaid lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath nuair is cuí agus nuair is féidir<br>– go mbainfimid úsáid as ionaid ina gcuirfear ar fáil an trealamh cuí, mar shampla ríomhaire glúine/deisce, teilgeoir, rochtain ar an idirlíon, clár bán/seastán smeach-chairte, smeach-chairt, etc.<br>– go bhfuil na hionaid a sholáthraímid compordach, ciúin, glan, sábháilte agus go bhfuil bail mhaith orthu.<br><br>Tá gach ionad faoi réir seiceálacha sláinte agus sábháilteachta agus caithfidh siad na Critéir Roghnaithe Áitribh a chomhlíonadh (féach na hAguisíní). |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Ráiteas Sábháilteachta, Measúnú Riosca (A.1.1), Seicliosta Roghnaithe Áitribh (A.2.1), Beartas agus Nósanna Imeachta Sláinte agus Sábháilteachta |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**
Déanaimid monatóireacht leanúnach ar na háitribh a úsáidimid lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus go gcuireann siad leis an timpeallacht dhearfach foghlama a chruthaímid dár bhfoghlaimeoirí uile. Déantar seiceálacha rialta ar ionad oideachais Ghaelchultúir lena chinntiú go bhfuil sé glan, sábháilte agus compordach do na foghlaimeoirí. Úsáidimid suirbhéanna aiseolais ó fhoghlaimeoirí agus ó léachtóirí/teagascóirí i lár an tseimeastair agus ag deireadh gach seimeastair chun aiseolas a fháil agus tá ceisteanna sna suirbhéanna maidir leis na háiseanna a úsáidimid dár gcúrsaí. Déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú ar an aiseolas seo agus déantar athruithe ar na háiseanna de réir mar is gá. Déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta a chinntiú freisin go gcuirtear aiseolas maidir le hionaid sheachtracha ar aghaidh chuig an ionad, de réir mar is cuí, agus iarrtar orthu athruithe/feabhsúcháin a dhéanamh de réir mar is gá. Chomh maith leis sin, bíonn deis ag baill foirne ceisteanna maidir le háiseanna agus le háitribh a chur in iúl ag na cruinnithe rialta foirne.

## 2.6 Monatóireacht agus Athbhreithniú

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéantar monatóireacht rialta ar gach beartas agus nós imeachta maidir le dearbhú cáilíochta lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus go gcloíonn siad le cleachtas reatha agus leis an gcleachtas is fearr. |
| **Freagrach as:** | Baineann an beartas seo leis an bhfoireann go léir chomh maith le roinnt páirtithe leasmhara seachtracha, e.g. an Fíordheimhnitheoir Seachtrach/Scrúdaitheoir Seachtrach, agus an foras cáiliúcháin.<br>Tá freagracht ar leith ar an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus ar an POF, áfach, a chinntiú go gcuirtear beartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm, go ndéantar athbhreithniú orthu agus go leasaítear iad de réir mar is gá. |
| **Nós imeachta:** | Tógfar na céimeanna seo a leanas mar chuid den phróiseas monatóireachta, athbhreithnithe agus tuairiscithe:<br><br>– Eagróidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta cruinniú dearbhaithe cáilíochta ag deireadh gach seimeastair chun éifeachtacht na mbeartas agus na nósanna imeachta a phlé. Is féidir cruinnithe eile a eagrú go tréimhsiúil freisin chun déileáil le ceisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.<br>– Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú foirmiúil ar dhearbhú cáilíochta le linn an tsamhraidh, roimh an mbliain acadúil nua.<br>– Scríobhfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta tuarascáil i ndiaidh cruinnithe dearbhaithe cáilíochta ina sonraítear aon saincheisteanna a tháinig chun cinn agus conas a chuirfear leasuithe i bhfeidhm. Tabharfar an tuarascáil seo don Bhord Stiúrtha agus don Chomhairle Acadúil.<br>– Beidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta i gcomhar leis an POF freagrach as a chinntiú go gcuirfear aon leasuithe ar bheartas nó ar nós imeachta i bhfeidhm go héifeachtach.<br>– Déanfaidh an foras cáiliúcháin athbhreithniú ar chóras dearbhaithe cáilíochta Ghaelchultúir go tréimhsiúil.<br>– Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú agus anailís ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara. Pléifear na ceisteanna a thagann chun cinn ag cruinnithe dearbhaithe cáilíochta.<br>– Ag cruinnithe rialta foirne, bíonn deis ag baill foirne Ghaelchultúir aird a tharraingt ar aon fhadhbanna a bhaineann le beartais/nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta agus leasuithe a mholadh.<br>– Tá ról ag an Scrúdaitheoir Seachtrach/Fíordheimhnitheoir Seachtrach freisin i monatóireacht agus athbhreithniú an chórais dearbhaithe cáilíochta. Pléifear moltaí ón Scrúdaitheoir Seachtrach/Fíordheimhnitheoir Seachtrach ag cruinnithe dearbhaithe cáilíochta agus déanfar leasuithe cuí dá réir. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta, aiseolas ó pháirtithe leasmhara - suirbhéanna ó fhoghlaimeoirí (A.5.14)/léachtóirí/teagascóirí, tuarascálacha an Scrúdaitheora Sheachtraigh/an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh |

# 3. Cláir Oideachais agus Oiliúna

Cuireann Gaelchultúr cláir oideachais agus oiliúna atá foghlaimeoirlárnach agus ar ardchaighdeán ar fáil dár bhfoghlaimeoirí uile. Chun é sin a dhéanamh, úsáidimid cur chuige córasach maidir le dearadh, forbairt, faomhadh agus soláthar ár gcuid clár agus tá beartais á gcur i bhfeidhm againn chun a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta iontrála trédhearcach agus cothrom. Mar gheall ar an gcur chuige struchtúrtha seo, cinntítear i gcás gach cláir:

- go bhfuil na torthaí foghlama sainithe go soiléir agus oiriúnach don leibhéal
- go gcloítear le treoirlínte an fhorais cáiliúcháin
- go bhfuil sé ag teacht leis an gcleachtas is fearr, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- go gcuirtear aiseolas ó pháirtithe leasmhara san áireamh lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais na bpáirtithe leasmhara (agus gur féidir riachtanais ghairme a chomhlíonadh ar an gclár nuair is cuí)
- go sainítear ualach oibre na bhfoghlaimeoirí agus modhanna soláthair agus measúnaithe go soiléir
- go ndéantar é a mheas go cóir agus go ndéanfar an próiseas measúnaithe a bhainistiú go héifeachtach
- gur féidir leis an Institiúid é a sholáthar ar bhealach atá indéanta
- go gcuirtear deiseanna dul chun cinn ar fáil (nuair is féidir)
- go soláthraítear é i dtimpeallacht foghlama atá oiriúnach agus spreagúil.

Sonraítear sna beartais agus na nósanna imeachta a leagtar amach thíos i míreanna 3.1-3.14 conas a bhainimid na cuspóirí atá leagtha amach thuas amach.

## 3.1 Rochtain, Aistriú & Dul Chun Cinn Foghlaimeoirí

Cuireann Gaelchultúr cláir bhreisoideachais agus ardoideachais ar fáil do réimse leathan foghlaimeoirí, idir iad siúd nach bhfuil mórán Gaeilge acu agus iad siúd a bhfuil inniúlacht ard iontu sa Ghaeilge cheana féin. Táimid tiomanta don rochtain ar ár gcuid clár a éascú do réimse foghlaimeoirí agus a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí rochtain a fháil go héasca ar aon fhaisnéis a theastaíonn uathu maidir le clár de chuid Ghaelchultúir a dhéanamh nó maidir le bogadh ar aghaidh chuig ceann eile dár gcuid clár. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú ní hamháin go bhfuil ár mbeartais agus ár nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn foghlaimeoirí oiriúnach don fheidhm ach go bhfuil siad cothrom agus trédhearcach agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad chomh maith. Dearadh na beartais agus na nósanna imeachta rochtana, aistrithe agus dul chun cinn atá mionsonraithe thíos de réir riachtanais an fhorais cáiliúcháin agus an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí.

Déanaimid ár ndícheall faisnéis chruinn agus cothrom le dáta a sholáthar maidir lenár gcuid clár go léir ar ár suíomh gréasáin agus ar ár n-ábhar poiblíochta ar fad. Dearadh cláir bhreisoideachais Ghaelchultúir go háirithe chun ligean d’fhoghlaimeoirí dul ar aghaidh chuig cláir eile ar leibhéal níos airde nuair a bheidh clár críochnaithe acu. Tá sé mar aidhm againn freisin aitheantas cuí a thabhairt do réamhfhoghlaim na bhfoghlaimeoirí agus do na scileanna agus don taithí atá acu cheana féin chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag réimse leathan iarratasóirí ar ár gcuid clár (féach 3.5 thíos chun tuilleadh faisnéise a fháil ar bheartas Ghaelchultúir um Aitheantas Réamhfhoghlama).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | RnADCCFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil rochtain éasca ag gach foghlaimeoir ar chláir Ghaelchultúir agus go gcuirimid bealaí soiléire ar fáil maidir le dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo agus an nós imeachta gaolmhar le gach clár a chuireann Gaelchultúr ar fáil. | | |
| **Freagrach as:** | Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, i gcomhar leis an Stiúrthóir Oideachais, freagrach as a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis go léir faoi na cláir in iúl do na baill foirne ábhartha, go háirithe don Riarthóir Acadúil, don Bhord Clár agus don Bhainisteoir Díolacháin agus Margaíochta, atá freagrach as faisnéis a chur ar fáil do na foghlaimeoirí. | | |
| **Nós imeachta:** | Lena chinntiú go mbeidh an rochtain ar ár gcláir cothrom, trédhearcach agus cothrom le dáta agus go mbeidh foghlaimeoirí ar an eolas faoi gach deis le dul chun cinn a dhéanamh, déanfaidh Gaelchultúr na nithe seo a leanas:<br><br>- faisnéis leordhóthanach agus chruinn a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ionchasacha faoi gach clár<br>- critéir iontrála shoiléire a fhorbairt do gach clár<br>- a chinntiú go bhfuil na riachtanais iontrála trédhearcach, cothrom agus comhsheasmhach<br>- deiseanna dul chun cinn a shainaithint go soiléir<br>- a chinntiú go bhfuil faisnéis maidir le deiseanna dul chun cinn ar fáil ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir agus go gcuirtear gach foghlaimeoir ar an eolas faoi na roghanna dul chun cinn atá ar fáil dóibh<br>- tacaíocht a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun comhionannas agus éagsúlacht foghlaimeoirí a chinntiú<br>- tacaíocht a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun a chinntiú go mbeidh foghlaimeoirí ar spéis leo dul chun cinn ó chlár go clár in ann é sin a dhéanamh<br>- tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ionchasacha a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil uathu le linn an phróisis iarratais<br>- a iarraidh ar fhoghlaimeoirí a gcuid riachtanas tacaíochta a chur in iúl do Ghaelchultúr sula dtosóidh siad ar chlár lena chinntiú go dtacófar go héifeachtach leis an bhfoghlaimeoir le linn a thurais foghlama. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Critéir iontrála cláir, Beartas Tacaíochta Foghlaimeoirí | | |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**
Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar bheartais maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn. Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú oifigiúil ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo ag deireadh gach bliana acadúla lena chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta agus oiriúnach don fheidhm agus déanfaidh sí maoirseacht ar aon athruithe riachtanacha is gá a dhéanamh.

## 3.2 Rochtain agus Iontrálacha: Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí

Déanann Gaelchultúr gach iarracht cumarsáid a dhéanamh go rialta agus go héifeachtach le gach foghlaimeoir agus le gach foghlaimeoir ionchasach agus faisnéis chruinn agus cothrom le dáta a chur ar fáil maidir le rochtain agus iontráil ar ár gcláir agus maidir le dul chun cinn ó chlár go clár. Cuireann sé seo ar chumas foghlaimeoirí tuiscint mhaith a fháil ar na cláir agus ar na cáiliúcháin atá ar fáil dóibh. Beidh foghlaimeoirí in ann pleanáil do dheiseanna foghlama sa todhchaí ach faisnéis chruinn iontaofa a bheith curtha ar fáil dóibh maidir le dul chun cinn ó chlár go clár. (Tá faisnéis níos mionsonraithe maidir le cumarsáid ghinearálta faisnéise le foghlaimeoirí le fáil in 9.2, 'Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí').

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>RnIFFBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go bhfuil dóthain faisnéise ag foghlaimeoirí reatha agus ionchasacha faoi bheartais iontrála, rannpháirtíocht i gcláir agus dul chun cinn ó chlár go clár.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo agus na nósanna imeachta gaolmhara le gach cineál cumarsáide a dhéantar le foghlaimeoirí agus le foghlaimeoirí ionchasacha.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF), an Riarthóir Acadúil, an Bord Clár, Léachtóirí/Teagascóirí, an Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Tabharfar faisnéis agus acmhainní riachtanacha d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha, lena n-áirítear:<br>- bróisiúir faoi na cláir agus ábhar poiblíochta<br>- faisnéis ábhartha agus chruinn ar an suíomh gréasáin, lena n-áirítear treoir shoiléir ar conas iarratas a chur isteach ar chlár<br>- faisnéis ionduchtaithe d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear faisnéis riachtanach faoin Institiúid agus faoin gclár ábhartha<br>- faisnéis mhionsonraithe maidir le torthaí foghlama gach cláir<br>- faisnéis faoi na cláir, ina dtugtar breac-chuntas soiléir ar na riachtanais agus na socruithe iontrála, an dul chun cinn, na hacmhainní don fhoghlaimeoir, mar aon le hachoimre ar na measúnuithe agus sceideal na measúnuithe agus an tacaíocht atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí, etc.<br>- cumarsáid ó bhéal, cumarsáid leictreonach agus cruinnithe duine le duine le foghlaimeoirí ionchasacha/reatha<br>- seisiúin faisnéise chun deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ionchasacha bualadh le baill foirne agus faisnéis a fháil faoin gclár agus faoi sheirbhísí tacaíochta<br>- ionduchtú faisnéiseach don fhoghlaimeoir mar gheall ar an Institiúid agus ar an gclár araon<br>- Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, Leabhrán na bhFoghlaimeoirí, achoimre ar an gclár agus na hacmhainní eile go léir de réir mar is gá<br>- rochtain ar ábhar tacaíochta ar líne.</td></tr>
<tr><td>Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):</td><td colspan="3">Ábhair poiblíochta, Seicliosta Ionduchtaithe na bhFoghlaimeoirí, Achoimre ar an gClár, Torthaí Foghlama, Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, Leabhrán na bhFoghlaimeoirí</td></tr>
</table>

## 3.3 Beartas Iontrála Foghlaimeoirí


Cinntíonn Gaelchultúr go bhfuil na riachtanais iontrála agus na deiseanna dul chun cinn do gach clár sainmhínithe go soiléir agus go gcuirtear ar fáil iad do gach foghlaimeoir agus do gach foghlaimeoir ionchasach. Tá na riachtanais iontrála doiciméadaithe go soiléir ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir agus sna hábhair phoiblíochta do gach clár, rud a thacóidh le foghlaimeoirí ionchasacha sa phróiseas iarratais agus a chuirfidh ar a gcumas dóibh deiseanna foghlama breise a phleanáil.

Lena chois sin, tabharfaidh Gaelchultúr comhairle d'fhoghlaimeoirí ionchasacha faoi na deiseanna atá ar fáil dóibh, comhairle maidir le haitheantas ar réamhfhoghlaim (nuair is cuí) agus, sa chás nach féidir le Gaelchultúr deiseanna dul chun cinn a sholáthar, cuirfimid comhairle ar fhoghlaimeoirí faoi sholáthraithe eile a d'fhéadfadh a bheith in ann freastal ar a gcuid riachtanas. Cinnteofar dá bharr seo go mbeidh sé éasca an próiseas iarratais agus iontrála a thuiscint agus go mbeidh sé cothrom agus trédhearcach do gach foghlaimeoir ionchasach.

Cinnfear na riachtanais iontrála de réir na dtreoirlínte arna leagan amach ag an bhforas cáiliúcháin. Beidh comhghaol idir iad agus leibhéal cáiliúcháin ábhartha an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí agus sainaithneofar iontu aon inniúlachtaí/scileanna atá riachtanach chun tabhairt faoin gclár. I gcásanna áirithe, nuair nach gcomhlíonann iarratasóirí na riachtanais iontrála riachtanacha, tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun iarratais ar Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF) a mheas. Láimhseáiltear aon iarratais ARF ar bhonn cás ar chás. Féach 3.5 thíos chun tuilleadh faisnéise a fháil ar bheartas Ghaelchultúir maidir le ARF. Féadfaidh iarrthóirí nach n-éiríonn leo ina n-iarratais chun tabhairt faoi chlár le Gaelchultúr achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh.

Cinnteofar mar gheall ar na próisis a bhfuil breac-chuntas orthu thíos go mbeidh próisis iontrála Ghaelchultúir trédhearcach, cothrom agus comhsheasmhach.

## *Léaráid 3A: An Próiseas Iarratais*




| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | IlFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil an próiseas iontrála ar chláir Ghaelchultúir oiriúnach don fheidhm, cothrom, trédhearcach agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go dtacaítear le foghlaimeoirí agus le foghlaimeoirí ionchasacha le linn an phróisis. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach foghlaimeoir agus le gach foghlaimeoir ionchasach ar chláir de chuid Ghaelchultúir ar leibhéal breisoideachais agus ar leibhéal ardoideachais araon. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, an Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta, an Bord Clár | | |
| **Nós imeachta:** | Is é beartas Ghaelchultúir, a mhéid is indéanta, tacú le gach iarratasóir sa phróiseas iarratais agus gach iarratasóir a chomhlíonann bunriachtanais acadúla a gcuid clár a ligean isteach. Chun a chinntiú go gcuirtear próisis iontrála ar chláir na hInstitiúide i bhfeidhm go cothrom agus go | | |

| | |
|---|---|
| | comhsheasmhach, cinnteoidh Gaelchultúr:<br><br>- go sainaithnítear na critéir iontrála go soiléir<br>- go bhfoilsítear critéir iontrála ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir agus ar ábhair phoiblíochta<br>- go cuirtear foghlaimeoirí ionchasacha ar an eolas faoi bheartas ARF Ghaelchultúir, nuair is infheidhme.<br><br>**Próisis Iarratais**<br><br>**Próisis Iarratais do chláir ag Leibhéil 3-6 den Creat Náisiúnta Cáilíochtaí, i.e. an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (TGG)**<br><br>- Rachaidh foireann Ghaelchultúir i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha (e.g. One Learning, Oifigigh Oiliúna Foirne, etc.) maidir le cláir atá ar na bacáin.<br>- Rachaidh Gaelchultúr i dteagmháil leo siúd a léireoidh spéis i gclár agus socróidh siad am chun measúnú réamhchláir a dhéanamh.<br>- Chun oiriúnacht an fhoghlaimeora don chlár a chinntiú, déanfaidh ball den Fhoireann Acadúil measúnú leis an iarratasóir, aghaidh ar aghaidh nó ar an nguthán, le fáil amach cén leibhéal is fearr a d'oirfeadh dá riachtanais/inniúlachtaí.<br>- Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin leibhéal ar ar cuireadh iad.<br>- Cuirfear in iúl d'iarratasóirí freisin go bhféadfadh sé nach leanfar ar aghaidh leis an gclár mura gcomhlíontar an cuóta íosta foghlaimeoirí don leibhéal sin agus go n-eagrófar é níos déanaí sa bhliain sa chás sin. Mura gcomhlíontar an cuóta íosta, cuirfear foghlaimeoirí ar an eolas ar an ríomhphost go bhfuil an clár á chur siar agus go rachfar i dteagmháil leo arís sula gcuirfear tús leis an gcéad chlár sceidealaithe eile.<br>- Seolfar sceideal an chláir agus aon ábhair ionduchtaithe riachtanacha chuig na foghlaimeoirí.<br>- Seolfar sonraí logála isteach don ardán ríomhfhoghlama ranganna.com chuig na foghlaimeoirí.<br><br>Iarrtar ar fhoghlaimeoirí ionchasacha Gaelchultúr a chur ar an eolas le linn an phróisis iarratais faoi aon tacaíocht bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu. Ní bheidh aon tionchar ag an bhfaisnéis seo, áfach, ar an bpróiseas iarratais ná ar chinneadh an Bhoird Clár maidir le tairiscintí ar chláir.<br><br>**Próisis Iarratais do chlár ag Leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, i.e. an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA)**<br><br>- Cuirfear faisnéis faoin gclár, faoi na riachtanais iontrála agus faoin bpróiseas iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir.<br>- Cuirfear faisnéis maidir le beartas ARF Ghaelchultúir ar fáil ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir do na hiarrthóirí sin nach gcomhlíonfaidh na riachtanais iontrála riachtanacha. |

| | |
|---|---|
| | - Cuirfidh iarratasóirí an fhoirm iarratais isteach ar líne nó tríd an bpost chuig Gaelchultúr.<br>- Cuirfear in iúl d'iarratasóirí freisin go bhféadfadh sé nach leanfar ar aghaidh leis an gclár mura gcomhlíontar an cuóta íosta foghlaimeoirí don leibhéal sin agus go n-eagrófar é níos déanaí sa bhliain sa chás sin. Mura gcomhlíontar an cuóta íosta, cuirfear foghlaimeoirí ar an eolas ar an ríomhphost go bhfuil an clár á chur siar agus go rachfar i dteagmháil leo arís sula gcuirfear tús leis an gcéad chlár sceidealaithe eile.<br>- Chun oiriúnacht an fhoghlaimeora don chlár a mheas, déanfaidh iarratasóirí scrúdú iontrála agus caithfidh siad an pasmharc riachtanach a bhaint amach sula dtairgfear áit dóibh ar an gclár.<br>- Féadfar cuireadh chun agallaimh a thabhairt d'iarratasóirí áirithe nach mbaineann an marc riachtanach amach sa scrúdú iontrála chun a n-oiriúnacht don chlár a mheas. Féach 'Iarratasóirí a chur faoi agallamh' thíos chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na hagallaimh seo.<br>- Cuirfear gach iarratasóir ar an eolas faoi thoradh a iarratais.<br>- Seolfar sceideal an chláir agus aon ábhair ionduchtaithe riachtanacha chuig na hiarratasóirí a n-éireoidh leo.<br>- Seolfar sonraí logála isteach don ardán ríomhfhoghlama ranganna.com chuig na foghlaimeoirí go léir.<br>- Iarrfar ar fhoghlaimeoirí ionchasacha Gaelchultúr a chur ar an eolas le linn an phróisis iarratais faoi aon tacaíocht bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu. Ní bheidh aon tionchar ag an bhfaisnéis seo, áfach, ar an bpróiseas iarratais ná ar chinneadh an Bhoird Clár maidir le tairiscintí ar chláir.<br><br>**Iarratasóirí a chur faoi agallamh**<br><br>- Is gá do gach iarratasóir ar an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA) tabhairt faoi scrúdú iontrála. Is é 60% pasmharc an scrúdaithe iontrála. Sa chás nach n-éiríonn le hiarratasóir an pasmharc sin a bhaint amach ach go bhfuil marc atá cóngarach don phasmharc faighte aige/aici (marc idir 54-59, mar shampla), d'fhéadfaí an t-iarratasóir a chur faoi agallamh chun a oiriúnacht don chúrsa mheas.<br>- Is iad Ceannaire Cláir an DISA agus an Léachtóir le Gaeilge a chuirfidh an t-iarratasóir faoi agallamh, aghaidh ar aghaidh nó ar líne.<br>- San agallamh seo, cuirfear ceisteanna ar an iarratasóir chun caighdeán labhartha Gaeilge an duine a mheas agus cuirfear ceisteanna a bhaineann le cúlra oideachais, taithí oibre agus an taithí atá ag an iarratasóir ar an obair neamhspleách. Cuirfear in iúl dó/di go mbíonn ualach mór oibre ag baint leis an gcúrsa agus go mbíonn an t-uafás ama le caitheamh ar obair an chúrsa le linn na bliana. Míneofar dó/di chomh maith go mbeidh obair bhreise le déanamh aige/aice má scaoiltear é/í isteach sa chúrsa lena chinntiú go mbeidh sé/sí ar comhchaighdeán leis na mic léinn eile sa rang.<br>- Féadfar iarraidh ar an iarratasóir fianaise a chur ar fáil (e.g. samplaí d'aistriúcháin/ailt/aistí) ina léirítear go bhfuil an |

| | |
|---|---|
| | caighdeán cuí aige/aici chun tabhairt faoin gcúrsa. Ní bheidh sé seo riachtanach i ngach cás, áfach.<br>- Déanfaidh an painéal agallaimh cinneadh maidir leis an iarratasóir agus scríobhfar tuairisc ina mbeidh eolas faoi iarratas agus agallamh an iarratasóra agus faoi chinneadh an phainéil. Cuirfear an cinneadh seo in iúl don iarratasóir taobh istigh de dhá lá oibre.<br>• Má éiríonn leis an iarratasóir áit a fháil ar an gcúrsa, iarrfar air/uirthi dearbhú a thabhairt i scríbhinn go bhfuil sé/sí sásta obair bhreise a dhéanamh, go háirithe i seimeastar 1, chun an caighdeán cuí a bhaint amach.<br>• Má cheaptar tar éis an agallaimh nach bhfuil an t-iarratasóir ag an gcaighdeán cuí chun tabhairt faoin gcúrsa, cuirfear é seo in iúl dó/di i scríbhinn taobh istigh de dhá lá oibre agus míneofar na cúiseanna a bhaineann leis an gcinneadh seo. Tabharfar moltaí don iarratasóir chomh maith chun cuidiú leis/léi feabhas a chur ar a c(h)uid cruinnis sa teanga le go mbeidh sé/sí in ann cur isteach ar an gcúrsa arís an bhliain dár gcionn.<br><br>Féach Léaráid 3A thuas chun achoimre a fháil ar na próisis iarratais. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Ábhair phoiblíochta an chláir, Foirm Iarratais don DISA (A.5.6), treoirlínte maidir le measúnuithe réamhchláir, Lámhleabhair na bhFoghlaimeoirí. |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cothrom an bheartais agus ar na nósanna imeachta iontrála agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo. Mar chuid den athbhreithniú seo, déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir leis an bpróiseas iontrála d'fhoghlaimeoirí agus pléitear leasuithe ar an mbeartas iontrála de réir mar is gá ag na cruinnithe dearbhaithe cáilíochta a reáchtáiltear go tráthrialta. Ní mór don POF agus don Bhord Stiúrtha aon athruithe ar bheartas iontrála na bhfoghlaimeoirí nó ar chritéir iontrála a cheadú.

## 3.4 Dul chun cinn an Fhoghlaimeora

Freastalaíonn cláir Ghaelchultúir ar réimse leathan foghlaimeoirí, idir iadsan nach bhfuil mórán Gaeilge acu agus iad siúd a bhfuil inniúlacht ard iontu sa teanga. Aithnímid, mar sin, an tábhacht a bhaineann le deiseanna a chur ar fáil le dul chun cinn a dhéanamh d'fhonn turas soiléir foghlama a chruthú dár bhfoghlaimeoirí agus chun a chinntiú gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag cur lena leibhéal inniúlachta sa teanga.

Cuirtear a lán deiseanna ar fáil le dul chun cinn a dhéanamh, go háirithe sa TGG. Toisc gur eagraíodh an clár seo, atá ar fáil ag leibhéil 3-6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, ina chéimeanna incriminteacha, ligtear d'fhoghlaimeoirí dul ar aghaidh ó leibhéal go leibhéal agus cuirtear ar a gcumas a gcuid scileanna teanga a úsáid san ionad oibre.

Is mian le Gaelchultúr a chinntiú go bhfuil gach foghlaimeoir agus foghlaimeoir ionchasach ar an eolas faoi na conairí foghlama atá ar fáil dóibh. Déanaimid ár ndícheall a chinntiú ní hamháin go gcuirtear faisnéis ar fáil do gach foghlaimeoir faoina chlár reatha, ach go bhfuil rochtain aige freisin ar fhaisnéis shoiléir chruinn ina sonraítear na deiseanna atá ann le dul ar aghaidh chuig cláir eile ar leibhéal níos airde den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, i gcás ina mbeidh a leithéid ar fáil.

Tá sé mar aidhm againn freisin a chinntiú go bhfaighidh gach foghlaimeoir an tacaíocht a theastaíonn uaidh le linn a thurais foghlama agus go gcuirfidh Gaelchultúr ar a chumas an clár a chríochnú go rathúil agus dul ar aghaidh chuig clár eile.

Déanfaidh an Riarthóir Acadúil sonraí a chomhthiomsú maidir le rátaí críochnúcháin na bhfoghlaimeoirí agus dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí ag deireadh gach seimeastair tar éis an chruinnithe leis an bhFíordheimhnitheoir Seachtrach/Scrúdaitheoir Seachtrach. Ansin, déanfar athbhreithniú ar na sonraí seo agus déanfar aon bheart a bheidh riachtanach chun a chinntiú go dtacófar go héifeachtach le foghlaimeoirí chun cláir a chríochnú go rathúil agus le dul chun cinn nuair is féidir. Úsáidfear na sonraí seo freisin mar chuid dár bpróisis tagarmharcála a chuirfidh ar ár gcumas an cleachtas is fearr a shainaithint, deiseanna feabhsúcháin a aithint agus a chinntiú go bhfuil caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta á gcomhlíonadh againn.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>DCCFBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí agus ag foghlaimeoirí ionchasacha ar fhaisnéis maidir le dul chun cinn chuig cláir eile de chuid Ghaelchultúir agus go gcuirfear an fhaisnéis agus an tacaíocht riachtanach ar fáil dóibh chun dul chun cinn nuair a bheidh siad réidh.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo agus na nósanna imeachta gaolmhara le foghlaimeoirí atá ag tabhairt faoi chlár le Gaelchultúr.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Riarthóir Acadúil, an POF, an Bord Clár, Léachtóirí/Teagascóirí, an Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Tabharfar faisnéis shoiléir d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha maidir leis na deiseanna chun dul ar aghaidh ó chlár amháin go clár eile agus cuirfear na hacmhainní riachtanacha ar fáil dóibh chun cabhrú leo chuige sin. Áireofar leis seo:<br><br>- faisnéis ábhartha agus chruinn ar an suíomh gréasáin<br>- bróisiúir faoi chláir agus ábhar poiblíochta cothrom le dáta</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | - faisnéis faoi chláir ina leagtar amach go soiléir na riachtanais, na socruithe iontrála agus na torthaí foghlama do gach clár<br>- cumarsáid ó bhéal, cumarsáid leictreonach agus cruinnithe aghaidh ar aghaidh le foghlaimeoirí ionchasacha/reatha<br>- ionduchtú faisnéiseach don fhoghlaimeoir<br>- Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, Leabhrán na bhFoghlaimeoirí, achoimre ar an gclár, agus na hacmhainní eile go léir, de réir mar is gá<br>- rochtain ar ábhar tacaíochta ar líne<br>- faisnéis faoi dheiseanna eile atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí nuair a bheidh an clár críochnaithe acu, e.g. deiseanna fostaíochta, ceardlanna/seisiúin faisnéise le fostóirí ionchasacha, etc.<br><br>Tabharfar an tacaíocht riachtanach d'fhoghlaimeoirí freisin chun cabhrú leo cláir a chur i gcrích. Cuimsítear sa tacaíocht d'fhoghlaimeoirí na nithe seo a leanas, gan a bheith teoranta dóibh:<br><br>- seirbhísí tacaíochta acadúla agus neamhacadúla<br>- cruinnithe leis an bhfoireann acadúil<br>- tacaíocht teicneolaíochta faisnéise agus seirbhísí teicniúla<br>- seirbhísí tacaíochta gairmthreorach<br>- seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil saindeacrachtaí foghlama acu<br>- seirbhísí riaracháin.<br><br>(Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise faoin tacaíocht atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí in 7.1, 'Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí', thíos.)<br>I gcásanna nach bhfuilimid in ann tuilleadh deiseanna a chur ar fáil le haghaidh dul chun cinn, cuirfimid comhairle ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi chonairí eile d'fhoghlaimeoirí trína gcuirfear dul chun cinn breise ar a gcumas. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Ábhair Phoiblíochta, Achoimre ar an gClár, Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, Leabhrán na bhFoghlaimeoirí, Faisnéis faoi Thacaíocht d'Fhoghlaimeoirí, Scarbhileog de Thorthaí Dheireadh an tSeimeastair (lena n-áirítear rátaí críochnúcháin, etc.) |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Déanfaidh an Riarthóir Acadúil faisnéis a chomhthiomsú maidir le rátaí críochnúcháin agus dul chun cinn ag deireadh gach seimeastair. Tar éis anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na staitisticí seo, cuirfidh an Riarthóir Acadúil, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus an Bord Clár aon athruithe riachtanacha i bhfeidhm chun ardleibhéal leanúnach a chinntiú maidir le rátaí críochnúcháin agus dul chun cinn.

## 3.5 Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF)

Tá sé mar aidhm ag Gaelchultúr cláir bhreisoideachais agus ardoideachais a chur ar fáil atá ar chaighdeán an-ard agus a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a gcuid eolais ar an nGaeilge a fhorbairt ar leibhéil éagsúla. Chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag réimse leathan foghlaimeoirí ar ár gcláir, cuirfidh Gaelchultúr beartas um Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF) i bhfeidhm.[7] Ligtear sa bheartas seo d'fhoghlaimeoirí iontráil a fháil ar chlár nó díolúintí/creidiúint a fháil ó chodanna áirithe de chlár, bunaithe ar fhoghlaim a baineadh amach sular chláraigh siad ar chlár de chuid Ghaelchultúir. Is é cuspóir an ARF ná rochtain ar chláir oideachais agus cáilíochtaí a leathnú do dhaoine nach raibh na cáilíochtaí foirmiúla riachtanacha acu roimhe seo.

Cuidíonn an ARF le conairí malartacha chun cáilíochtaí a chruthú agus tá sé ag teacht leis na haidhmeanna atá leagtha amach ag an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a bhfuil sé mar aidhm aige aitheantas a thabhairt do gach gnóthachtáil foghlama a baineadh amach cheana féin[8]. Aithníonn Gaelchultúr gur féidir eolas agus scileanna a fháil ó réimse de thaithí foghlama, lena n-áirítear conairí foghlama *foirmiúla*, *seachfhoirmiúla* agus *neamhfhoirmiúla*, is é sin le rá go n-aithnímid cáilíochtaí oideachais agus oiliúna atá bainte amach ag foghlaimeoirí cheana féin chomh maith le foghlaim agus scileanna atá bainte amach acu cheana féin, is cuma faoin gcaoi ar baineadh amach iad.[9]

Cuideoidh Gaelchultúr le foghlaimeoirí a bhfuil foghlaim, scileanna agus inniúlachtaí bainte amach acu cheana féin agus atá incháilithe don phróiseas ARF trí iontráil ar chlár a cheadú, trí chreidiúintí a cheadú nó trí dhíolúintí áirithe a cheadú. Cinnteoimid freisin, áfach, nach n-athrófar caighdeán ár gcuid clár agus nach nglacfar le haon iarrthóir ar chlár nach mbeidh in ann tabhairt faoin dúshlán intleachtach agus faoin ualach oibre atá i gceist. Déanfar gach iarracht ARF a éascú ach b'fhéidir nach mbeidh sé indéanta i gcónaí aitheantas den chineál seo a thabhairt, ag brath ar an gclár.

Faoi láthair, níl an beartas seo ábhartha ach don DISA, an clár de chuid Ghaelchultúir atá ag Leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, ach d'fhéadfaí é a chur i bhfeidhm amach anseo freisin i gcláir eile ina bhféadfadh an próiseas ARF a bheith ábhartha.

Cuirtear ar fáil sa bheartas seo agus sna nósanna imeachta a bhaineann leis creat agus prionsabail chomhleanúnacha is féidir le foireann Ghaelchultúir a úsáid agus ARF á chur i bhfeidhm. Cinntítear sa phróiseas seo go bhfuil an próiseas á chur i bhfeidhm agus á bhainistiú i gceart ag an Institiúid d'fhoghlaimeoirí a bhfuil foghlaim bainte amach acu cheana féin agus dearadh é lena chinntiú go mbíonn an próiseas trédhearcach agus comhsheasmhach aon uair a chuirtear i bhfeidhm é.

---

[7] Ní cleachtas é ARF atá á chur i bhfeidhm ag Gaelchultúr faoi láthair ach táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm go cuí é, go háirithe maidir leis an gcúrsa ag Leibhéal 9, an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán, tar éis an phróisis ateagmhála leis an bhforas cáiliúcháin QQI.

[8] Is gné thábhachtach de bheartas an AE é ARF chun rochtain ar cháilíochtaí a leathnú agus chun tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus tá tiomantas tugtha ag Rialtas na hÉireann freisin do thacaíocht a thabhairt don ARF (An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012).

[9] Is éard is *foghlaim fhoirmiúil* ann ná foghlaim atá bunaithe ar chlár agus a tharlaíonn ar bhealach eagraithe agus foirmiúil. Bronntar teastas mar thoradh uirthi de ghnáth.
Déantar *foghlaim sheachfhoirmiúil* trí ghníomhaíochtaí foghlama atá eagraithe agus pleanáilte ach ní bhronntar teastas mar thoradh uirthi de ghnáth. Samplaí den chineál seo foghlama is ea foghlaim agus oiliúint a dhéantar san ionad oibre, san earnáil dheonach nó i gceardchumann nó suíomhanna pobalbhunaithe.
Ní bhíonn an *fhoghlaim neamhfhoirmiúil* eagraithe ná struchtúrtha (ó thaobh cuspóirí nó tacaíocht foghlama de) agus is minic a tharlaíonn sí trí thaithí shaoil agus oibre. Uaireanta, tugtar 'foghlaim ó thaithí' uirthi.

### 3.5.1 An Próiseas ARF

Beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas maidir le cur i bhfeidhm ARF laistigh de Ghaelchultúr:

- Aithnítear le ARF an fhoghlaim a tharla roimh iontráil ar chlár nó roimh chéim áirithe de chlár (e.g. modúl ar leith).
- Tá sé de fhreagracht ar an bhfoghlaimeoir féin iarratas a dhéanamh ar ARF.
- Caithfidh foghlaimeoirí atá ag lorg aitheantais faoi ARF fianaise chuí a sholáthar chun tacú lena n-iarratas. Ní mór a thaispeáint san fhianaise seo go bhfuil na torthaí foghlama riachtanacha atá ábhartha don chlár bainte amach ag an bhfoghlaimeoir agus caithfear í a fhíordheimhniú ag an leibhéal cuí/na leibhéil chuí.
- Féadfar teorainneacha ama a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an réamhfhoghlaim a léirítear fós bailí.
- Déanfar próisis agus cleachtais le haghaidh ARF a lua agus a dhoiciméadú go soiléir agus beidh siad ar fáil do gach iarrthóir ionchasach.
- Cinnteoidh Gaelchultúr go mbeidh an próiseas ARF comhsheasmhach, cothrom agus trédhearcach. Déanfar é freisin laistigh d'achar ama réasúnta do gach iarrthóir.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | AsRBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Rochtain ar chláir oideachais a leathnú agus cur ar chumas foghlaimeoirí a bhfuil foghlaim déanta acu cheana féin, cibé acu foghlaim chreidiúnaithe nó foghlaim ó thaithí, rochtain a fháil ar chláir. Cinntítear sa bheartas seo go ndéantar próisis maidir le ARF go cothrom, go comhsheasmhach agus go trédhearcach. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le foghlaimeoirí/foghlaimeoirí ionchasacha a bhfuil aitheantas á lorg acu don réamhfhoghlaim. | | |
| **Freagrach as:** | An Bord Clár, an Riarthóir Acadúil, an Fhoireann Acadúil. | | |
| **Nós imeachta:** | - Is ar na hiarrthóirí aonair atá an fhreagracht éilimh a chur isteach ar ARF ach cuideoidh Gaelchultúr le gach iarrthóir ar spéis leis/léi iarratas a dhéanamh ar an bpróiseas ARF.<br>- Nuair a dhéanann foghlaimeoir iarratas dul isteach i gclár, labhróidh sé/sí le ball de chuid an Bhoird Clár, an Stiúrthóir Oideachais de ghnáth, a dhéanfaidh agallamh gairid leis/léi ar an nguthán. Pléifear taithí an fhoghlaimeora go dtí seo, idir ghairmiúil agus acadúil, agus a c(h)áilitheacht do ARF á mheas.<br>- Maidir le hiarrthóir atá ag déanamh iarratais ar líne, taispeánfar go soiléir ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir an riachtanas le haghaidh ARF agus luafar nach ndeimhneofar áit ar an gclár go dtí go ndéanfar athbhreithniú agus meastóireacht ar a (h)iarratas le haghaidh ARF. Rachaidh ball de chuid an Bhoird Clár i dteagmháil le foghlaimeoir a iarrfaidh eolas ar líne faoin bpróiseas ARF chun a (h)incháilitheacht a phlé tuilleadh.<br>- Más gá, féadfaidh iarrthóir teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir Acadúil/le ball de chuid an Bhoird Clár chun tuilleadh soiléirithe a fháil ar na riachtanais le haghaidh ARF nó chun soiléiriú breise a fháil ar ábhar an chláir.<br>- Má mheasann an Stiúrthóir Oideachais/ball de chuid an Bhoird Clár go bhfuil an taithí chuí ag an bhfoghlaimeoir chun iarratas a dhéanamh ar an bpróiseas ARF, seolfar foirm iarratais ARF | | |

| | |
|---|---|
| | chuige ina mbeidh achoimre ar an bhfianaise a theastaíonn chun réamhfhoghlaim a thaispeáint agus chun a thaispeáint go gcomhlíonann an réamhfhoghlaim seo na critéir ARF don chlár ábhartha.<br>- Beidh an foghlaimeoir freagrach as an iarratas ARF a chomhlánú faoin spriocdháta a bheidh leagtha síos ag Gaelchultúr.<br>- Mar aon leis an bhfoirm iarratais ARF, iarrfar ar iarrthóirí Punann Foghlaimeora a chur i láthair ina gcuirfear fianaise ar fáil i dtaca lena réamhfhoghlaim.<br><br>• Iarrfar ar iarrthóirí a bhfuil réamhfhoghlaim dheimhnithe acu tras-scríbhinní oifigiúla de thorthaí agus siollabais fhoirmiúla a chur isteach chomh maith le haon doiciméid tacaíochta ábhartha eile.<br>• Ní mór d'iarrthóirí atá ag déanamh iarratais ar bhonn réamhfhoghlaim ó thaithí fianaise a chur isteach faoina réamhfhoghlaim agus ní mór an fhianaise a chur i láthair sa chaoi is go léireofar conas a comhlíonadh na riachtanais maidir le torthaí foghlama. D'fhéadfadh modhanna éagsúla a bheith san áireamh anseo, mar shampla fianaise i scríbhinn, samplaí d'obair a rinneadh roimhe seo, cur i láthair foirmiúil, agallamh nó meascán de na modhanna seo.<br><br>- Déanfaidh an Bord Clár athbhreithniú ar an iarratas ARF ansin le fáil amach an bhfuil an leibhéal foghlama cuí léirithe ag an iarrthóir de réir mar a chinntear i gcritéir ARF an chláir.<br>- Cuirfidh ball de chuid an Bhoird Clár an t-iarrthóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a iarratais laistigh de thrí seachtaine ón dáta deiridh le haghaidh iarratas.<br><br>- Molfar d'fhoghlaimeoir a nglacfar leis tríd an bpróiseas ARF dul i mbun foghlaim fhéintreoraithe le linn an chláir. Chun é sin a chumasú, cuirfear Lámhleabhair na bhFoghlaimeoirí, Leabhrán na bhFoghlaimeoirí agus rochtain ar an ardán ríomhfhoghlama ranganna.com ar fáil don fhoghlaimeoir chun cabhrú leis/léi ina c(h)uid foghlama féintreoraithe. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Foirm Iarratais ARF, Comhfhreagras le hiarratasóirí (A.3.2), Critéir Iontrála do Chláir |


### 3.5.2 Critéir i dtaca le ARF

| **Beartas:** | CrARFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil na critéir i dtaca le ARF soiléir agus a chinntiú go bhfuil an próiseas cothrom agus trédhearcach. | | |
| **Freagrach as:** | An Bord Clár, an Chomhairle Acadúil, an Riarthóir Acadúil, Léachtóirí/Teagascóirí. | | |

| | |
|---|---|
| **Nós imeachta:** | - Forbrófar critéir ARF do gach clár nuair is infheidhme agus formheasfaidh an Bord Clár agus an Chomhairle Acadúil na critéir seo.<br>- Sa chás nach gcomhlíonann iarrthóir na critéir iontrála ach go bhfuil taithí oiriúnach eile aige a bhféadfadh sé a bheith incháilithe do ARF dá bharr, ní mór dó Foirm Iarratais ARF agus Punann Foghlaimeora a chur faoi bhráid an Bhoird Clár.<br>- Maidir leis an DISA, sonraítear sna riachtanais iontrála go gcaithfidh iarrthóirí cáilíocht ag leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a bheith acu. Sa chás go bhfuil cúis mhaith leis, áfach, breathnóidh Gaelchultúr ar iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cáilíocht ag leibhéal 7 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí acu ach a bhfuil taithí oiriúnach acu freisin a chinnteodh go mbeidís oiriúnach don chlár agus in ann é a chríochnú go rathúil. Chomh maith leis an scrúdú iontrála, bheadh ar na hiarrthóirí sin foirm iarratais ARF a chomhlánú agus Punann Foghlaimeora a chur isteach ina léireofaí don Bhord Clár go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí acu chun tabhairt faoin gclár. D'fhéadfadh na samplaí oibre seo a leanas arna gcur i gcrích ag an iarratasóir a bheith sa phunann seo, ach ní bheadh sí teoranta dóibh: ailt foilsithe, tuarascálacha oifigiúla, tionscadail taighde, samplaí d'obair aistriúcháin, etc.<br>- Ba cheart go gcuirfí fianaise le réamhfhoghlaim an iarrthóra ar fáil san Fhoirm Iarratais ARF agus sa Phunann Foghlaimeora agus ba cheart go léireofaí go soiléir iontu gur comhlíonadh na torthaí foghlama cuí cheana féin.<br>- Breathnófar ansin ar fhoghlaim dheimhnithe fhoirmiúil nó ar fhoghlaim ó thaithí, nó orthu araon, de réir mar a leagtar amach iad san Fhoirm Iarratais ARF agus sa Phunann Foghlaimeora.<br><br>**Critéir le haghaidh Measúnaithe**<br>Úsáidfidh an Bord Clár na critéir seo a leanas agus cinneadh á dhéanamh ar cheart iarratas ar ARF a cheadú:<br><br>- **Bailíocht** – An gcomhlíonann an réamhfhoghlaim a cuireadh i láthair na torthaí foghlama atá riachtanach don chlár?<br>- **Leordhóthanacht** – An bhfuil go leor fianaise ann chun a thaispeáint gur baineadh amach na torthaí foghlama?<br>- **Barántúlacht agus Iontaofacht** – An bhfuil sé soiléir gur ag an iarratasóir atá an réamhfhoghlaim agus go bhfuil an fhianaise a cuireadh ar fáil iontaofa?<br>- **Ábharthacht** – An bhfuil an réamhfhoghlaim reatha agus an bhfuil sí cothrom le dáta maidir leis an eolas agus an cleachtas reatha sa réimse?<br><br>Ansin déanfaidh an Bord Clár athbhreithniú ar an bhFoirm Iarratais ARF agus ar Phunann an Fhoghlaimeora chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an fhaisnéis a sholáthróidh an t-iarrthóir na critéir thuas.<br><br>I gcás nach bhfuil dóthain faisnéise curtha ar fáil, féadfaidh ball de chuid an Bhoird Clár/an Riarthóir Acadúil teagmháil a dhéanamh leis an iarrthóir agus faisnéis bhreise a iarraidh chun an t-iarratas a phróiseáil. |

| | |
|---|---|
| | Nuair a bheidh athbhreithniú déanta ag an mBord Clár ar an iarratas, déanfar an cinneadh deiridh ar cheart an t-iarratas a cheadú nó nár cheart.<br><br>**Toradh an Phróisis Mheasúnaithe**<br>Má cheadaíonn an Bord Clár an t-iarratas, féadfar na bearta seo a leanas a dhéanamh:<br><br>- iontráil ar chlár<br>- iontráil ar chlár ach díolúine ón scrúdú iontrála a bheith ann<br>- iontráil ar chlár ach díolúine ó roinnt aonad/modúl a bheith ann.<br><br>Cuirfear an t-iarrthóir ar an eolas faoin gcinneadh agus faoina c(h)eart achomharc a dhéanamh i gcoinne aon chinnidh. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Iarratas an Fhoghlaimeora, Punann an Fhoghlaimeora, Comhfhreagras le hiarratasóirí (A.3.2), Critéir Iontrála Cláir |

### *Léaráid 3B: Punann ARF an Foghlaimeora*




**Monatóireacht agus Athbhreithniú**
Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an mbeartas agus ar na nósanna imeachta ARF lena chinntiú go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go cothrom agus go comhsheasmhach. Pléifear leasuithe féideartha ar bheartais agus nósanna imeachta ARF ag cruinnithe dearbhaithe cáilíochta agus caithfidh an POF, an Bord Stiúrtha agus an Chomhairle Acadúil aon athruithe beartaithe a cheadú.

## 3.6 Beartas Bradaíola

Úsáideann Gaelchultúr modhanna éagsúla chun dul chun cinn foghlaimeoirí a mheas i gcás ár gcuid clár. Cuirimid na riachtanais maidir le measúnú gach cláir/modúil in iúl go soiléir agus soláthraímid tacaíocht agus treoir leanúnach do na foghlaimeoirí lena chinntiú gur féidir leo an measúnú a dhéanamh. Cuirimid ár n-ionchais in iúl go soiléir maidir le hionracas acadúil sna tascanna go léir a chuirtear faoinár mbráid le haghaidh measúnaithe.

Tá ionchais arda ag Gaelchultúr maidir le hionracas acadúil ar ár gcláir go léir agus mar sin caitear go han-dáiríre leis an mbradaíl. Táimid tiomanta do bhradaíl a chosc agus cuirimid treoirlínte ar fáil do na foghlaimeoirí chun cabhrú leo bradaíl a sheachaint ina gcuid oibre. Tá foghlaimeoirí freagrach as a gcuid oibre acadúla féin agus ní mór dóibh a chinntiú nach sáraítear ionracas acadúil san obair a chuireann siad isteach. Nuair a chuireann foghlaimeoir tasc isteach le haghaidh measúnú acadúil, glactar leis ar an tuiscint gur obair an fhoghlaimeora féin í an obair sin.

Ní ghlacfar le sárú ar ionracas acadúil, fiú má rinneadh an sárú seo go neamhbheartaithe. I gcásanna ina bhfuilimid in amhras faoi bhradaíl, déanfaimid imscrúdú dian chun méid an tsáraithe a chinneadh agus chun a chinntiú go gcuirfear pionóis chuí i bhfeidhm.

### 3.6.1 Sainmhíniú ar Bhradaíl

Is éard is bradaíl ann ná obair duine eile a chur isteach mar do chuid oibre féin, d'aon ghnó nó go neamhaireach. D'fhéadfaí a áireamh leis seo codanna d'obair fhoilsithe a chóipeáil gan an fhoinse a admháil, achoimre a dhéanamh nó athleagan a chur ar obair duine eile gan an fhoinse a admháil nó codanna d'obair foghlaimeora eile a chóipeáil. D'fhéadfadh bradaíl tarlú freisin mar thoradh ar chomhoibriú nó claonpháirteachas le foghlaimeoir eile agus measúnuithe á ndéanamh. Nuair a chuireann foghlaimeoir isteach obair nach leis féin í nó nach n-admhaítear i gceart na foinsí a úsáideadh inti, sáraíonn sé/sí dea-chleachtas agus ionracas acadúil agus cuirtear pionóis i bhfeidhm ar obair an fhoghlaimeora dá bharr.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>BlBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">Sainmhíniú soiléir a thabhairt don fhoireann agus do na foghlaimeoirí ar cad is bradaíl ann, mionsonraí a thabhairt maidir leis na bearta a dhéanfar má bhíonn amhras ann go ndearna foghlaimeoir bradaíl agus na pionóis a chuirfear i bhfeidhm má chinntear go ndearnadh bradaíl.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo le gach foghlaimeoir agus le gach ball foirne a bhfuil baint aige/aici le hobair acadúil.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Bord Clár, an Stiúrthóir Oideachais, an Fhoireann Acadúil, An Chomhairle Acadúil</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Ionduchtú d'fhoghlaimeoirí agus do léachtóirí/teagascóirí<br><br>- Sula gcuirfear tús le clár ar bith, tabharfar Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí do na foghlaimeoirí agus beidh eolas mion ann faoi bheartas Ghaelchultúir maidir le bradaíl. Míneofar sa lámhleabhar an tábhacht a bhaineann le hionracas acadúil agus na pionóis a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar fhoghlaimeoirí a meastar go ndearna siad bradaíl.<br>- Cuirfear faisnéis ar fáil freisin i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí agus ar an ardán ríomhfhoghlama ranganna.com faoin tslí le tagairt a dhéanamh i gceart agus conas bradaíl a sheachaint.</td></tr>
</table>

- Tarraingeoidh léachtóirí/teagascóirí aird na bhfoghlaimeoirí ar an bhfaisnéis seo ag tús an chláir lena chinntiú go dtuigfidh siad an tábhacht a bhaineann le hionracas acadúil agus na bealaí chun bradaíl a sheachaint.
- Ní mór do gach léachtóir/teagascóir eolas a chur ar bheartas Ghaelchultúir maidir le hionracas acadúil agus bradaíl.

**Nósanna imeachta le comhlíonadh má bhíonn amhras ann go bhfuil bradaíl i gceist in obair foghlaimeora**
Ar an gcéad dul síos, sainaithneoidh léachtóirí/teagascóirí aon bhradaíl a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar easpa tagairtí agus tarraingeoidh siad aird na bhfoghlaimeoirí ar dheacrachtaí agus tabharfaidh siad comhairle dóibh faoin tslí le scileanna tagartha a fhorbairt.

Má thugann an foghlaimeoir neamhaird ar an gcomhairle seo nó má léirítear bradaíl níos tromchúisí in obair an fhoghlaimeora, cuirfear tús le himscrúdú.

Déanfar déine na bradaíola a mheas ar bhonn cás ar chás agus socrófar an pionós cuí. Tugtar breac-chuntas thíos ar na leibhéil déine, na nósanna imeachta maidir leis an imscrúdú agus na bearta a dhéanfar. D'fhéadfadh sé go mbraithfeadh an géarú ar dhéine sa bheartas bradaíola atá leagtha amach thíos ar leibhéal na cáilíochta a bhfuil an foghlaimeoir ag tabhairt fúithi.

**Réamhbhradaíl**
Má shainaithníonn léachtóir/teagascóir easpa eolais maidir le tagairtí a úsáid in obair foghlaimeora, rachfar i dteagmháil leis an bhfoghlaimeoir agus treorófar é chuig na hacmhainní agus seirbhísí tacaíochta cuí, e.g. treoirlínte tagartha ar ranganna.com, agus féadfar cruinniú a eagrú leis an léachtóir/teagascóir chun scileanna tagartha a phlé.

**Bradaíl Amhrasta**
- Má shainaithníonn léachtóir/teagascóir cás a bhféadfadh bradaíl a bheith i gceist ann, cuirfear é seo in iúl don Cheannaire Cláir (nó más é an Ceannaire Cláir a shainaithníonn an cás, cuirfear in iúl don Stiúrthóir Oideachais é) agus cuirfear tús le himscrúdú.
- Déanfaidh an Ceannaire Cláir/an Stiúrthóir Oideachais athbhreithniú ar an bhfaisnéis a sholáthróidh an léachtóir/teagascóir.
- Tar éis don Cheannaire Cláir/Stiúrthóir Oideachais athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis, cuirfidh an Ceannaire Cláir/an Stiúrthóir Oideachais cásanna amhrasta a bhaineann le míchleachtas acadúil faoi bhráid baill foirne eile, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta san áireamh, agus gairfear cruinnithe de réir mar is gá leis an gcás sin a phlé agus chun déine an cháis a mheas.
- Cuirfidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta cuireadh roimh ar a laghad beirt bhall foirne a bhfuil baint acu leis an ábhar atá le plé. Féach thíos chun tuilleadh eolais a fháil faoi na cruinnithe seo.

| | |
|---|---|
| | - Braithfidh na bearta a dhéanfaidh foireann Ghaelchultúir agus na pionóis a ghearrfar ar dhéine an cháis. Sonraítear thíos na leibhéil déine agus na pionóis a d'fhéadfadh a bheith ann.<br><br>**Leibhéal 1 – mionsárú**<br>- Meastar gur mionsárú é ar an mbeartas bradaíola má chinntear gur cás é ina ndearnadh bradaíl trí thimpiste mar thoradh ar easpa taithí nó easpa tuisceana agus murar taifeadadh aon chás bradaíola i leith an duine roimhe seo.<br>- Déanfar imscrúdú tosaigh chun déine an cháis a mheas.<br>- Beidh sé mar aidhm ag an imscrúdú tosaigh freisin an chomhairle agus an treoir riachtanach a chur ar fáil don fhoghlaimeoir lena chinntiú nach dtarlóidh an fhadhb arís.<br>- Féadfar roinnt marcanna a bhaint don chuid den tasc ina bhfuil earráidí tagartha.<br>- Coinneofar taifead ar an sárú i gcomhad an fhoghlaimeora.<br><br>**Leibhéal 2 – mórshárú**<br>- Nuair a shainaithnítear sárú níos tromchúisí ar ionracas acadúil nó má tá fianaise ann go ndearna an foghlaimeoir céanna sárú roimhe seo agus má fuair an foghlaimeoir aiseolas cheana féin inar tugadh rabhadh dó/di faoin sárú seo, tabharfar tuairisc faoi seo don Cheannaire Cláir (nó más é an Ceannaire Cláir a aimseoidh an sárú, tabharfar tuairisc faoi don Stiúrthóir Oideachais).<br>- Buailfidh an Ceannaire Cláir/an Stiúrthóir Oideachais leis an léachtóir/teagascóir lena mbaineann sé chun an cás a phlé agus cuirfear tús le himscrúdú.<br>- Mar chuid den imscrúdú, féadfaidh léachtóirí/teagascóirí athbhreithniú a dhéanamh ar obair a rinne an foghlaimeoir roimhe seo, tascanna an fhoghlaimeora a phlé le léachtóirí/teagascóirí a bhí ag an bhfoghlaimeoir roimhe seo agus tascanna foghlaimeoirí reatha/iarfhoghlaimeoirí a athbhreithniú.<br>- Cuirfear an foghlaimeoir ar an eolas i scríbhinn go bhfuil imscrúdú á dhéanamh agus tabharfar cuireadh dó/di chuig cruinniú leis an léachtóir/teagascóir agus leis an gCeannaire Cláir/leis an Stiúrthóir Oideachais.<br>- Ag an gcruinniú, pléifidh an Ceannaire Cláir/an Stiúrthóir Oideachais an cás agus tarraingeoidh sé aird an fhoghlaimeora ar bheartas Ghaelchultúir maidir le hionracas acadúil agus déanfaidh sé tuilleadh imscrúdaithe ar an gcás.<br>- Tar éis an chruinnithe seo, má chinneann an Ceannaire Cláir/an Stiúrthóir Oideachais gur sáraíodh beartas Ghaelchultúir maidir le bradaíl, déanfar déine an tsáraithe a rangú agus socrófar an pionós cuí. (Féach thíos liosta de na pionóis a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcás bradaíola).<br>- Scríobhfar tuarascáil ina sonrófar déine an tsáraithe agus an pionós a cuireadh i bhfeidhm. Seolfar an tuarascáil seo chuig an bhfoghlaimeoir laistigh de cheithre lá dhéag oibre ón gcruinniú. |

| | |
|---|---|
| | - Cuirfear an foghlaimeoir ar an eolas faoina c(h)eart chun an cinneadh a achomharc agus cuirfear in iúl dó/di go gcaithfear achomhairc a chur isteach laistigh de choicís tar éis dó/di a bheith curtha ar an eolas faoin bpionós.<br>- Tabharfar tuairisc ar an gcinneadh a rinne an Ceannaire Cláir don Fíordheimhnitheoir Seachtrach/Scrúdaitheoir Seachtrach.<br>- Coinneofar taifead ar an sárú i gcomhad an fhoghlaimeora.<br><br>**Leibhéal 3 – sárú tromchúiseach**<br>- Nuair a shainaithnítear sárú tromchúiseach ar an mbeartas bradaíola, mar shampla má dhealraíonn sé go ndearnadh an bhradaíl d'aon ghnó nó má tá fianaise ann gur sháraigh an duine céanna an beartas bradaíola roimhe seo, cuirfear an cás sáraithe seo ar aghaidh chuig an gCeannaire Cláir/an Stiúrthóir Oideachais agus socróidh seisean cruinniú ansin chun an cás a imscrúdú tuilleadh.<br>- Freastalóidh an Stiúrthóir Oideachais agus ball den Chomhairle Acadúil ar an gcruinniú seo agus, i gcás ina bhfuil gá leis, freastalóidh ball seachtrach amháin eile air chun neamhchlaontacht a chinntiú. Pléifidh siad an cás leis an léachtóir/teagascóir ábhartha agus leis an gCeannaire Cláir agus déanfaidh siad tuilleadh imscrúdaithe ar an gcás.<br>- Cuirfear an foghlaimeoir ar an eolas i scríbhinn go bhfuil amhras ann go ndearna sé/sí cion acadúil tromchúiseach agus cuirfear ar an eolas é/í faoi bhrí an chiona atá líomhainte.<br>- Tabharfar cuireadh don fhoghlaimeoir teacht chuig cruinniú agus tabharfar fógra cúig lá oibre ar a laghad dó/di roimh dháta agus am an chruinnithe.<br>- Bunaithe ar an bhfianaise a pléadh ag an gcruinniú, rangófar déine an cháis, agus cinnfear an pionós cuí. (Féach thíos liosta de na pionóis a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcás bradaíola).<br>- Scríobhfar tuarascáil ina sonrófar déine an chiona agus an pionós a cuireadh i bhfeidhm. Seolfar an tuarascáil seo chuig an bhfoghlaimeoir laistigh de cheithre lá dhéag oibre ón gcruinniú.<br>- Cuirfear an foghlaimeoir ar an eolas faoina c(h)eart chun an cinneadh a achomharc agus cuirfear in iúl dó/di go gcaithfear achomhairc a chur isteach laistigh de choicís tar éis dó/di comhfhreagras a fháil maidir leis an bpionós atá le gearradh.<br>- Tabharfar tuairisc ar an gcinneadh a rinneadh don Fhíordheimhnitheoir Seachtrach/Scrúdaitheoir Seachtrach.<br>- Coinneofar taifead ar an sárú i gcomhad an fhoghlaimeora.<br><br>**Pionóis fhéideartha**<br>Ag brath ar dhéine an cháis bradaíola, féadfar na pionóis thíos a chur i bhfeidhm.<br><br>- Cuirfear an foghlaimeoir ar an eolas go bhfuil ceisteanna ann a bhaineann le tagairtí agus tabharfar treoir dó/di faoin tslí le bradaíl a sheachaint uaidh sin ar aghaidh. Tabharfar marc don fhoghlaimeoir as an obair a cuireadh isteach ach bainfear marcanna don chuid den tasc ina bhfuil earráidí tagartha. |

| | |
|---|---|
| | - Féadfar an pasmharc lom don mhodúl a thabhairt ar an measúnú.<br>- Féadfar cead a thabhairt don fhoghlaimeoir an measúnú a dhéanamh arís gan aon phionós breise a bheith ann.<br>- Féadfar grád teipe a thabhairt agus féadfar iarraidh ar an bhfoghlaimeoir an tasc a athdhéanamh, agus pasmharc an mhodúil/an chláir a bheith ina uasmharc don tasc athdhéanta.<br>- Féadfar teip a thabhairt don fhoghlaimeoir don mhodúl iomlán agus an deis a bheith tugtha dó an modúl a athdhéanamh níos déanaí.<br>- Féadfar grád deiridh na cáilíochta a laghdú.<br>- Féadfar an foghlaimeoir a dhíbirt ón gclár.<br><br>Má chuirtear pionós i bhfeidhm ar obair an fhoghlaimeora, cuirfear an fhaisnéis seo ar aghaidh chuig an bhFíordheimhnitheoir Seachtrach/an Scrúdaitheoir Seachtrach.<br><br>**Achomhairc**<br>Féadfaidh foghlaimeoir achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh a rinneadh agus an pionós atá á chur i bhfeidhm maidir leis an gcás bradaíola. Ní mór achomhairc a dhéanamh i scríbhinn chuig Gaelchultúr laistigh de choicís tar éis comhfhreagras a fháil maidir leis an imscrúdú bradaíola. Tabharfar faisnéis faoin bpróiseas achomhairc don fhoghlaimeoir nuair a chuirfear ar an eolas é/í i scríbhinn faoin gcinneadh a rinneadh agus faoin bpionós atá á ghearradh. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, Tuarascáil an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh/an Scrúdaitheora Sheachtraigh |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta monatóireacht leanúnach ar an mbeartas bradaíola agus ar na nósanna imeachta bradaíola. Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú ar thuarascálacha a scríobhadh tar éis imscrúduithe ar bhradaíl, ar achomhairc a rinne foghlaimeoirí maidir le bradaíl agus ar thuarascálacha an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh/an Scrúdaitheora Sheachtraigh lena chinntiú go leanfaidh an beartas bradaíola agus na nósanna imeachta bradaíola de bheith oiriúnach don fheidhm. Má shainaithníonn an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta aon laigí sa bheartas nó sna nósanna imeachta, leasófar iad de réir mar is gá agus cuirfear gach ball foirne agus gach foghlaimeoir ábhartha ar an eolas faoi na hathruithe. Pléifear an beartas bradaíola agus na nósanna imeachta bradaíola ag an gcruinniú dearbhaithe cáilíochta bliantúil agus cuirfear aon mholtaí ón bhfoireann san áireamh agus cuirfear aon athruithe riachtanacha i bhfeidhm.

## 3.7 Forbairt agus Faomhadh Clár

Tá réimse leathan cúrsaí á chur ar fáil ag Gaelchultúr cheana féin d'fhoghlaimeoirí éagsúla agus tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh ag cur leis an líon clár a chuirimid ar fáil. Chun a chinntiú go bhfuil gach clár nua ar ardchaighdeán, bainimid úsáid as cur chuige córasach maidir le dearadh, forbairt agus faomhadh gach cúrsa nua. Cuimsítear sa phróiseas foriomlán seo taighde, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, measúnú riachtanas, forbairt cláir, agus faomhadh inmheánach agus seachtrach.

Tá Gaelchultúr tiomanta don chleachtas is fearr i ndearadh, i bhforbairt agus i bhfaomhadh/i mbailíochtú clár. Cinntímid go ndéantar gach clár nua a dhearadh agus a fhorbairt de réir na rialachán agus na dtreoirlínte atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin, QQI, agus cinntímid go léirítear ár ráiteas misin agus ár bhfís i ngach clár.

Baintear úsáid as an mbeartas seo chun muid a threorú nuair atá clár nua á dhearadh agus á fhorbhairt againn. Tá na nósanna imeachta atá luaite sa bheartas ann lena chinntiú go ndeartar agus bhforbraítear cláir nua ar bhealach córasach agus go gcomhlíonann siad na torthaí foghlama a leagtar síos chun dámhachtain a bhaint amach ag an leibhéal cuí. Chomh maith leis sin, baintear úsáid as an mbeartas seo lena chinntiú go mbeidh na torthaí foghlama ag teacht le riachtanais foghlaimeoirí ionchasacha agus le riachtanais fostóirí ionchasacha. Chun é seo a bhaint amach, cinnteoimid:

- go ndéanfar cláir a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, na forais cháiliúcháin agus na fostóirí ionchasacha/saineolaithe tionscail go léir
- go gcuirfear san áireamh aiseolas ó fhoghlaimeoirí ina sonraítear taithí foghlama na bhfoghlaimeoirí roimhe seo
- go gcomhlíonfar sna cláir na treoirlínte atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin, QQI
- go ndearfar torthaí agus gníomhaíochtaí foghlama le go mbeidh foghlaimeoirí in ann tarraingt ar réamhfhoghlaim agus/nó ar thaithí shaoil ábhartha
- go ndearfar cláir chun conairí soiléire a chur ar fáil chuig cláir eile ag an gcéad leibhéal eile den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- sa chás go bhfuil clár amháin mar chonair chuig clár eile ar leibhéal níos airde, go bhfaighidh foghlaimeoirí an tacaíocht chuí chun a chinntiú gur féidir leo aistriú rathúil a dhéanamh go dtí an chéad leibhéal eile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | FtFCBn-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil córas soiléir ann chun próisis forbartha agus próisis faofa clár nua a threorú. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach clár arna fhorbairt ag Gaelchultúr, ar leibhéil bhreisoideachais agus ardoideachais araon. | | |
| **Freagrach as:** | - Tá an Bord Clár freagrach as cláir nua a mholadh agus a fhorbairt.<br>- Tá an Bord Stiúrtha, an POF agus an Chomhairle Acadúil freagrach as faomhadh foriomlán a thabhairt d'aon togra maidir le clár nua a fhorbairt.<br>- Tá an Bord Clár agus an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as a chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann le forbairt agus le faomhadh clár ag teacht leis na treoirlínte atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin agus go | | |

| | |
|---|---|
| | gcuirtear i gcrích iad de réir moltaí ón mBord Stiúrtha agus ón gComhairle Acadúil. |
| **Nós imeachta:** | Mar chuid den phróiseas forbartha agus formheasa, cuirfear na céimeanna seo thíos i gcrích.<br><br>- Déanfar measúnú riachtanas chun an t-éileamh ar an gclár agus indéantacht agus inmharthanacht an chláir atá beartaithe a chinneadh.<br>- Dearfar an clár.<br>- Cuirfidh an Bord Clár togra cláir faoi bhráid an Bhoird Stiúrtha agus na Comhairle Acadúla lena fhaomhadh.<br>- Má fhaomhann an Bord Stiúrtha agus an Chomhairle Acadúil an togra, tosóidh an Bord Clár ag dearadh an chláir.<br>- Ceapfar ceannaire agus foireann forbartha ar an gclár.<br>- Forbrófar dréachtchlár lena n-áireofar na torthaí foghlama, na modhanna soláthair agus measúnaithe, na hacmhainní a bheidh ag teastáil, etc.<br>- Cuirfear an dréachtchlár faoi bhráid an Bhoird Stiúrtha agus na Comhairle Acadúla lena fhaomhadh.<br>- Má fhaomhtar an togra, cuirfidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, i gcomhar leis an gCeannaire Cláir, an togra faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin lena fhaomhadh.<br>- Má fhaomhann an foras cáiliúcháin é, cuirfear tús le pleanáil agus sceidealú an chláir.<br><br>Tá plé níos mionsonraithe déanta ar na céimeanna seo in 3.8–3.13 thíos. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Aiseolas ó pháirtithe leasmhara - e.g. suirbhéanna aiseolais ó fhoghlaimeoirí (A.5.14) agus suirbhéanna aiseolais ó bhaill foirne |

## 3.8 Measúnú ar Riachtanais an Chláir

I gcás ár bhfoghlaimeoirí, ár bhfoghlaimeoirí ionchasacha agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir, tá Gaelchultúr tiomanta do thuiscint a fháil ar a riachtanais agus freastal orthu. Chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar na riachtanais seo inár gcuid clár agus chun a chinntiú go leagaimid síos torthaí foghlama cuí, déanaimid measúnú riachtanas do gach clár nua. Déantar an measúnú riachtanas seo le rannpháirtíocht ó fhoghlaimeoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile agus cinntítear mar gheall air seo go gcuireann Gaelchultúr cláir ar fáil ina bhfreagraítear do riachtanais foghlaimeoirí agus ina bhfreagraítear do riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.

Déantar an measúnú riachtanas sula ndéantar an clár a dhearadh agus a phleanáil chun a chinntiú go bhfuil éileamh ar an gclár, go bhfuil ábhar agus torthaí foghlama an chláir oiriúnach agus go bhfreagraíonn siad do riachtanais na bpáirtithe leasmhara ábhartha agus go bhfuil soláthar an chláir indéanta.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>MuRCBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go ndeartar gach clár de chuid Ghaelchultúir de réir riachtanais ár bhfoghlaimeoirí agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile go léir. Cinntítear ann freisin go ndéantar forbairt agus soláthar chláir oideachais Ghaelchultúir ar bhealach struchtúrtha agus loighciúil agus go bhfreagraíonn na torthaí foghlama do riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo le gach clár nua atá á fhorbairt ag Gaelchultúr.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Bord Clár, an POF, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, Léachtóirí/Teagascóirí</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Agus an gá le cláir nua agus torthaí foghlama clár nua á meas, féadfar an méid seo a leanas a chur san áireamh:<br><br>- suirbhéanna/taighde a rinneadh i measc páirtithe leasmhara ábhartha (i.e. foghlaimeoirí/fostóirí) chun an bhearna sa mhargadh a aithint<br>- deiseanna fostaíochta ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar chríochnú an chláir dóibh<br>- fiosruithe a dhéanann foghlaimeoirí ionchasacha, foghlaimeoirí reatha, iarfhoghlaimeoirí, fostóirí ionchasacha, eagraíochtaí náisiúnta/idirnáisiúnta sa réimse agus na páirtithe leasmhara ábhartha eile go léir<br>- líonrú/cruinnithe le páirtithe leasmhara ábhartha (e.g. fostóirí ionchasacha, ranna rialtais/gníomhaireachtaí náisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta, e.g. An Coimisiún Eorpach, etc.)<br>- taighde margaidh ar chláir a chuireann soláthraithe oideachais eile ar fáil le fáil amach an bhfuil éileamh ar sheirbhísí breise, seirbhísí comhlántacha nó seirbhísí méadaithe<br>- anailís ar na ceanglais reachtacha agus na ceanglais atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin le fáil amach an bhfuil aon bhearna le líonadh<br>- moltaí a dhéanann an Scrúdaitheoir Seachtrach/an Fíordheimhnitheoir Seachtrach<br>- anailís ar shonraí foghlaimeoirí agus torthaí measúnuithe</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | - anailís ar aiseolas ón mBord Clár agus ó léachtóirí/teagascóirí maidir le hábhar an chláir agus struchtúr an chláir<br>- anailís ar an gcumas atá ann an clár atá beartaithe a sholáthar, etc.<br>- cruinnithe de chuid an Bhoird Clár agus cruinnithe foirne chun an gá le gach clár a chinneadh. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Miontuairiscí Cruinnithe (A.4.12), Foirmeacha Meastóireachta, Anailís ar Bhearnaí, Aiseolas ó Fhoghlaimeoirí (A.5.14), Aiseolas ó Léachtóirí/Teagascóirí, Taighde margaidh ar sholáthraithe oideachais eile |

## 3.9 Dearadh Cláir

Tá Gaelchultúr tiomanta don chleachtas is fearr i ndearadh ár gcuid clár. Cinntítear mar gheall air seo go bhfreastalaítear inár gcuid clár ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí ionchasacha, go bhfuil siad ag teacht le treoirlínte an fhorais cáiliúcháin, agus go gcloíonn siad le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Mar a luadh thuas (féach 3.5, 'Forbairt Cláir'), bímid i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla agus ár gcuid clár á bhforbairt againn agus cuirtear an t-aiseolas seo san áireamh agus ár gcuid glár á ndearadh againn. Déanaimid ár gcláir nua a dhearadh go cúramach lena chinntiú go bhfreastalaítear i struchtúr gach cláir, sna modhanna soláthair agus sna measúnaithe ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí ionchasacha, go gcomhlíontar na torthaí foghlama riachtanacha go léir, go gcuirtear ar chumas ár bhfoghlaimeoirí dul ar aghaidh chuig cláir eile agus go gcuidítear leo teacht i dtír ar dheiseanna nua fostaíochta. I Léaráid 3C thíos, tugtar breac-chuntas ar chúinsí tábhachtacha is gá a mheas mar chuid den phróiseas deartha cláir.

### *Léaráid 3C: Dearadh Cláir*




| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | DhCBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil gach ceann de chláir Ghaelchultúir oiriúnach don fheidhm agus go ndéantar iad a dhearadh ar bhealach loighciúil agus soiléir. Cinntítear sa bheartas seo agus sna nósanna imeachta gaolmhara go ndéantar na rudaí seo a leanas i gcláir nua:<br><br>- deartar iad lena chinntiú go bhfreastalaítear i ngach gné den chlár (lena n-áirítear struchtúr, ábhar, soláthar, agus modheolaíochtaí measúnaithe an chláir) ar riachtanais foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara ábhartha<br>- bíonn torthaí foghlama cuí san áireamh agus iad á ndearadh<br>- deartar iad de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin<br>- comhlíontar na torthaí foghlama atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin<br>- bíonn na torthaí foghlama ag teacht leis an leibhéal cuí den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo agus na nósanna imeachta gaolmhara le gach clár nua arna dhearadh ag Gaelchultúr. | | |
| **Freagrach as:** | Leagtar an fhreagracht as dearadh cláir ar bhall/bhaill iomchuí de chuid an Bhoird Clár a rachaidh i dteagmháil leis an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus le léachtóirí/teagascóirí le linn an phróisis deartha cláir. | | |
| **Nós imeachta:** | Déanfaidh an ball/na baill foirne atá freagrach as dearadh an chláir na bearta seo thíos:<br><br>- tagairt do na treoirlínte ón bhforas cáiliúcháin maidir le sonraíochtaí clár agus cinnteoidh sé go ndeartar cláir atá bunaithe ar na torthaí foghlama atá sonraithe ag an bhforas cáiliúcháin<br>- torthaí foghlama an chláir a shainaithint go soiléir<br>- teagmháil le páirtithe leasmhara lena chinntiú go gcomhlíonfar a gcuid riachtanas sa chlár<br>- aon riachtanais réamhfhoghlama/riachtanais iontrála a shonrú<br>- próifílí agus riachtanais foghlaimeoirí a shainaithint<br>- struchtúr an chláir a dhearadh, lena n-áirítear na modhanna teagaisc agus measúnaithe, agus ceapfaidh sé pleananna ceachta do léachtóirí/teagascóirí chun comhsheasmhacht sa soláthar a chinntiú<br>- na daoine a bheidh freagrach as bainistiú foriomlán an chláir a shainaithint, i.e. an Ceannaire Cláir<br>- na hacmhainní a theastóidh chun an clár a sholáthar go rathúil a shainaithint, e.g. lámhleabhair agus leabhráin foghlaimeoirí, áiseanna TF, etc.<br>- cinnteoidh sé go gcuirfidh ábhar an chláir ar chumas foghlaimeoirí dul ar aghaidh go rathúil chuig cláir eile a chuireann Gaelchultúr ar fáil (nuair is infheidhme). | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Aiseolas ó pháirtithe leasmhara, Breac-chuntas ar an gClár, Amchlár an Chláir, Sceideal Measúnaithe, Pleananna Ceachta. | | |

## 3.10 Faomhadh Cláir

Leanann Gaelchultúr nósanna imeachta dochta chun cláir nua a fhaomhadh agus a bhailíochtú go hoifigiúil. Cinntítear dá bharr seo go bhfuil gach clár ar ardchaighdeán, go bhfuil siad indéanta agus go gcomhlíontar na torthaí foghlama iontu, agus go ndéantar iad a sheiceáil agus a fhaomhadh go hinmheánach sula gcuirtear faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin iad lena mbailíochtú. Tá achoimre le feiceáil i Léaráid 3D thíos ar phróiseas foriomlán bailíochtaithe an chláir.


### *Léaráid 3D: Faomhadh Cláir*




| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | FhCBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil córas dian fíoraithe agus faofa inmheánach i bhfeidhm do gach clár nua sula gcuirtear faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin é lena bhailíochtú. Cinntítear sa bheartas seo agus sna nósanna imeachta bainteacha go n-úsáidtear cur chuige comhsheasmhach sna próisis formheasa do gach clár nua agus go gcomhlíontar iontu na torthaí foghlama atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin sula gcuirtear isteach iad le haghaidh bailíochtaithe. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo agus na nósanna imeachta gaolmhara le faomhadh gach cláir nua arna dhearadh ag Gaelchultúr. | | |
| **Freagrach as:** | An Bord Clár, an Riarthóir Acadúil, an POF, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an Bord Stiúrtha, an Chomhairle Acadúil. | | |
| **Nós imeachta:** | Cuirfear na próisis seo a leanas i gcrích chun a chinntiú go ndéanfar athbhreithniú agus faomhadh inmheánach ar chláir nua sula gcuirfear faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin iad lena mbailíochtú:<br><br>- cuirfidh an Bord Clár an togra don chlár faoi bhráid an Oifigigh um Dhearbhú Cáilíochta, an POF agus an Bhoird Stiúrtha. | | |

| | |
|---|---|
| | - má mheastar go bhfuil an togra inmharthana déanfaidh an Bord Clár ábhar uile an chláir a dhearadh agus a chur i gcrích.<br>- cuirfear struchtúr, ábhar, torthaí foghlama agus modhanna measúnaithe an chláir faoi bhráid an Oifigigh um Dhearbhú Cáilíochta, an Bhoird Stiúrtha agus na Comhairle Acadúla lena mbreithniú.<br>- déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an Bord Stiúrtha agus an Chomhairle Acadúil moltaí maidir le feabhsúcháin/leasuithe de réir mar is gá.<br>- déanfaidh an Bord Clár leasuithe más gá.<br>- a luaithe is a bheidh aon athruithe riachtanacha déanta, iarrfar faomhadh críochnaitheach ar an mBord Stiúrtha agus ar an gComhairle Acadúil sula gcuirfear faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin é lena bhailíochtú.<br>- cuirfear an togra don chlár faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin lena bhailíochtú.<br><br>NB: Má bhíonn ról gníomhach ag an Stiúrthóir Oideachais i ndearadh an chláir, ní bheidh aon bhaint aige sa phróiseas faofa mar bhall den Chomhairle Acadúil. Mura mbíonn an Stiúrthóir Oideachais páirteach sa phróiseas deartha, áfach, is féidir leis a bheith páirteach sa phróiseas faofa mar bhall den Chomhairle Acadúil. Chomh maith leis sin, mar atá léirithe sna céimeanna thuas, is gá don Chomhairle Acadúil agus don Bhord Stiúrtha cláir nua a fhaomhadh. Ciallaíonn sé sin go gcuirtear cláir nua faoi bhráid dá ghrúpa nach raibh páirteach i bhforbairt an ábhair sula gcuirfear an togra faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin. Cloífear leis an gcur chuige seo lena chinntiú go mbeidh deighilt ann i gcónaí idir na baill foirne a fhorbraíonn cláir/ábhair agus na baill foirne a fhaomhann cláir/ábhair. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Ábhar an Chláir, Taifead ar Chruinnithe (A.4.12), Taifid ar Chomhfhreagras. |

## 3.11 Sreabhchairt maidir le Forbairt Cláir agus Faomhadh Cláir



## 3.12 Pleanáil Cláir

Tar éis gach clár nua a fhaomhadh agus a bhailíochtú, bímid an-chúramach lena chinntiú go ndéantar soláthar an chláir a phleanáil go cúramach. Cinntítear mar gheall air seo go mbeidh baill foirne chuí ag obair ar gach clár, idir chláir atá á soláthar go hinmheánach agus iad siúd atá á soláthar ag ionaid sheachtracha, agus go gcuirtear an trealamh agus na hacmhainní riachtanacha uile ar fáil do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí.

Rud eile a bhfuil baint aige le pleanáil cláir ná plé rialta a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun sceideal na ranganna a dhearbhú agus chun a chinntiú gur féidir linn aon seirbhísí tacaíochta a theastaíonn ó fhoghlaimeoirí a chur ar fáil dóibh. Táimid tiomanta do chlár a phleanáil go han-chúramach agus dá bhrí sin, bíonn an-rath ar na cláir i gcónaí.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>PlCBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go leantar na próisis chuí maidir le sceidealú agus pleanáil clár, lena n-áirítear socrú amchláir, acmhainní, léachtóirí/teagascóirí, etc.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo agus na nósanna imeachta gaolmhara le gach clár a dhearann agus a sholáthraíonn Gaelchultúr.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta, an POF, an Fhoireann Acadúil/an Bord Clár, an Riarthóir Acadúil, Léachtóirí/Teagascóirí.</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Déanfaidh an Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta, i gcomhar leis an POF:<br><br>- sceideal an chláir a dhearbhú<br>- sceideal an chláir a fhógairt ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir<br>- maoirseacht ar dhearadh, ar phriontáil/ar fhoilsiú ábhar poiblíochta<br>- deimhneoidh sé go gcomhlíonfaidh gach ionad critéir roghnúcháin na heagraíochta agus go bhfaomhfar iad sula roghnófar iad.<br><br>Ullmhóidh agus seiceálfaidh an Riarthóir Acadúil agus an Fhoireann Acadúil/an Bord Clár na hacmhainní, an t-ábhar tacaíochta, an trealamh, an t-ionad, ábhar ionduchtaithe na bhfoghlaimeoirí, na bileoga aiseolais, etc. ar fad agus cuirfidh siad an léachtóir/teagascóir in áirithe.<br><br>Cuirfear seirbhísí tacaíochta i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu.<br><br>Seiceálfaidh an léachtóir/teagascóir go bhfuil na hacmhainní riachtanacha ar fad faoi réir sula gcuirtear tús leis an gclár.</td></tr>
<tr><td>Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):</td><td colspan="3">Féilire Imeachtaí, Seicliosta Acmhainní (A.2.2), Seicliosta Áitribh (A.2.1), Ábhar an Chláir, Foirmeacha Meastóireachta, Ábhar Poiblíochta.</td></tr>
</table>

## 3.13 Soláthar Cláir

Is mian le Gaelchultúr a chinntiú go gcuirtear ár gcuid clár go léir ar fáil ar an gcaighdeán is airde is féidir. Cinntímid go bhfuil na baill foirne a chuireann gach clár ar fáil ardcháilithe agus gur féidir leo éiteas Ghaelchultúir a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus timpeallacht foghlama atá spreagúil agus mealltach a chruthú d'fhoghlaimeoirí lena chinntiú go bhféadann siad barr a gcumais a bhaint amach. Lena chois sin, úsáidtear modhanna éagsúla teagaisc agus measúnaithe a oireann dár gcuid clár agus trína bhfreastalaítear ar riachtanais réimse leathan foghlaimeoirí ar leibhéil éagsúla chumais agus inniúlachta. (Tá tuilleadh faisnéise faoinár mBeartas Teagaisc agus Foghlama le fáil i i rannóg 5 thíos).

Cinntímid freisin go mbíonn cumarsáid éifeachtach idir na baill foirne acadúla agus riaracháin agus go gcuirtear an trealamh agus na hacmhainní riachtanacha uile ar fáil do na foghlaimeoirí agus do na baill foirne a bhíonn ag obair ar an gclár, lena chinntiú go soláthraítear ár gcuid clár go rathúil agus go comhsheasmhach.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | SrCBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéantar gach clár a sholáthar ar bhealach comhsheasmhach agus gairmiúil, go gcomhlíontar na torthaí foghlama go léir agus gur féidir le foghlaimeoirí oiread leasa agus is féidir a bhaint as a n-eispéireas foghlama. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo agus na nósanna imeachta gaolmhara le gach clár a sholáthraíonn foireann Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach as:** | An Fhoireann Acadúil, an Riarthóir Acadúil, Léachtóirí/Teagascóirí | | |
| **Nós imeachta:** | Sula gcuirfear tús le gach clár:<br><br>- seolfaidh an Riarthóir Acadúil/an Ceannaire Cláir ríomhphost chuig na foghlaimeoirí le fáilte a chur rompu.<br>- tabharfar a gcuid sonraí logála isteach do na foghlaimeoirí don ardán ríomhfhoghlama ranganna.com (nuair is infheidhme).<br>- tabharfar cóip de leabhrán na léachtóirí/na dteagascóirí, ina mbeidh pleananna ceachta don chlár, do na léachtóirí/teagascóirí.<br><br>Ag tús gach cláir cuirfidh an léachtóir/teagascóir ionduchtú cuimsitheach i láthair do na foghlaimeoirí, lena n-áirítear:<br><br>- eolas ar an eagraíocht agus ar an gclár<br>- faisnéis faoi shocruithe tacaíochta d'fhoghlaimeoirí<br>- Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí (lena n-áirítear ábhar ionduchtaithe, faisnéis faoi mheasúnuithe agus faoin sceideal measúnaithe, faisnéis faoi sheirbhísí tacaíochta, beartas Ghaelchultúir maidir le bradaíl)<br>- Leabhrán na bhFoghlaimeoirí (lena n-áirítear nótaí do na ranganna, bileoga oibre agus ábhar tacaíochta). | | |

| | |
|---|---|
| | Caithfidh léachtóirí/teagascóirí:<br><br>- foghlaimeoirí a spreagadh le Gaelchultúr a chur ar an eolas faoina riachtanais tacaíochta lena chinntiú go mbainfidh siad leas as seirbhísí tacaíochta<br>- cur in iúl d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais tacaíochta ar leith acu go bhfreastalófar orthu, de réir mar is gá.<br>- a chinntiú go ndéantar gach doiciméad ábhartha don chlár a dháileadh ar fhoghlaimeoirí agus go gcomhlánaítear é, e.g. foirm chláraithe One Learning, etc.<br>- gach doiciméad ábhartha a chur ar ais chuig an Riarthóir Acadúil<br>- foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi riachtanais mheasúnaithe an chláir agus faoi na spriocdhátaí atá i gceist<br>- a bheith freagrach as a chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht mheasúnaithe de réir na sonraíochta atá ann. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Seicliosta Ionduchtaithe na bhFoghlaimeoirí, Dearbhú an Léachtóra/an Teagascóra, Ábhar an Chláir, Bileoga Tinrimh, Foirmeacha Meastóireachta |

## 3.14 Beartas um Fhoghlaim Chumaisc agus um Fhoghlaim Ar Líne

Cuireann Gaelchultúr cláir foghlama cumaisc agus cláir foghlama ar líne araon ar fáil d'fhonn deiseanna foghlama solúbtha a sholáthar agus chun rochtain níos leithne a sholáthar ar chláir bhreisoideachais agus ardoideachais agus tá sé mar aidhm againn timpeallacht foghlama dhigiteach a chur ar fáil atá áisiúil don fhoghlaimeoir agus ina bhfuil tacaíocht ar fáil. Toisc go n-úsáidtear cláir foghlama cumaisc agus cláir foghlama ar líne, tá Gaelchultúr in ann cláir a sholáthar a bhfuil cáiliúcháin a aithnítear laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí mar thoradh orthu; cláir a sholáthraítear, a dtacaítear leo nó a ndéantar measúnú orthu sa dóigh go bhféadfadh sé nach gá don fhoghlaimeoir a bheith i láthair sa seomra ranga i gcomhair ranganna aghaidh ar aghaidh.

Tá beartas Ghaelchultúir maidir le soláthar foghlama cumaisc agus foghlama ar líne ag teacht le caighdeáin, treoirlínte, beartais agus critéir QQI a bhaineann le cláir agus cáiliúcháin, go háirithe iad siúd atá leagtha amach in *Statutory Quality Assurance guidelines for Providers of Blended Learning Programmes* (QQI, 2018). Deirtear sa sainmhíniú ar fhoghlaim chumaisc atá glactha ag QQI (QQI, 2018, lch. 3) gurb é atá i gceist le foghlaim chumaisc ná 'comhtháthú eispéireas foghlama aghaidh ar aghaidh sa seomra ranga agus eispéireas foghlama ar líne' (Garrison agus Kanuak, 2004, lch. 96).

Níos faide ar aghaidh i dtreoirlínte QQI, deirtear mar gheall ar chláir foghlama cumaisc gur 'cláir aghaidh ar aghaidh iad go hiondúil a chuimsíonn cianfhoghlaim ar líne trí thimpeallacht fhíorúil foghlama. Toisc go mbeidh méid áirithe den fhoghlaim aghaidh ar aghaidh san fhoghlaim chumaisc i gcónaí, níl sé i gceist go gclúdófar sna treoirlínte seo cláir ina bhfuil an fhoghlaim ar fad ar líne' (2018, lch. 3). Tá acmhainní físe agus fuaime, acmhainní foghlama ar líne, gníomhaíochtaí idirghníomhacha agus fóraim phlé i measc na modhanna a d'fhéadfadh a bheith sna gníomhaíochtaí ar líne.

Os a choinne sin, is féidir foghlaim ar líne a shainmhíniú mar 'chineál soláthair oideachais ina dtarlaíonn an fhoghlaim tríd an idirlíon den chuid is mó. San fhoghlaim ar líne is féidir freastal orthu siúd atá i bhfad i gcéin go geografach agus nach bhfuil rochtain acu ar oideachas traidisiúnta an tseomra ranga; mar sin, cuimsíonn sé an 'chianfhoghlaim'. Ní hiad na foghlaimeoirí cianfhoghlama amháin atá ag baint leas as an bhfoghlaim ar líne, áfach; is minic a bhíonn sí mar chuid den ríomhfhoghlaim i gcláir staidéir atá lonnaithe ar champais den chuid is mó' (Gaebel et al., 2014, lch. 17). Cuireann Gaelchultúr cláir foghlama cumaisc agus cláir foghlama ar líne araon ar fáil agus tugtar creat chun an dá chineál foghlama a sholáthar go rathúil sa bheartas agus sna nósanna imeachta thíos.

Sampla an-mhaith de chlár foghlama cumaisc de chuid Ghaelchultúir is ea an DISA, ina bhfuil cothromaíocht idir caidreamh aghaidh ar aghaidh idir léachtóirí agus foghlaimeoirí agus foghlaim neamhspleách ar líne. Freastalaíonn na foghlaimeoirí ar léachtaí sa seomra ranga uair sa mhí agus bíonn uaireanta teagmhála aghaidh ar aghaidh acu leis na léachtóirí. Cuireann na léachtóirí ranganna beo ar fáil ar líne uair nó dhó sa mhí freisin ina mbaintear úsáid as ardán físchomhdhála (e.g. WebEx nó Zoom) agus bíonn ar na foghlaimeoirí páirt ghníomhach a ghlacadh sna ranganna seo. Lena chois sin, cuirtear réimse leathan acmhainní ar líne ar fáil dóibh, lena n-áirítear nótaí don mhodúl agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha d'fhoghlaimeoirí is gá dóibh a chur i gcrích go neamhspleách ar ranganna.com.

Féadann foghlaimeoirí cruinnithe breise a eagrú lena gcuid léachtóirí nó leis an gCeannaire Cláir/an Stiúrthóir Oideachais chun tacaíocht bhreise a fháil nó chun aiseolas a phlé. Taispeántar sa tábla thíos miondealú ar na huaireanta teagmhála (sa seomra ranga agus ar líne araon) agus ar na huaireanta nó ar an staidéar neamhspleách a theastaíonn. Bheadh struchtúr den chineál céanna i

ngach clár foghlama cumaisc sa todhchaí ach leasófaí é, ag brath ar leibhéal agus fad an chláir.

| | **Uaireanta teagmhála (in aghaidh an tseimeastair)** | | **Staidéar Neamhspleách/Ar Líne** |
|---|---|---|---|
| | **Léachtaí/ Ranganna Teagaisc** (Aghaidh ar aghaidh) | **Ranganna Beo ar Líne** | |
| **Seimeastar 1** | | | |
| Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge 1 | 8 | 3 | 209 |
| Scileanna Aistriúcháin 1 | 8 | 2 | 100 |
| Teoiric an Aistriúcháin 1 | 7 | 1 | 102 |
| | | | |
| **Seimeastar 2** | | | |
| Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge 2 | 8 | 3 | 209 |
| Scileanna Aistriúcháin 2 | 8 | 2 | 100 |
| Aistriúchán Dlíthiúil | 7 | 1 | 102 |
| | | | |
| **Seimeastar 3** | | | |
| Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge 3 | 8 | 1.5 | 210.5 |
| Scileanna Aistriúcháin 3 | 8 | 1.5 | 100.5 |
| Teoiric an Aistriúcháin 2 | 7 | 1.5 | 100.5 |

Cinntítear mar gheall ar bheartas foghlama cumaisc agus foghlama ar líne Ghaelchultúir go gcuirimid eispéireas foghlama comhsheasmhach ar ardchaighdeán ar fáil do gach foghlaimeoir a ghlacann páirt i gcláir foghlama cumaisc agus i gcláir foghlama ar líne. Cinnteofar mar gheall air sin freisin go gcoinneofar caighdeáin acadúla i ngach clár foghlama cumaisc agus i ngach clár foghlama ar líne, agus déanfar monatóireacht agus athbhreithniú air. Chomh maith leis sin, bainfear úsáid as an mbeartas seo chun cuidiú le baill foirne Ghaelchultúir bainistiú a dhéanamh ar na dúshláin agus ar na rioscaí féideartha a bhaineann le cláir foghlama chumaisc agus le cláir foghlama ar líne a sholáthar.

| **Beartas:** | FmCFAMBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Creat soiléir a chur ar fáil chun a chinntiú go soláthraítear i ngach clár foghlama cumaisc agus i ngach clár foghlama ar líne timpeallacht foghlama dhigiteach atá oiriúnach don fheidhm, atá áisiúil don fhoghlaimeoir agus ina gcomhlíontar torthaí foghlama an chláir go rathúil. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach clár a bhfuil foghlaim chumaisc nó foghlaim ar líne mar chuid de. | | |
| **Freagrach as:** | An Fhoireann Acadúil, an Riarthóir Acadúil, Léachtóirí/Teagascóirí, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | **Dearadh agus soláthar clár**<br>Beidh gach clár foghlama cumaisc agus gach clár foghlama ar líne faoi réir nósanna imeachta caighdeánacha Ghaelchultúir chun cláir nua a fhaomhadh. Déanfaidh an Chomhairle Acadúil athbhreithniú ar na | | |

| | |
|---|---|
| | modhanna foghlama, teagaisc agus measúnaithe agus ar chomh héifeachtach agus a bheidh siad chun cuidiú le foghlaimeoirí na torthaí foghlama atá beartaithe don chlár a bhaint amach agus beidh an clár faoi réir faomhadh seachtrach ón bhforas cáiliúcháin QQI (Féach 3.7–3.10 thuas chun tuilleadh faisnéise a fháil ar dhearadh agus ar sholáthar clár.)<br><br>Aithníonn Gaelchultúr, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh riachtanais shonracha ag baint le dearadh agus le soláthar clár foghlama cumaisc agus clár foghlama ar líne agus, mar sin, déanfar an cur chuige maidir le dearadh agus soláthar na gclár seo a athbhreithniú de réir mar is cuí.<br><br>Agus cláir foghlama chumaisc agus cláir foghlama ar líne á ndearadh, cinnteoidh an Fhoireann Acadúil/an Bord Clár:<br><br>- go gcloífear leis an gcur chuige atá ag Gaelchultúr cláir fhoghlaimeoirlárnacha a sholáthar i ngach clár foghlama cumaisc agus i ngach clár foghlama ar líne<br>- go ndearfar na straitéisí uile teagaisc, foghlama, measúnaithe agus soláthair go sonrach do chomhthéacs na foghlama cumaisc agus na foghlama ar líne<br>- go leagfar amach struchtúr an chláir go soiléir, lena n-áirítear an líon cuí uaireanta teagmhála agus an líon cuí uaireanta foghlama neamhspleácha ar líne i gcoibhneas le comhthéacs na foghlama cumaisc/ar líne<br>- go gcuirfear na seirbhísí tacaíochta riachtanacha san áireamh, go háirithe seirbhísí tacaíochta a bhaineann leis an teicneolaíocht faisnéise<br>- go mbeidh sé indéanta cláir, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta, a sholáthar agus go mbeidh dóthain acmhainní ag an Institiúid chun clár a dhearadh agus a sholáthar go rathúil<br>- go mbeidh an teicneolaíocht a theastaíonn iontaofa agus slán agus go mbeidh pleananna teagmhais cuí i bhfeidhm má theipeann ar na modhanna soláthair a bheidh ainmnithe<br>- go gcuirfear na deiseanna foghlama ar fáil d'fhoghlaimeoirí cláraithe chun an cáiliúchán a bhaint amach go rathúil, go n-áireofar sna cláir straitéisí chun foghlaim fhéinriartha a spreagadh agus go gcuirfear ar chumas na bhfoghlaimeoirí a bheith i gceannas ar a bhforbairt féin<br>- go mbeidh fáil agus rochtain ag foghlaimeoirí ar na hacmhainní go léir a theastaíonn le go mbeidh siad in ann clár a chríochnú<br>- go dtabharfar an deis d'fhoghlaimeoirí teagmháil thairbheach a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí chun críocha foghlama comhoibríche. Féadfaidh soláthar den sórt sin a bheith i bhfoirm fóraim phlé ar líne agus uirlisí comhoibrithe eile.<br><br>Cinnteoidh Gaelchultúr freisin go mbeidh próisis maidir le rochtain ar chláir agus dul chun cinn ar fáil agus oiriúnach don fheidhm i dtimpeallacht foghlama cumaisc agus foghlama ar líne. |

| | |
|---|---|
| | **Ionduchtú agus Oiliúint Foirne**<br>- Cinnteoidh Gaelchultúr go bhfaighidh baill foirne ábhartha ionduchtú agus oiliúint chuí maidir le hacmhainní foghlama cumaisc agus acmhainní foghlama ar líne a úsáid chun soláthar éifeachtach na gclár sin a chinntiú.<br>- Ionduchtóidh an Riarthóir Acadúil/Stiúrthóir Oideachais na léachtóirí/teagascóirí go léir a bheidh ag soláthar cláir foghlama chumaisc nó cláir foghlama ar líne, e.g. oiliúint ar conas ardáin físchomhdhála mar WebEx agus Zoom a úsáid agus conas ardán riomhfhoghlama Ghaelchultúir, ranganna.com, a úsáid.<br>- Soláthrófar treoirlínte mionsonraithe i scríbhinn maidir le hardáin físchomhdhála agus an t-ardán ríomhfhoghlama a úsáid do gach ball foirne a bheidh ag plé le cláir chumaisc agus le cláir ar líne. Cuimseofar sna treoirlínte seo gabhálacha scáileáin ina léireofar na treoracha go soiléir, céim ar chéim.<br>- Cuirfear tacaíocht theicniúil ar fáil freisin do léachtóirí/teagascóirí agus d'fhoghlaimeoirí araon le linn ranganna atá á soláthar ar líne.<br><br>**Faisnéis agus Tacaíocht don Fhoghlaimeoir**<br>- Gheobhaidh foghlaimeoirí ionchasacha míniú soiléir réalaíoch ar na hionchais a bheidh acu maidir le staidéar a dhéanamh don chlár. Áireofar leis seo míniú ar aon riachtanais TF agus riachtanais maidir le nasc leathanbhanda, cluasáin, ceamara gréasáin, etc.<br>- Cuirfear ionduchtú agus oiliúint riachtanach agus tacaíocht theicniúil leanúnach ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá ag tabhairt faoi chlár foghlama cumaisc/ar líne.<br>- Sula gcuirfear tús leis an gclár, cuirfidh an Riarthóir Acadúil/an Stiúrthóir Oideachais faisnéis ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi na riachtanais maidir le rochtain ar an timpeallacht foghlama ar líne, an trealamh a bheidh ag teastáil ó fhoghlaimeoirí chun páirt a ghlacadh i ranganna ar líne agus treoracha mionsonraithe maidir le conas rochtain a fháil ar an ardán foghlama ar líne.<br>- Tabharfar Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, ina mbeidh faisnéis thábhachtach a bhainfidh go sonrach lena chlár, do gach foghlaimeoir.<br>- Cuirfear tacaíocht acadúil, thréadach agus theicniúil atá cuí ar fáil do gach foghlaimeoir atá ag tabhairt faoi chlár foghlama cumaisc/ar líne agus tabharfar an fhaisnéis ábhartha ar fad ar leibhéal agus ar chineál na tacaíochta atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí. Beidh éagsúlacht tacaíochta ar fáil d'fhoghlaimeoirí, áfach, ag brath ar leibhéal agus ar fhad an chláir.<br>- I Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, cuirfear sonraí teagmhála ar fáil don riarthóir acadúil agus do bhaill foirne acadúla ábhartha ar féidir le foghlaimeoirí teagmháil a dhéanamh leo ar an ríomhphost nó ar an nguthán chun cúnamh nó aiseolas acadúil a fháil.<br>- Tabharfar amchlár d'fhoghlaimeoirí ina sonrófar dátaí agus amanna na ranganna ar líne agus spriocdhátaí na measúnuithe, agus gheobhaidh siad amchlár molta ina dtabharfar mionsonraí ar an am a bheidh le caitheamh ar staidéar neamhspleách ar acmhainní ar líne. |

| | |
|---|---|
| | - Tabharfar aiseolas rialta agus mionsonraithe d'fhoghlaimeoirí ar a gcuid oibre. Molfar d'fhoghlaimeoirí freisin teagmháil a dhéanamh leis an mball cuí den fhoireann acadúil má bhíonn ceisteanna acu faoi aiseolas nó imní orthu faoin dul chun cinn atá á dhéanamh acu.<br><br>**Measúnú**<br>- Cinnteoidh Gaelchultúr go gcloífear leis an ionracas acadúil céanna agus leis na caighdeáin acadúla chéanna i ngach clár foghlama cumaisc agus i ngach clár foghlama ar líne.<br>- Nuair is féidir, beidh modhanna measúnaithe le haghaidh cláir chumaisc agus cláir ar líne cosúil leis na modhanna a úsáidtear le haghaidh cláir eile. Má mheastar nach mbeadh na modhanna seo oiriúnach do chomhthéacs na foghlama cumaisc/ar líne, áfach, cuirfear modhanna measúnaithe in oiriúint dá réir.<br>- Agus modhanna agus critéir mheasúnaithe á ndearadh, cuirfidh an Bord Clár agus an Fhoireann Acadúil ceisteanna slándála maidir le hobair foghlaimeora a fhíordheimhniú san áireamh.<br>- Cuirfear foghlaimeoirí ar an eolas faoi bheartas Ghaelchultúir maidir le hionracas acadúil agus bradaíl. Tabharfar treoir maidir le conas bradaíl a sheachaint do gach foghlaimeoir i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí.<br>- I Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, leagfar amach go soiléir na critéir mheasúnaithe, na modhanna measúnaithe agus treoracha a bhaineann le measúnuithe a chur isteach.<br>- Cinnteoidh Gaelchultúr go bhfaighidh foghlaimeoirí atá cláraithe ar chláir foghlama cumaisc nó ar chláir foghlama ar líne an leibhéal céanna aiseolais mhionsonraithe i dtaca lena gcuid measúnuithe agus a fhaigheann siad siúd a bhíonn cláraithe ar gach clár eile. Cuirfear aiseolas foirmiúil in iúl d'fhoghlaimeoirí ar an ríomhphost ach is féidir le foghlaimeoirí cruinniú ar líne nó aghaidh ar aghaidh a eagrú chun aiseolas agus dul chun cinn a phlé.<br>- Cuirfear córais i bhfeidhm chun slándáil agus comhsheasmhacht na nósanna imeachta measúnaithe agus marcála a chinntiú. Sa chás go bhfuil scrúduithe scríofa mar chuid den mheasúnú do chlár foghlama cumaisc (e.g. sa DISA), déanfar cinnte go mbeidh an measúnú slán. Beidh scrúduithe scríofa ar siúl in ionaid scrúdaithe agus déanfaidh ball foirne de chuid Ghaelchultúir feitheoireacht orthu chun measúnú cóir comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí a chinntiú. Más measúnú ar líne é, tá socruithe againn maidir le measúnuithe ar líne trí úsáid córas físchomhdhála ar nós WebEx agus Zoom e.g. iarrfar ar fhoghlaimeoirí ceamara an ríomhaire a chur ar siúl agus an scáileán a roinnt leis na feitheoirí.<br>- Beidh na nósanna imeachta dochta céanna maidir le fíordheimhniú seachtrach/scrúdú seachtrach i gceist sna measúnuithe a chuirfear isteach mar chuid de chláir foghlama cumaisc agus cláir foghlama ar líne agus a dhéantar i gcás gach clár eile de chuid Ghaelchultúir. |

| | |
|---|---|
| | **Dul chun cinn an Fhoghlaimeora**<br>- Déanfaidh Gaelchultúr monatóireacht ar dhul chun cinn gach foghlaimeora atá cláraithe ar chláir foghlama cumaisc agus ar chláir foghlama ar líne, e.g. déanfar monatóireacht ar ghníomhaíocht ar líne, ar chur isteach tascanna, freastal ar ranganna – aghaidh ar aghaidh agus ar líne araon – agus rannpháirtíocht foghlaimeoirí i ranganna ar líne lena chinntiú go bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh ag an bhfoghlaimeoir chun torthaí foghlama an chláir a chomhlíonadh.<br>- Ceann de na feidhmeanna atá lenár n-ardán ríomhfhoghlama ranganna.com ná líon iomlán na n-uaireanta a chaitheann foghlaimeoir aonair ag plé le hacmhainní ar líne a rianú agus a thuairisciú.<br>- Beidh riachtanais éagsúla i gceist ó chlár go clár ó thaobh rannpháirtíocht foghlaimeoirí de, ag brath ar leibhéal agus ar fhad an chláir.<br>- Tabharfar mionsonraí ar riachtanais rannpháirtíochta na bhfoghlaimeoirí do gach clár i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí.<br>- I gcás cláir foghlama cumaisc (e.g. an DISA), beidh na riachtanais maidir le freastal i bpearsa mionsonraithe go soiléir i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí agus cuirfear dátaí agus amanna na ranganna ar fáil sula gcuirfear tús leis an gclár. Coinneofar taifead de fhreastal na bhfoghlaimeoirí i gcás ranganna aghaidh ar aghaidh, chomh maith lena bhfreastal ar ranganna ar líne. Déanfaidh an Riarthóir Acadúil/an Ceannaire Cláir teagmháil le foghlaimeoirí a chaillfidh níos mó ná dhá rang chun a dtinreamh a phlé.<br>- Coinneofar taifead maidir le freastal na bhfoghlaimeoirí a bheidh cláraithe ar chláir ar líne, amhail an TGG ar Líne, ina mbíonn ranganna sceidealaithe seachtainiúla ar ardán ar líne, e.g. WebEx nó Zoom. Déanfaidh an Riarthóir Acadúil/Ceannaire an Chláir teagmháil le foghlaimeoirí a chaillfidh níos mó ná dhá rang chun a dtinreamh a phlé. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**
Cinnteoidh Gaelchultúr go mbeidh gach clár foghlama cumaisc agus gach clár foghlama ar líne faoi réir na mbunphróiseas dearbhaithe cáilíochta atá mar bhonn agus mar thaca ag gach clár de chuid Ghaelchultúir, lena n-áirítear bailíochtú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach, agus athbhailíochtú tráthrialta. Cinnteoimid freisin go bhfuil próisis dearbhaithe cáilíochta, lena n-áirítear próisis mhonatóireachta agus athbhreithnithe, oiriúnach don fheidhm le haghaidh cláir foghlama chumaisc agus cláir foghlama ar líne. Chun cáilíocht eispéireas an fhoghlaimeora agus oiriúnacht modhanna soláthair agus measúnaithe cláir a chinntiú ar bhonn leanúnach, déanfaimid suirbhéanna aiseolais a dháileadh ar na foghlaimeoirí i lár agus ag deireadh gach seimeastair.

I gcás an chláir foghlama cumaisc atá ar leibhéal 9, an DISA, freastalóidh ionadaithe ranga thar ceann na bhfoghlaimeoirí ar chruinniú den Choiste Feabhsaithe Cáilíochta gach seimeastar chun aiseolas foghlaimeoirí a chur in iúl don Bhord Clár.

Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú ar an aiseolas ar fad ó fhoghlaimeoirí

a gheofar ag deireadh gach cláir agus tuairisceoidh sé ar ais chuig an mBord Clár. Pléifear aiseolas ó fhoghlaimeoirí freisin ag an gcruinniú dearbhaithe cáilíochta bliantúil agus bainfear úsáid as an aiseolas seo chun dea-chleachtas maidir le hábhar agus soláthar an chláir a chur i bhfeidhm sa todhchaí.

## 3.15 Monatóireacht agus Athbhreithniú

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfreastalaítear i gcónaí sna gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara go léir agus go ndéantar na gníomhaíochtaí sin a leasú de réir mar is gá. |
| **Freagrach as:** | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an POF, an Stiúrthóir Oideachais, Léachtóirí/Teagascóirí |
| **Nós imeachta:** | Déanfar na bearta seo a leanas mar chuid de phróiseas monatóireachta agus athbhreithnithe na gclár oideachais:<br><br>- Déanfaidh léachtóirí/teagascóirí monatóireacht ar chláir ó lá go lá agus spreagfar iad chun aon ábhar imní a chur in iúl don Cheannaire Cláir/don Stiúrthóir Oideachais.<br>- Déanfaidh an Bord Clár athbhreithniú ar an gclár gach bliain lena chinntiú go sainaithnítear laigí ar bith agus go gcuirtear pleananna i bhfeidhm lena bhfeabhsú.<br>- Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta anailís ar staitisticí foghlaimeoirí ag deireadh gach seimeastair, amhail gráid na bhfoghlaimeoirí, rátaí críochnúcháin, rátaí dul chun cinn, etc. le fáil amach an gá leasuithe ar bith a dhéanamh ar chláir nó ar mhodhanna soláthair/measúnaithe.<br>- Dáilfidh an Riarthóir Acadúil suirbhéanna aiseolais ar fhoghlaimeoirí agus ar léachtóirí/teagascóirí (i lár agus ag deireadh an tseimeastair). Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta an t-aiseolas seo a chomhthiomsú agus déanfaidh sí anailís air, agus úsáidfear é chun feabhas a chur ar chleachtas níos faide anonn.<br>- Spreagfar foghlaimeoirí freisin chun aon cheisteanna a chur in iúl don Institiúid de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn le linn na bliana. Beidh an t-aiseolas seo mar chuid den mhonatóireacht leanúnach a dhéanfar ar chláir agus déileálfar le ceisteanna de réir mar is cuí.<br>- Nuair a aithneofar laigí, is é ról an Oifigigh um Dhearbhú Cáilíochta a chinntiú go ndéanfar Plean Feabhsúcháin Cáilíochta a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.<br>- Beidh tionchar ag an aiseolas ón Scrúdaitheoir Seachtrach agus ón bhFíordheimhnitheoir Seachtrach ar phróisis mhonatóireachta agus athbhreithnithe na gclár oideachais agus oiliúna.<br>- Beidh deis ag baill foirne ag cruinnithe foirne a reáchtálfar go rialta ceisteanna mar gheall ar chlár a lua agus moltaí a dhéanamh. Féadfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta cruinnithe breise a eagrú chun a chinntiú go bpléifear an cheist go mion agus gur féidir leasuithe a dhéanamh ar bheartas nó ar nós imeachta.<br>- Cuirfear cláir faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin go tráthrialta lena n-athbhailíochtú lena chinntiú go mbeidh siad fós oiriúnach don fheidhm. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta, aiseolas ó pháirtithe leasmhara - suirbhéanna aiseolais ó fhoghlaimeoirí (A.5.14) agus ó bhaill foirne, tuarascálacha an Scrúdaitheora Sheachtraigh/an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh |

## 4. Earcaíocht, Bainistíocht agus Forbairt Foirne

Tuigeann Gaelchultúr an tábhacht a bhaineann le baill foirne ghairmiúla cháilithe a earcú chun a chinntiú go ndéanfaidh an Institiúid seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar. Beidh roghnú le haghaidh fostaíochta, ardú céime, oiliúna nó aon sochair eile bunaithe ar inniúlacht, cumas agus cáilíochtaí amháin. Cinnteoimid go mbeidh prionsabail ár mbeartas comhionannais agus ár gcuid beartas eile le feiceáil go soiléir sna cleachtais a bhaineann le hearcaíocht agus roghnú pearsanra, oiliúint agus forbairt, agus i dtéarmaí agus coinníollacha fostaíochta na mball foirne lánaimseartha agus páirtaimseartha chomh maith. Is é aidhm an bheartais seo cabhrú le teagascóirí agus le baill foirne barr a gcumais a bhaint amach ionas gur féidir buanna agus acmhainní na hInstitiúide a úsáid ina n-iomláine chun éifeachtúlacht na heagraíochta agus na seirbhísí a sholáthraímid a fheabhsú.

Le go mbainfear é seo amach, glacaimid orainn féin:

- an cleachtas is fearr a leanúint sa phróiseas earcaíochta foirne, i gcomhréir leis an reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta
- forbairt foirne a chur chun cinn agus tacú léi ar bhonn leanúnach
- oiliúint bhreise a chur ar bhaill foirne maidir le modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama de réir mar is cuí.

| **Beartas:** | EtBFFBn-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil córas earcaíochta ag Gaelchultúr atá trédhearcach agus cothrom chun an t-iarrthóir is fearr a cheapadh i bpost agus a chinntiú go bhfuil an córas seo ag teacht leis an reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le hearcú agus forbairt na mball foirne go léir a bhíonn ag plé le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna. | | |
| **Freagrach as:** | Tá an POF freagrach as meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le róil nua i gcomhair na ngníomhaíochtaí atá pleanáilte don am atá romhainn agus as tacaíocht agus deiseanna forbartha a sholáthar. | | |
| **Nós imeachta:** | Nuair a bhíonn baill foirne nua á n-earcú agus á roghnú, caitheann Gaelchultúr an-dua leis an bpróiseas sin le déanamh cinnte go bhfuil cur chuige i gceist a chinnteoidh go gceapfar daoine a bhfuil na cáilíochtaí agus na scileanna cuí acu. Tuigeann an Institiúid an tábhacht a bhaineann le ham agus dua a chaitheamh chun an duine cuí a aimsiú do gach post nua.<br><br>Tá cur chuige réamhghníomhach ag Gaelchultúr maidir le baill foirne riaracháin agus teagaisc araon a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla chun go gcuirfidh siad lena gcuid scileanna agus inniúlachtaí agus go mbeidh ar a gcumas comhoibriú le comhghleacaithe gairmiúla. Déantar gach iarracht rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí seo a éascú.<br><br>Is é misean Ghaelchultúir:<br><br>- Timpeallacht oibre a chothú a chuireann ar chumas na hInstitiúide fostaithe díograiseacha a mhealladh agus a choinneáil, agus a chabhraíonn leis na fostaithe sin forbairt. | | |


| | |
|---|---|
| | Timpeallacht oibre atá anseo a mheallann fostaithe atá tiomanta do spriocanna agus cuspóirí na hInstitiúide, agus atá ag iarraidh a bheith páirteach sna héachtaí a bhaintear amach san Institiúid ar bhonn leanúnach.<br>- Gach iarracht réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go mbainfidh an Institiúid amach an ceapachán is fearr is féidir i gcás post ar bith.<br>- Gach iarracht réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go gcaitear, agus go dtugtar le fios go gcaitear, le gach iarrthóir go cóir agus go cothrom.<br>- Gach iarracht réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear cleachtas comhsheasmhach i bhfeidhm i ngach réimse de bheartais agus de nósanna imeachta na hInstitiúide, go háirithe iad siúd a bhaineann le fostaithe oiriúnacha a earcú, a roghnú agus a choinneáil.<br>- Gach iarracht réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go gcomhlíonann an Institiúid a cuid freagrachtaí/riachtanas reachtúil, creidiúnaithe agus morálta.<br>- Gach iarracht réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear na beartais agus na nósanna imeachta i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh costais de. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | |

## 4.1 Earcaíocht

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | EtBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go n-earcaítear baill foirne a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí acu chun róil ainmnithe a chomhlíonadh. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach folúntas a thagann chun cinn i nGaelchultúr. | | |
| **Freagrach as:** | An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF), an Stiúrthóir Oideachais agus an Fhoireann Riaracháin | | |
| **Nós imeachta:** | A luaithe a aithnítear riachtanas earcaíochta agus a dhéantar post nua a fhaomhadh, tarlaíonn na nithe seo a leanas:<br><br>- Reáchtáiltear cruinniú bainistíochta chun an plean earcaíochta agus roghnúcháin a shocrú agus sonraí an phoist a ullmhú.<br>- Fógraítear an post ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide, ar ardáin de chuid na meán sóisialta agus sna meáin chlóite.<br>- Tugtar cuireadh d'iarratasóirí a n-iarratais a sheoladh chuig an an bhFoireann Riaracháin. Tugann siadsan freagra ar gach iarratasóir le tabhairt le fios go bhfuarthas a (h)iarratas agus leis an iarratasóir a chur ar an eolas faoin sceideal a bhfuiltear ag súil leis i gcás na gcéad chéimeanna eile sa phróiseas earcaíochta.<br>- Nuair a bhíonn an spriocdháta le haghaidh iarratas thart, cuireann an Fhoireann Riaracháin na hiarratais go léir le chéile agus cuireann siad ar fáil don phainéal earcaíochta iad.<br>- Déanann an painéal earcaíochta gach iarratas a scagadh de réir na gcritéar a bhíonn socraithe, i.e. sonraíocht an phoist agus sonraíocht an duine. Roghnaítear na hiarrthóirí is oiriúnaí le haghaidh agallaimh, socraítear sceideal na n-agallamh agus cuirtear an Fhoireann Riaracháin ar an eolas maidir leis seo.<br>- Cuireann an Fhoireann Riaracháin gach iarratasóir – iad siúd nach n-éiríonn leo dul go dtí an chéad chéim eile agus iad siúd a roghnaítear le haghaidh agallaimh – ar an eolas faoi chinneadh an phainéil earcaíochta agus faoin deis a bheidh acu aiseolas a fháil.<br>- Déanann an painéal earcaíochta na hagallaimh go léir agus tugann siad scór do gach iarrthóir. Más gá, féadtar babhta eile agallamh a reáchtáil.<br>- Nuair a roghnaítear iarrthóir leis an bhfolúntas a líonadh, seolann cathaoirleach an phainéil earcaíochta ríomhphoist chuig na hagallaithe ar fad agus cuireann sé in iúl dóibh go bhfuil cinneadh déanta maidir le ceapadh iarrthóra.<br>- Déantar teagmháil ar an nguthán le moltóirí an iarrthóra ar éirigh leis/léi.<br>- Déantar an post a thairiscint ó bhéal don iarrthóir ar éirigh leis/léi, faoi réir comhaontú ar théarmaí agus ar choinníollacha na fostaíochta.<br>- Nuair a bhíonn comhaontú déanta, eisítear conradh fostaíochta don fhostaí ionchasach, agus tugtar cóip dó/di de Lámhleabhar na Foirne agus de dhoiciméid ábhartha eile. | | |

| | |
|---|---|
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Sonraíocht Phoist (A.4.1), Fógraí (A.4.2), Nótaí Agallaimh (A.4.3), Bileoga Scórála (A.4.4), Ceisteanna Agallaimh (A.4.5), Sceideal Agallamh (A.4.6), Comhfhreagras - Ríomhphoist, Litreacha, etc. (A.4.7), Conradh Fostaíochta (A.4.8) |

*Léaráid 4A: Sreabhchairt Earcaíochta*



## 4.2 Cumarsáid san Institiúid

Tá bealaí inmheánacha cumarsáide ar ardchaighdeán forbartha ag Gaelchultúr agus tá béim láidir leagtha ar oscailteacht, trédhearcacht agus meas ar gach ball foirne. Is éard atá i gceist leis an gcumarsáid foirne ná tuairimí na mball foirne a bhailiú agus a chur le chéile ar bhonn tréimhsiúil chomh maith le baill foirne a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann lena róil, lena bhfreagrachtaí agus lena réimsí cláir. Tuigimid go bhféadfadh strus a bheith ar bhaill foirne mar gheall ar an gcineál oibre a dhéanaimid agus tá sé mar aidhm againn a chinntiú go gcuirtear tacaíocht chuí ar fáil do gach duine a bhíonn ag obair linn.

Déantar cumarsáid leis an bhfoireann agus déantar aiseolas a bhailiú ón bhfoireann go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil. Téann baill foirne i gcomhairle lena mbainisteoir ar an gcéad dul síos agus eagraíonn seisean/sise seisiúin faisnéise fhoirmiúla nó leathfhoirmiúla lena chinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoi na riachtanais atá leagtha síos sa Lámhleabhair Dearbhaithe Cáilíochta, faoi bheartais agus faisnéis ábhartha eile. Gach seachtain, reáchtáiltear cruinniú pleanála ina bpléitear cruinnithe agus imeachtaí atá an-tábhachtach lena chinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoin obair a chaithfear a dhéanamh an tseachtain áirithe sin. Éascaítear cumarsáid fhoirmiúil freisin trí bhoird agus choistí na hInstitiúide.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>CdIBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go roinntear faisnéis leis an bhfoireann maidir leis na réimsí de chláir a mbíonn siad ag plé leo, go mbailítear tuairimí na foirne trí fhéinmhonatóireacht inmheánach agus trí phróisis athbhreithnithe cláir, ar bhonn tréimhsiúil agus ar bhonn leanúnach, agus go gcuirtear na tuairimí sin san áireamh i gcónaí.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Gach ball foirne i nGaelchultúr, léachtóirí/teagascóirí</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Riarthóir Acadúil, an POF, an Stiúrthóir Oideachais</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Déanann foireann Ghaelchultúir cumarsáid gach lá ar an nguthán, ar an ríomhphost, trí theachtaireachtaí meandracha, aghaidh ar aghaidh agus uaireanta trí ardán físchomhdhála (Zoom, cuir i gcás). Anseo thíos, tá faisnéis le fáil maidir le bealaí eile atá ag an Institiúid chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.<br><br>Ionduchtú (baill foirne lánaimseartha)<br>Bíonn ionduchtú i gceist i gcás gach ball foirne lánaimseartha nua agus bíonn céimeanna éagsúla i gceist sa phróiseas seo. Baintear úsáid as Seicliosta ionduchtaithe (féach Aguisín 3) chun a chinntiú go ndírítear ar na nithe tábhachtacha ar fad san ionduchtú agus nach ndéantar faillí in aon rud tábhachtach.<br><br>Lá 1<br>- Taispeántar don fhostaí cá mbeidh sé/sí ag obair.<br>- Cuirtear na fostaithe eile in aithne dó/di.<br>- Taispeántar an foirgneamh agus na háiseanna dó/di.<br>- Faightear sonraí agus doiciméid thábhachtacha ón bhfostaí, e.g. P45, Uimhir RSI, sonraí bainc.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | - Tugtar cóip de Lámhleabhar na Foirne agus den Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta dó/di agus tarraingítear a (h)aird ar na beartais is tábhachtaí atá luaite iontu.<br><br>*Seachtain 1*<br>- Mínítear ról gach ball foirne de chuid Ghaelchultúir don fhostaí agus tugtar forléargas dó/di ar obair agus ar chórais na hInstitiúide.<br>- Tugtar cur síos ar chúlra agus ar stair na hInstitiúide agus eolas maidir le pleananna agus forbairtí a dhéanfar sa todhchaí.<br>- Tugtar eolas don fhostaí faon bpost, an bhaint atá aige leis na poist eile san eagraíocht agus cleachtais oibre.<br>- Pléitear deiseanna forbartha dó/di agus mínítear an t-athbhreithniú feidhmíochta bliantúil dó/di.<br>- Cuirtear oiliúint air/uirthi maidir le hábhar nua a uaslódáil ar ranganna.com agus le heagarthóireacht a dhéanamh ar ábhar atá ar an suíomh ríomhfhoghlama sin cheana féin.<br>- Pléitear an conradh fostaíochta leis/léi le déanamh cinnte go dtuigeann sé/sí gach mír atá le fáil ann, e.g. uaireanta oibre, sosanna, saoire, cathain a íoctar fostaithe, cúrsaí pinsin, tréimhsí fógra, saoire mháithreachais/atharthachta.<br>- Tugtar eolas dó/di faoin tréimhse phromhaidh.<br>- Mínítear dó/di na rialacha atá ann maidir le cúrsaí smachta, neamhláithreacht, gearáin, úsáid an idirlín, etc.<br><br>*An chéad mhí*<br>Ag druidim le deireadh tréimhse ceithre seachtaine, bíonn cruinniú neamhfhoirmiúil ag an bhfostaí nua leis an POF chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil sé/sí ag dul in oiriúint dá ról, agus chun plé a dhéanamh ar aon riachtanais oiliúna.<br><br>*Trí mhí*<br>- Déantar athbhreithniú leis an POF ar an gcaoi a bhfuil an fostaí nua ag socrú isteach agus ag feidhmiú.<br>- Bíonn deis ann freisin riachtanais forbartha a chur in iúl, scálaí ama a leagan síos chun iad a bhaint amach agus spriocanna oibre a leasú más gá.<br><br>*Sé mhí*<br>- Má tá an fostaí nua ar promhadh, ní mór cinneadh a dhéanamh faoi cé acu a mbeidh sé/sí ag fanacht nó ag imeacht.<br>- Má tá sé/sí ag fanacht, breathnaíonn an POF ar na sé mhí ina dhiaidh sin, ar aon chuspóirí oibre nua, agus ar aon riachtanais taithí, oiliúna nó cóitseála.<br><br>**Ionduchtú (léachtóirí/teagascóirí)**<br>- Iarrtar ar na teagascóirí ar fad atá ar an bpainéal agus atá i mBaile Átha Cliath freastal ar sheisiún oiliúna roimh thús gach téarma. Tugann an Stiúrthóir Oideachais ceardlann oiliúna do theagascóirí na ranganna oíche agus an Teastais sa Ghaeilge Ghairmiúil. |

- Is féidir le teagascóirí nach bhfuil ag cur fúthu i mBaile Átha Cliath páirt a ghlacadh san ionduchtú ar WebEx agus seoltar cóip dhigiteach d’ábhar an ionduchtaithe chuig na teagascóirí sin.
- Iarrtar ar na teagascóirí Lámhleabhar na dTeagascóirí agus Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí a léamh ina n-iomláine i ndiaidh an ionduchtúcháin.
- Cuireann an Riarthóir Acadúil oiliúint ionduchtúcháin ar gach teagascóir a bheidh ag plé leis na cláir a bhfuil foghlaim chumaisc nó foghlaim ar líne i gceist iontu. Is éard atá i gceist san oiliúint seo ná oiliúint maidir le húsáid bogearraí físchomhdhála, dála WebEx agus Zoom, agus úsáid suíomh ríomhfhoghlama Ghaelchultúir, ranganna.com.

**Cruinnithe foirne**

- Freastalaíonn baill foirne ar chruinniú pleanála seachtainiúil a eagraíonn an POF, agus a mbíonn sí mar chathaoirleach air freisin. Cuireann an POF clár oibre an chruinnithe le chéile le hionchur ón bhfoireann.
- Sna cruinnithe seo, pléitear saincheisteanna suntasacha na seachtaine, na míosa agus na bliana atá le teacht, a bhaineann le cúrsaí tráchtála agus acadúla araon. Bíonn deis ag gach ball foirne labhairt le linn na gcruinnithe seo. Lorgaíonn an POF tuairimí na foirne maidir le hábhair éagsúla agus déanann sí nóta de na cinntí a rinneadh agus ansin seoltar miontuairiscí an chruinnithe chuig na baill foirne.
- Is minic a chinntear ag na cruinnithe pleanála gur chóir fochoiste a bhunú chun sonraí tionscadal éagsúil a phlé, lena n-áirítear cláir na gcúrsaí. Bíonn cruinniú ag na fochoistí nuair is gá agus coinnítear taifead de thorthaí na gcruinnithe seo.

**Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta**


- Cuireann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta an fhoireann ar an eolas trí ríomhphost nó ag an gcruinniú pleanála seachtainiúil maidir le haon athruithe a dhéantar ar an Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta. Cuirtear an leagan leasaithe den lámhleabhar ar fáil don fhoireann go léir.
- Tugtar deis do gach ball foirne na hathruithe a phlé agus aiseolas a chur ar fáil ar an ríomhphost agus ag na cruinnithe pleanála foirne.

**Lámhleabhar na Foirne**

- Foilsítear beartais uile Ghaelchultúir ag baint le cúrsaí foirne i Lámhleabhar na Foirne agus bíonn cóip chrua agus cóip dhigiteach den fhoilseachán sin ag gach ball foirne.
- Déanann an POF an Lámhleabhar a nuashonrú nuair a thagann aon bheartas nua chun cinn agus cuireann sí an fhoireann ar an eolas faoin leasú seo trí ríomhphost agus/nó ag an gcruinniú pleanála seachtainiúil.

| | |
|---|---|
| | **Freastalaí na hInstitiúide/seoltaí ríomhphoist/féilire**<br>- Tá rochtain ag baill foirne bhuana Ghaelchultúir ar thiomántán comhroinnte ar fhreastalaí Ghaelchultúir ar a stóráiltear gach comhad a bhaineann leis an Institiúid, rud a fhágann go bhfuil rochtain láithreach ag an bhfoireann uile ar aon chomhad a nuashonraítear. Is bealach éifeachtach é seo chun faisnéis a roinnt go tapa.<br>- Ní úsáideann na baill foirne bhuana ach seoltaí oibre (@gaelchultur.com) agus tá na seoltaí seo go léir cláraithe ar fhéilire oscailte na hInstitiúide.<br>- Cuirtear eolas faoi gach cruinniú agus faoi gach imeacht tábhachtach eile ar an bhféilire oscailte agus is bealach an-áisiúil agus an-éifeachtach é seo chun faisnéis a roinnt agus chun daoine a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil á dhéanamh ag an Institiúid. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Seicliosta Ionduchtaithe (A.4.10) , Ríomhphoist, Cláir Oibre agus Miontuairiscí Cruinnithe (A.4.12) |

### *Léaráid 4B: Bainistíocht Foirne agus Cumarsáid*



## 4.3 Bainistíocht agus Forbairt Foirne

Is mian le Gaelchultúr i gcónaí a dhícheall a dhéanamh freastal ar riachtanais forbartha na foirne agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil dóibh. Féachaimid leis na riachtanais sin a aithint, tosaíochtaí a leagan síos agus an oiliúint chuí ar a chur ar fáil.

Ag an gcruinniú athbhreithnithe feidhmíochta a eagraítear do na baill foirne ar fad i mí Dheireadh Fómhair gach bliain, déanann an POF (mar aon leis an Stiúrthóir Oideachais i gcásanna áirithe) plé ar na riachtanais oiliúna atá acu. Ag an gcruinniú sin chomh maith, déantar athbhreithniú ar na himeachtaí le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar ghlac siad páirt iontu sa bhliain roimhe sin agus plé ar na cinn a mbeidh siad páirteach iontu sa bhliain ina dhiaidh sin. Coinníonn an POF na taifid riachtanacha go léir, lena n-áirítear cóipeanna de theastais, faisnéis faoi chúrsaí oiliúna agus ábhair oiliúna ábhartha eile, mar aon le fíorúchán ar an oiliúint ar freastalaíodh uirthi. Is ar an POF atá an fhreagracht an maoiniú a sholáthar chun gur féidir oiliúint agus deiseanna forbartha a chur ar fáil don fhoireann.


<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>BtFFBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go bhfuil córas doiciméadaithe i bhfeidhm chun baill foirne a bhainistiú agus chun riachtanais oiliúna, forbartha agus tacaíochta na mball foirne a aithint. Tá an POF freagrach as cláir oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don fhoireann uile. Déantar riachtanais oiliúna aonair a shainaithint mar chuid den Phróiseas Athbhreithnithe Bliantúil nó de réir mar is gá.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo le gach ball foirne.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An POF, an Riarthóir Acadúil</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Tá cur chuige córasach i bhfeidhm ag Gaelchultúr i dtaca le forbairt foirne agus tá monatóireacht agus meastóireacht chórasach ar ghníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna mar bhonn agus mar thaca leis.<br><br>Tá sé mar chuspóir leis an nós imeachta seo oscailteacht agus idirghníomhaíocht a chothú idir an lucht bainistíochta agus an fhoireann, trí chumarsáid rialta agus fhiúntach a spreagadh.<br><br>Ionduchtú<br>- Cuirtear ionduchtú ar fáil d’fhostaithe lánaimseartha nua agus do léachtóirí/teagascóirí.<br>- Cuirtear béim láidir le linn na tréimhse seo ar riachtanais oiliúna agus forbartha an fhostaí nua a aithint agus freastal orthu. (féach 4.2 thuas).<br><br>Tréimhse phromhaidh<br>- Bíonn promhadh sé mhí i gceist i gcás gach ball foirne nuafhostaithe ón dáta a thosaíonn sé/sí.<br>- Cuirtear béim láidir le linn na tréimhse seo ar riachtanais oiliúna agus forbartha an fhostaí nua a aithint agus freastal orthu.<br>- I gcás na mball foirne ar conradh a bhíonn ag múineadh leis an Institiúid, déantar monatóireacht orthu sna chéad trí chlár a mbíonn baint acu leo.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | **Cruinnithe foirmiúla**<br>- Ag na cruinnithe foirmiúla pleanála a bhíonn ar siúl gach seachtain, déantar plé ar riachtanais oiliúna agus foirmiúla na foirne agus cuirtear ar an eolas iad chomh maith faoi dheiseanna oiliúna atá ag teacht chun cinn (féach 4.2 thuas).<br><br>**Plé agus aiseolas neamhfhoirmiúil**<br>- Bíonn plé agus aiseolas neamhfhoirmiúil i gceist go leanúnach san Institiúid.<br>- Buaileann an POF le baill foirne go neamhfhoirmiúil chun plé a dhéanamh agus aiseolas a fháil. Tarlaíonn na nithe seo a leanas:<br>• Déantar plé ar an dul chun cinn i dtaobh spriocanna bliantúla a leagadh amach sa phlean reatha, lena n-áirítear spriocanna oibre agus forbartha.<br>• Déantar plé ar aon tacaíocht a theastaíonn ó bhaill foirne d'fhonn na spriocanna sonraithe a bhaint amach.<br>• Nuair is ábhartha, déantar plé ar spriocanna nuashonraithe agus déantar nóta díobh.<br>• Tar éis na cainte/na gcainteanna, déantar nóta d'aon athruithe sa phlean feidhmíochta, lena n-áirítear an chúis atá leis na hathruithe comhaontaithe, agus cuirtear ar bhonn foirmiúil iad le linn an chéad chruinnithe athbhreithnithe feidhmíochta eile.<br><br>**Athbhreithniú Feidhmíochta bliantúil (baill foirne lánaimseartha)**<br>- Eagraítear athbhreithniú feidhmíochta i mí Dheireadh Fómhair gach bliain i gcás gach fostaí lánaimseartha de chuid na hInstitiúide. Bíonn athbhreithniú níos teoranta i gceist i mí Iúil chomh maith.<br>- Is í an POF a eagraíonn na hathbhreithnithe seo agus a reáchtálann iad. Cabhraíonn an Stiúrthóir Oideachais léi i gcás fostaithe atá ar an bhFoireann Acadúil.<br>- Comhoibriú idir an ball foirne agus an POF (agus an Stiúrthóir Oideachais i gcásanna áirithe) a bhíonn sa phróiseas athbhreithnithe.<br>- Cuirtear cóip den fhoirm dar teideal 'Foirm don Athbhreithniú Feidhmíochta Bliantúil' (féach Aguisín 4) chuig na baill foirne roimh ré agus iarrtar orthu í chomhlánú agus a chur ais chuig an POF roimh an gcruinniú athbhreithnithe.<br>- Déantar an plé sa chruinniú féin a bhunú ar na freagraí a thugann an fostaí ar na ceisteanna atá luaite ar an bhfoirm.<br>- Seo iad na nithe éagsúla a tharlaíonn sa chruinniú:<br>• Iarrtar ar an bhfostaí labhairt faoin mbliain atá imithe agus tagairt a dhéanamh do nithe a bhfuil sé/sí bródúil astu agus nithe a dhéanfadh sé/sí ar bhealach difriúil.<br>• Iarrtar ar an bhfostaí a láidreachtaí agus laigí a lua, mar aon le deiseanna atá ann dó/di agus bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dó/di féin agus don Institiúid.<br>• Iarrtar ar an bhfostaí achoimre a thabhairt ar na spriocanna agus na cuspóirí a leagadh amach dó/di an bhliain roimhe sin, |

| | |
|---|---|
| | agus a rá cé acu ar bhain sé/sí amach na cuspóirí sin nó nár bhain.<br>• Tugtar deis don fhostaí ansin labhairt faoi na scileanna/inniúlachtaí ar éirigh leis/léi forbairt a dhéanamh orthu sa bhliain roimhe sin agus cur síos a thabhairt ar an bhforbairt is mian leis/léi a dhéanamh sa bhliain atá le teacht. Bíonn deis ann freisin labhairt faoi na riachtanais oiliúna atá aige/aici i gcomhthéacs a róil féin san Institiúid.<br>• Déantar plé ansin ar na cuspóirí atá ag an bhfostaí don bhliain atá le teacht, i.e. na cinn a luaigh sé/sí san Fhoirm don Athbhreithniú Feidhmíochta Bliantúil. Déantar spriocdháta a lua le gach cuspóir.<br>• Tugann an POF (agus an Stiúrthóir Oideachais, nuair a bhíonn sé i láthair) aiseolas don fhostaí maidir lena f(h)eidhmíocht sa bhliain atá imithe agus moltaí maidir le dul i ngleic le deacrachtaí ar bith a bhí i gceist.<br>• Tugtar deis don fhostaí aiseolas a thabhairt ansin agus plé a dhéanamh ar dhúshláin ar bith eile a bhí i gceist sa bhliain roimhe sin.<br>- Déantar an Fhoirm don Athbhreithniú Feidhmíochta Bliantúil a leasú tar éis an chruinnithe, ansin síníonn an POF agus an fostaí é.<br>- Bíonn an méid atá luaite san fhoirm mar phlean forbartha feidhmíochta don fhostaí sa bhliain atá le teacht.<br>- Coinníonn an POF/an Stiúrthóir Oideachais agus an ball foirne cóip de phlean feidhmíochta an bhaill foirne don chéad chruinniú athbhreithnithe feidhmíochta eile.<br><br>**Breathnóireacht (léachtóirí/teagascóirí)**<br>- I gcás léachtóirí/teagascóirí a bhfuil taithí acu ar chúrsaí de chuid na hInstitiúide a mhúineadh, tá sé de cheart ag an Stiúrthóir Oideachais freastal ar rang nó léacht ar bith dá gcuid le breathnóireacht a dhéanamh de réir mar is cuí.<br>- Maidir le teagascóirí nua, cuireann an Stiúrthóir Oideachais tacaíocht nó breathnóireacht ar fáil nuair a dhéantar clár a thairiscint den chéad uair. Más gá, déantar tuilleadh breathnóireachta le linn an chéad dá mhí dhéag eile. Féadtar an bhreathnóireacht seo a sholáthar trí thacaíocht ó phiaraí.<br>- Cuireann an Stiúrthóir Oideachais aiseolas cuiditheach ar fáil ó bhéal do theagascóirí tar éis gach breathnú agus déanann sé na breathnuithe a dhoiciméadú.<br>- Má bhíonn aon ghnéithe den obair le feabhsú, iarrtar ar an teagascóir aghaidh a thabhairt orthu láithreach bonn agus cuirtear an tacaíocht chuí ar fáil dó/di.<br>- Nuair is gá agus nuair a iarrtar iad, cuirtear deiseanna breise ar fáil le haghaidh oiliúna agus/nó FGL.<br>- Coinnítear foirmeacha breathnóireachta chun críocha monatóireachta agus athbhreithnithe.<br><br>**Oiliúint do léachtóirí/teagascóirí**<br>- Tugann an Stiúrthóir Oideachais ceardlann oiliúna do léachtóirí/teagascóirí roimh thús gach téarma. |

| | |
|---|---|
| | - Le linn na ceardlainne seo, cuirtear na rannpháirtithe ar an eolas go minic faoin taighde atá á dhéanamh i réimse na stíleanna oideolaíochta agus maidir leis an gcleachtas éifeachtach náisiúnta agus idirnáisiúnta sa réimse seo. Tá an taighde agus an cleachtas seo mar bhonn leis na hacmhainní agus an cur chuige teagaisc a úsáidtear sna cúrsaí éagsúla a chuireann an Institiúid ar fáil.<br>- Déantar plé chomh maith ar an taighde is nuaí i réimse an tsealbhaithe teanga agus ar na himpleachtaí atá ag baint leis seo.<br>- Léirítear do na rannpháirtithe conas an clár bán idirghníomhach a úsáid go héifeachtach agus conas múineadh do na foghlaimeoirí an tslí leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní éagsúla Gaeilge ar líne, e.g. teanglann.ie agus focloir.ie. Bíonn deis ag na léachtóirí/teagascóirí na smaointe atá acusan féin a roinnt leis an ngrúpa chomh maith.<br>Cuireann an Stiúrthóir Oideachais (le cuidiú ón Riarthóir Acadúil) oiliúint ionduchtúcháin ar gach léachtóir/teagascóir a bhíonn ag plé leis na cláir a mbíonn foghlaim chumaisc nó foghlaim ar líne i gceist iontu. Is éard atá i gceist san oiliúint seo ná oiliúint maidir le húsáid bogearraí físchomhdhála, dála WebEx agus Zoom, agus úsáid suíomh ríomhfhoghlama Ghaelchultúir, ranganna.com.<br>- Déanann an Stiúrthóir Oideachais breathnóireacht ar ranganna le léachtóirí/teagascóirí nua de réir mar is cuí, le haiseolas a chur ar fáil dóibh.<br>- Bíonn an POF, an Riarthóir Acadúil agus an Stiúrthóir Oideachais i dteagmháil go rialta ar an ríomhphost le fochonraitheoirí na hInstitiúide nuair is iomchuí le heolas a scaipeadh orthu, e.g. mar gheall ar sheimineáir agus comhdhálacha.<br>- Má thugtar le fios in aiseolas na bhfoghlaimeoirí nach bhfuil teagascóir/léachtóir ar bith ag cloí le cur chuige teagaisc na hInstitiúide, déanann an Stiúrthóir Oideachais an cheist a phlé leis an teagascóir/léachtóir ábhartha le teacht ar réiteach.<br>- Cuireann an Stiúrthóir Oideachais oiliúint chuimsitheach ar scrúdaitheoirí inmheánacha nua maidir le béaltrialacha an TGG sula mbíonn baint acu leis an bpróiseas scrúdaithe.<br><br>**Tacaíocht do léachtóirí/teagascóirí nua**<br>- Cuireann an Stiúrthóir Oideachais oiliúint ionduchtúcháin ar gach léachtóir/teagascóir nua.<br>- Pléann sé na codanna is tábhachtaí de Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí leis an duine le linn an tseisiúin seo, e.g. eolas maidir le cúrsaí comhionannais agus éagsúlachta.<br>- Tugtar eolas don léachtóir/teagascóir chomh maith maidir le beartas teagaisc agus foghlama Ghaelchultúir agus faoi éiteas na hInstitiúide. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Seicliosta Ionduchtaithe (A.4.10), Taifead Cruinnithe (A.4.12), Conradh Fostaíochta (A.4.8), an Fhoirm don Athbhreithniú Feidhmíochta Bliantúil (A.4.11) |

*Léaráid 4C: Cáilíocht a Dhearbhú & Feidhmíocht Teagascóirí a Bhainistiú*



## 4.4 Cód iompair don Fhoireann

**Uimhir Thagartha Bheartais:** CdIFBs-01

Tá an chomhghleacaíocht, an fhreagrúlacht, lárnacht an duine, an iontaofacht agus an ionchuimsitheacht i measc luachanna lárnacha na hInstitiúide, agus is ar an mbonn sin a fheidhmíonn an Institiúid. Laistigh den chreat sin, déantar na rudaí seo a leanas a chinntiú, más indéanta:

- go n-aithníonn an Institiúid agus go dtacaíonn sí leis na cearta atá ag foghlaimeoirí, teagascóirí agus baill foirne, lena n-áirítear an ceart leis an tsaoirse smaointeoireachta a léiriú, agus an ceart bheith ag obair in áit a bhfuil meas, dínit agus saoirse ó aon chineál idirdhealaithe mar chuid den éiteas.
- go n-aithníonn an Institiúid gur ceart bunúsach é an oideachas a bhfuil freagrachtaí ag baint leis.

Forbraíodh cód iompair d'fhoireann Ghaelchultúir chun a chinntiú nach dtiocfadh cleachtais mhí-eiticiúla chun cinn san Institiúid agus chun nach nglacfaí le cleachtais mhí-eiticiúla. Cuireann an cód iompair le feidhmiú ghníomhaíochtaí uile na hInstitiúide i ndáil leis na caighdeáin bhainistíochta, dhlíthiúla agus eiticiúla atá i bhfeidhm. Dearadh Cód Iompair na hInstitiúide chun an cleachtas is fearr maidir le rialachas corparáideach agus bainisteoireacht a chur san áireamh mar aon leis na ceanglais dhlíthiúla de réir na n-achtanna seo a leanas:

- an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012
- an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (agus gach leasú ábhartha).

Baineann an cód iompair seo leis na baill foirne go léir a dhéanann gníomhaíochtaí thar ceann Ghaelchultúir agus tá sé de dhualgas ar gach fostaí eolas a chur air.

Ba cheart an cód seo a léamh i dteannta na nósanna imeachta araíonachta, na nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus an chonartha fostaíochta.

Bítear ag súil i gcónaí ó bhaill foirne agus ionadaithe:

- go gcaithfidh siad go measúil agus go béasach le foghlaimeoirí, le fostaithe eile agus le páirtithe leasmhara eile a bhfuil baint acu leis an Institiúid
- go gcloífidh siad le ceanglais nó treoracha réasúnacha a thugann an lucht bainistíochta
- go gcuirfidh siad eolas ar gach beartas agus gach nós imeachta agus go gcloífidh siad leo
- go gcomhlíonfaidh siad a gcuid dualgas go hionraic, go cúramach agus go dúthrachtach
- go gcothóidh siad agus go gcosnóidh siad dea-cháil Ghaelchultúir
- go gcaomhnóidh siad rúndacht na faisnéise ar fad agus go gcloífidh siad le rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)
- go ndéanfaidh siad forbairt leanúnach ar éifeachtúlacht a gcuid oibre, trí dheiseanna a thapú páirt a ghlacadh in FGL
- nach n-iompróidh siad iad féin ar bhealach atá idirdhealaitheach i leith daoine aonair nó grúpaí ar chúiseanna inscne, míchumais, aoise, reiligiúin, stádas teaghlaigh, cine, stádas sibhialta, claonadh gnéis nó ballraíocht sa Lucht Taistil
- go nglacfaidh siad bearta réasúnta chun sláinte, sábháilteacht agus leas fostaithe, foghlaimeoirí agus úsáideoirí seirbhíse eile a chinntiú, a leas féin san áireamh
- go seachnóidh siad teagmháil fhisiciúil mhíchuí ach amháin i gcás éigeandála
- go ngléasfaidh siad iad féin ar bhealach atá oiriúnach dá bpoist agus dá ndualgais

- nach mbeidh siad as láthair ón obair ach amháin nuair a bheidh cead acu nó nuair a bheidh siad tinn agus go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas faoi seo gan mhoill
- go mbeidh siad poncúil chun meas a léiriú ar dhaoine eile agus chun an úsáid is fearr a bhaint as an am oibre
- go staonfaidh siad ó chaint mhaslach
- nach bhfreastalóidh siad ar an obair ná nach gcomhlíonfaidh siad a gcuid dualgas agus iad faoi thionchar alcóil, drugaí mídhleathacha nó substaintí eile a d'fhágfadh nach mbeidís in ann iad chomhlíonadh go hinniúil.

Tá beartais agus nósanna imeachta eile luaite i Lámhleabhar na Foirne a bhaineann le hiompar san ionad oibre. I measc na nithe a ndírítear orthu sa chuid sin den Lámhleabhar tá:

- beartas frithchiaptha agus frithchiaptha gnéasach
- beartas frithbhulaíochta
- nósanna imeachta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla

## 4.5 Monatóireacht agus Athbhreithniú

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna ag freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara |
| **Freagrach as:** | An POF, an Riarthóir Acadúil, an Stiúrthóir Oideachais |
| **Nós imeachta:** | Beidh feidhm ag na riachtanais mhonatóireachta agus tuairiscithe seo a leanas:<br><br>- Beidh an POF, an Riarthóir Acadúil agus an Stiúrthóir Oideachais freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí ó lá go lá.<br>- Déanfaidh an lucht bainistíochta monatóireacht ar na rudaí seo a leanas:<br>• foirmeacha aiseolais ó fhoghlaimeoirí, pearsanra agus páirtithe leasmhara eile<br>• taifid ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach<br>• rátáil traenálaithe agus cúrsaí<br>• tuarascálacha inmheánacha le haghaidh fíoraithe agus tuarascálacha seachtracha le haghaidh fíordheimhnithe<br>• aiseolas ón bpearsanra maidir le haon imeachtaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) ar freastalaíodh orthu<br>• aon ghníomhartha maidir le feabhsúchán cáilíochta a shainaithnítear ón aiseolas.<br>- Tabharfaidh cruinnithe a reáchtálfar go rialta deis do na fostaithe ar fad aird a tharraingt ar aon cheisteanna maidir le cúrsaí agus moltaí a dhéanamh don POF, don Stiúrthóir Oideachais agus don Riarthóir Acadúil le haghaidh nuashonruithe nó leasuithe.<br>- Déanfaidh an lucht bainistíochta athbhreithniú bliantúil ar thorthaí na ngníomhaíochtaí monatóireachta agus cuirfear aon fheabhsuithe riachtanacha i bhfeidhm.<br>- Déanfaidh an foghrúpa ábhartha agus an Bord Stiúrtha athbhreithniú ar bheartais gach trí bliana, nó níos luaithe más gá.<br>- Déanfaidh an Fhoireann Acadúil nósanna imeachta a athbhreithniú gach bliain nó níos luaithe, más gá. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Taifead ar Chruinnithe (A.4.12) |

# 5. Teagasc agus Foghlaim

## 5.1 Beartas Teagaisc agus Foghlama

Ó bunaíodh Gaelchultúr mar ionad teagaisc agus foghlama in 2005, tá iarracht déanta i gcónaí ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann ár straitéisí teagaisc agus foghlama a fhorbairt agus a leathnú chun cur go mór le heispéiris oideachasúla ár gcuid foghlaimeoirí. Tá an t-ádh ar Ghaelchultúr go bhfuil foireann teagaisc ardoilte aige ó chineálacha éagsúla cúlra agus disciplíní oideachais. Mar thoradh air seo tá cur chuige an-saibhir agus éagsúil againn i dtaca le teagasc agus foghlaim. Tá a stíl uathúil féin ag gach léachtóir/teagascóir agus uirlisí éagsúla teagaisc agus foghlama a mheasann siad a bheith éifeachtach. Is é aidhm an bheartais seo an t-eolas agus na samplaí den dea-chleachtas seo a chur le chéile in áit amháin ionas go bhfeicfidh baill foirne na rudaí a mheasann daoine eile a bheith éifeachtach, rud a fhágfaidh, b'fhéidir, go nglacfaidh siad le roinnt modhanna nua agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm iad ina gcleachtas féin.

Is cuid de mhisean Ghaelchultúir féachaint le forbairt an duine iomláin a spreagadh agus a chur chun cinn. Cuid ríthábhachtach den phróiseas seo is ea teagasc agus foghlaim éifeachtach. Déanaimid iarracht ní hamháin cuidiú le foghlaimeoirí an t-eolas agus na scileanna a shealbhú atá ag teastáil chun dul chun cinn a dhéanamh san ardoideachas agus/nó chun fostaíocht a bhaint amach, ach lena chois sin féachaimid le cuidiú le foghlaimeoirí a n-inniúlachtaí agus a mbuanna féin a aithint agus muinín a fhorbairt iontu chun gur féidir leo a gcuid foghlama féin a chur chun cinn.


Tá Gaelchultúr tiomanta do mheasúnú cothrom comhsheasmhach i gcás gach foghlaimeoir a fhreastalaíonn ar chúrsaí inár nInstitiúid agus modheolaíochtaí éagsúla a úsáid a oireann go sonrach d'ábhar ár gcúrsaí agus ár gcuid clár. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil tionchar ag teoiricí atá ann cheana agus ag teoiricí atá ag teacht chun cinn ar ár gcláir, go bhfuil ár n-oiliúnóirí an-inniúil agus cruthaitheach ina gcuid teagaisc, agus go gcuidítear lenár bhfoghlaimeoirí barr a gcumas a bhaint amach agus a gcuid foghlama a léiriú.

Soláthraíonn Gaelchultúr faisnéis chruinn atá cothrom le dáta maidir le gach clár foghlama agus cuireann sé ar fáil bealaí rochtana éifeachtacha d'fhoghlaimeoirí le haistriú idir cláir, nó le dul ar aghaidh chuig cláir eile sa réimse cleachtais.

| **Beartas:** | TcFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Beartas na hInstitiúide maidir le teagasc agus foghlaim a leagan amach agus doiciméadú a dhéanamh ar na bunphrionsabail atá mar bhonn agus mar thaca le seachadadh clár acadúil ardcháilíochta san Institiúid. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach clár agus leis an bhfoireann, na léachtóirí/teagascóirí go léir agus na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna. | | |
| **Freagrach as:** | Tá an Fhoireann Acadúil freagrach as na hacmhainní a sholáthar chun timpeallacht teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán a chinntiú don fhoireann agus do na foghlaimeoirí. Tá an Riarthóir Acadúil freagrach as acmhainní a chur ar fáil ó lá go lá do ghníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna. Tá na léachtóirí/teagascóirí freagrach as timpeallacht a chruthú do na foghlaimeoirí a chuideoidh leo barr a gcumas a bhaint amach. | | |
| **Nós imeachta:** | Tá Gaelchultúr tiomanta do thimpeallacht foghlama a chur ar fáil a chuideoidh le foghlaimeoirí barr a gcumas a bhaint amach agus na torthaí | | |

| | |
|---|---|
| | measúnaithe is fearr is féidir a ghnóthú. Tá cur síos sa bheartas seo ar ár gcur chuige i leith teagaisc agus foghlama agus ar an iarracht leanúnach a dhéanaimid chun cleachtais teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán a bhaint amach.<br><br>Féachaimid leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br><br>- a chinntiú go bhfuil an teagasc agus an fhoghlaim gairmiúil, dearfach, spreagúil<br>- a chinntiú go bhfuil cáilíocht Ghaeilge ag gach ball foirne teagaisc agus, más féidir, cáilíocht teagaisc<br>- éagsúlacht cleachtas agus modheolaíochtaí teagaisc a spreagadh chun freastal ar riachtanais raon leathan foghlaimeoirí a bhfuil cumais agus inniúlachtaí éagsúla acu<br>- a chinntiú go dtuigeann foghlaimeoirí na torthaí foghlama go hiomlán mar atá leagtha amach ina gcúrsa<br>- cuidiú le foghlaimeoirí a gcuid eolais, scileanna agus dearcthaí a fhorbairt trí eispéiris dhearfacha foghlama<br>- timpeallacht a chruthú ina nglacann foghlaimeoirí freagracht as a gcuid foghlama féin agus ina gcuirtear deiseanna le haghaidh foghlaim ghníomhach ar fáil<br>- teagasc agus foghlaim atá an-ghníomhach a chur chun cinn chun foghlaimeoirí a spreagadh<br>- teicneolaíochtaí agus acmhainní eile atá ar fáil a úsáid chun an taithí foghlama a fheabhsú<br>- léachtóirí a spreagadh le bheith machnamhach, a bhfeidhmíocht féin a mheas agus a gcuid riachtanas forbartha a mheas<br>- aitheantas a thabhairt d’ardchaighdeán sa teagasc a dhéanann an fhoireann acadúil agus tacú leis sin. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Sampla de Thionscadal (A.5.1), Sampla de Cheacht Idirghníomhach |

## *Léaráid 5A: Teagasc agus Foghlaim – Freagrachtaí i dTaca le Timpeallacht Foghlama Ardchaighdeáin a chur ar fáil*



## 5.2 Éiteas an tSoláthraí chun an Fhoghlaim a Chur Chun Cinn

Tá múnla i dtaca le seachadadh cúrsaí forbartha ag Gaelchultúr a fhéachann le freastal ar éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí agus a gcuid riachtanas agus a chinntiú go bhfuil bealach foghlama solúbtha ann d'fhoghlaimeoirí. De bharr an mheascáin de theagasc sa seomra ranga agus/nó ar líne, chomh maith le staidéar féintreoraithe ar líne agus as líne, tá fáil ag go leor foghlaimeoirí nach mbeadh an múnla traidisiúnta seachadta oiriúnach dóibh ar na cláir a sholáthraíonn an Institiúid.

Tá an bhéim sa chur chuige atá againn ó thaobh an teagaisc agus na foghlama de ar chumas ár gcuid foghlaimeoirí a fhorbairt chun go mbeidh siad ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | EsSFCCCBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go gcuirimid oiliúint ar fáil atá oiriúnach do gach foghlaimeoir - lena n-áirítear na daoine aonair nó na grúpaí sin a bhfuil riachtanais tacaíochta sa bhreis acu, le cur ar a gcumas páirt rathúil a ghlacadh in oiliúint, measúnú, aistriú agus dul chun cinn clár. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach cúrsa agus gach gníomhaíocht oideachais agus oiliúna. | | |
| **Freagrach as:** | An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF), an Stiúrthóir Oideachais, an Fhoireann Acadúil, an Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | **Éagsúlacht i gcás foghlaimeoirí**<br>- Cuirfear oiliúint éagsúlachta ar fáil do gach fostaí mar chuid den ionduchtú.<br>- Seolfar ríomhphost chuig foghlaimeoirí sula dtosóidh siad ar a gclár ag iarraidh faisnéise maidir le haon riachtanais tacaíochta sa bhreis.<br>- Beidh rannán san fhoirm iarratais d'fhoghlaimeoirí chun gur féidir leo riachtanais tacaíochta sa bhreis a lua.<br>- Cuirfear agallaimh ar fhoghlaimeoirí chun eolas a bhailiú faoi riachtanais tacaíochta. Déanfar na riachtanais seo a bhainistiú agus a éascú nuair is féidir chun ligean d'fhoghlaimeoirí páirt a ghlacadh i gcláir na hInstitiúide.<br>- Cuirfear ábhar/seachadadh/measúnú cláir in oiriúint chun tacú le daoine aonair nó le grúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.<br>- Beidh ionduchtú i gceist i gcás foghlaimeoirí, cruinnithe duine le duine agus cumarsáid ó bhéal.<br>- Cuirfear teagasc aonair ar fáil i gcás foghlaimeoirí a n-aithneofar a gcuid riachtanais speisialta le linn an teagaisc agus an mheasúnaithe agus cuirfear oiread tacaíochta agus spreagtha ar fáil dóibh, oiread agus is féidir taobh istigh de shrianta cláir.<br>- Féadfar treoir bhreise a sholáthar idir seisiúin agus/nó modúil má mheastar go bhfuil gá léi.<br><br>**Modhanna seachadta**<br>- Baineann Gaelchultúr úsáid as modhanna éagsúla seachadta chun na cláir a sholáthraímid a chur ar fáil do líon níos mó daoine ná mar a bheadh i gceist dá mba rud é gur úsáidimid modhanna níos 'traidisiúnta'. Chomh maith le ranganna aghaidh ar aghaidh, bíonn deis ag na foghlaimeoirí dul i mbun staidéir ar líne trí úsáid a bhaint as ardán ríomhfhoghlama na hInstitiúide, ranganna.com. Is féidir leo | | |

| | |
|---|---|
| | cleachtaí idirghníomhacha a dhéanamh ar líne freisin agus in go leor cásanna aiseolas a fháil ar an toirt. Forbraíodh ábhar físe freisin agus úsáidtear é seo chun treisiú a dhéanamh ar an méid a mhúintear sa seomra ranga agus sna ranganna beo ar líne.<br>- I gcás an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA), bíonn deis ag na foghlaimeoirí freastal ar ranganna beo ar líne go rialta. Tá an modh seachadta seo oiriúnach go háirithe d'fhoghlaimeoirí a bhfuil cónaí orthu i bhfad ón Institiúid agus/nó a bhfuil sceideal an-lán acu.<br>- Tá deis ag foghlaimeoirí tabhairt faoin Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (TGG) go hiomlán ar líne. Forbraíodh an modh seachadta seo chun go mbeadh foghlaimeoirí atá ina gcónaí i ngach cearn den tír in ann tabhairt faoin gclár, agus lena chois sin, go mbeadh sé ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu.<br><br>**Modhanna teagaisc/Foghlaim féinriartha**<br>- Úsáideann Gaelchultúr modhanna éagsúla teagaisc agus déantar iad seo a mheas, déantar monatóireacht orthu agus déantar iad a leasú nuair is gá.<br>- Tá an t-aiseolas atá faighte ó fhoghlaimeoirí tar éis cur chuige teagaisc na hInstitiúide a mhúnlú. Tá sé curtha in iúl ag na foghlaimeoirí gur fearr leo an teagasc foghlaimeoirlárnach ná cuir chuige thraidisiúnta ina bhfuil tús áite tugtha don ábhar agus dá bhrí sin tá béim curtha ag Gaelchultúr ar an gcéad chur chuige sin ina chuid teagaisc.<br>- Tugtar cuireadh d'fhoghlaimeoirí páirt a ghlacadh i suirbhéanna aiseolais ar líne, tríd an ardán suirbhéireachta SurveyMonkey. Bíonn ceisteanna sa suirbhé seo faoin gcur chuige teagaisc a úsáideann an Institiúid.<br>- Má léiríonn aiseolas ó fhoghlaimeoirí nach bhfuil léachtóir/teagascóir áirithe ag cloí leis an gcur chuige teagaisc a úsáideann an Institiúid de ghnáth, tarraingíonn an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta aird an Riarthóra Acadúil agus an Stiúrthóra Oideachais air seo. Ansin, pléann an Riarthóir Acadúil an cheist leis an léachtóir/teagascóir atá i gceist agus déantar iarracht réiteach a fháil.<br>- Spreagann an Institiúid foghlaimeoirí le freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin a mhéid is atá inmhianaithe agus/nó praiticiúil. Déanann an próiseas teagaisc agus foghlama, atá foghlaimeoirlárnach, rannpháirtíocht ghníomhach na bhfoghlaimeoirí a spreagadh, rud a théann chun tairbhe dóibh agus a chuidíonn lena bhforbairt phearsanta. Is féidir le caighdeán níos airde foghlama a bheith mar thoradh ar an bhfoghlaim féinriartha seo, a bhféadfaí 'foghlaim dhomhain' a thabhairt uirthi, seachas foghlaim éadomhain a bheith i gceist den chineál a tharlaíonn go minic agus cur chuige traidisiúnta teagaisc á úsáid. Míbhuntáiste eile a bhaineann le cuir chuige thraidisiúnta ná gur minic a laghdaíonn siad leibhéal rannpháirtíochta na bhfoghlaimeoirí.<br>- Tugtar tacaíocht agus treoir leanúnach do na foghlaimeoirí lena chinntiú go mbíonn an taithí foghlama dearfach i gcónaí. Tugtar Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí dóibh le linn an ionduchtaithe ag tús an chúrsa agus cinntíonn sé seo go bhfuil fáil acu ar an bhfaisnéis ábhartha uile le linn an chláir. |

| | |
|---|---|
| | - Tugtar aiseolas an-mhionsonraithe do na foghlaimeoirí maidir leis na tascanna measúnaithe leanúnaigh a dhéanann siad agus in go leor cásanna iarrtar orthu a gcuid earráidí féin a cheartú. Nuair a iarrtar orthu an féincheartú seo a dhéanamh, cuirtear in iúl dóibh cá bhfaighidh siad an t-eolas a theastaíonn chun an tasc seo a chur i gcrích.<br>- I gcás an DISA, iarrtar ar fhoghlaimeoirí an dara dréacht de thasc scríofa a sholáthar tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an aiseolas a bhíonn faighte acu óna dteagascóir. Iarrtar orthu ansin an leagan ceartaithe seo den tasc a phostáil i bhfóram an mhodúil chuí ar ranganna.com. Déantar é seo chun na foghlaimeoirí a spreagadh le níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin.<br>- Cuirtear na foghlaimeoirí ar an eolas maidir leis na hacmhainní (go háirithe na cinn ar líne) atá ar fáil dóibh siúd atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid scileanna Gaeilge agus múintear dóibh conas na hacmhainní seo a úsáid go héifeachtach.<br><br>**Foireann teagaisc**<br>- Chun a chinntiú go bhfuil an t-oideachas a sholáthraíonn Gaelchultúr ar an gcaighdeán is airde, ullmhaítear plean ceachta mionsonraithe agus acmhainní teagaisc agus foghlama do gach rang agus léacht. Is í an Fhoireann Acadúil a dhéanann an obair seo, faoi mhaoirseacht an Stiúrthóra Oideachais.<br>- Tar éis gach ranga nó léachta, tugann léachtóirí/teagascóirí aiseolas maidir leis na gníomhaíochtaí, an cur chuige teagaisc agus na hacmhainní ar baineadh úsáid astú sa seisiún agus déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta staidéar cúramach air seo agus tarraingíonn aird na Foirne Acadúla ar aon mholtaí nó fadhbanna.<br>- Iarrtar ar theagascóirí agus ar léachtóirí freastal ar cheardlann ionduchtaithe éigeantach sula dtosaíonn gach cúrsa agus tugtar Lámhleabhar na Léachtóirí/na dTeagascóirí dóibh le linn an tseisiúin sin. Coinnítear taifead tinrimh i gcás na gceardlann seo. Dírítear sna ceardlanna seo ar chur chuige oideolaíoch, úsáid éifeachtach ábhar teagaisc, conas déileáil le fadhbanna a thagann chun cinn sa seomra ranga agus ábhair ábhartha eile. Spreagtar na rannpháirtithe freisin chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcur chuige teagaisc agus chun aghaidh a thabhairt ar aon laigí a bhraitheann siad atá sa chur chuige a bhí á úsáid acu go dtí sin.<br>- Chomh maith leis an méid atá luaite thuas, cuirtear an fhoireann teagaisc ar an eolas go minic faoin taighde atá á dhéanamh i réimse na stíleanna oideolaíochta agus maidir leis an gcleachtas éifeachtach náisiúnta agus idirnáisiúnta sa réimse seo. Tá an taighde agus an cleachtas seo mar bhonn leis na hacmhainní agus an cur chuige teagaisc a úsáidtear sna cúrsaí éagsúla a chuireann an Institiúid ar fáil.<br>- Agus iad ag freastal ar an gceardlann ionduchtaithe, cuirtear léachtóirí/teagascóirí ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le cinntiú go gcaitear le foghlaimeoirí le meas i gcónaí. Iarrtar orthu aon fhadhbanna a thagann chun cinn agus iad ag plé le foghlaimeoirí a chur in iúl don Riarthóir Acadúil. Ag tús gach cúrsa, cuirtear foghlaimeoirí ar an eolas, trí Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, faoin |

| | |
|---|---|
| | tábhacht a bhaineann le meas sa chaidreamh idir foghlaimeoirí agus léachtóirí/teagascóirí. Cuirtear in iúl dóibh ó bhéal agus trí Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí conas gearán a dhéanamh má bhíonn siad den tuairim nár chaith léachtóir nó teagascóir go cuí leo. Tá nósanna imeachta chun déileáil le deacrachtaí na bhfoghlaimeoirí leagtha amach in 7.1, Tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí, agus tá nósanna imeachta maidir le gearáin leagtha amach in Roinn 6.4, Gearáin ó Fhoghlaimeoirí).<br><br>**Foghlaimeoirí**<br>- Bíonn deis ag foghlaimeoirí aiseolas a thabhairt i suirbhéanna aiseolais ar líne maidir le gnéithe éagsúla de na cúrsaí a dhéanann siad (féach 5.5, 'Monatóireacht agus Athbhreithniú', thíos le haghaidh tuilleadh eolais) agus bíonn deis ann aiseolas a thairiscint ag cruinnithe an Choiste Feabhsaithe Cáilíochta, a tharlaíonn le linn gach seimeastair. Freastalaíonn baill den Fhoireann Acadúil ar na cruinnithe seo agus déantar gach iarracht ina dhiaidh sin aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna atá ag na foghlaimeoirí agus gníomhú i gcás moltaí atá acu nuair a bhíonn sé sin indéanta. Tá an cur chuige teagaisc a úsáideann an Institiúid athraithe agus feabhsaithe le himeacht ama agus bhí ionchur na bhfoghlaimeoirí thar a bheith tábhachtach le linn an phróisis sin.<br>- Féachann an Institiúid le treoir agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí lena chinntiú go ndéileáiltear go gasta le haon deacrachtaí a bhíonn acu agus iad ag freastal ar cheann de chláir na hInstitiúide. Ag tús gach cúrsa, tarraingítear aird na bhfoghlaimeoirí ar shonraí teagmhála an Riarthóra Acadúil agus/nó na léachtóirí/teagascóirí i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí agus spreagtar iad chun teagmháil a dhéanamh leis an duine cuí má thagann aon deacrachtaí chun cinn. Tugtar sonraí teagmhála dóibh freisin do chomhairleoir cáilithe a bhfuil Gaeilge aici atá ar fáil dóibh má bhíonn drogall orthu ábhar pearsanta a phlé le ball foirne de chuid na hInstitiúide. Is é polasaí na hInstitiúide an costas a bhaineann leis an gcéad dá sheisiún comhairleoireachta a íoc.<br>- Chun cabhrú leo cur lena bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil, cuirtear na foghlaimeoirí agus na léachtóirí/teagascóirí araon ar an eolas go rialta faoi na deiseanna oiliúna atá ar fáil, e.g. ceardlanna d'aistritheoirí a thairgeann institiúidí an AE, seimineáir agus comhdhálacha a bhaineann le hábhar.<br>- Tugtar deis freisin do léachtóirí/teagascóirí tabhairt faoin Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge saor in aisce agus eagraítear ceardlanna go rialta chun cabhrú leo a bhforbairt ghairmiúil a chur chun cinn, e.g. ceardlanna maidir le teagasc éifeachtach ar líne.<br><br>**Cóimheas**<br>- Bíonn ar gach foghlaimeoir a thugann faoi chúrsa le Gaelchultúr cloí le Cód Iompair na hInstitiúide (féach 4.4, 'Cód Iompair#, le haghaidh tuilleadh eolais). Is é aidhm an Chóid a chinntiú go mbíonn timpeallacht acadúil iomchuí ann ina mbíonn cóimheas i gceist i gcás fhoireann uile na hInstitiúide, na bhfoghlaimeoirí agus na ndaoine a thugann cuairt ar an Institiúid. |

| | |
|---|---|
| | - Éilíonn an Cód go n-iompródh gach duine é féin go réasúnach agus go gcuirfí riachtanais daoine eile san áireamh agus tá sé ann le cinntiú go mbíonn an t-am a chaitheann na foghlaimeoirí i mbun foghlama san Institiúid fiúntach agus go bhfaigheann siad sásamh as.<br>- Tá sé mar sprioc leis an gCód Iompair caighdeáin iompair inghlactha a leagan síos agus a chothú i gcás phobal na hInstitiúide, chun daoine aonair a spreagadh le glacadh lena n-oibleagáidí agus chun seasamh maith na hInstitiúide a choinneáil. Baineann an Cód le gach foghlaimeoir beag beann ar an áit a bhfuil an staidéar ar siúl aige/aici.<br>- Níl sé i gceist gur doiciméad uileghabhálach an Cód seo. Déantar rialacháin eile a bhaineann le noirm iompair agus chumarsáide a bhfuil súil leo a dhoiciméadú ar fud Lámhleabhair na bhFoghlaimeoirí.<br>- Tá rannán i Lámhleabhar na Foirne freisin maidir leis an iompar a mbítear ag súil leis ó bhaill foirne agus iad i mbun cumarsáide le foghlaimeoirí. Cuirtear béim air seo freisin le linn na hoiliúna ionduchtaithe a chuirtear ar fáil do léachtóirí agus do theagascóirí.<br><br>**Gearáin na bhfoghlaimeoirí**<br>- Tá nós imeachta gearán do na foghlaimeoirí i bhfeidhm ag Gaelchultúr chun a chinntiú go ndéileáiltear le gach gearán ar bhealach sásúil. Is féidir gearáin a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn agus a chur faoi bhráid aon bhall foirne. Is féidir gearán a dhéanamh go neamhfhoirmiúil le haon bhall foirne. Pléifidh seisean/sise an gearán leis an bhfoghlaimeoir agus déanfaidh iarracht an cheist a réiteach.<br>- Mura féidir gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil nó má bhraitheann an foghlaimeoir nach leor gearán neamhfhoirmiúil le dul i ngleic leis an gceist, ansin is féidir an gearán a chur isteach i scríbhinn, agus fhoirm ghearáin na bhfoghlaimeoirí a úsáid. (Le haghaidh tuilleadh eolais faoi nós imeachta gearán Ghaelchultúir, féach 6.4).<br><br>**Achomhairc ó fhoghlaimeoirí**<br>Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Gaelchultúr chun déileáil le hachomhairc ó fhoghlaimeoirí. Féadfaidh foghlaimeoirí achomharc a dhéanamh ar an bpróiseas measúnaithe agus ar thoradh an mheasúnaithe deiridh. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi nósanna imeachta achomhairc na hInstitiúide, féach 6.3. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Teachtaireachtaí Ríomhphoist (A.5.3), Taifid FGL (A.5.4), Treoir Theicniúil (A.5.5), Seicliosta Ionduchtaithe (A.4.10), Foirm Gearán (A.6.4), Foirm Achomhairc (A.6.1) |

*Léaráid 5B: Teagasc & Foghlaim – Measúnú Foirmitheach agus Suimitheach*

| | | |
|---|---|---|
| Measúnú Foirmitheach – le linn an chúrsa le dul chun cinn a léiriú don Fhoghlaimeoir & Léachtóir / Teagascóir | Monatóireacht ar Fhoghlaimeoirí<br>Doimhneacht tuisceana, Dearcadh, Ionchur, Láidreachtaí, Laigí, Riachtanais, Stíleanna Foghlama | Féincheartú i gcás tascanna scríofa |
| Plé á dhéanamh ag na Foghlaimeoirí i bPéirí/i nGrúpaí/mar Rang Iomlán | Foghlaim Chumaisc<br>Úsáid á baint as acmhainní ar líne le tacú leis an bhfoghlaim/treisiú a dhéanamh uirthi | Measúnú suimitheach ag deireadh gach seimeastair |

## 5.3 Cleachtas Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Déanann an Institiúid a chinntiú go gcuirtear forbairtí i gcleachtas oideolaíoch ar an tríú leibhéal, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir leis an gcleachtas Teagaisc agus Foghlama is oiriúnaí do na cláir éagsúla a mhúintear.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>CsNIBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">Soláthar seirbhíse a fheabhsú agus coinneáil suas chun dáta le cleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann sé seo leis an bhfoireann teagaisc go léir agus leis na foghlaimeoirí go léir.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An POF, an Stiúrthóir Oideachais, an Fhoireann Acadúil, an Riarthóir Acadúil</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Chun feabhas a chur ar ár soláthar oideachais agus chun coinneáil suas chun dáta le caighdeáin chleachtais ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, táimid sásta na nithe seo a dhéanamh:<br><br>- teagmháil leanúnach a bheith againn leis an bhforas cáiliúcháin<br>- ballraíocht na gcomhlachtaí agus na n-eagraíochtaí ionadaíocha a choinneáil, lena n-áirítear an Lárionad Náisiúnta Barr Feabhais do Ghairmeacha san AE<br>- freastal ar sheimineáir agus ar chomhdhálacha a eagróidh institiúidí an AE maidir le deiseanna fostaíochta sna hinstitiúidí sin.<br>- deiseanna a sholáthar do bhaill foirne teagmháil a dhéanamh le piaraí<br>- dul i mbun réimse gníomhaíochtaí comhroinnte eolais le páirtithe leasmhara tionscail, lena n-áirítear Aonaid Aistriúcháin na Gaeilge sa Choimisiún Eorpach, i gComhairle na hEorpa, i bParlaimint na hEorpa agus in aonad aistriúcháin an Oireachtais, Rannóg an Aistriúcháin.<br>- freastal ar sheimineáir/seisiúin faisnéise ar an gcleachtas is fearr<br>- taifead maidir le FGL a choinneáil don fhoireann go léir agus cleachtais nua a chur san áireamh.</td></tr>
<tr><td>Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):</td><td colspan="3">Clár Oibre (A.5.15), Miontuairiscí (A.5.16), Litreacha Torthaí (A.6.6 - A.6.7)</td></tr>
</table>

## 5.4 Timpeallachtaí Foghlama

**Uimhir Thagartha Bheartais:** TtFBn-01

Is féidir leis an téarma 'timpeallacht foghlama' tagairt a dhéanamh do na comhthéacsanna fisiciúla, sóisialta agus oideolaíocha ina dtarlaíonn foghlaim agus, mar atá léirithe i dtaighde ar an ábhar, tá ról tábhachtach ag timpeallacht dhearfach foghlama sa phróiseas iomlán foghlama.[10] Tá Gaelchultúr tiomanta don eispéireas foghlama is fearr a chur ar fáil dár bhfoghlaimeoirí agus, mar sin, tá ról lárnach ag timpeallacht dhearfach foghlama agus ag acmhainní foghlama iomchuí san eispéireas seo. Táimid tiomanta do thimpeallacht foghlama atá oiriúnach agus atmaisféar tacúil spreagúil a chur ar fáil i ngach rang. Maidir leis an timpeallacht fhisiciúil, mar a luadh cheana, caithfidh an t-ionad a bheith glan, compordach, sábháilte agus inrochtana do na foghlaimeoirí agus déanaimid a chinntiú go gcuirtear na háiseanna riachtanacha go léir ar fáil do na léachtóirí/teagascóirí agus do na foghlaimeoirí (féach 2.5, 'Critéir Roghnaithe Áitribh', le haghaidh tuilleadh eolais).

Déanaimid timpeallacht foghlama dhearfach a chothú freisin ina spreagtar foghlaimeoirí chun ceisteanna a chur agus chun cumarsáid oscailte a dhéanamh leis an léachtóir/teagascóir agus lena gcomhfhoghlaimeoirí. Ina theannta sin, cinntímid go gcuirtear an trealamh agus na hacmhainní riachtanacha uile ar fáil do na léachtóirí/teagascóirí agus do na foghlaimeoirí le linn an chúrsa agus go bhfuil na hacmhainní seo uile oiriúnach agus éifeachtach. Cé nach bhfuil leabharlann fhisiciúil curtha ar fáil againn do na foghlaimeoirí, cinntímid go mbíonn rochtain acu ar na hacmhainní go léir a bhíonn ag teastáil uathu agus cuirtear réimse leathan acmhainní ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar ár n-ardán ríomhfhoghlama, ranganna.com.

### 5.4.1 Acmhainní Foghlama

Cuireann Gaelchultúr foghlaimeoirí i gcroílár ár gcuid oibre agus muid ag feidhmiú mar sholáthraí cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais sa Ghaeilge. Is mian leis an Institiúid i gcónaí a cuid foghlaimeoirí a bheith mar chuid de thimpeallacht foghlama ina bhfuil réimse leathan acmhainní foghlama á bhforbairt agus a roinnt ar bhonn leanúnach.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Institiúid chun a chinntiú go ndéantar monatóireacht leanúnach ar chaighdeán na n-acmhainní atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí le déanamh cinnte go bhfuil siad cuí agus oiriúnach. Déantar acmhainní foghlama a nuashonrú agus cuirtear leo de réir mar is gá agus déantar cinnte go mbíonn cuir chuige atá cothrom le dáta in úsáid agus go ndéantar freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, a bhfaightear eolas orthu tríd an aiseolas ar theagasc agus ar fhoghlaim.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | AmFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go gcuirtear na hacmhainní riachtanacha go léir ar fáil roimh thús cúrsa agus a chinntiú go soláthraítear acmhainní nua/acmhainní breise de réir mar is gá. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le foghlaimeoirí agus leis na baill foirne de chuid Ghaelchultúir a bhfuil baint acu le pleanáil agus soláthar cúrsaí. | | |

[10] Féach. J. P. Dorman, (2001), 'Associations between classroom environment and academic efficacy'. Learning Environments Research, 4, 243-257; B. J. Fraser, (2002), 'Learning environments research: Yesterday, today and tomorrow' in S. W. Goh agus M. S. Khine (eag.) *Studies in Educational Learning Environments: An International Perspective* (lgh. 1-25).

| | |
|---|---|
| **Freagrach as:** | An POF, an Fhoireann Acadúil, an Riarthóir Acadúil, an Fhoireann Riaracháin, an Bord Clár |
| **Nós imeachta:** | Déanann Gaelchultúr cinnte i gcónaí:<br><br>- go bhfuil an buiséad cuí ar fáil le forbairt a dhéanamh ar na hacmhainní atá riachtanach do chlár<br>- go bhfuil uasdátú déanta ar acmhainní teagaisc agus foghlama lena chinntiú nach bhfuil nithe le fáil iontu atá as dáta nó nach mbaineann le hábhar a thuilleadh<br>- go bhfaightear aiseolas ó léachtóirí/teagascóirí maidir le hacmhainní teagaisc agus foghlama agus go ndéantar leasuithe orthu nuair is cuí<br>- go bhfaightear tuairimí na bhfoghlaimeoirí maidir leis na hacmhainní teagaisc agus foghlama trí shuirbhéanna a thabhairt dóibh le comhlánú le linn an chúrsa agus ag a dheireadh<br>- go ndéanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú ar an eolas seo<br>- go ndéantar athbhreithniú ar ábhar an chúrsa ag cruinnithe caighdeánacha agus acadúla<br>- go gcuirtear acmhainní breise le chéile má léiríonn an t-aiseolas ó na léachtóirí/teagascóirí agus ó na foghlaimeoirí go bhfuil bearnaí sna hacmhainní atá ann cheana. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Seicliosta Acmhainní (A.2.2), Foirmeacha Meastóireachta ó Fhoghlaimeoirí, Taifead Cruinnithe (A.4.12) |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**
Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú cúramach ar ár n-áiseanna agus ár n-acmhainní i rith na bliana. Úsáidimid suirbhéanna aiseolais ó na foghlaimeoirí agus ó léachtóirí/teagascóirí chun aiseolas a fháil maidir leis na hacmhainní teagaisc agus foghlama a úsáidimid le haghaidh ár gcúrsaí. Déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú ar an aiseolas seo i lár an tseimeastair agus ag deireadh gach seimeastair agus déantar athruithe de réir mar is gá. Bíonn deis ag baill foirne ceisteanna a chur maidir le hacmhainní nó trealamh agus is féidir leo leasuithe chun feabhais a mholadh.

Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú ar thimpeallachtaí agus acmhainní foghlama mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar dhearbhú cáilíochta, a tharlaíonn le linn an tsamhraidh agus pléifear é ag an gcruinniú dearbhaithe cáilíochta bhliantúil. Cuirfidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta aon mholtaí i leith athruithe/feabhsúcháin san áireamh sa tuarascáil bhliantúil um dhearbhú cáilíochta. Déanfaidh sé/sí a chinntiú go ndéanfar leasuithe ar na socruithe reatha de réir mar is gá agus go gcuirfear na hathruithe seo in iúl do na páirtithe leasmhara cuí.

## *Léaráid 5C: Teagasc & Foghlaim – Tacaíocht agus Acmhainní d'Fhoghlaimeoirí*




### 5.4.2 Áitribh a Roghnú

Chun a chinntiú gur féidir lenár bhfoghlaimeoirí an leas is fearr a bhaint as a dtaithí foghlama, cuireann Gaelchultúr timpeallacht foghlama spreagúil chompordach ar fáil dóibh. Cinntímid go múintear ár gcúrsaí in ionaid oiriúnacha atá glan, sábháilte, coinnithe go maith agus inrochtana d'fhoghlaimeoirí, don fhoireann agus do na páirtithe leasmhara ábhartha eile go léir.

Is é an t-ionad oideachais atá againn ag 11 Sráid an Chláir, Baile Átha Cliath 2 a úsáidimid go príomha le haghaidh ár ranganna agus déanaimid cinnte go gcoinnítear ár n-áitreabh ar chaighdeán an-ard agus go ndéantar obair chothabhála go rialta lena chinntiú go gcomhlíonann sé na rialacháin sláinte agus sábháilteachta riachtanacha go léir le haghaidh níos mó eolais faoi timpeallachtaí foghlama agus faoi na rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta (féach rannóg 2 thuas).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | AhRBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil an t-áitreabh agus na háiseanna inrochtana agus cothabháil chuí déanta orthu chun sláinte agus sábháilteacht na foirne agus na bhfoghlaimeoirí a chinntiú. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach cúrsa | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, an Fhoireann Riaracháin | | |
| **Nós imeachta:** | Déanann Gaelchultúr na nithe seo a chinntiú roimh chúrsa:<br><br>- go mbaintear úsáid as an 'Seicliosta Trealaimh/Acmhainní' (féach na hAguisíní) chun na hacmhainní a bheidh ag teastáil a aithint agus thaifeadadh<br>- go cuirtear an trealamh/na hacmhainní riachtanacha go léir ar fáil do léachtóirí/teagascóirí ag tús gach cúrsa (lena n-áirítear | | |

| | |
|---|---|
| | leabhráin na léachtóirí/na dteagascóirí, ina bhfuil pleananna ceachta mionsonraithe)<br>- go mbíonn an comhthéacs ina mbíonn na foghlaimeoirí ag obair i gceart ó thaobh trealaimh de chun tacú leis an bhfoghlaim<br>- go mbíonn an timpeallacht foghlama oiriúnach agus teagasc lasmuigh den láthair i gceist nó le heagraíochtaí eile nó in aon ionad foghlama lasmuigh d'ionad oideachais Ghaelchultúir<br>- go mbíonn áitribh ina reáchtáiltear cláir agus an trealamh sna háiteanna sin leordhóthanach chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí<br>- go mbaintear úsáid as suirbhéanna aiseolais ó fhoghlaimeoirí agus léachtóirí/teagascóirí chun aon laigí/aon acmhainní riachtanacha ba cheart a sholáthar sa todhchaí a aithint<br>- go leagtar amach buiséad agus go ndéantar na costais a mheas a bhaineann le trealamh/acmhainní a sholáthar<br>- go ndéantar trealamh cúltaca a sholáthar do gach léachtóir/teagascóir nuair is gá<br>- go ndéantar athbhreithniú rialta ar threalamh/acmhainní agus déanfar aon leasuithe is gá a dhéanamh roimh thús an chéad chúrsa eile<br>- go gcuirtear conarthaí cothabhála i bhfeidhm maidir le trealamh inmheánach agus seachtrach<br>- go mbíonn conradh teicneolaíochta faisnéise i bhfeidhm chun rochtain leanúnach ar an ardán ríomhfhoghlama ranganna.com a chinntiú.<br><br>Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi bheartas Ghaelchultúir maidir le hionaid a roghnú, féach 2.5. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Seicliosta um Roghnú Áitribh (A.2.1), Seicliosta Trealaimh/Acmhainní (A.2.2), Suirbhéanna Aiseolais ó Fhoghlaimeoirí(A.5.14)/Léachtóirí/Teagascóirí, Seicliosta Sláinte agus Sábháilteachta |

## 5.5 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Tá Gaelchultúr tiomanta do chlár féinmheastóireachta, monatóireachta agus athbhreithnithe leanúnach mar chuid de na meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta atá i bhfeidhm. Éascaíonn sé seo tuairisciú rialta ar chláir agus ar sheirbhísí na hInstitiúide, cabhraíonn sé linn na nithe a aithint a bhfuil ag éirí leo agus na nithe is gá a fheabhsú. Lena chois sin, tugann sé dearbhú don Institiúid, dá foghlaimeoirí, dá léachtóirí/teagascóirí agus dá foghlaimeoirí ionchasacha, chomh maith le gníomhaireachtaí rialála agus an foras cáiliúcháin, maidir leis na caighdeáin atá i gceist laistigh den Institiúid.

Chun monatóireacht leanúnach ar chláir a éascú, déanann an Institiúid meastóireachtaí agus athbhreithnithe rialta chun aiseolas a lorg ar gach gné dá cláir, déantar an t-aiseolas sin a mheas, ansin déantar moltaí agus cuirtear i bhfeidhm iad maidir le feabhsúcháin leanúnacha.

Is gné thábhachtach agus lárnach é an t-athbhreithniú seachtrach, a chuireann leis na próisis mheasúnaithe agus leis an monatóireacht feidhmíochta. Laistigh den Earnáil Ardoideachais in Éirinn, tá QQI freagrach as na próisis dearbhaithe cáilíochta ar bhonn seachtrach. Sa chomhthéacs sin, soláthraíonn QQI iliomad deiseanna le haghaidh athbhreithnithe seachtracha. Ag leibhéal an Chláir, cuirtear Cláir i láthair lena mbailíochtú tosaigh agus ansin déanann Piaraí seachtracha Meastóireacht Neamhspleách orthu.

Feiceann Gaelchultúr go bhfuil monatóireacht agus athbhreithniú i gcás a bheartais teagaisc agus foghlama mar phróiseas riachtanach a chinntíonn ní hamháin go gcoinnítear caighdeáin acadúla ach a chinntíonn go bhfanann na cláir a chuirimid ar fáil ábhartha agus tarraingteach.

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, áiseanna agus acmhainní ag freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara go léir. |
| **Freagrach as:** | An POF, an Fhoireann Acadúil, gach fostaí |
| **Nós imeachta:** | Beidh na riachtanais mhonatóireachta agus tuairiscithe seo a leanas i gceist:<br><br>- Beidh fáilte roimh gach foghlaimeoir agus ball foirne aird a tharraingt ar aon imní maidir le cúrsaí cáilíochta, agus athruithe a mholadh ar chleachtas teagaisc, áiseanna agus acmhainní.<br>- Tabharfaidh cruinnithe rialta deis don fhoireann go léir aird a tharraingt ar aon saincheisteanna agus moltaí a dhéanamh don POF agus/nó don Fhoireann Acadúil le haghaidh nuashonruithe nó leasuithe.<br>- Beidh an POF an Fhoireann Acadúil freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí ó lá go lá agus déanfaidh siad monatóireacht ar na rudaí seo a leanas:<br>(a) Aiseolas ó fhoghlaimeoirí, baill foirne agus páirtithe leasmhara eile<br>(b) Rátálacha ar léachtóirí/teagascóirí agus cúrsaí<br>(c) Tuarascálacha meastóireachta ó fhíordheimhnitheoirí seachtracha<br>(d) Aon ghníomhartha feabhsúcháin cáilíochta sa Phlean Feabhsúcháin Cáilíochta.<br>- Déanfar athbhreithniú bliantúil ar thorthaí ghníomhaíochtaí monatóireachta na bainistíochta agus cuirfear aon fheabhsuithe riachtanacha i bhfeidhm. |

| | |
|---|---|
| | - Déanfaidh an foghrúpa ábhartha agus an bord athbhreithniú ar bheartais gach trí bliana, nó níos luaithe más gá.<br>- Déanfaidh an Fhoireann Acadúil athbhreithniú ar nósanna imeachta go bliantúil, más gá. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Taifid de Chruinnithe (A.4.12), Plean Feabhsúcháin Cáilíochta |

# 6. Measúnú ar Fhoghlaimeoirí

Is mian le Gaelchultúr a chinntiú i gcónaí go bhfaigheann gach foghlaimeoir measúnú atá cothrom, trédhearcach agus comhsheasmhach agus atá de réir threoirlínte an fhorais cáiliúcháin. Tá Gaelchultúr tiomanta do phróiseas measúnaithe a chur i bhfeidhm atá comhsheasmhach trasna an bhoird (léachtóirí/teagascóirí/ceartaitheoirí) le go mbeidh foghlaimeoirí in ann a gcuid spriocanna foghlama a bhaint amach. Leagtar síos sa bheartas seo na nósanna imeachta a chuireann ar chumas Ghaelchultúir é sin a dhéanamh.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>MuFBn-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">Bainistiú éifeachtach agus éifeachtúil ar an bpróiseas measúnaithe a chinntiú, rud a chabhróidh le foghlaimeoirí an leas is fearr a bhaint as a ngníomhaíocht mheasúnaithe.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann sé seo le gach foghlaimeoir agus gach gníomhaíocht mheasúnaithe.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">Cinntíonn an Stiúrthóir Oideachais, i gcomhar leis an bhFoireann Acadúil, go bhfuil cleachtais mheasúnaithe oiriúnach don fheidhm agus de réir threoirlínte an fhorais cáiliúcháin.<br>Cinntíonn an Riarthóir Acadúil, i gcomhar leis an bhFoireann Acadúil: go bhfuil dóthain acmhainní ann don phróiseas measúnaithe agus go bhfuiltear ag cloí le beartais Ghaelchultúir maidir le measúnú agus go bhfuiltear á gcur i bhfeidhm.</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Cuirtear foghlaimeoirí ar an eolas ag tús gach cláir faoi na modhanna measúnaithe agus a gcuid freagrachtaí chun an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a bhaint amach agus a thaispeáint.<br><br>Tugtar aird ar chúinsí gach foghlaimeora agus leagtar síos sa nós imeachta na treoirlínte maidir le cuir chuige agus socrú réasúnta dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu (féach 6.1.4)<br>Tá Gaelchultúr tiomanta do gach gné den phróiseas measúnaithe agus cinntítear:<br>- go dtuigeann gach léachtóir/teagascóir, ceartaitheoir agus foghlaimeoir é<br>- go bhfuil sé bailí agus ag teacht le riachtanais an fhorais cáiliúcháin<br>- cothrom le foghlaimeoirí, ó thaobh rochtana agus próisis de<br>- fíoraithe go hinmheánach chun a chinntiú go bhfuil an próiseas cothrom agus comhsheasmhach<br>- fíordheimhnithe go seachtrach lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht le caighdeáin náisiúnta agus le beartas agus treoirlínte measúnaithe an fhorais cáiliúcháin.<br><br>Coinnítear fianaise ar mheasúnú ar mhaithe le fíorú agus bailíochtú an phróisis measúnaithe.</td></tr>
</table>

### 6.1.1 Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí maidir le Measúnú

Aithníonn Gaelchultúr an tábhacht a bhaineann le faisnéis shoiléir bheacht a sholáthar do gach foghlaimeoir lena chinntiú go bhfuil siad ullmhaithe i gceart chun measúnuithe an chúrsa a dhéanamh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | FsFMBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil rochtain ag foghlaimeoirí ar fhaisnéis a chuirfidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach sa phróiseas measúnaithe. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach foghlaimeoir de chuid Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | Tugann an t-eolas réamhchúrsa breac-chuntas ar shonraí an mheasúnaithe.<br><br>- Scaiptear Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí a thugann cur síos ar an bpróiseas measúnaithe.<br>- Tá sceideal measúnaithe agus tuilleadh eolais maidir le conas tabhairt faoi mheasúnuithe go rathúil i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí<br>- Cuirtear ar fáil na sonraí teagmhála do na baill chuí d'fhoireann Ghaelchultúir.<br>- Tugtar treoir roimh gach gníomhaíocht mheasúnaithe le linn sheachadadh an chúrsa.<br>- Cuirtear foghlaimeoirí ar an eolas faoi Chairt na bhFoghlaimeoirí agus faoi Chód Iompair na bhfoghlaimeoirí ag tús gach cúrsa. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí | | |

### 6.1.2 Pleanáil Chomhordaithe maidir le Measúnú


Cuirtear ar chumas foghlaimeoirí a gcuid cuspóirí foghlama a bhaint amach nuair a bhíonn an próiseas measúnaithe féin comhordaithe agus pleanáilte i gceart. Léirítear d'fhoghlaimeoirí go mbeidh seachadadh an chláir cothrom, trédhearcach agus comhsheasmhach nuair a bhíonn pleanáil shoiléir chomhordaithe measúnaithe i bhfeidhm. Cuidítear le foghlaimeoirí, trí chomhordú an mheasúnaithe, obair a chur isteach ar bhealach tráthúil agus leanúnach agus a gcuspóirí foghlama a bhaint amach sa deireadh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | PlCMBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéantar measúnú a phleanáil roimh thús an chúrsa agus go bhfuil sceidealú déanta a thagann le gnóthachtáil eolais agus ar mhaithe le cumas na bhfoghlaimeoirí a éascú. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach foghlaimeoir de chuid Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, an Fhoireann Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | Roimh thús gach cúrsa, déanfaidh an Riarthóir Acadúil:<br><br>- sceideal measúnaithe a chruthú in aghaidh an chláir chun leathadh cothrom measúnaithe a sholáthar don chúrsa (Beidh sé seo le fáil i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí.)<br>- measúnú a phleanáil agus a chomhordú, de réir na riachtanas<br>- scrúduithe deireadh téarma a phleanáil i gcomhar leis an bhfoireann riaracháin agus acadúil | | |


| | |
|---|---|
| | - ceartaitheoir a chur i bhfeighil ar gach grúpa foghlaimeoirí ag tús gach cláir<br>- spriocdhátaí a bhaineann go sonrach lena gclár a thabhairt do na ceartaitheoirí le go mbeidh siad in ann measúnuithe foghlaimeoirí a cheartú agus a chur ar ais go tráthúil.<br><br>Déantar measúnú foirmitheach le linn ranganna agus léachtaí trí ghníomhaíochtaí agus cleachtaí grúpa. Bíonn an léachtóir/teagascóir i dteagmháil go díreach le foghlaimeoirí agus tugann sé aiseolas láithreach ar cheisteanna agus botúin foghlaimeoirí. Mura bhfuil léachtóir/teagascóir in ann ceist foghlaimeora a fhreagairt, cuirtear in iúl don duine sin cén ball foirne de chuid Ghaelchultúir (e.g. an Riarthóir Acadúil) ar féidir teagmháil a dhéanamh leis agus an cheist a chur faoina bhráid.<br><br>Is é an aidhm atá againn le measúnú foirmitheach ná aiseolas agus treoir a sholáthar d'fhoghlaimeoirí sula dtugann siad faoi na measúnuithe suimitheacha.<br><br>Déantar measúnú suimitheach idir ranganna agus léachtaí.<br><br>Seo a leanas briseadh síos ar an measúnú suimitheach a dhéantar sa Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (TGG):<br><br>- Léamhthuiscint 1–4<br>- Scríbhneoireacht 1–3<br>- Triail Chluastuisceana (a dhéantar le linn na ranganna)<br>- Béaltriail deireadh téarma.<br><br>Seo a leanas briseadh síos ar an measúnú suimitheach a dhéantar sa Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA):<br><br>- Tionscadal amháin, ar a laghad, in aghaidh an mhodúil<br>- Cleachtaí scríbhneoireachta ar ábhar a bhaineann go sonrach leis an modúl<br>- Scrúduithe deireadh seimeastair.<br><br>Comhordaíonn an Riarthóir Acadúil na scrúduithe deireadh téarma, i gcomhar leis an bhfoireann Acadúil agus leis an bhFoireann Riaracháin.<br><br>Cuirtear páipéir scrúdaithe de chuid mhodúil an DISA faoi bhráid an scrúdaitheora sheachtraigh roimh ré. Iarrtar ar an SS na páipéir a fhaomhadh agus moltaí chun feabhais a thabhairt más féidir.<br><br>Tugtar rochtain do gach léachtóir/teagascóir ar an Dropbox ina stóráiltear obair leanúnach na bhfoghlaimeoirí, rud a thugann léargas dóibh ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí. Má theastaíonn tuilleadh eolais ó dhuine de na léachtóirí/teagascóirí i dtaobh obair leanúnach na bhfoghlaimeoirí, nó más maith leis/léi an obair a phlé le ceartaitheoir an ghrúpa sin, is féidir leis/léi teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir Acadúil. Socróidh an RA cruinniú idir an léachtóir/teagascóir agus an ceartaitheoir ansin. |

| | |
|---|---|
| | **Béaltriail (TGG):**<br>- Déanann an Riarthóir Acadúil sceideal scrúduithe a dhréachtú agus a dháileadh ar fhoghlaimeoirí seachtain ar a laghad roimh dháta na scrúduithe.<br>- Roghnaíonn an Riarthóir Acadúil scrúdaitheoirí agus soláthraítear an t-ábhar scrúdaithe cuí (treoir, ceisteanna samplacha do gach leibhéal den chúrsa, bileoga marcála) dóibh roimh ré.<br>- Cuireann an Stiúrthóir Oideachais oiliúint chuimsitheach ar scrúdaitheoirí nua sula nglacann siad páirt sa phróiseas scrúdaithe.<br>- Déantar scrúduithe béil a thaifeadadh chun marcáil chothrom chomhsheasmhach a chinntiú.<br>- Seoltar ábhar na scrúduithe ar ais chuig an Riarthóir Acadúil nuair a bhíonn deireadh leo.<br>- Mura bhfuil foghlaimeoir ar fáil chun freastal ar an scrúdú nó mura bhfuil sé i láthair ar an lá, téann an Riarthóir Acadúil i dteagmháil leis agus socraíonn sé am agus dáta nua dó le tabhairt faoin scrúdú.<br><br>**Scrúduithe deireadh seimeastair (DISA):**<br>- Roghnaíonn an Stiúrthóir Oideachais dátaí na scrúduithe sula dtosaíonn gach clár agus luaitear iad i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí.<br>- Scríobhann léachtóirí/teagascóirí na modúl a gcuid páipéar scrúdaithe i gcomhar leis an Stiúrthóir Oideachais.<br>- Comhordaíonn an Riarthóir Acadúil soláthar an ábhair scrúdaithe agus socraíonn sé na seomraí scrúdaithe i gcomhar leis an bhfoireann riaracháin.<br>- Cuidíonn éascaitheoirí nó baill den Fhoireann Riaracháin le reáchtáil na scrúduithe agus cuirtear oiliúint agus treoir chuí ar fáil más gá.<br>- Tugann na héascaitheoirí scrúdaithe gach ábhar scrúdaithe ar ais don Riarthóir Acadúil tar éis na scrúduithe.<br>- Mura bhfuil foghlaimeoir ar fáil chun freastal ar an scrúdú nó mura bhfuil sé i láthair ar an lá, téann an Riarthóir Acadúil i dteagmháil leis agus socraíonn sé am agus dáta nua dó le tabhairt faoin scrúdú.<br>- Tá an fhéidearthacht ann go mbíonn ar fhoghlaimeoirí táille riaracháin a íoc más ea gur gá scrúdú deireadh seimeastair breise a eagrú dóibh. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, Leabhrán na bhFoghlaimeoirí, Treoir d’Éascaitheoirí |

*Léaráid 6A: Forléargas ar an bpróiseas measúnaithe*



## *Léaráid 6B: Forléargas ar an bpróiseas scrúdaithe*



### 6.1.3 Slándáil an Phróisis Measúnaithe

Tuigeann Gaelchultúr an gá atá le próiseas slán measúnaithe chun sonraí pearsanta foghlaimeoirí a chosaint chomh maith le forálacha GDPR a chomhlíonadh. Cinntítear le próiseas slán measúnaithe go ndéantar measúnuithe a shórtáil agus a phróiseáil mar is ceart, go reáchtáiltear scrúduithe i gceart agus go dtagann an obair sin leis an ardchaighdeán a mbíonn Gaelchultúr ag súil leis.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | SlPMBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Slándáil agus sláine na n-ábhar measúnaithe, an phróisis measúnaithe, fianaise foghlaimeoirí agus riachtanais aighneachta a chinntiú. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach foghlaimeoir de chuid Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | - Cuireann foghlaimeoirí measúnuithe isteach ar an ríomhphost.<br>- Tá córas admhála i bhfeidhm maidir leis an ábhar measúnaithe go léir a chuirtear isteach go leictreonach.<br>- Déantar measúnuithe a chuirtear isteach go leictreonach a scagadh go huathoibríoch agus a sheoladh chuig fillteán cuí an ghrúpa foghlaimeoirí.<br>- Tugtar pasfhocal ríomhphoist do cheartaitheoirí chun rochtain a fháil ar mheasúnuithe agus aistrítear bunleaganacha chuig cuntas slán Dropbox.<br>- Déanann an léachtóir/teagascóir maoirseacht ar mheasúnuithe ranga agus tugtar scripteanna don Riarthóir Acadúil tar éis an ranga.<br>- Coinníonn an léachtóir/teagascóir taifead tinrimh i ngach rang.<br>- Coinnítear torthaí na measúnuithe go leictreonach ar scarbhileog atá cosanta ag pasfhocal.<br>- Stóráiltear cóipeanna crua de scrúduithe deireadh téarma faoi ghlas i suíomh slán le rochtain ainmnithe.<br>- Cuirtear oiliúint chuí ar éascaitheoirí scrúduithe agus fíoraíonn siadsan an taifead tinrimh ag na scrúduithe.<br>- Tugtar oiliúint agus ionduchtú cuimsitheach do scrúdaitheoirí na mbéaltrialacha sula dtugann siad faoi scrúduithe.<br>- Sula dtugtar clár dóibh le ceartú, ní mór do gach ceartaitheoir tarscaoileadh a shíniú le deimhniú go gcloífidh siad le forálacha GDPR maidir le sonraí pearsanta foghlaimeoirí. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Bileog Tinrimh don Rang, Scarbhileog Thorthaí na Measúnuithe, Bileog Tinrimh do Scrúduithe | | |

### 6.1.4 Socrú Réasúnta

Déanann baill foirne Ghaelchultúir a ndícheall freastal ar gach foghlaimeoir. Déanaimid ár ndícheall aon tacaíocht bhreise a chur ar fáil dóibh siúd a bhféadfadh a leithéid a bheith ag teastáil uathu le cur ar a gcumas cúrsaí a dhéanamh linn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | SuRBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Riachtanais bhreise tacaíochta a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, nuair atá gá leo, le gur féidir leo measúnú cothrom a fháil ar na caighdeáin atá á meas. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach foghlaimeoir de chuid Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | - Iarrtar ar fhoghlaimeoirí Gaelchultúr a chur ar an eolas faoi aon riachtanais bhreise tacaíochta a theastóidh uathu sula dtosaíonn siad ar chúrsa.<br>- Féadann foghlaimeoirí cruinniú a ghairm le Gaelchultúr chun riachtanais bhreise tacaíochta a mheas agus freastal oiriúnach a shocrú, nuair is gá.<br>- Féadtar údarás a thabhairt do cheartaitheoirí torthaí measúnaithe a choigeartú dá réir chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí, bunaithe ar threoir ón Riarthóir Acadúil.<br>- Is féidir seachadadh an mhodha measúnaithe a athrú chun freastal ar fhoghlaimeoirí. Mar shampla: méadú cló, cúnamh praiticiúil, síneadh ar spriocdháta, soláthar trealamh oiriúnaitheach agus bogearraí má tá siad ar fáil.<br>- Cuirfidh an Riarthóir Acadúil léachtóirí/teagascóirí agus ceartaitheoirí ar an eolas faoi riachtanais an fhoghlaimeora má mheastar go bhfuil sé sin oiriúnach.<br>(Tá tuilleadh eolais maidir le socrú réasúnta agus na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí in 7.1). | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | | | |

### 6.1.5 Comhsheasmhacht na Marcála

Le linn an phróisis measúnaithe, tugtar aiseolas cuimsitheach d'fhoghlaimeoirí ar gach tasc a chuireann siad isteach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Gaelchultúr a chinntíonn leibhéal comhsheasmhach teagaisc agus go gcloítear le hábhar an chláir. Cinntítear uasmhéid comhsheasmhachta maidir le meastóireacht agus grádú leis na nósanna imeachta sin agus déantar foghlaimeoirí a chosaint ó aon réamhchlaonadh a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Déantar na léachtóirí/teagascóirí agus ceartaitheoirí a chosaint ó chúisimh réamhchlaonta leis na nósanna imeachta céanna.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | CtMBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéantar gach measúnú a mharcáil ar bhealach cothrom agus comhsheasmhach | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach foghlaimeoir de chuid Ghaelchultúir, le gach léachtóir/teagascóir/ceartaitheoir | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, an Stiúrthóir Oideachais | | |
| **Nós imeachta:** | - Ionduchtú agus oiliúint chuimsitheach mar aon le lámhleabhar a sholáthraíonn an Stiúrthóir Oideachais do gach teagascóir agus gach ceartaitheoir nua. | | |

| | |
|---|---|
| | - Treoracha don mheasúnú doiciméadaithe de réir riachtanais an chúrsa, lena n-áirítear freagraí samplacha, scéimeanna marcála agus treoirlínte a chuirtear ar fáil.<br>- Eagraítear tras-mhodhnóireacht nuair is cuí<br>- Seiceáil inmheánach ar an gcéad tri thasc láimhsithe ag ceartaitheoir nua.<br>- Próisis maidir le fíorú inmheánach agus fíordheimhniú seachtrach ag deireadh an téarma (féach 6.1.7 agus 6.1.8)<br><br>Cuirtear oiliúint bhreise ar fáil d'aon cheartaitheoir a bhféadfadh go mbeadh gá leis. Tá an ceart ag Gaelchultúr ceartaitheoir a bhaint de chlár cúrsa má mheastar go bhfuil sé oiriúnach.<br><br>Tá an Riarthóir Acadúil ar fáil chun ceisteanna ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag ceartaitheoirí, teagascóirí nó foghlaimeoirí a fhreagairt. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Freagraí samplacha, treoir maidir le marcáil na measúnuithe |

### 6.1.6 Tras-mhodhnóireacht

Déantar tras-mhodhnóireacht ar gach cúrsa atá creidiúnaithe ag QQI chun a chinntiú go bhfuil comhsheasmhacht ann i gcónaí ar chaighdeán agus ar sheachadadh an phróisis measúnaithe.

| **Beartas:** | TtMBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil leibhéal comhsheasmhach teagaisc agus measúnaithe ar gach leibhéal oideachais laistigh den eagraíocht. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach cúrsa atá creidiúnaithe ag QQI | | |
| **Freagrach as:** | An Stiúrthóir Oideachais, Léachtóirí/Teagascóirí, an Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | Déanann an Riarthóir Acadúil tras-mhodhnóirí a aimsiú agus na tréimhsí measúnaithe agus deimhniúcháin á sceidealú aige.<br><br>- Nuair a bhíonn roinnt cúrsaí in aon tréimhse deimhniúcháin, féadann teagascóir nó ceartaitheoir cúrsa amháin feidhmiú mar thras-mhodhnóir ar chúrsa eile<br>- Déantar athruithe tras-mhodhnóireachta a shainaithint go soiléir trí dhath difriúil a úsáid ón gcéad mharcáil<br>- Déantar athruithe a lua sa taifead tras-mhodhnóireachta a chuirtear ar fáil le haghaidh fíorú inmheánach agus fíordheimhniú seachtrach<br><br>Modh agus Sampláil – Is é an Stiúrthóir Oideachais agus/nó an Riarthóir Acadúil a chinneann modh na tras-mhodhnóireachta.<br><br>Úsáidtear ceann de na meicníochtaí seo go hiondúil:<br><br>- Déantar an dara marcáil ar gach teip.<br>- Déantar an dara marcáil ar gach marc ar an teorainn idir dhá ghrád.<br>- Déantar an dara marcáil ar mheasúnuithe randamacha ó gach cúrsa (15–20% den iomlán). | | |

| | |
|---|---|
| | **Nóta**:<br>Maidir le haon léachtóir/teagascóir nó ceartaitheoir nua, déantar na chéad trí mheasúnú a mhodhnú go hiomlán (gach foghlaimeoir). Ní sheoltar obair ceartaitheoirí nua ar ais chuig foghlaimeoirí go dtí go mbíonn siad modhnaithe go hiomlán. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Taifead tras-mhodhnóireachta |

### 6.1.7 Fíorú Inmheánach

Is meicníocht inmheánach é an Fíorú Inmheánach a dhéantar chun a chinntiú gur leanadh na nósanna imeachta cearta le linn an phróisis measúnaithe agus go bhfuil na huirlisí measúnaithe cearta i bhfeidhm.

Déanann ball inmheánach d'fhoireann Ghaelchultúir an fíorú ar an TGG agus ar an DISA ag deireadh gach tréimhse measúnaithe. Is é an Riarthóir Acadúil atá freagrach sa deireadh as a chinntiú go ndéantar an fíorú inmheánach. Féadfaidh an ball foirne céanna an fíorú inmheánach a dhéanamh ar an TGG agus DISA araon má mheasann an Riarthóir Acadúil go bhfuil sé sin oiriúnach.

Is uirlis riachtanach agus luachmhar é an fíorú inmheánach sa phróiseas measúnaithe mar is é seo an chéad chéim chun torthaí foghlaimeoirí a dheimhniú agus a thabhairt chun críche.

| **Beartas:** | FuIBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil an próiseas measúnaithe curtha i gcrích de réir bheartais agus nósanna imeachta Ghaelchultúir agus go gcloíonn sé le beartas de chuid QQI ar *Assessments and Standards, Revised 2013.*[11] | | |
| **Scóip:** | Déantar fíorú inmheánach ar gach cúrsa atá creidiúnaithe ag QQI. | | |
| **Freagrach as:** | An Fíoraitheoir Inmheánach, an Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | Ceaptar Fíoraitheoir Inmheánach ar gach clár cúrsa ar ball den fhoireann inmheánach é. Cinntíonn an Riarthóir Acadúil:<br>- go mbíonn oiliúint curtha ar na baill foirne ábhartha<br>- go gcuirtear dóthain ama ar fáil leis an obair a bhaineann leis an bhfíorú inmheánach a chur i gcrích go héifeachtach (coicís de ghnáth).<br><br>**Fíorú inmheánach ar an TGG:**<br>Déantar fíorú inmheánach ar gach grúpa foghlaimeoirí, gach léachtóir/teagascóir agus gach clár. Sainmhínítear straitéis samplála iomchuí do gach tréimhse deimhnithe:<br>- atá ionadaíoch ar gach dámhachtain agus ar gach modh measúnaithe<br>- atá leordhóthanach ó thaobh méide de le go bhféadtar breithiúnais fhónta a dhéanamh maidir le cothroime agus comhsheasmhacht na gcinntí measúnaithe | | |

[11] https://www.qqi.ie/Publications/Publications/Assessment_and_Standards%20Revised%202013.pdf

| | |
|---|---|
| | - a chlúdaíonn an raon iomlán gnóthachtála ó thaobh na ngrád a baineadh amach<br>- ina n-áirítear an foghlaimeoir a ghnóthaigh an marc is airde agus is ísle i ngach grúpa<br>- a chinntíonn go raibh tras-mhodhnóireacht curtha i gcrích ar gach clár agus go bhfuil aiseolas agus ceartaitheoirí nua léirithe san obair sin.<br><br>Déanann an Fíoraitheoir Inmheánach an sampla roghnaithe a sheiceáil lena chinntiú:<br><br>- go ndearnadh na marcanna a ríomh de réir na dtreoirlínte.<br>- gur aistríodh na marcanna i gceart ó mheasúnú an fhoghlaimeora go dtí scarbhileog na dtorthaí.<br>- go bhfuil na marcanna agus na céatadáin a bronnadh ag teacht leis na bandaí grádaithe.<br><br>Áirítear 25% ar a laghad d'fhoghlaimeoirí le haghaidh fíorú inmheánach do gach tréimhse dheimhniúcháin agus mar atá leagtha amach i ndoiciméid treorach ábhartha an fhorais cáiliúcháin.<br><br>**Fíorú inmheánach ar an DISA:**<br>- Déanann ceartaitheoir ainmnithe atá fostaithe ag Gaelchultúr ceartú ar gach tasc/tionscadal.<br>- Seolann an ceartaitheoir tascanna/tionscadail cheartaithe chuig léachtóir/teagascóir an mhodúil agus déantar tras-mhodhnóireacht.<br>- Cuireann léachtóir/teagascóir an mhodúil an tasc/tionscadal chuig an Stiúrthóir Oideachais a dhéanann seiceáil dheireanach air.<br><br>Má thugann an Fíoraitheoir Inmheánach faoi deara go bhfuil neamhréireanna móra in obair ceartaitheora, cuirtear an Riarthóir Acadúil ar an eolas faoi. Cuirtear é sin in iúl i dTuarascáil an Fhíoraitheora Inmheánaigh. Cuirtear an tuarascáil sin ar fáil don Scrúdaitheoir Seachtrach. Féadfar cinneadh a dhéanamh ansin go mb'fhéidir go gcaithfear gach píosa oibre a shampláil/a athcheartú.<br><br>Léirítear san fhíorú inmheánach na measúnuithe a bhféadfadh dearmad a bheith déanta ag foghlaimeoirí iad a chur isteach. Déanann an Riarthóir Acadúil teagmháil leis na foghlaimeoirí sin chun ligean dóibh an measúnú a chur isteach má tá go leor ama ann chun an measúnú a cheartú roimh spriocdháta deimhnithe QQI. Féadtar pionós a ghearradh ar obair dhéanach má mheastar go bhfuil sé sin cuí.<br><br>**Tuarascáil an Fhíoraitheora Inmheánaigh:**<br>Tar éis dó an próiseas a chríochnú, comhlánaíonn an Fíoraitheoir Inmheánach tuarascáil ina ndeimhnítear toradh an phróisis. Coinnítear an tuarascáil agus cuirtear ar fáil í don Fhíordheimhnitheoir Seachtrach agus don Phainéal Faofa Torthaí. |

| | |
|---|---|
| | Léirítear fianaise sa tuarascáil go ndearnadh an próiseas fíoraithe inmheánach, aithnítear láidreachtaí, déantar bearnaí a shainaithint agus leagtar béim ar réimsí le feabhsú má mheastar go bhfuil sé sin oiriúnach. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Seicliosta don fhíorú inmheánach, Tuarascáil an Fhíoraitheora Inmheánaigh |

### 6.1.8 Fíordheimhniú Seachtrach

Úsáidtear fíordheimhniú seachtrach chun breithiúnas neamhspleách a thabhairt ar an bpróiseas measúnaithe agus le cinntiú go gcloítear leis an gcaighdeán ard a mbíonn Gaelchultúr ag súil leis, agus gur baineadh sin amach. Déantar cinnte chomh maith go bhfuil tagarmharcáil ag tarlú. Léirítear leis an bhfíordheimhniú seachtrach an chreidiúnacht atá ag próiseas measúnaithe Ghaelchultúir agus cinntítear go bhfuil torthaí measúnuithe marcáilte ar bhealach bailí iontaofa agus go gcomhlánaítear riachtanais na dámhachtana.

| **Beartas:** | FuSBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéantar dearbhú neamhspleách ar mheasúnú cóir comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí atá i gcomhréir le sonraíochtaí an chomhlachta dámhachtana. | | |
| **Scóip:** | Déantar fíordheimhniú seachtrach ar gach cúrsa atá creidiúnaithe ag QQI. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, an Fíoraitheoir Inmheánach, an Fíordheimhnitheoir Seachtrach | | |
| **Nós imeachta:** | Roghnaítear Fíordheimhnitheoir Seachtrach (FS)/Scrúdaitheoir Seachtrach (SS) a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu mar a leagtar amach go hiomlán ag tús 'Tuarascáil an FS/SS'. Tugtar achoimre thíos ar na critéir roghnúcháin.<br><br>Critéir roghnúcháin:<br>- Saineolas laistigh den réimse dámhachtana/réimse foghlama aige.<br>- An t-eolas agus an saineolas riachtanach aige chun a dhearbhú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta maidir le dámhachtainí agus measúnú á gcur i bhfeidhm<br>- Taithí ar mheasúnú a dhéanamh nó obair ábhartha den chineál céanna a dhéanamh laistigh den earnáil chuí.<br>- A bheith in ann oibriú laistigh de chód cleachtais don FS/SS agus de réir na dtreoirlínte atá leagtha síos ag an bhforas cáiliúcháin.<br>- Neamhspleách ar Ghaelchultúr.<br>- A ról mar FS/SS a chomhlíonadh go hionraic agus go gairmiúil.<br>- Glacadh le hoiliúint agus freastal ar chruinnithe faisnéise más gá.<br><br>Déantar fíordheimhniú seachtrach de réir na sceideal measúnaithe agus deimhniúcháin. Feidhmíonn an té a cheaptar ina FS/SS sa ról sin ar feadh trí bliana.<br><br>**Ullmhúchán don Fhíordheimhniú Seachtrach:**<br>Socraíonn an Riarthóir Acadúil agus cuireann sé ar fáil na rudaí seo leanas roimh theacht an FS/SS:<br><br>- Dáta, am agus ionad. | | |

| | |
|---|---|
| | - Straitéis samplála. Roghnaíonn an FS/SS foghlaimeoirí thar gach banda grádaithe agus ó gach léachtóir/teagascóir.<br>- Páipéarachas atá le cur i gcrích agus dóthain ama chun an obair sin a dhéanamh.<br>- Spriocdháta chun tuarascáil an FS/SS a sheoladh ar ais.<br>- Rochtain ar Dropbox slán ina gcoinnítear measúnuithe na bhfoghlaimeoirí (aontaítear slándáil an mheasúnaithe roimh ré).<br><br>Doiciméid le cur ar fáil:<br><br>- treoir do na measúnuithe<br>- páipéir scrúdaithe<br>- scéimeanna marcála<br>- pleananna measúnaithe<br>- fianaise measúnaithe foghlaimeora<br>- torthaí measúnaithe foghlaimeora (taifeadta ar bhileog torthaí sealadacha)<br>- sonraíocht na comhpháirte<br>- Tuarascáil an Fhíoraitheora Inmheánaigh<br>- fíordheimhniú seachtrach de réir straitéis samplála na hInstitiúide.<br><br>**An TGG:**<br>Déantar fíordheimhniú seachtrach ag deireadh gach cúrsa. Cuirtear straitéis samplála 30-35% i bhfeidhm ar na grúpaí uile.<br><br>**An DISA:**<br>Déantar sampláil ar gach measúnú a chuireann foghlaimeoirí isteach i gcás an DISA.<br><br>Nuair a bhíonn tuarascáil an FS/SS críochnaithe, seoltar ar ais chuig an Riarthóir Acadúil í.<br><br>Cuirtear an tuarascáil sin ar fáil don Phainéal Faofa Torthaí agus bíonn fianaise inti go ndearnadh an próiseas fíordheimhnithe seachtrach.<br><br>Déantar trácht inti ar thorthaí na modhnóireachta a dhéantar ar thorthaí foghlaimeoirí i gcoinne caighdeáin náisiúnta, aithnítear láidreachtaí, déantar aon bhearnaí a shainaithint agus leagtar béim ar réimsí atá le feabhsú. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Seicliosta don FS/SS, Tuarascáil an FS/SS |

### 6.1.9 Faomhadh Torthaí


Tagann an Painéal Faofa Torthaí le chéile nuair a bhíonn téarma críochnaithe chun torthaí foghlaimeoirí a dheimhniú. Déanann baill an phainéil Tuarascáil an Fhíoraitheora Inmheánaigh agus Tuarascáil an FS/SS a iniúchadh agus cinneann siad ar cheart glacadh le cuid de na moltaí a bhíonn le fáil sna tuarascálacha sin, glacadh le gach ceann díobh nó diúltú dóibh.

| **Beartas:** | FhTBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéanann Gaelchultúr athbhreithniú agus faomhadh ar thorthaí measúnuithe sula gcuirtear isteach iad le haghaidh deimhniúcháin ó QQI. |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach cúrsa atá creidiúnaithe ag QQI. |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, an Stiúrthóir Oideachais |
| **Nós imeachta:** | Déantar próiseas faofa torthaí a sceidealú do gach tréimhse mheasúnaithe. Is iad baill den Fhoireann Acadúil, mar aon leis an Riarthóir Acadúil, a bhíonn ar an bpainéal. Is féidir leis an FS/SS a bheith i láthair má mheastar gurbh fhiú dó a bheith ann. Bíonn duine seachtrach (nach bhfuil ar fhoireann acadúil Ghaelchultúir) i láthair ag gach cruinniú den Phainéal. Féadfaidh léachtóir/teagascóir nó ceartaitheoir feidhmiú sa ról sin.<br><br>Bíonn an Riarthóir Acadúil ina chathaoirleach ar an bPainéal agus glacann sé miontuairiscí den chruinniú.<br><br>Tionóltar Painéal Faofa Torthaí chun torthaí na bhfoghlaimeoirí a fhaomhadh agus déantar athbhreithniú ar an doiciméid seo a leanas:<br><br>- torthaí sealadacha atá le scrúdú<br>- Tuarascáil an Fhíoraitheora Inmheánaigh<br>- Tuarascáil an FS/SS<br>- athruithe grád<br>- bearta ceartaitheacha.<br><br>Coinnítear tuarascáil chomhlánaithe chun críocha iniúchta agus monatóireachta.<br><br>Ar chríochnú thuarascáil an phainéil, gintear tuarascáil eile chun aiseolas a sholáthar do gach léachtóir/teagascóir/ceartaitheoir ina mbíonn moltaí chun feabhais, más gá.<br><br>Cruthaítear fianaise leis an bPainéal Faofa Torthaí go bhfuil an próiseas fíordheimhnithe déanta. Aithnítear láidreachtaí, déantar bearnaí a sainaithint agus leagtar béim ar réimsí le feabhsú sa phróiseas fíordheimhnithe.<br><br>Áirítear i dtuarascáil an phainéil:<br><br>- baill an phainéil<br>- clár an chruinnithe<br>- miontuairiscí an chruinnithe.<br><br>Féadann cinntí den chineál seo a bheith i gceist sna moltaí a thaifeadtar sna miontuairiscí:<br><br>• glacadh le moltaí Thuarascáil an Fhíoraitheora Inmheánaigh<br>• glacadh le moltaí Thuarascáil an FS/SS<br>• torthaí sealadacha a athraíodh go torthaí faofa. |

| | |
|---|---|
| | Déanann an Riarthóir Acadúil an tuarascáil a dhréachtú. Cuirtear na torthaí in iúl do na foghlaimeoirí ansin.<br><br>Más mian le foghlaimeoir achomharc a dhéanamh ar na torthaí faofa, tá coicís acu chun é sin a chur in iúl don Riarthóir Acadúil (féach 6.3) |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Miontuairiscí Cruinnithe, Torthaí Faofa, An Beartas Achomharc (A.6.2) |


## *Léaráid 6C: Forléargas ar an bPróiseas Deimhniúcháin*



### 6.1.10 Aighneacht le haghaidh Deimhniúcháin

| **Beartas:** | AtDBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Torthaí na bhfoghlaimeoirí a chur ar aghaidh chuig QQI agus na torthaí faofa a chur ar an taifead. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach cúrsa atá creidiúnaithe ag QQI. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | - Iarrtar agus bailítear sonraí foghlaimeoirí ag tús gach cláir trí Fhoirm Toilithe na bhFoghlaimeoirí. Scaipeann an léachtóir/teagascóir na foirmeacha seo le linn an ranga agus tugann sé/sí gach foirm chomhlánaithe don Riarthóir Acadúil. Sábháiltear na sonraí sin ar fhreastalaí slán Ghaelchultúir agus úsáidtear iad le haghaidh deimhniúcháin ag deireadh an chláir.<br>- Coinníonn Gaelchultúr na sonraí sin go dtí nach bhfuil gá leo a thuilleadh.<br>- A luaithe agus atá torthaí na bhfoghlaimeoirí tugtha chun críche ag an bPainéal Faofa Torthaí, agus nach ndéantar aon achomharc orthu, aistrítear na torthaí ansin chuig Seirbhísí Deimhniúcháin QBS.<br>- I ndiaidh dó torthaí na bhfoghlaimeoirí a chur isteach, íoslódálann an Riarthóir Acadúil na tuarascálacha QBS ábhartha agus cuireann sé ar fáil iad d'fhoghlaimeoirí, mar aon lena dtorthaí, ar an ríomhphost.<br>- Déanann an Riarthóir Acadúil teagmháil le foghlaimeoirí nuair a fhaightear teastais QQI, a bhronntar ar fhoghlaimeoirí ansin ag searmanas bronnta.<br>- Seoltar teastais a díreach chuig foghlaimeoirí nuair a iarrann siad ar an Institiúid é sin a dhéanamh. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Foirm Toilithe na bhFoghlaimeoirí (A.7.4) | | |

*Léaráid 6D: Forléargas ar an bPróiseas Fíordheimhnithe*




## 6.2 Meastóireacht ar Fhoghlaimeoirí

Is é príomhaidhm an nóis imeachta a bhaineann le measúnú ná foghlaimeoirí a chur ar a gcumas a gcuid scileanna agus líofacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | MtFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go dtugtar aiseolas cuidiúil agus éifeachtach d'fhoghlaimeoirí agus go dtugtar aiseolas cuimsitheach dóibh ar gach measúnú a chuireann siad isteach. Bítear ag súil go gcuirfidh foghlaimeoirí an t-aiseolas sin san áireamh agus é a chur i bhfeidhm i measúnuithe a dhéanann siad ina dhiaidh sin. Is é aidhm an phróisis meastóireachta ar fhoghlaimeoirí ná cuidiú leo a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú go leanúnach. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach foghlaimeoir de chuid Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | - Cuireann foghlaimeoirí measúnú isteach agus déantar é a cheartú de réir na spriocdhátaí atá leagtha amach i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí.<br>- Soláthraíonn an ceartaitheoir ceartúchán cuimsitheach ina ndírítear ar chruinneas scríofa, stíl scríbhneoireachta agus aon ghné eile den teanga atá oiriúnach.<br>- Úsáidtear fonótaí chun ceartúcháin níos mine a chur ar fáil nuair is gá.<br>- Feidhmíonn an Riarthóir Acadúil mar theagmhálaí d'fhoghlaimeoirí le linn an chúrsa má bhíonn aon cheist acu maidir le haiseolas ar mheasúnú. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | | | |

### *Léaráid 6E: Dearbhú Cáilíochta ar Mheasúnú Scileanna*



## 6.3 Achomhairc ó Fhoghlaimeoirí

Tugtar breac-chuntas sa bheartas seo ar na nósanna imeachta a bhaineann le hachomhairc foghlaimeoirí a phróiseáil. Is cuid riachtanach de phróiseas measúnaithe Ghaelchultúir é agus úsáidtear é, nuair is gá, chun sláine an phróisis sin a léiriú agus chun feabhas a chur air. Tá tuilleadh eolais faoi chineálacha éagsúla achomhairc, na forais achomhairc agus sainmhínithe ar achomhairc le fáil in Aguisín 6.

| **Beartas:** | AcFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Leagtar síos sa bheartas seo na cúiseanna, na forais agus na torthaí ar athsheiceáil, athbhreithniú agus achomharc i gcás mheasúnuithe agus bhéaltrialacha an TGG agus i gcás thionscadail agus scrúduithe an DISA. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le foghlaimeoirí ar mian leo torthaí measúnaithe nó scrúdaithe a cheistiú. Féadfaidh foghlaimeoirí achomharc a dhéanamh bunaithe ar na cúiseanna atá luaite in Aguisín 6. | | |
| **Nós imeachta:** | - Nuair a fhaigheann siad torthaí sealadacha, bíonn 14 lá ag foghlaimeoirí ar mian leo achomharc a chur isteach teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir Acadúil, a chuireann an fhoirm chuí ar fáil dóibh.<br>- Tugann an Riarthóir Acadúil admháil go bhfuil an fhoirm achomhairc chomhlánaithe faighte agus cuireann sé an foghlaimeoir ar an eolas faoin tréimhse ama ina bpróiseálfar an t-achomharc (14 lá oibre de ghnáth).<br>- Má tá an Riarthóir Acadúil sásta go bhfuil forais bhailí achomhairc ag an bhfoghlaimeoir, mar atá leagtha amach in Aguisín 6, cuireann sé an Stiúrthóir Oideachais ar an eolas agus déanann sé cruinniú a ghairm leis an bPainéal Achomharc chun an cás a chur faoina bráid.<br>- Bíonn duine seachtrach ina chathaoirleach ar chruinnithe de chuid an Phainéil Achomharc.<br>- Glacann an Riarthóir Acadúil miontuairiscí le linn chruinniú an Phainéil Achomharc agus cuireann sé an foghlaimeoir ar an eolas faoina gcinneadh.<br>- Má éiríonn le hachomharc an fhoghlaimeora, déanann ceartaitheoir difriúil athbhreithniú ar an gcéad chinneadh maidir le measúnú agus soláthraítear toradh nua.<br>- Mura n-éiríonn le hachomharc an fhoghlaimeora, is féidir leis an bhfoghlaimeoir a chás a chur faoi bhráid QQI. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Foirm Iarratais chun Torthaí Measúnuithe a Achomharc (A.6.1) | | |

## 6.4 Gearáin ó Fhoghlaimeoirí

Tá Gaelchultúr tiomanta do sheirbhís a chur ar fáil atá ar ardchaighdeán, cóir, trédhearcach agus cothrom. Léirítear sa bheartas seo an chaoi a gcosnaíonn Gaelchultúr cearta an ghearánaigh, agus an bhall foirne/rannóige a ndéantar gearán ina choinne, chun réiteach nó imscrúdú cothrom neamhchlaonta ar ghearán a fháil. Caitear le gearáin go pras, go cothrom, go neamhchlaonta agus faoi rún.

Is féidir tuilleadh eolais faoi shainmhínithe gearán, nósanna imeachta agus an Painéal Gearán a fháil in Aguisín 6.

| **Beartas:** | | **Leagan:** | |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go láimhseáiltear gach gearán go cóir, go comhsheasmhach agus, nuair is féidir, go ndéantar é a réiteach ar bhealach sásúil don ghearánach le haird chuí ar rúndacht. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil | | |
| **Scóip:** | Féadtar an beartas seo a úsáid le haghaidh gearán a bhaineann le haon ghné de sheirbhís, soláthar nó rannóg de chuid Ghaelchultúir. Is féidir samplaí de na cineálacha gearán a chuimsítear a fháil in Aguisín 6.<br>Déanann an Painéal Gearán an cinneadh deiridh sa phróiseas gearán. | | |
| **Nós imeachta:** | **Nós imeachta do ghearáin neamhfhoirmeálta**<br>- Murar féidir gearán ó bhéal a réiteach ag an bpointe teagmhála cuirtear ar aghaidh ansin chuig an Riarthóir Acadúil é (laistigh de thréimhse 10 lá ón gceist a ardú).<br>- Téann an Riarthóir Acadúil i dteagmháil go díreach leis an ngearánach agus féachann sé le haon saincheist a réiteach ar bhealach neamhfhoirmeálta (e.g. moltaí ó bhéal a lorg maidir le conas an cheist a réiteach agus é a chur ina ceart a luaithe is féidir).<br>- Cuirtear páirtithe ábhartha i ngearán neamhfhoirmiúil ar an eolas faoi aon réiteach.<br><br>**Nós imeachta do ghearáin fhoirmiúla**<br>- Mura dtagtar ar réiteach tar éis na céime neamhfhoirmiúla, is féidir gearán foirmiúil a chur isteach tríd an bhFoirm um Ghearáin Fhoirmiúla a sheoladh chuig an Riarthóir Acadúil, a chinnteoidh go ndéanfaidh an Painéal Gearán imscrúdú breise ar an ngearán.<br>- Tugtar admháil go bhfuil an gearán foirmiúil faighte laistigh de chúig lá oibre ón uair a fhaightear an gearán.<br>- Déanann an Painéal Gearán imscrúdú ar gach gearán foirmiúil agus tugtar freagra ar an ngearán laistigh de 30 lá oibre nó, nuair nach féidir é sin a dhéanamh, tugtar freagra sealadach don ghearánach chun an scéal a mhíniú.<br>- Tugtar cóip den ghearán d’aon duine a bhíonn ainmnithe i ngearán agus bíonn sé de cheart aige freagra a thabhairt mar chuid den imscrúdú.<br>- Bíonn briseadh síos soiléir sa fhreagra a fhaigheann an gearánach ar na bearta a rinneadh nó atá á moladh chun an gearán a réiteach. Sa chás go ndearnadh cinneadh gan seasamh leis an ngearán, leagtar amach na cúiseanna a bhaineann leis an gcinneadh sin sa fhreagra. | | |

| | |
|---|---|
| | - Cuireann an Riarthóir Acadúil gach freagra ar ais chuig an ngearánach.<br>- Déanann an Riarthóir Acadúil an gearán a thaifeadadh, lena n-áirítear doiciméid agus comhfhreagras, torthaí agus moltaí a bhaineann le gearán, agus aithnítear aon bhearta chun feabhais ba cheart a chur i bhfeidhm dá bharr.<br>- Féadtar moltaí a tabhairt do léachtóir/teagascóir/ceartaitheoir má bhaineann an gearán leis an ionad oiliúna agus téann an Riarthóir Acadúil i dteagmháil leis an Stiúrthóir Oideachais maidir le bealaí chun é seo a réiteach más gá.<br>- Coinnítear taifid ar ghearáin, lena n-áirítear doiciméid agus comhfhreagras a bhaineann le gearán, ar feadh trí bliana. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Foirm um Ghearáin Fhoirmiúla (A.6.4) |

## 6.5 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Tá modhnóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an bpróiseas measúnaithe riachtanach chun an caighdeán seachadta a mbíonn Gaelchultúr ag súil leis a bhaint amach. Beidh an próiseas sin ar aon dul le caighdeáin an fhorais cáiliúcháin.

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A chinntiú go mbaintear caighdeán ard amach i gcónaí le linn an phróisis measúnaithe agus feabhas a chur ar ghnéithe de nuair is gá. |
| **Freagrach as:** | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an Riarthóir Acadúil |
| **Nós imeachta:** | - Bailítear tuairimí meastóireachta ag deireadh gach ranga ó léachtóirí/teagascóirí. Tá na ceisteanna deartha chun faisnéis agus léargas a bhailiú ar éifeachtacht ábhar an chúrsa.<br>- Iarrtar ar fhoghlaimeoirí dhá shuirbhé a chomhlánú le linn an chúrsa. Baineann suirbhé amháin le reáchtáil agus bainistiú an chúrsa. Baineann an dara ceann le caighdeán ábhar an chúrsa agus le seachadadh an ábhair ón léachtóir/teagascóir. Tá ceisteanna deartha chun faisnéis agus léargas a bhailiú ar éifeachtacht an phróisis measúnaithe. Déantar na suirbhéanna seo a scaipeadh i lár an téarma agus ag deireadh an téarma.<br>- Déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta anailís ar an bhfaisnéis sin agus úsáidtear í chun éifeachtacht na ngníomhaíochtaí measúnaithe agus ábhar cúrsa sa todhchaí a leasú agus a fheabhsú.<br>- Ullmhaíonn an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, i gcomhar leis an Riarthóir Acadúil más gá, tuarascáil ar na torthaí ó fhoghlaimeoirí agus ó léachtóirí/teagascóirí araon agus cuireann siad i láthair na Foirne Acadúla iad ag deireadh gach téarma.<br>- Cuirtear bearta ceartaitheacha i bhfeidhm chun an t-aiseolas a chur i bhfeidhm ar chúrsaí sa todhchaí má mheastar go bhfuil sé sin oiriúnach.<br>- Tá sé de dhualgas ar an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an nós imeachta measúnaithe le cinntiú go gcloítear leis na caighdeáin agus na treoirlínte cuí. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Suirbhé(anna) Aiseolais na bhFoghlaimeoirí/Léachtóirí/Teagascóirí (A.5.14), Tuarascáil an Oifigigh um Dhearbhú Cáilíochta |

# 7. Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí

## 7.1 Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí


Tá sé mar aidhm ag Gaelchultúr timpeallacht teagaisc agus foghlama a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais gach foghlaimeora agus táimid tiomanta do sheirbhísí tacaíochta den chéad scoth a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Tuigimid go dteastaíonn tacaíocht ghinearálta ó gach foghlaimeoir agus go bhfuil riachtanais éagsúla ag gach aon fhoghlaimeoir. Tuigeann Gaelchultúr freisin go dteastaíonn tacaíocht bhreise ó roinnt foghlaimeoirí agus déanaimid sáriarracht freastal ar na riachtanais sin agus cabhrú le gach foghlaimeoir a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Leagtar amach riachtanais iontrála do gach cúrsa agus déantar monatóireacht rialta orthu lena chinntiú go bhfuil an cumas cuí ag foghlaimeoirí ionchasacha chun an cháilíocht a bhaint amach ag deireadh an chúrsa. Maidir leis an Teastas sa Ghaeilge Gairmiúil (TGG), caithfidh gach foghlaimeoir measúnú a dhéanamh, ar an bhfón nó duine le duine, roimh thús an chúrsa lena chinntiú go gcuirtear é/í ag an leibhéal ceart.

Maidir leis an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA), ní mór d'iarrthóirí scrúdú iontrála a dhéanamh agus ní thugtar áit ar an gcúrsa ach dóibhsean a n-éiríonn leo sa scrúdú sin. Cuirimid aiseolas mionsonraithe ar fáil freisin d'fhoghlaimeoirí i rith an chúrsa chun tacú lena ndul chun cinn. Mar sin féin, tuigimid go mbíonn constaicí ar leith roimh roinnt foghlaimeoirí, a chuireann bac ar dhul chun cinn na ndaoine sin agus a chuireann bac orthu a lánacmhainneacht a bhaint amach. Dá bhrí sin, soláthraímid réimse leathan seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí agus déantar cur síos ar na seirbhísí sin sa mhír seo. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil mar chuid de na seirbhísí tacaíochta a chuirimid ar fáil d'fhoghlaimeoirí:

- seirbhísí tacaíochta acadúla agus neamhacadúla
- seirbhísí tréadchúraim
- tacaíocht teicneolaíochta faisnéise
- tacaíocht ghairmthreorach
- seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu
- seirbhísí riaracháin.

## *Léaráid 7A: Seirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí*




Cuirtear foghlaimeoirí ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta seo ag tús gach cúrsa agus meabhraítear dóibh le linn an chúrsa go bhfuil na seirbhísí tacaíochta seo ar fáil agus conas leas a bhaint astu. Chun a chinntiú go bhfuil Gaelchultúr ag freastal i gceart ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar na seirbhísí tacaíochta seo ar bhonn leanúnach agus tá ról lárnach ag anailís ar aiseolas foghlaimeoirí ina leith seo. (Tá achoimre ar na seirbhísí tacaíochta a sholáthraímid le fáil i Léaráid 7A thuas).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | TtFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go soláthraíonn Gaelchultúr réimse leathan seirbhísí tacaíochta dár bhfoghlaimeoirí le go n-éireoidh leo an cúrsa a chríochnú agus le cur ar chumas gach foghlaimeora a lánacmhainneacht a bhaint amach. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach foghlaimeoir a thugann faoi chúrsa le Gaelchultúr. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, an Fhoireann Acadúil, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | D'fhonn a chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil dóibh agus go spreagtar iad chun leas a bhaint as na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil, déanfaidh Gaelchultúr na bearta seo a leanas: | | |

- iarrfar ar fhoghlaimeoirí agus ar fhoghlaimeoirí ionchasacha aon seirbhísí tacaíochta a bheidh ag teastáil uathu a chur in iúl dúinn
- socrófar ionduchtú do na foghlaimeoirí go léir chun eolas a thabhairt dóibh maidir leis an Institiúid agus leis an gcúrsa agus chun iad a chur ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta a chuirfear ar fáil dóibh
- déanfar iarracht riachtanais na bhfoghlaimeoirí a aithint agus a mheas i rith an chúrsa
- eagrófar cruinnithe tacaíochta d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu
- cuirfear socrú réasúnta i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu (féach thíos chun tuilleadh eolais a fháil ar shocrú réasúnta)
- eagrófar cruinnithe tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a mheastar a bheith 'i mbaol' agus tabharfar comhairle dóibh faoi na seirbhísí tacaíochta cuí
- tuigimid go mbíonn cúinsí eisceachtúla acu ag roinnt foghlaimeoirí (e.g. méala, breoiteacht thromchúiseach, breoiteacht thromchúiseach dlúthghaolta) agus nuair a bhíonn drochthionchar ag na cúinsí seo ar obair an chúrsa/ar mheasúnuithe, cuirfear é seo san áireamh agus féadfar socruithe áirithe a chur i bhfeidhm (e.g. síneadh ama) chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí seo
- cuirfear tacaíocht teicneolaíochta faisnéise ar fáil
- déanfar tacaíocht ghairmthreorach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí
- treorófar foghlaimeoirí chuig comhairleoir cáilithe.

Nóta: Ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas agus déanfar freastal ar aon fhoghlaimeoirí a chuirfidh in iúl dúinn go bhfuil riachtanais tacaíochta ag teastáil uathu, de réir mar is féidir. D'fhéadfaí tuilleadh seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil freisin ag brath ar leibhéal agus fad an chúrsa.

**Próiseas iarratais**
Le linn an phróisis iarratais iarrfar ar fhoghlaimeoirí ionchasacha Gaelchultúr a chur ar an eolas faoi aon seirbhísí tacaíochta a theastóidh uathu. Caithfear leis an eolas seo go rúnda agus ní dhéanfar idirdhealú ar bhealach ar bith ar iarratasóirí a sholáthróidh eolas faoina riachtanais tacaíochta. Bainfear úsáid as an eolas seo lena chinntiú go mbeidh foireann Ghaelchultúir in ann na seirbhísí tacaíochta cuí a chur i bhfeidhm a luaithe agus is féidir.

**Ionduchtú**
Chun a chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí eolas agus tacaíocht thábhachtach ag tús an chúrsa agus chun eolas a thabhairt dóibh maidir le cur chuige na hInstitiúide, soláthraítear faisnéis ionduchtaithe ag tús gach cláir. Cuirtear an fhaisnéis seo i láthair na bhfoghlaimeoirí i gcéad rang an chúrsa, tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide agus i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí a dhéantar a dháileadh ag tús cúrsa.

Cuirtear na gnéithe seo a leanas san áireamh sa phróiseas ionduchtaithe:

- ionduchtú ginearálta don Institiúid féin
- ionduchtú don chúrsa féin
- aidhmeanna agus cuspóirí foghlama an chúrsa

| | |
|---|---|
| | – forbhreathnú ar na modúil éigeantacha (má tá rogha ann)<br>– plé ar na modúil roghnacha (má tá rogha ann)<br>– faisnéis agus treoir maidir leis an suíomh ríomhfhoghlama ranganna.com<br>– faisnéis faoi na rialacháin a bhaineann le measúnuithe, rialacháin achomhairc, agus beartas na hInstitiúide maidir le hionracas acadúil agus bradaíl<br>– amchlár an chúrsa agus faisnéis faoi spriocdhátaí na measúnuithe<br>– faisnéis faoi na seirbhísí tacaíochta acadúla agus neamhacadúla atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí.<br><br>Féadann foghlaimeoirí coinne a dhéanamh freisin leis an Stiúrthóir Oideachais, leis an Riarthóir Acadúil nó le duine de na léachtóirí/teagascóirí chun na tacaíochtaí atá ar fáil nó ábhar an chúrsa a phlé ag tús an tseimeastair.<br><br>Ag tús an tseimeastair agus i rith na bliana, is féidir leis na foghlaimeoirí coinne a dhéanamh leis an Stiúrthóir Oideachais agus le léachtóirí/teagascóirí chun na scileanna seo a leanas a phlé:<br><br>– scileanna staidéir<br>– scileanna scríbhneoireachta<br>– bainistíocht ama<br>– teicnící scrúdaithe.<br><br>**Tacaíocht acadúil**<br>Cuireann Gaelchultúr tacaíocht acadúil leanúnach ar fáil d'fhoghlaimeoirí, bíodh sé sin duine le duine, sna ranganna nó ar líne. Tugtar achoimre thíos ar na bealaí éagsúla ina gcuirtear an tacaíocht seo ar fáil d'fhoghlaimeoirí.<br><br>**Teagmháil le léachtóirí/teagascóirí i ranganna**<br>Gné lárnach de chur chuige Ghaelchultúir is ea teagmháil leis an léachtóir/teagascóir agus cuireann sé seo go mór leis an eispéireas foghlama. Tugtar sonraí teagmhála léachtóirí agus teagascóirí do na foghlaimeoirí ag tús gach cúrsa.<br><br>Má tá ceist ag foghlaimeoirí a bhaineann go sonrach le ceann de na modúil nó leis an aiseolas atá faighte acu, is féidir leo:<br><br>– an cheist a phlé leis an léachtóir/teagascóir ag deireadh an ranga<br>– teagmháil a dhéanamh leis/léi trí ríomhphost chun an cheist a phlé<br>– teagmháil a dhéanamh leis an léachtóir/teagascóir chun cruinniú a eagrú leis an gceist a phlé.<br><br>Cuireann an Fhoireann Acadúil comhairle ar fáil freisin maidir leis na nithe seo a leanas:<br><br>– scileanna staidéir<br>– scileanna scríbhneoireachta<br>– bainistíocht ama |

| | |
|---|---|
| | – teicnící scrúdaithe.<br><br>Tá an bhéim ar an ríomhfhoghlaim i gcúrsaí áirithe (an TGG ar líne agus an DISA) ach úsáidtear an córas físchomhdhála WebEx chun ranganna beo ar líne a reáchtáil lena chinntiú go mbíonn an deis ag foghlaimeoirí labhairt leis an léachtóir/teagascóir agus ceisteanna a chur air/uirthi.<br><br>Ina theannta sin, i gcás an DISA, eagraítear ceithre sheisiún lae gach seimeastar chun deis a thabhairt do na foghlaimeoirí labhairt leis an léachtóir agus deacrachtaí a phlé. Tugtar faisnéis do na foghlaimeoirí maidir le dátaí na seisiún lae roimh thús an chúrsa.<br><br>**Riachtanais foghlaimeoirí a aithint agus a mheas**<br>D'fhéadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil ó fhoghlaimeoirí leis na gnéithe seo thíos:<br><br>– riachtanais an chúrsa<br>– teicnící staidéir<br>– bainistíocht ama<br>– scileanna eagrúcháin<br>– an t-ualach oibre<br>– fadhbanna pearsanta<br>– scileanna teicniúla.<br><br>Déanann Gaelchultúr riachtanais tacaíochta foghlaimeoirí a mheas agus déantar monatóireacht orthu lena chinntiú go dtugtar an tacaíocht chuí dóibh. Chun é sin a dhéanamh, glactar na céimeanna seo a leanas:<br><br>– Iarrtar ar fhoghlaimeoirí ball foirne a chur ar an eolas go bhfuil riachtanais ar leith aige/aici roimh thús an chúrsa nó ag am ar bith le linn an chúrsa.<br>– Glaoitear rolla tinrimh i ngach rang (iarrtar ar fhoghlaimeoirí teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir Acadúil mura bhfuil siad in ann freastal ar rang). Coinníonn an Riarthóir Acadúil agus na léachtóirí/teagascóirí súil ghéar ar fhreastal foghlaimeoirí agus déantar teagmháil le foghlaimeoir ar bith a bhíonn as láthair go minic.<br>– Déanann an Riarthóir Acadúil monatóireacht ar chur isteach measúnuithe agus téann an léachtóir/teagascóir nó an Riarthóir Acadúil i dteagmháil le haon fhoghlaimeoir a bhíonn as láthair go rialta nó a chailleann spriocdhátaí measúnaithe.<br>– I gcás foghlaimeoirí a bhíonn as láthair go minic ó ranganna nó a chailleann spriocdhátaí arís agus arís eile, ní mór don léachtóir/teagascóir riachtanais tacaíochta an fhoghlaimeora a mheas i gcomhar leis an Riarthóir Acadúil chun a fháil amach an bhfuil riachtanais ar leith aige/aici agus féadtar cuireadh a thabhairt don fhoghlaimeoir freastal ar chruinniú tacaíochta chun plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le Gaelchultúr tacú leis/léi.<br>– Iarrtar ar fhoghlaimeoirí suirbhéanna aiseolais a chomhlánú dhá uair sa seimeastar. Má thugtar le fios in aiseolas an fhoghlaimeora go bhfuil deacrachtaí ag an bhfoghlaimeoir, féadtar cruinniú tacaíochta |

| | |
|---|---|
| | a eagrú chun plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le Gaelchultúr tacú leis/léi.<br><br>**Foghlaimeoirí i mbaol**<br>Bítear ag súil go mbainfidh foghlaimeoirí na hInstitiúide caighdeáin acadúla ar leith amach agus, mar a luadh thuas, déanann na léachtóirí/teagascóirí in éineacht leis an Riarthóir Acadúil monatóireacht ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí lena chinntiú go bhfuil dul chun cinn iomchuí á dhéanamh acu agus go bhfuil an caighdeán acadúil iomchuí á bhaint amach acu.<br><br>Más léir nach bhfuil foghlaimeoir ag comhlíonadh riachtanais an chúrsa, mar shampla foghlaimeoir nach gcuireann isteach níos mó ná dhá mheasúnú, foghlaimeoir a dteipeann air níos mó ná uair amháin i modúl áirithe, foghlaimeoir a dteipeann air in dhá mhodúl le linn bliain acadúil amháin, meastar go bhfuil an foghlaimeoir sin 'i mbaol'. Má mheastar go bhfuil foghlaimeoir 'i mbaol', eagraítear cruinniú tacaíochta idir an foghlaimeoir agus an léachtóir/teagascóir agus an Riarthóir Acadúil chun comhairle a thabhairt dó/di faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil.<br><br>Seo thíos roinnt seirbhísí tacaíochta atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí a mheastar a bheith i mbaol:<br><br>– ranganna breise/obair bhreise a chur ar fáil don fhoghlaimeoir<br>– moltaí a chur ar fáil maidir le hobair bhreise a d'fhéadfadh an foghlaimeoir a dhéanamh go neamhspleách<br>– moltaí a chur ar fáil maidir le scileanna scríbhneoireachta/scileanna aistriúcháin, etc.<br>– i gcás an DISA, cruinniú leis an gcomhairleoir cáilithe a eagrú chun ligean don fhoghlaimeoir fadhbanna pearsanta a phlé.<br><br>**Cúram tréadach**<br>Mar a luadh thuas, is féidir le foghlaimeoirí atá ag tabhairt faoin DISA leas a bhaint as seirbhís chomhairleoireachta. Is seirbhís atreoraithe í seo má theastaíonn comhairle phearsanta ó fhoghlaimeoir. Féadann an foghlaimeoir teagmháil a dhéanamh leis an Stiúrthóir Oideachais nó le ceannaire an chláir agus tugann seisean/sise sonraí teagmhála an chomhairleora cháilithe don fhoghlaimeoir. Bíonn sonraí teagmhála an chomhairleora ar fáil freisin i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí.<br><br>**Tacaíocht teicneolaíochta faisnéise**<br>Úsáideann Gaelchultúr ardán ríomhfhoghlama, ranganna.com, chun ábhar breise a sholáthar do na foghlaimeoirí agus chun cúrsaí cianfhoghlama a sholáthar. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil an t-ardán ríomhfhoghlama éasca a úsáid agus go mbíonn gach foghlaimeoir in ann é a úsáid go héifeachtach. Chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí leas iomlán a bhaint as an ardán ríomhfhoghlama, soláthraítear tacaíocht teicneolaíochta faisnéise ag tús agus i rith gach cúrsa.<br><br>**Ionduchtú maidir leis an teicneolaíocht faisnéise**<br>Mínítear do na foghlaimeoirí gur cuid lárnach de thimpeallacht foghlama na hInstitiúide é an suíomh ríomhfhoghlama ranganna.com agus mínítear dóibh |

| | |
|---|---|
| | conas an suíomh sin a úsáid ar bhealach a chuireann leis an timpeallacht foghlama thacúil spreagúil a chuirimid chun cinn.<br><br>Tá seirbhís tacaíochta leanúnach ann d'fhoghlaimeoirí na hInstitiúide maidir le húsáid ranganna.com, mar shampla:<br><br>– seoltar treoir i scríbhinn maidir le húsáid an tsuímh gréasáin chuig foghlaimeoirí ag tús an chúrsa<br>– taispeántar físeán den suíomh gréasáin ar an gcéad leathanach den chúrsa ar líne ar ranganna.com chun treoir a thabhairt d'fhoghlaimeoirí<br>– is féidir le foghlaimeoirí scríobh chuig an Riarthóir Acadúil nó teachtaireacht a fhágáil ar an bhfóram ar líne ag am ar bith, agus freagraítear a gcuid ceisteanna teicniúla nó acadúla taobh istigh d'achar gearr<br>– déantar cur i láthair d'fhoghlaimeoirí sa DISA maidir le húsáid an tsuímh gréasáin ag an gcéad seisiún lae<br>– tugtar sonraí teagmhála an Riarthóra Acadúil do na foghlaimeoirí agus is féidir leo glaoch, ríomhphost nó coinne a dhéanamh chun freastal ar chruinniú chun tacaíocht bhreise a fháil.<br><br>Cuirtear tuilleadh eolais agus treoracha céim ar chéim ar fáil do na foghlaimeoirí i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí chun cabhrú leo logáil isteach ar an ardán ríomhfhoghlama agus chun cabhrú leo é a úsáid.<br><br>**Cúnamh teicniúil**<br>Cuireann an Riarthóir Acadúil seirbhís tacaíochta maidir leis an ardán ríomhfhoghlama ar fáil d'fhoghlaimeoirí na hInstitiúide go leanúnach. Bíonn an Riarthóir Acadúil ar fáil le linn uaireanta oibre chun ceisteanna foghlaimeoirí a fhreagairt maidir le ranganna.com.<br><br>Ina theannta sin, déanann roinnt foghlaimeoirí ranganna ar líne ar an gcóras físchomhdhála WebEx mar chuid den chúrsa. Bíonn an Riarthóir Acadúil nó cúntóir teicniúil ar fáil i gcomhar le léachtóirí/teagascóirí chun na ranganna seo a éascú agus chun fadhbanna teicniúla na bhfoghlaimeoirí a réiteach.<br><br>**Tacaíocht ghairmthreorach**<br>Cuirtear tacaíocht ghairmthreorach ar fáil d'fhoghlaimeoirí, go háirithe foghlaimeoirí atá ag tabhairt faoin DISA.<br><br>Eagraítear seisiún eolais do na foghlaimeoirí ina gcuirtear na nithe seo a leanas ar fáil:<br><br>– faisnéis ghinearálta maidir le réimsí éagsúla oibre<br>– comhairle maidir le post a fháil in earnáil na Gaeilge<br>– comhairle maidir le CV agus litir chlúdaigh a scríobh i nGaeilge.<br><br>Tugtar cuireadh d'aistritheoirí gairmiúla atá ag obair in institiúidí an Aontais Eorpaigh agus saineolaithe atá ag obair in earnáil an aistriúcháin agus in earnáil na Gaeilge i gcoitinne cur i láthair a dhéanamh nó ceardlanna a |

thabhairt d'fhoghlaimeoirí faoin obair atá á déanamh acu.

In 2019, cuireadh tús le sraith ar Facebook Live dar teideal 'Deiseanna Duitse' inar cuireadh agallamh ar dhaoine atá ag obair sna hearnálacha thuasluaite chun foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi na deiseanna fostaíochta atá ar fáil sa Ghaeilge. Leanfar ar aghaidh leis an tionscadal seo sna blianta atá amach romhainn.

**Seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu**

Tá dearcadh dearfach, oscailte agus fáilteach ag Gaelchultúr i leith daoine faoi mhíchumas agus iad siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu ar mian leo freastal ar ár gcúrsaí. Tá sé mar aidhm againn cabhrú le foghlaimeoirí faoi mhíchumas agus le foghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu gníomhú mar fhoghlaimeoirí neamhspleácha agus páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na hInstitiúide. Tuigimid a thábhachtaí agus atá sé oiread deiseanna agus is féidir a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu ionas gur féidir leo a gcuid buanna agus scileanna a fhorbairt tuilleadh.

Tuigimid go bhfuil sainriachtanais ag na foghlaimeoirí seo agus go bhfuil sé de dhualgas ar Ghaelchultúr freastal ar na riachtanais sin.

Cuirtear an fhoireann ar fad ar an eolas faoin dearcadh dearfach, oscailte agus fáilteach atá ag Gaelchultúr i leith daoine faoi mhíchumas agus iad siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu agus cuirtear oiliúint chuí ar bhaill foirne nua chun feasacht a ardú faoi dhualgais agus faoi sheirbhísí tacaíochta na hInstitiúide.

Tá nósanna imeachta na hInstitiúide maidir le seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu le fáil thíos, mar aon le heolas maidir leis na socruithe réasúnta a chuirtear i bhfeidhm do na foghlaimeoirí sin.

**Nósanna Imeachta maidir le seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu**

Tógtar na céimeanna seo a leanas lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí tacaíochta iomchuí ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu:

- nochtadh eolais maidir le míchumas/deacrachtaí foghlama ar leith
- deimhniú ó ghairmí sláinte
- cruinniú tacaíochta agus socrú réasúnta

**1. Nochtadh eolais maidir le míchumas/deacrachtaí foghlama ar leith**

- Iarrtar ar fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus ar fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu muid a chur ar an eolas faoina gcuid riachtanas a luaithe is féidir ionas gur féidir linn seirbhísí tacaíochta iomchuí a sholáthar ón tús. Féadann iarrthóirí é seo a chur in iúl ar

fhoirm iarratais an chúrsa. Tá mír ar gach foirm iarratais inar féidir le hiarrthóirí eolas a sholáthar faoina gcuid riachtanas.
- Cé go n-iarrtar ar fhoghlaimeoirí a gcuid riachtanas a chur in iúl dúinn roimh thús an chúrsa, is féidir le foghlaimeoirí teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir Acadúil/le ball den Fhoireann Acadúil ag am ar bith le linn an chúrsa chun a míchumas nó a ndeacrachtaí foghlama a chur in iúl. Déantar sáriarracht seirbhísí tacaíochta a sholáthar a luaithe is féidir agus socrú réasúnta a chur i bhfeidhm maidir le measúnuithe.
- Cuirtear eolas maidir le seirbhísí tacaíochta na hInstitiúide ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus eagraítear cruinniú leis Stiúrthóir Oideachais/an Riarthóir Acadúil chun na seirbhísí seo a phlé. Bíonn na comhráite seo go hiomlán faoi rún, agus ní chuirfear faisnéis in iúl ach do bhaill foirne ar gá dóibh a bheith ar an eolas chun seirbhísí tacaíochta a sholáthar.

**2. Deimhniú ó ghairmí sláinte**

Tar éis don fhoghlaimeoir Gaelchultúr a chur ar an eolas faoina c(h)uid riachtanas speisialta, iarrtar ar an bhfoghlaimeoir teastas a sholáthar ó ghairmí sláinte (e.g. síciatraí, síceolaí, oftailmeolaí, éisteolaí, néareolaí, teiripeoir urlabhra agus teanga, teiripeoir saothair) ina ndeimhnítear an mhíchumas chun cabhrú le Gaelchultúr na seirbhísí tacaíochta is oiriúnaí a sholáthar.

**3. Cruinniú tacaíochta agus Socrú Réasúnta**

Eagraítear cruinniú tacaíochta idir an Stiúrthóir Oideachais/an Riarthóir Acadúil agus an foghlaimeoir agus is é cuspóir an chruinnithe seo plé a dhéanamh:

- ar shainriachtanais an fhoghlaimeora
- ar na seirbhísí tacaíochta is féidir le Gaelchultúr a sholáthar don fhoghlaimeoir
- ar shocrú réasúnta maidir le hábhar agus measúnuithe an chúrsa.

Is é an cuspóir atá againn ná nach mbeidh aon fhoghlaimeoir faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar a m(h)íchumas nó a d(h)eacrachtaí foghlama. Tá réimse seirbhísí tacaíochta luaite thíos ach cuirtear na seirbhísí seo in oiriúint do sainriachtanais an duine aonair.

Is féidir le foghlaimeoirí faoi mhíchumas agus foghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu leas a bhaint as réimse seirbhísí tacaíochta – seirbhísí pearsanta, oideachais agus acadúil, agus socruithe a bhaineann le measúnuithe, lena n-áirítear:

- cúnamh leis an gcóras ríomhfhoghlama agus tacaíocht maidir le teicneolaíocht faisnéise
- leabhair/ábhair an chúrsa i bhformáid oiriúnach
- tacaíocht foghlama
- teagasc breise
- cúnamh le scileanna acadúla
- teicneolaíocht oiriúnaitheach
- socruithe réasúnta le haghaidh measúnuithe, mar shampla:

| | |
|---|---|
| | • socruithe maidir le leagan amach tascanna/páipéir scrúdaithe (e.g. cló mór)<br>• scríobhaí/léitheoir/cúntóir<br>• sosanna/am breise<br>• trealamh cúnta/oiriúnaitheach.<br><br>Is é aidhm na seirbhísí seo ná timpeallacht foghlama oiriúnaithe a chruthú chun freastal ar fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, gan amhras a tharraingt ar ionracas ná cáilíocht acadúil na hInstitiúide ná an fhoghlaimeora.<br><br>**Seirbhísí tacaíochta agus Socrú Réasúnta d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas fisiciúil/míchumais céadfach agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu, e.g. disléicse, diosgraife**<br>Seo thíos liosta de na socruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas coirp/céadfach:<br><br>– áitribh inrochtana agus áiseanna oiriúnacha<br>– leabhair/ábhair chúrsa i bhformáid atá oiriúnach don fhoghlaimeoir<br>– teicneolaíocht oiriúnaitheach<br>– socruithe réasúnta le haghaidh measúnuithe, mar shampla:<br>• socruithe maidir le leagan amach tascanna/páipéir scrúdaithe (e.g. cló mór)<br>• scríobhaí/léitheoir/cúntóir<br>• sosanna/am breise<br>• trealamh cúnta/oiriúnaitheach. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, Seicliosta Ionduchtaithe (A.4.10), Foirmeacha Iarratais (A.5.6, A.5.7, A.6.1, A.6.3, A.6.4, A.6.8), Suíomhanna Gréasáin Ghaelchultúir |

## 7.2 Monatóireacht agus Athbhreithniú

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil na seirbhísí tacaíochta cuí d'fhoghlaimeoirí á gcur i bhfeidhm agus go bhfuil fáil ag na foghlaimeoirí go léir ar na seirbhísí sin. |
| **Freagrach as:** | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an Fhoireann Cháilíochta, an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF), an Stiúrthóir Oideachais, Léachtóirí/teagascóirí |
| **Nós imeachta:** | – Déanann gach ball foirne ábhartha monatóireacht leanúnach ar na seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí.<br>– Mar chuid den mhonatóireacht leanúnach ar sheirbhísí tacaíochta, spreagtar foghlaimeoirí lena gcuid riachtanas i dtaca le seirbhísí tacaíochta a chur in iúl d'fhoireann Ghaelchultúir de réir mar a thagann siad chun cinn.<br>– Mar chuid den mhonatóireacht agus den athbhreithniú ar sheirbhísí tacaíochta, déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:<br>  – suirbhéanna aiseolais na bhfoghlaimeoirí<br>  – suirbhéanna aiseolais na léachtóirí/na dteagascóirí<br>  – staitisticí feidhmíochta agus gnóthachtála foghlaimeoirí<br>  – fíorú inmheánach agus tuarascálacha an Scrúdaitheora Sheachtraigh/an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh.<br><br>– Déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú bliantúil ar sheirbhísí tacaíochta i gcomhar leis an bhFoireann Cáilíochta. Féadann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, áfach, cruinniú a eagrú am ar bith le linn na bliana chun saincheisteanna a phlé, de réir mar a thagann siad chun cinn. Cuirtear plean feabhsúcháin cáilíochta i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear na hathruithe riachtanacha go léir i bhfeidhm go héifeachtach.<br>– Bíonn ionadaithe ranga i láthair ag cruinnithe den Choiste Feabhsaithe Cáilíochta agus iarrtar orthu tuairimí na bhfoghlaimeoirí i dtaca le seirbhísí tacaíochta na hInstitiúide a chur in iúl do bhaill an Bhoird Clár. Déantar sáriarracht aon mholtaí atá ag na foghlaimeoirí maidir le seirbhísí tacaíochta a chur i bhfeidhm. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Miontuairiscí cruinnithe (A.4.12), suirbhéanna aiseolais foghlaimeoirí (A.5.14), achoimre ar staitisticí gnóthachtála |

## 8. Bainistíocht Sonraí agus Faisnéise

Tá struchtúir Bainistíochta Faisnéise agus Sonraí Ghaelchultúir riachtanach dá mhúnla ghnó agus tá an Institiúid tiomanta don chóras feidhmíochta is fearr a fhorbairt agus a dhaingniú chun ionchais a páirtithe leasmhara uile a chomhlíonadh agus chun cuntas cuimsitheach a chur ar fáil ar a cuid gníomhaíochtaí. Tá na struchtúir seo mar phríomhghné den phrionsabal bunaidh atá ag an Institiúid, is é sin, an chinnteoireacht ar fad a bheith bunaithe ar shonraí, agus tá siad mar bhonn leis na príomhtháscairí feidhmíochta oideachais go léir.

| **Beartas:** | BtSFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Creat a sholáthar chun faisnéis a bhainistiú a chuirfidh ar chumas na heagraíochta:<br><br>- cumarsáid agus scaipeadh faisnéise ábhartha a éascú do pháirtithe leasmhara<br>- tuarascálacha a ghiniúint chun críocha féinfhaireacháin agus pleanála<br>- a chumasú don Institiúid cinntí eolasacha a dhéanamh<br>- seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar trí rochtain thráthúil a bheith acu ar fhaisnéis bhríoch agus iomchuí<br>- taifid thábhachtacha a chosaint<br>- a bheith oscailte agus trédhearcach<br>- gach reachtaíocht a chomhlíonadh agus faisnéis chuideachta agus phearsanta a chosaint. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach ball foirne atá ag obair thar ceann na heagraíochta a bhfuil rochtain acu ar thaifid i ngach formáid, cibé acu páipéar, leictreonach nó closamhairc.<br>Baineann an beartas seo le gach faisnéis a chruthaíonn nó a fhaigheann an Institiúid.<br>Cuimsíonn sé ríomhphoist a tháirgtear nó a fhaightear agus gnó á dhéanamh atá mar chuid den taifead eagrúcháin. | | |
| **Freagrach as:** | Tá an Riarthóir Acadúil agus an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as a chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun faisnéis a bhainistiú go sábháilte agus go héifeachtach.<br>Tá gach ball foirne, conraitheoir, comhairleoir agus gníomhaire freagrach as faisnéis a bhainistiú de réir beartas agus nósanna imeachta agus as a gcuid gníomhartha agus cinntí a dhoiciméadú go cruinn i dtaifid na hInstitiúide. | | |
| **Nós imeachta:** | Déanann Gaelchultúr a dhícheall cloí leis na prionsabail seo a leanas chun sonraí agus taifid shlán a chruthú, a bhainistiú agus a choinneáil:<br><br>- faisnéis a bhainistiú go héifeachtach<br>- an eagraíocht acmhainní faisnéise a dhéanamh slán agus gan iad a stóráil ar chórais aonair<br>- an fhreagracht as sócmhainní faisnéise a bhainistiú a aithint go soiléir<br>- baill foirne a bheith in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis chun a ról a chomhlíonadh go héifeachtach agus deis a bheith ann saorshreabhadh faisnéise a chur chun cinn, de réir mar is cuí | | |

| | |
|---|---|
| | - faisnéis phearsanta a chosaint, nach féidir a roinnt ar chúiseanna dlí, i.e. maidir le príobháideacht, slándáil nó mar gheall ar íogaireacht tráchtála<br>- faisnéis agus tuairisciú cruinn a sholáthar<br>- faisnéis a bheith tráthúil, ábhartha agus comhsheasmhach.<br><br>Agus faisnéis á bainistiú, cloítear leis an reachtaíocht ábhartha. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | |

## 8.1 Córais Faisnéise

**Uimhir Thagartha Bheartais:** CsFBs-01

Bailíonn Gaelchultúr agus gineann sé raon faisnéise ó bhaill foirne, ó fhoghlaimeoirí agus ó pháirtithe leasmhara bainteacha. Tá sainchuspóir ag baint leis na sonraí go léir a bhailítear agus ní iarrann ná ní bhailíonn an Institiúid sonraí nach mbaineann le cuspóir áirithe. Úsáidtear na sonraí seo chun bonn eolais a chur faoi chleachtas laethúil, feabhsú cáilíochta leanúnach a dhéanamh agus chun tuairisciú a dhéanamh laistigh de gach réimse feidhme den ghnó. Bailítear sonraí trí mhodhanna éagsúla lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- CVanna
- iarratais ar chláir
- cruinnithe foirne agus foghlaimeoirí
- ríomhphost agus teileafón
- suirbhéanna
- measúnuithe
- dámhachtainí agus dul chun cinn
- cliaint
- úsáid an tsuímh gréasáin.

Déantar anailís ar na sonraí a bhailítear agus baintear úsáid astu chun tuairiscí éagsúla a ghiniúint, mar shampla:

- Athbhreithniú ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta Acadúla
- Athbhreithniú ar Bhainistiú Cáilíochta
- Tuarascálacha Clár
- Athbhreithnithe Feidhmíochta
- Bainistíocht Sonraí
- Iarrataí Sonracha ar Fhaisnéis ó Pháirtithe Leasmhara.

Úsáidtear sonraí Ghaelchultúir freisin chun tagarmharcáil a dhéanamh i gcoinne bearta feidhmíochta cáilíochta inmheánacha agus seachtracha. Féach 1.5.8, le do thoil, chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le bearta feidhmíochta inmheánacha.

## 8.2 Córas Faisnéise Foghlaimeoirí

Mar gheall ar an éileamh ard atá ar chúrsaí Ghaelchultúir agus mar gheall ar an struchtúr incriminteach agus an mheicníocht forchéimnithe atá mar chuid den TGG go háirithe, tá sé tábhachtach go mbeadh Córas Faisnéise Foghlaimeoirí Ghaelchultúir cruinn agus éifeachtach maidir le faisnéis foghlaimeoirí a ghabháil. Chun faisnéis foghlaimeoirí a bhainistiú, úsáidimid dhá chóras le chéile. Is iad an dá chóras seo comhpháirteanna ár gCóras Faisnéise d'Fhoghlaimeoirí agus tá coinneáil na faisnéise atá stóráilte ar an dá chóras comhpháirteacha de réir na dtréimhsí coinneála atá leagtha amach i Ráiteas Príobháideachta Ghaelchultúir (atá foilsithe ar ár suíomh gréasáin) agus ina Bheartas Cosanta Sonraí.

Tá Dearthóir Gréasáin Ghaelchultúir tar éis córas cuimsitheach cúil a thógáil ar ár suíomh gréasáin gaelchultur.com a chuireann ar ár gcumas clárúcháin foghlaimeoirí, stair foghlaimeoirí agus eolas teagmhála a ghabháil ar bhunachar sonraí cosanta nuair a chruthaíonn foghlaimeoir cuntas linn. Cuireann an córas seo ar ár gcumas faisnéis a ghabháil agus a stóráil faoi gach grúpa foghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar chúrsaí dár gcuid agus cuireann sé léargas uileghabhálach ar fáil ar fhaisnéis reatha agus ar fhaisnéis stairiúil atá fós ábhartha.

I ndiaidh d'fhoghlaimeoir clárú ar chúrsa ar gaelchultur.com, úsáidtear scarbhileoga ansin chun faisnéis acadúil an duine sin a rianú agus é/í ag glacadh páirt sa chúrsa, agus tarlaíonn an rud céanna i gcás na bhfoghlaimeoirí eile ina ghrúpa. Tá an córas seo deartha chun faisnéis acadúil agus faisnéis mhionsonraithe eile ag baint le foghlaimeoirí a ghabháil agus a stóráil, agus déantar an fhaisnéis a roinnt de réir scagairí éagsúla, e.g. 'Téarma', 'Cúrsaí', etc.

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú éifeachtach ar chóras faisnéise foghlaimeoirí de réir rannóga 8.7.10 agus 8.8 den doiciméad seo.

| **Beartas:** | CsFFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Faisnéis foghlaimeoirí a ghabháil agus a stóráil, feidhmíocht a rianú agus tuarascálacha a ghiniúint ar chlárú foghlaimeoirí, ar chríochnú agus ar sholáthar cúrsaí. | | |
| **Scóip:** | Baineann an nós imeachta seo leis na páirtithe leasmhara go léir a bhfuil baint acu le próisis chlárúcháin foghlaimeoirí. | | |
| **Freagrach as:** | An Fhoireann Riaracháin, an Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | - Déantar an suíomh gaelchultur.com a sheiceáil le fáil amach an bhfuil cuntas ag an bhfoghlaimeoir ar an suíomh cheana féin<br>- Cruthaítear cuntas do gach foghlaimeoir ar gaelchultur.com nuair a chláraíonn sé/sí ar chúrsa den chéad uair agus cruthaítear uimhir foghlaimeora.<br>- Déantar an uimhir seo a ionchur i scarbhileog lena gcuid faisnéise pearsanta, lena n-áirítear:<br>• ainm<br>• sonraí teagmhála<br>• dáta breithe<br>• Uimhir PSP<br>• ceadanna a deonaíodh<br>• tacaíochtaí atá ag teastáil. | | |

| | |
|---|---|
| | - Déantar faisnéis a bhailítear le linn cúrsa agus ina dhiaidh a ionchur sa chóras agus bíonn na nithe seo a leanas san áireamh:<br>• tinreamh<br>• tacaíocht bhreise a cuireadh ar fáil<br>• dul chun cinn<br>• neamhchríochnú<br>• iarchur<br>• torthaí measúnaithe<br>• teastasú.<br><br>Coinnítear gach scarbhileog slán le pasfhocal. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Taifid Foghlaimeoirí |

## 8.3 Córas Faisnéis Bhainistíochta

**Uimhir Thagartha Bheartais:** CsBFBs-01

Tá córas faisnéis bhainistíochta leictreonach saincheaptha agus freastalaí roinnte ag Gaelchultúr a bhfuil fáil ag gach ball foirne bainistíochta agus riaracháin air agus ar a stórálann siad scarbhileoga sonraí atá cosanta ag pasfhocal.

Cuireann an córas ar fáil:

- bunachar sonraí ina bhfuil sonraí foghlaimeoirí, sonraí teastasaithe gach foghlaimeora, sonraí measúnaithe, rátaí iarratais agus críochnúcháin gach cúrsa, etc.
- stór sonraí do gach gníomhaíocht de chuid na heagraíochta.

Déantar monatóireacht ar an gcóras trí:

- úsáid laethúil an chórais
- breithmheas seachtrach:
    - cuireann Sungard MS tacaíocht agus cosaint teicneolaíochta faisnéise (TF) ar fáil dár suíomhanna gréasáin agus bunachair sonraí ar líne. Tarlaíonn cúltacú gach lá laistigh den Aontas Eorpach agus tá an comhaontú leibhéal seirbhíse idir Gaelchultúr Teoranta agus Sungard AS i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha Eorpach agus Éireannach go léir.
    - soláthraíonn myITdepartment tacaíocht ghinearálta TF, lena n-áirítear cosaint do fhreastalaí inmheánach Ghaelchultúir. Déantar cúltacú laethúil ar an bhfreastalaí seo chuig ghléas Datto NAS atá suite go hinmheánach freisin. Déantar cúltacú breise ar na sonraí chuig suíomh néalstórála myITdepartment, atá suite i bPoblacht na hÉireann. Tá an comhaontú leibhéal seirbhíse idir Gaelchultúr Teoranta agus myITdepartment i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha Eorpach agus Éireannach go léir.
    - Déantar feabhsuithe a mholann an fhoireann nó lucht tacaíochta TF seachtrach ar bhonn tráthúil.

## 8.4 Pleanáil Bhreise

**Uimhir Thagartha Bheartais:** PlBBs-01

Tá Gaelchultúr tiomanta do shonraí ábhartha foghlaimeoirí a bhailiú agus d'athbhreithniú a dhéanamh orthu mar chuid de phróiseas iniúchta inmheánaigh chun cáilíocht ár gcúrsaí a chinntiú agus chun a chinntiú freisin go bhfuil na sonraí go léir cruinn agus go ndéantar modhanna bailithe, cothabhála agus stórála a thástáil le déanamh cinnte go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm.

### 8.4.1 Anailísiú Sonraí

Tá Gaelchultúr tiomanta d'anailís chórasach a dhéanamh ar shonraí a bhailítear agus a phróiseáiltear chun cruinneas an tuairiscithe a chinntiú, chun críocha dearbhaithe cáilíochta, agus chun oibleagáidí sábháilteachta agus slándála mar sholáthraí a chomhlíonadh.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>AuSBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go bhfuil sonraí cothrom le dáta iontaofa ar fáil i gcónaí le haghaidh soláthar díreach agus tacaíochtaí do gach foghlaimeoir.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo le sonraí uile foghlaimeoirí a bhailítear le linn an téarma acadúil.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Riarthóir Acadúil, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Déanfaidh an Riarthóir Acadúil sonraí a bhailiú ag deireadh gach téarma chun slándáil sonraí a chinntiú agus chun tuarascálacha riachtanacha a ghiniúint.<br><br>- Cuirfidh an Riarthóir Acadúil tuarascálacha le chéile ar aon dul le cuspóirí a chomhlíonadh agus le príomhtháscairí feidhmíochta cúrsa, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh: rátaí clárúcháin, rátaí athchlárúcháin, rátaí críochnúcháin, rátaí aistarraingthe, anailís ghráid, rátaí sástachta na bhfoghlaimeoirí, rátaí rollaithe i gcás spriocghrúpaí (sonraí maidir le próifílí foghlaimeoirí, in aghaidh an chúrsa), de réir mar is cuí.<br>- Ullmhófar tuarascálacha don Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta a dhéanfaidh anailís orthu.<br>- Ullmhófar tuarascálacha do na próisis seachtracha scrúdaithe agus fíordheimhnithe.<br>- Ullmhófar tuarascálacha agus cuirfear i láthair iad ag cruinnithe an Bhoird Clár agus na Comhairle Acadúla.</td></tr>
<tr><td>Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):</td><td colspan="3">Miontuairiscí Cruinnithe (A.5.16), Tuarascálacha Sonraí, Eochairtháscairí Feidhmíochta</td></tr>
</table>

## 8.5 Rátaí Críochnúcháin

Chun rátaí críochnúcháin a chuid clár a thomhas go cruinn, déanfaidh Gaelchultúr anailís ar na staitisticí a bhaineann le líon na bhfoghlaimeoirí a thosaigh, a tharraing siar, a fuair pas, ar theip orthu agus a chríochnaigh a chláir. Baileoidh agus rianóidh an Riarthóir Acadúil an fhaisnéis ábhartha laistigh dár gcórais bhainistíochta agus faisnéise foghlaimeoirí. Féadfar an fhaisnéis seo a chur i láthair an Fhíordheimhnitheora/an Scrúdaitheora Sheachtraigh le haghaidh aiseolais agus tuairimí tosaigh. Pléifear tuilleadh iad ina dhiaidh sin ag athbhreithnithe bliantúla clár agus cruinnithe na Comhairle Acadúla.

Déanann Gaelchultúr iarracht staitisticí críochnaithe a úsáid chun críocha tagarmharcála i gcoinne meán náisiúnta chun cáilíocht agus seachadadh eispéireas foghlama fhoghlaimeoirí Ghaelchultúir a chinntiú do na páirtithe leasmhara go léir. Is tosaíocht é don Institiúid a chinntiú go bhfuil rátaí críochnúcháin a cuid clár comhsheasmhach le caighdeáin náisiúnta an tionscail agus go bhfanann Gaelchultúr mar cheann de phríomhsholáthraithe na hearnála ina bhfuil sé ag feidhmiú.

## 8.6. Coinneáil Taifead

Tá Gaelchultúr tiomanta do chinntiú go bhfuil córas láidir trédhearcach i bhfeidhm chun beartais agus nósanna imeachta a dhoiciméadú maidir le gach gné dá chóras Dearbhaithe Cáilíochta agus chun na taifid sin a chothabháil agus a choinneáil. Cuireann an córas atá leagtha amach sna fo-ailt thíos ar chumas na hInstitiúide eolas a thaifeadadh, a stóráil agus a roinnt go gníomhach le baill foirne agus páirtithe leasmhara ábhartha.

### 8.6.1 Beartas Taifid Ardcháilíochta

Tá Gaelchultúr tiomanta do thaifid ardcháilíochta atá iomlán, cruinn agus iontaofa a chruthú agus a chothabháil.

| **Beartas:** | TdABs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go gcruthaítear agus go ndéantar bainistiú ar thaifid iomlána, chruinne agus iontaofa a thacaíonn le feabhsú cáilíochta leanúnach i gcás gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna agus a chuidíonn le roinnt faisnéise i measc baill foirne agus príomhpháirtithe leasmhara. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach ball foirne a bhfuil baint aige le taifid, beartais agus nósanna imeachta ardchaighdeáin a chruthú, a chothabháil agus a choinneáil. | | |
| **Freagrach as:** | Tá an Bord Stiúrtha agus an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF) freagrach as a chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun an Beartas Taifid Ardcháilíochta a chur i bhfeidhm. Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, mar aon le gach ball foirne a bhfuil baint aige le taifid a chruthú, a chothabháil agus a choinneáil, freagrach as an mBeartas Taifid Ardcháilíochta a chur i bhfeidhm. | | |
| **Nós imeachta:** | Tá Gaelchultúr tiomanta do chur lena chórais taifid ardcháilíochta agus bhainistíochta reatha chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an caighdeán tionscail is airde maidir le soláthar ardcháilíochta, monatóireacht agus athbhreithniú.<br><br>Cloífidh Gaelchultúr leis na prionsabail seo a leanas chun taifid ardcháilíochta a chruthú, a chothabháil agus a choinneáil:<br><br>- Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta a cheapadh san eagraíocht a mbeidh freagracht air/uirthi as Córas Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir ina iomláine.<br>- A chóras cáilíochta, lena n-áirítear a bheartas taifid ardcháilíochta, a chur isteach le haghaidh athbhreithniú agus iniúchadh inmheánach agus seachtrach.<br>- Taifid, beartais agus nósanna imeachta ar ardchaighdeán a chruthú agus a chothabháil de réir a nós imeachta um Bainistíocht Doiciméad.<br>- Nósanna imeachta tacaíochta a chruthú agus a sholáthar maidir le bainistiú taifead.<br>- A bheartais agus a nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta ábhartha a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin agus iad a nuashonrú dá réir tar éis athbhreithnithe bliantúla ar Dhearbhú Cáilíochta. | | |

| | |
|---|---|
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Doiciméid Tagartha: Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta, Beartas Taifid Foghlaimeoirí, Beartas Bainistíochta Doiciméad |

### 8.6.2 Beartas Taifid Foghlaimeoirí

Tá taifid foghlaimeoirí Ghaelchultúir ríthábhachtach do bhainistiú ardcháilíochta a chúrsaí agus is cuid dhílis iad de ghnéithe oibríochta agus dul chun cinn an Teastais in Gaeilge Ghairmiúil go háirithe.

| **Beartas:** | TdFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Treoirlínte soiléire a sholáthar maidir le bainistiú, cothabháil agus coinneáil thaifid foghlaimeoirí lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, taifid foghlaimeoirí, miontuairiscí cruinnithe, táscairí feidhmíochta, tuarascálacha meastóireachta. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach ball foirne atá ag cruthú taifid foghlaimeoirí nó a bhfuil rochtain aige orthu i ngach formáid, cibé acu páipéar, leictreonach nó closamhairc. | | |
| **Freagrach as:** | Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as a chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun taifid foghlaimeoirí a bhainistiú, a chothabháil agus a choinneáil go sábháilte agus go héifeachtach.<br>Tá gach ball foirne atá ag cruthú taifead nó a bhfuil rochtain aige orthu i ngach formáid freagrach as taifid a láimhseáil de réir na mbeartas agus nósanna imeachta cui.<br>Tá an Riarthóir Acadúil freagrach as na beartais agus na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm agus as athbhreithniú rialta a dhéanamh ar thaifid foghlaimeoirí. | | |
| **Nós imeachta:** | Déanann Gaelchultúr a dhícheall cloí leis na prionsabail seo a leanas chun taifid shlána foghlaimeoirí a chruthú, a chothabháil agus a choinneáil:<br><br>- Taifid foghlaimeoirí a bhainistiú go héifeachtach ón rochtain tosaigh go dtí go scriostar cóipeanna crua.<br>- Déanann an eagraíocht cinnte go bhfuil taifid foghlaimeoirí slán, nach stóráiltear iad ar ríomhairí glúine daoine aonair, agus nach mbíonn rochtain ag baill foirne cheadaithe orthu ach nuair is gá.<br>- Tá sé soiléir cé air/orthu atá an fhreagracht maidir le taifid foghlaimeoirí a bhainistiú.<br>- Tugann Gaelchultúr gealltanas maidir le cosaint taifid foghlaimeoirí.<br>- Coinneoidh Gaelchultúr taifid foghlaimeoirí de réir an ama coinneála/stórála ábhartha mar a shonraítear in 8.7 den lámhleabhar seo agus próiseálfaidh sé agus úsáidfidh sé taifid foghlaimeoirí chun críocha cáilíochtaí acadúla agus cúrsa amháin.<br>- Déanfar athbhreithnithe bliantúla ar thaifid foghlaimeoirí agus scriosfar aon taifid a mheastar a bheith neamhriachtanach.<br>- Coinnítear cóipeanna boga de thaifid foghlaimeoirí go slán ar an bhfreastalaí inmheánach. Scriosfar gach cóip chrua de thaifid foghlaimeoirí, seachas páipéir scrúdaithe lámhscríofa agus nótaí scrúdaitheora. | | |

| | |
|---|---|
| | Agus na taifid foghlaimeoirí atá i seilbh Ghaelchultúir a láimhseáil, cloífear leis an reachtaíocht ábhartha agus le beartais phríobháideachta agus cosanta sonraí na hInstitiúide. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | |

### 8.6.3 Bainistíocht Doiciméad

Tá córas mionsonraithe bainistíochta doiciméad riachtanach chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar thaifid agus ar shonraí na hInstitiúide agus tacaíonn sé le tiomantas na hInstitiúide do bhainistiú éifeachtach sonraí agus taifead.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | BtDBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil gach taifead inrianaithe chun a chinntiú go ndéantar bainistiú éifeachtach ar thaifeadadh agus aisghabháil ghníomhaíochtaí uile na bhfoghlaimeoirí agus clár a sheachadadh. | | |
| **Scóip:** | Na taifid go léir | | |
| **Freagrach as:** | An fhoireann go léir | | |
| **Nós imeachta:** | Ní mór taifid a bhainistiú trína saolré: ó chruthú, go stóráil agus úsáid, go scriosadh.<br><br>**Cruthú agus Coinneáil**<br>Déanfaidh lucht úsáide faisnéise na nithe seo:<br><br>- taifid a chruthú, a choinneáil agus a bhainistiú a dhéanann doiciméadú ar phríomhghníomhaíochtaí na hInstitiúide<br>- taifid a choinneáil a bhíonn ag teastáil on eagraíocht chun críocha gnó, rialála, acadúla, dlíthiúla agus cuntasachta<br>- teidil a bhfuil ciall leo a thabhairt ar thaifid a chruthaítear agus iad a shábháil san áit chuí ar fhreastalaí inmheánach Ghaelchultúir ionas gur féidir teacht orthu go tapa agus go héifeachtach.<br>- taifid a chruthú agus a chothabháil de réir ár maitrís rialaithe leaganacha agus doiciméad.<br>- a chinntiú go bhfuil taifid barántúil, iontaofa, go bhfuil ionracas ag baint leo agus go bhfanfaidh siad inúsáidte.<br>- a chinntiú go bhfuil socruithe cúltaca iomchuí i bhfeidhm do thaifid leictreonacha (lena n-áirítear cúltacaí a athshlánú agus aisghabháil tubaiste má dhéantar damáiste do thaifid leictreonacha).<br><br>**Stóráil**<br>Chun éifeachtúlacht a uasmhéadú, costais a laghdú, rioscaí a roinnt agus a íoslaghdú, déanfaidh úsáideoirí faisnéise:<br><br>- cinnte nach ndéanfar faisnéis a stóráil go buan ar mheáin inbhainte (e.g. méaróga cuimhne, tiomántáin chrua sheachtracha, etc.)<br>- cinnte go ndéanfar gach faisnéis a stóráil ar fhreastalaí roinnte Ghaelchultúir<br>- cinnte nach ndéanfar dúbailtí a stóráil | | |

| | |
|---|---|
| | - saoráid stórála leithdháilte agus slán na heagraíochta a úsáid chun taifid páipéir a stóráil agus a bhainistiú.<br><br>**Faisnéis a úsáid**<br>Chun cothromaíocht a dhéanamh idir tiomantas na heagraíochta maidir le hoscailteacht agus trédhearcacht agus fonn atá orainn ár gcuid faisnéise a stóráil ar bhealach a chinntíonn go bhfuilimid ag cloí le riachtanais phríobháideachta agus íogaireachta, déanfaidh úsáideoirí faisnéise:<br><br>- a chinntiú go bhfuil gach taifead faoi réir bearta slándála iomchuí<br>- cinntí maidir le rochtain a dhoiciméadú ionas go mbeidh siad comhsheasmhach agus gur féidir iad a mhíniú agus tagairt a dhéanamh dóibh.<br>- faisnéis a fhoilsiú go réamhghníomhach, nuair a mheastar gur chun leasa na bpáirtithe leasmhara í. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Taifid Foghlaimeoirí, Taifid Foirne, Tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí, Maitrís Rialaithe Leaganacha (A.7.1) |

## 8.7 Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise

**Uimhir Thagartha Bheartais:** CtSSFBn-01

Tá Gaelchultúr tiomanta do shonraí a bpáirtithe leasmhara a chosaint agus ghlac sé na bearta ábhartha lena chinntiú go gcomhlíonann an Institiúid a cuid oibleagáidí dlíthiúla laistigh de dhlínsí na hÉireann agus na hEorpa. Tá Ráiteas Príobháideachta Sonraí Ghaelchultúir, atá le feiceáil in 8.7.1 thíos, le fáil ar a shuíomh gréasáin agus tá sé ar fáil agus infheidhmithe i gcás a pháirtithe leasmhara go léir chun prionsabal na trédhearcachta a spreagadh agus a chothú, ar prionsabal é atá mar chuid de luach lárnach na hInstitiúide, an mhacántacht.

Tá socruithe i bhfeidhm ag Gaelchultúr cheana maidir le cosaint sonraí, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Forlíontar leis seo na socruithe seo maidir leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR-Rialachán (AE) 2016/679).

Cinnteoidh Gaelchultúr go gcloítear leis na croíphrionsabail seo a leanas den GDPR:

- dlíthiúlacht, cothroime, trédhearcacht
- teorannú cuspóra
- íoslaghdú sonraí
- cruinneas
- teorannú stórála
- ionracas agus rúndacht
- cuntasacht.

Neartaigh Gaelchultúr a fhreagairt ar fhreagrachtaí cosanta sonraí cheana féin trí:

- a bheartas príobháideachta sonraí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin agus gach cineál agus modh bailithe sonraí a athbhreithniú chun a chinntiú go gcuirtear ábhair sonraí ar an eolas roimh ré faoi gach úsáid fhéideartha agus shonrach faisnéise, ionas go mbeidh an t-ábhar ar an eolas faoi na cásanna teoranta agus riachtanacha ina roinnfear a gcuid sonraí
- I gcás ceadanna ar leith (i gcás nach gcumhdaítear an bunús le haghaidh próiseála sonraí le comhlánú conartha nó oibleagáid dhlíthiúil): a chinntiú go gcuirtear ábhair sonraí ar an eolas faoi rogha an diúltaithe ag am ar bith, tar éis dóibh rogha a dhéanamh, agus go bhfuil bealach soiléir ann ina gcuirtear an rogha seo i ngníomh do gach ábhar
- stóráil sonraí a íoslaghdú, ionas go scriostar stóráil gan údar, laistigh de na paraiméadair seo a leanas:

| Cineál Sonraí | Am Stórála/Coinneála |
|---|---|
| Torthaí Foghlaimeoirí | Gan teorainn - chun críocha dul chun cinn foghlaimeoirí sa todhchaí, dearbhú cáilíochta, iarratas ar rochtain ar ábhar, etc. |
| Scrúduithe, Measúnuithe agus Aiseolas Foghlaimeoirí | 3 bliain – chun críocha dearbhaithe cáilíochta agus deimhnithe |
| Cuntais foghlaimeoirí ar gaelchultur.com agus ar ranganna.com | Gan teorainn - chun críocha dul chun cinn foghlaimeoirí |
| Taifid Airgeadais | 10 mbliana |

- gach conradh TF ábhartha a nuashonrú chun bailiú agus stóráil sábháilte na sonraí go léir a chinntiú, le socruithe cúltaca iomchuí.

- i gcás ceadanna ar leith (i gcás nach gcumhdaítear an bunús le haghaidh próiseála sonraí le comhlánú conartha nó oibleagáid dhlíthiúil): na sonraí go léir a úsáid chun na gcríoch a chomhaontaítear le toiliú feasach an duine is ábhar do na sonraí. Tá toiliú i scríbhinn le húsáid den sórt sin le stóráil go sábháilte freisin agus i gcás foghlaimeoirí atá ag lorg dámhachtainí de chuid QQI, stórálfar toiliú sonrach ar pro forma na foirmeacha toilithe a sholáthraítear
- slándáil bhreise a chur le 'Catagóirí Speisialta Sonraí'. Stórálfar iad seo le cosaint bhreise pasfhocail, agus ní bheidh rochtain orthu ach ag baill foirne ainmnithe, mar an Ceannaire Cláir nó an Riarthóir Acadúil
- aon Iarrataí ar Rochtain ar Ábhair a chomhlíonadh laistigh den chreat ama reachtúil a cheadaítear.
- an POF agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí a chur ar an eolas faoi aon sáruithe ar shlándáil sonraí pearsanta laistigh de 72 uair an chloig tar éis do shárú den sórt sin tarlú.

### 8.7.1 Ráiteas Príobháideachta Sonraí

**1. Ár ngealltanas**
Tá Gaelchultúr agus a sheirbhísí gaelchultur.com, ranganna.com, siopa.ie agus clubleabhar.com tiomanta do phríobháideacht rannpháirtithe a chúrsaí agus a chustaiméirí a chosaint. Baineann Ráiteas Príobháideachta Sonraí Ghaelchultúir leis na sonraí pearsanta go léir a bhailímid, nó a chuirtear isteach chugainn, cibé acu as líne nó ar líne, lena n-áirítear na sonraí pearsanta a bhailítear nó a chuirtear isteach trínár suíomh gréasáin agus trína leathanaigh oifigiúla meán sóisialta atá faoinár stiúir.
Is é Gaelchultúr rialaitheoir na sonraí pearsanta a bhailítear as líne agus trínár suíomh gréasáin agus ár leathanaigh oifigiúla meán sóisialta. Trí chuairt a thabhairt ar ár suíomh gréasáin agus ar ár leathanaigh oifigiúla meán sóisialta, tá tú ag glacadh leis agus ag toiliú leis an Ráiteas Príobháideachta Sonraí seo.

**2. An tslí a ndéanaimid sonraí pearsanta a bhailiú**
Chun clárú dár dtástálacha, measúnuithe agus cúrsaí ar líne nó chun do cheannachán ar siope.ie a chríochnú déanfaimid faisnéis fút a bhailiú agus a phróiseáil. Sa Ráiteas Príobháideachta Sonraí tugtar 'sonraí pearsanta' air seo.
Mar fhoras dleathach chun na sonraí pearsanta seo a phróiseáil tá leas dlisteanach roghnaithe againn (Airteagal 6 (f) de GDPR).
***Sonraí íogaire***
Agus tú ag clárú do cheann dár gcúrsaí, b'fhéidir go mbeidh orainn iarraidh ort grianghraf a sheoladh chugainn chun cárta céannachta a chruthú. Sa chás seo iarraimid i gcónaí toiliú sainráite uait chun do ghrianghraf a phróiseáil chun na críche sainiúla seo.

**3. Cumarsáid mhargaíochta**
Agus tú ag clárú ar cheann dár n-ardáin, féadfaimid fiafraí díot ar mhaith leat ár gcumarsáid mhargaíochta a fháil. Chun na críche breise seo d'iarrfaimis toiliú. Tá an rogha ag gach foghlaimeoir diúltú do gach cumarsáid sa todhchaí.

**4. An tslí a n-úsáidimid do chuid sonraí pearsanta**
Úsáidtear na sonraí pearsanta a bhailímid, a choinnímid agus a choinnímid uait chun:

- tú a chur ar an eolas faoi mheasúnú a rinne tú trínár suíomh gréasáin gaelchultur.com
- tú a chlárú le haghaidh ár ranganna, cúrsaí ar líne agus cúrsaí sa seomra ranga

- déanamh cinnte go bhfaighidh tú deimhniú oifigiúil nuair a bheidh cúrsa críochnaithe agat go rathúil
- ceannacháin a rinne tú ar siopa.ie a phróiseáil
- tú a chlár dár gclub leabhar ar líne, ClubLeabhar.com
- chun tú a chlárú dár nuachtlitir ar líne
- tú a chur ar an eolas faoi dheiseanna fostaíochta Gaeilge.

**5. Aistriú sonraí chuig tríú páirtithe**
B'fhéidir go mbeidh orainn do chuid sonraí pearsanta a roinnt le hinstitiúidí oideachais nó le comhlachtaí rialtais.
Éilímid ar gach tríú páirtí a n-aistrímid do chuid sonraí chucu meas a bheith acu ar shlándáil do shonraí pearsanta agus iad a chóireáil de réir an dlí. Ní ligimid do thríú páirtithe den sórt sin ach do shonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha sonraithe agus de réir ár dtreoracha.

**6. An tslí a gcosnaímid do chuid sonraí pearsanta**
Úsáidimid bearta eagrúcháin, teicniúla agus riaracháin réasúnta chun na sonraí pearsanta atá faoinár smacht a chosaint. Ar an drochuair, ní féidir gealltanas a thabhairt go mbeidh tarchur sonraí ar bith ar an idirlíon ná ar an gcóras stórála sonraí 100% slán.
Má tá cúis agat a chreidiúint nach bhfuil d'idirghníomhú linn slán a thuilleadh, cuir an fhadhb in iúl dúinn láithreach trí theagmháil a dhéanamh linn ag eolas@gaelchultur.com.

**7. An t-achar a choinneoimid do chuid sonraí**
Ní choinneoimid do chuid sonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na críocha ar bhailíomar iad a chomhlíonadh.

**8. Do chearta dlíthiúla**
Faoi na dlíthe cosanta sonraí tá cearta agat maidir le do shonraí pearsanta. I measc na gceart seo tá:

- **Rochtain:** An ceart cóip de agus/nó rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn fút saor in aisce, mar aon le faisnéis eile faoinár faoin tslí a ndéanaimid na sonraí pearsanta sin a phróiseáil.
- **Sonraí a Nuashonrú:** An ceart a iarraidh go gceartófar aon sonraí míchruinne a choinnítear fút, nó má tá faisnéis neamhiomlán againn féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaimid do chuid sonraí a nuashonrú ionas go mbeidh siad iomlán.
- **Scriosadh sonraí:** An ceart, in imthosca áirithe, a iarraidh go scriosfaimid do chuid sonraí pearsanta.
- **Próiseáil a shrianadh:** An ceart cur i gcoinne muid do chuid sonraí pearsanta a úsáid nó cur i gcoinne an bealach a bpróiseálaimid iad.
- **Iniomparthacht sonraí:** An ceart, in imthosca áirithe, do chuid sonraí pearsanta a aistriú chuig eagraíocht eile.
- **Gearán a chomhdú:** Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí (dataprotection.ie). Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh linn go díreach trí eolas@gaelchultur.com.

**9. Cineálacha doiciméad aitheantais de dhíth sula ndéantar iarratas ar fhaisnéis a fhorghníomhú**
Glacann Gaelchultúr le pas nó ceadúnas tiomána a bhfuil grianghraf mar chuid de mar dhoiciméid aitheantais nuair a iarrtar faisnéis maidir le sonraí pearsanta.

### 8.7.2 Beartas um Chosaint Sonraí
Ó tugadh isteach an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018, tuigeann Gaelchultúr go bhfuil oibleagáidí air faoin reachtaíocht reatha sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil go

sábháilte agus go freagrach agus tá sé tiomanta do na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Tá an Institiúid tiomanta do thrédhearcacht agus macántacht maidir leis na sonraí go léir a bhailíonn sí, a phróiseálann sí agus a stórálann sí agus geallann sí é a dhéanamh ar bhealach eiticiúil.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>CtSBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">- Achoimre a thabhairt ar na rialacháin um chosaint sonraí agus na coinníollacha dlí nach mór a chomhlíonadh maidir le bailiú, próiseáil, stóráil, coinneáil agus scriosadh sonraí pearsanta.<br>- Treoirlínte dea-chleachtais a sholáthar don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara bainteacha.<br>- A chinntiú go gcloíonn Gaelchultúr leis an reachtaíocht ábhartha go hiomlán.<br>- Gaelchultúr a chosaint ar iarmhairtí a bhainfeadh le sárú a fhreagrachtaí.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Is beartas uileghabhálach é seo a bhaineann le gach ball foirne, conraitheoir agus teagascóir a dhéileálann le sonraí don eagraíocht nó thar a ceann nó a bhfuil rochtain acu ar shonraí i ngach formáid i.e. páipéar, leictreonach, closamhairc, etc.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">POF:<br>- A chinntiú go bhfuil acmhainní curtha ar fáil chun riachtanais an bheartais seo a chomhlíonadh.<br>- A chinntiú go bhfuil an beartas agus na nósanna imeachta leordhóthanach, cothrom le dáta, ar aon dul le riachtanais reachtacha agus go ndéantar athbhreithniú córasach orthu.<br>- Tacaíocht, cúnamh agus oiliúint a sholáthar.<br><br>An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta:<br>- Cuidiú leis an bhfoireann an beartas agus na nósanna imeachta a fhorbairt, a athbhreithniú agus a cheadú.<br>- Monatóireacht a dhéanamh le cinntiú go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis an reachtaíocht go hiomlán ina cuid gníomhaíochtaí ó lá go lá.<br>- A chinntiú nach dtéann ach pearsanra údaraithe i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar.<br>- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais seo agus na nósanna imeachta gaolmhara.<br>- Déileáil le hábhair imní a éiríonn as cur i bhfeidhm an bheartais seo agus moltaí a eisiúint dá réir.<br><br>An Fhoireann:<br>- Ceanglais an bheartais agus na nósanna imeachta gaolmhara a chomhlíonadh.<br>- Taifid iomlána agus chruinne ar gach gníomhaíocht a chruthú agus a chothabháil.<br>- Sonraí a láimhseáil go cúramach agus le meas ionas nach gcuirfidh siad isteach ar a sláine.<br>- Rochtain neamhúdaraithe a chosc.<br>- Aon bharúlacha nó ábhair imní a bhféadfadh nuashonruithe ar an mbeartas agus na nósanna imeachta a bheith ag teastáil mar gheall</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | orthu a chur in iúl don Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus a chur chuig an POF nuair is gá. |
| **Nós imeachta:** | Leagtar amach sa bheartas seo prionsabail agus freagrachtaí Ghaelchultúir maidir le bailiú, stóráil, próiseáil agus coinneáil sonraí chun a chinntiú go gcomhlíonann an Institiúid an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016 (GDPR) agus bearta reachtúla eile lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Sonraí 1988 agus an tAcht um Chosaint Sonraí a Leasú 2003.<br><br>Toisc go mbaineann an beartas seo le húsáid sonraí, go príomha faoi GDPR, glacann Gaelchultúr leis na sainmhínithe atá leagtha amach in Airteagal 4 de GDPR de réir mar is cuí.<br><br>Chun ár bhfreagrachtaí faoin reachtaíocht a chomhlíonadh agus de réir na bprionsabal um chosaint sonraí, déanfaimid:<br><br>- faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil go cóir<br>- gan í a choinneáil ach chun críche sonraithe, sainráite agus dleathacha amháin<br>- sonraí a úsáid agus a nochtadh ach ar bhealaí atá comhoiriúnach leis na críocha seo<br>- bearta iomchuí a dhéanamh chun sonraí a choinneáil slán sábháilte<br>- sonraí a choinneáil cruinn, iomlán agus cothrom le dáta<br>- a chinntiú go bhfuil siad leordhóthanach, ábhartha agus nach bhfuil sé iomarcach<br>- gan iad a choinneáil ach ar feadh na tréimhse a bhfuil gá leo chun na críche nó na gcuspóirí a bailíodh iad<br>- sonraí a sholáthar d'ábhair sonraí nuair a iarrann siad iad. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | |

### 8.7.3 Sonraí a Bhailiú agus a Phróiseáil

Mar bhailitheoir agus mar phróiseálaí sonraí, cloíonn Gaelchultúr leis an reachtaíocht ábhartha uile maidir le cosaint sonraí agus tá an beartas thíos deartha aige chun léiriú a thabhairt ar na modhanna bailithe agus próiseála sonraí go léir a úsáideann an Institiúid, a bhfuil Bunluach an ionracais mar bhonn agus mar thaca aici.

| **Beartas:** | SaBPBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go mbailítear agus go bpróiseáiltear na sonraí go léir ar bhealach trédhearcach agus éifeachtach. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo leis na sonraí go léir a bhailítear agus a phróiseáiltear. | | |
| **Freagrach as:** | Gach ball foirne | | |
| **Nós imeachta:** | Úsáidtear na modhanna seo a leanas chun sonraí a bhailiú ó pháirtithe leasmhara:<br><br>- foirmeacha iarratais<br>- idirghníomhaíocht ar líne le Gaelchultúr agus lena chuid seirbhísí | | |

| | |
|---|---|
| | - measúnuithe cúrsaí.<br><br>Ní féidir faisnéis a bhailiú ach amháin chun gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar, ach amháin sa chás go bhfuarthas toiliú sainráite chun sonraí a phróiseáil chun críocha eile.<br><br>Baileofar faisnéis chun:<br><br>- seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear oiliúint agus sainchomhairleoireacht, ach gan a bheith teoranta dóibh sin<br>- seirbhísí pearsanra, párolla agus riaracháin pinsin a sholáthar<br>- bunachair sonraí a nuashonrú.<br><br>Ní mór an duine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas faoi na rudaí seo a leanas sula ndéantar a chuid sonraí a phróiseáil:<br><br>- an chúis leis na sonraí a bhailiú<br>- an tslí a n-úsáidfear iad<br>- an bunús dlí atá ann leis na sonraí a phróiseáil<br>- nochtadh do thríú páirtithe<br>- an tréimhse choinneála.<br><br>Cearta foghlaimeoirí:<br>- an ceart chun bheith curtha ar an eolas<br>- an ceart ar rochtain<br>- an ceart go ndéanfaí ceartúchán<br>- an ceart go ndéanfaí scriosadh, in imthosca áirithe<br>- an ceart chun próiseáil a shrianadh<br>- an ceart chun iniomparthacht sonraí<br>- an ceart chun agóid a dhéanamh<br>- cearta maidir le cinnteoireacht agus próifíliú uathoibrithe<br>- an ceart chun toiliú a tharraingt siar tráth ar bith<br>- an ceart chun gearán a dhéanamh.<br><br>Níor cheart sonraí pearsanta a phróiseáil ach chun na críche sonraithe a chuirtear in iúl don duine is ábhar/do na daoine is ábhair do na sonraí agus ar bailíodh iad ina leith sa chéad áit.<br><br>- Má bhíonn iarratas ann chun iad a úsáid chun aon chríche eile, gheofar toiliú ón duine is ábhar/ó na daoine is ábhair do na sonraí.<br>- Níor cheart sonraí a nochtadh ach chun na críche bunaidh a bhfuarthas iad ina leith.<br>- Féadfar toiliú ó bhéal a fháil chun sonraí neamhíogaire a nochtadh.<br>- Ní mór toiliú i scríbhinn a fháil chun sonraí íogaire a nochtadh.<br>- Féadfar sonraí pearsanta íogaire a nochtadh gan toiliú sainráite i scríbhinn ón duine is ábhar do na sonraí sna cúinsí seo a leanas:<br>  • nuair a cheanglaítear leis an dlí iad |

| | |
|---|---|
| | • nuair a bhíonn siad ag teastáil le haghaidh comhairle dlí nó imeachtaí dlí, agus más páirtí nó finné an duine a dhéanann an nochtadh<br>• nuair a bhíonn siad ag teastáil chun cionta a chosc, a bhrath nó a fhiosrú, chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh, nó chun airgead atá dlite don stát a mheas<br>• nuair a bhíonn siad ag teastáil go práinneach chun díobháil nó damáiste do shláinte duine a chosc, nó chun caillteanas tromchúiseach maoine nó damáiste tromchúiseach do mhaoin a chosc. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Córas TF, Comhaid Phearsanra, Ríomhphoist, Comhfhreagras i Scríbhinn, Sceideal Coinneála (A.7.5 - A.7.6), Scriostaifead (A.7.7) |

### 8.7.4 Iarrataí ar Rochtain ar Shonraí

Tuigeann Gaelchultúr an fhreagracht atá air ligean do dhaoine rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta agus tá an beartas agus an nós imeachta thíos deartha aige chun rialacháin a chomhlíonadh agus chun aon iarraidh ar rochtain ar shonraí a thagann isteach a éascú.

| **Beartas:** | IhRSBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Rochtain ar a chuid sonraí pearsanta a cheadú do dhuine aonair. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé le gach iarraidh ar rochtain ar shonraí a chuirtear faoi bhráid na hInstitiúide. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, gach Ball Foirne | | |
| **Nós imeachta:** | Nuair a fhaightear iarraidh ar shonraí, tarlaíonn an méid atá luaite anseo thíos.<br><br>- Cuirtear in iúl don duine aonair go gcaithfear an iarraidh a chur isteach i scríbhinn chuig an Riarthóir Acadúil agus nach mór foirm iarrtha rochtana na heagraíochta a úsáid (foirm a eisítear ar an ríomhphost nuair a iarrtar í).<br>- A luaithe a fhaightear an iarraidh i scríbhinn, úsáideann an Riarthóir Acadúil modhanna réasúnacha – e.g. cóip de dhoiciméad aitheantais ar a bhfuil grianghraf a glacadh le déanaí – chun céannacht an duine aonair a fhíorú.<br>- Tar éis dó an chéannacht a fhíorú, próiseálfaidh an Riarthóir Acadúil an iarraidh nó sannfaidh sé duine a phróiseálfaidh í.<br>- Déanann an Riarthóir Acadúil, le tacaíocht ón Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, torthaí a rianú/a thaifeadadh chun comhlíonadh a chinntiú (i gcás díospóide, caithfidh rian iniúchta a bheith ar fáil chun comhlíonadh a thaispeáint).<br>- Ba cheart go mbeadh an iarraidh próiseáilte laistigh de mhí tar éis don iarraidh a bheith faighte i scríbhinn.<br>- Is féidir an tréimhse ama seo a fhadú go dtí dhá mhí nuair a bhíonn iarrataí casta nó iomadúil.<br>- Cuirtear an duine aonair ar an eolas faoin tréimhse ama fhadaithe. | | |

| | |
|---|---|
| | Seoltar na sonraí go leictreonach chuig an duine aonair laistigh den teorainn ama a comhaontaíodh, mura n-iarrann an duine aonair go seolfaí iad de láimh. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Ríomhphoist, Comhfhreagras i Scríbhinn, Foirm iarrtha rochtana an duine is ábhar do na sonraí (A.7.9) |

### 8.7.5 Iarrataí ar Cheartú, ar Scriosadh, ar Phróiseáil a Shrianadh agus Agóidí

Tuigeann Gaelchultúr an fhreagracht atá air ligean do dhaoine rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta agus tá an beartas agus an nós imeachta thíos deartha aige chun rialacháin a chomhlíonadh agus chun éascú a dhéanamh ar aon iarrataí ar cheartú, scriosadh nó srianadh a thagann isteach.

| **Beartas:** | IhCSPSABs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéileáiltear le hiarrataí aonair go tráthúil agus go héifeachtúil. | | |
| **Scóip:** | Gach iarraidh ar cheartú, ar scriosadh, ar phróiseáil a shrianadh agus agóidí. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, baill foirne ainmnithe, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | Nuair a fhaightear iarraidh bíonn feidhm aige seo a leanas:<br><br>- Cuirtear in iúl don duine aonair go gcaithfear an iarraidh a chur isteach i scríbhinn chuig an Riarthóir Acadúil.<br>- A luaithe a fhaightear an iarraidh i scríbhinn, úsáideann an Riarthóir Acadúil modhanna réasúnacha – e.g. cóip de dhoiciméad aitheantais ar a bhfuil grianghraf a glacadh le déanaí – chun céannacht an duine aonair a fhíorú.<br>- Tar éis dó an chéannacht a fhíorú, próiseálfaidh an Riarthóir Acadúil an iarraidh nó sannfaidh sé duine a phróiseálfaidh í.<br>- Déanann an Riarthóir Acadúil, le tacaíocht ón Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, torthaí a rianú/a thaifeadadh chun comhlíonadh a chinntiú (i gcás díospóide, caithfidh rian a bheith ar fáil chun comhlíonadh a thaispeáint).<br>- Ba cheart go mbeadh an iarraidh próiseáilte laistigh de mhí tar éis don iarraidh a bheith faighte i scríbhinn.<br>- Is féidir an tréimhse ama seo a fhadú go dhá mhí nuair a bhíonn iarrataí casta nó iomadúil.<br>- Cuirtear an duine aonair ar an eolas faoin tréimhse ama fhadaithe.<br>- Cuirtear torthaí a iarrata in iúl don duine aonair laistigh den teorainn ama a comhaontaíodh.<br><br>Tá freagracht iomlán ar an Riarthóir Acadúil a chinntiú go gcuirtear an próiseas i gcrích ina iomláine agus go ndéantar é a dhoiciméadú nuair is gá. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Ríomhphoist, Comhfhreagras i Scríbhinn | | |

### 8.7.6 Iarrataí ar Iniomparthacht Sonraí

Féadtar iarrataí ar iniomparthacht sonraí a bheith faighte ó chomhlacht rialála amhail QQI, ó rannóg de chuid fhostóir an fhoghlaimeora, nó ón bhfoghlaimeoir féin má iarrann an foghlaimeoir aistriú ón Institiúid seo go ceann eile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | IhISBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéileáiltear le hiarrataí aonair go tráthúil agus go héifeachtúil. | | |
| **Scóip:** | Sonraí pearsanta daoine aonair. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | **Iarraidh a láimhseáil**<br>Nuair a fhaightear iarraidh ar iniomparthacht sonraí, bíonn feidhm ag an méid seo a leanas:<br><br>- Cuirtear in iúl don duine aonair go gcaithfear foirm iarrtha sonraí na heagraíochta a úsáid chun an iarraidh a chur isteach i scríbhinn chuig an Riarthóir Acadúil, agus nach mór go dtabharfaí eolas ar na sonraí go léir arna n-iarraidh (eisítear an fhoirm ar an ríomhphost nuair a iarrtar í).<br><br>Nuair a fhaightear an iarraidh i scríbhinn, déanann an Riarthóir Acadúil (nó duine eile dá dtarmligtear an cúram):<br><br>- úsáid a bhaint as modhanna réasúnacha – e.g. cóip de dhoiciméad aitheantais ar a bhfuil grianghraf a glacadh le déanaí – chun céannacht an duine aonair a fhíorú.<br>- an iarraidh a phróiseáil nuair a bheidh sí fíoraithe.<br><br>**Iarrataí a phróiseáil**<br>- Bailítear na sonraí go léir a iarrtar i cibé formáid ina bhfuil siad.<br>- Sábháiltear na sonraí go léir i bhformáid PDF.<br>- Seoltar na sonraí chuig an duine is ábhar do na sonraí lena n-athbhreithniú agus le comhaontú a dhéanamh maidir leo.<br>- Nuair a bhíonn comhaontú déanta, seoltar na sonraí i bhformáid PDF chuig an rialtóir eile arna shainaithint ag an duine is ábhar do na sonraí agus iarrtar admháil.<br>- Ba cheart go mbeadh an iarraidh próiseáilte laistigh de mhí tar éis don iarraidh a bheith faighte i scríbhinn.<br>- Is féidir an tréimhse ama seo a fhadú go dhá mhí nuair a bhíonn iarrataí casta nó iomadúil.<br>- Cuirtear an duine aonair ar an eolas má fhadaítear an tréimhse ama.<br>- Déanann an Riarthóir Acadúil torthaí a rianú/a thaifeadadh chun comhlíonadh a chinntiú<br>- i gcás díospóide, caithfidh rian iniúchta a bheith ar fáil chun comhlíonadh a thaispeáint.<br><br>Caithfidh an duine atá freagrach torthaí a iarrata a chur in iúl don duine is ábhar do na sonraí laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh. | | |

| | |
|---|---|
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Ríomhphoist, Glaonna Gutháin, Comhfhreagras i Scríbhinn, Foirm Iarrtha Rochtana an duine is ábhar do na sonraí (A.7.9) |

### 8.7.7 Rúndacht agus Slándáil

Mar bhailitheoir agus mar phróiseálaí sonraí, tuigeann Gaelchultúr an fhreagracht atá air sonraí an duine aonair a choinneáil slán agus bearta slándála cuí a chur i bhfeidhm atá ar aon dul leis an reachtaíocht reatha agus atá oiriúnach don chineál sonraí a stóráiltear.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | RtSBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéantar faisnéis a bhainistiú ar bhealach comhsheasmhach, slán agus rúnda. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach ball foirne agus gach doiciméad. Ba cheart an leibhéal slándála cuí agus ábhartha a chur i bhfeidhm ar fud na gcóras faisnéise go léir. | | |
| **Freagrach as:** | Gach Ball Foirne | | |
| **Nós imeachta:** | Áirítear an méid seo a leanas sna caighdeáin slándála:<br><br>- Tá rochtain ar an gcóras TF teoranta do phearsanra údaraithe amháin, agus beidh pasfhocal ar leith ag gach duine acu le haghaidh rochtain shlán.<br>- Tá rochtain ar fhreastalaithe TF teoranta, in áit shlán agus ar fáil do bhaill foirne bhuana amháin.<br>- Tá rochtain ar aon sonraí pearsanta de chuid na foirne teoranta do phearsanra údaraithe chun críocha dlisteanacha amháin.<br>- Tá rochtain ar chórais ríomhaireachta cosanta ag pasfhocal agus cuirtear bearta fíordheimhnithe eile i bhfeidhm de réir mar is cuí agus de réir íogaireacht na sonraí.<br>- Moltar gan pasfhocail slándála pearsanta a nochtadh d’aon duine eile, lena n-áirítear pearsanra eile.<br>- Ní mór faisnéis ar scáileáin ríomhaire agus cóipeanna crua de chomhaid a choinneáil as radharc ó dhaoine neamhúdaraithe.<br>- Tá nósanna imeachta cúltaca i bhfeidhm maidir le faisnéis a choinnítear ar fhreastalaithe ríomhaireachta, lena n-áirítear cúltaca seachtrach.<br>- Déantar ríomhairí a chosaint le bogearraí frithvíreas.<br>- Ní mór sonraí pearsanta lámhscríofa a choinneáil slán i gcaibinéid faoi ghlas, seomraí faoi ghlas, nó seomraí a bhfuil rochtain theoranta orthu.<br><br>Cuirtear faisnéis agus oiliúint um chosaint sonraí ar fáil do bhaill foirne a bhaineann lena róil faoi seach. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Ionduchtú Foirne (A.7.2), Sonraí Logála Isteach. | | |

### 8.7.8 Glanadh Sonraí

Chun cloí le treoirlínte maidir le cosaint sonraí agus chun a chinntiú go bhfuil sonraí cruinne agus cothrom le dáta ar fáil don Institiúid agus dá bpáirtithe leasmhara, tá Gaelchultúr tiomanta dá bheartas thíos maidir le Glanadh Sonraí.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>GhSBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go bhfuil sonraí cruinne, cothrom le dáta ar fáil don Institiúid agus go bhfuil siad ag teacht le reachtaíocht agus le treoirlínte maidir le cosaint sonraí.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Na sonraí ábhartha go léir de réir na maitríse rialaithe doiciméad.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Fhoireann TF, gach Ball Foirne</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">- Chun sonraí glana a chinntiú ní mór gach réimse a chomhlánú nuair a dhéantar iontráil ar aon chórais den chéad uair.<br>- Déantar seiceálacha cáilíochta gach ráithe ar rogha randamach de:<br>• Thaifid Foghlaimeoirí<br>• Thaifid de chuid na hInstitiúide<br>- Sainaithnítear aon saincheisteanna a bhaineann le logáil isteach.<br>- Cruthaítear plean glantacháin ina sainaithnítear freagrachtaí go soiléir.<br>- An bunachar sonraí a choinneáil trí na nithe seo a dhéanamh:<br>• freagracht as glanadh córasach a shannadh<br>• beartais agus nósanna imeachta a nuashonrú<br>• saineolas seachtrach a iarraidh, más gá<br>• an fhoireann a choinneáil ar an eolas agus uasoiliúint a chur orthu<br>• spotseiceálacha randamacha a dhéanamh<br>• saincheisteanna a phlé le baill foirne ábhartha<br>• a chinntiú go bhfuil iontráil sonraí comhsheasmhach i measc na foirne uile.<br><br>Sonraí eile:<br>- Déantar gach beartas agus gach nós imeachta a athbhreithniú gach bliain, de réir na maitríse rialaithe doiciméad.<br>- Déantar taifid foirne a nuashonrú ar bhonn bliantúil, nó níos luaithe más gá, de réir athbhreithnithe feidhmíochta.<br>- Déantar faisnéis ar an suíomh gréasáin agus/nó sna meáin shóisialta a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn seachtainiúil.<br><br>Déantar na sonraí go léir a athbhreithniú gach bliain lena chinntiú go bhfuil siad ábhartha agus déantar iad a nuashonrú nó a scriosadh de réir mar is gá.</td></tr>
<tr><td>Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):</td><td colspan="3">Plean Feabhsaithe Cáilíochta, Taifead ar Chruinnithe (A.4.12)</td></tr>
</table>

### 8.7.9 Sárú ar Shonraí a Bhainistiú

Mar bhailitheoir agus mar phróiseálaí sonraí, tuigeann Gaelchultúr an fhreagracht atá air freagairt go freagrach agus de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí agus de réir an bheartais thíos nuair a bhíonn sárú ar shonraí á bhainistiú aige agus tá sé tiomanta dá chuid oibleagáidí dlíthiúla agus eiticiúla a chomhlíonadh ina thaobh sin. Tá Gaelchultúr tiomanta freisin do shonraí a láimhseáil go freagrach agus go slán agus do gach beart is féidir a dhéanamh chun sárú ar shonraí a chosc.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>SuSBBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go gcuirtear cur chuige caighdeánaithe bainistíochta i bhfeidhm i gcás sárú ar shonraí.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo le gach cineál sáruithe ar shonraí agus leis an bhfoireann go léir.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Riarthóir Acadúil, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an POF, gach ball foirne</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">D’fhéadfadh sárú ar shonraí tarlú ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear:<br><br>- trealamh ar a stóráiltear sonraí a bheith caillte nó goidte<br>- rialúcháin rochtana mhíchuí lena gceadaítear úsáid neamhúdaraithe.<br>- teip trealaimh<br>- earráid dhaonna, e.g. ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh mícheart<br>- cúinsí gan choinne, mar shampla tuile nó tine<br>- haiceáil ríomhairí<br>- rochtain ina bhfaightear faisnéis trí mheabhlaireacht.<br><br>Má tharlaíonn sárú, bainisteofar é ar an mbealach seo a leanas:<br><br>- Ba cheart sonraí faoin eachtra a thaifeadadh, lena n-áirítear<br>• tuairisc ar an eachtra<br>• an dáta agus an t-am a tharla an eachtra<br>• an dáta agus an t-am a braitheadh an eachtra<br>• cé a thuairiscigh an eachtra agus cé dó ar tuairiscíodh í<br>• an cineál sonraí atá i gceist agus cé chomh híogair agus atá siad.<br>• an líon daoine aonair a ndeachaigh an sárú i bhfeidhm orthu<br>• cé acu ar criptíodh na sonraí nó nár criptíodh<br>• sonraí maidir le haon chórais TF atá i gceist<br>• fógra faoin sárú<br>• fógra Inmheánach.<br><br>Ní mór sárú ar shonraí a thuairisciú gan mhoill do bhall foirne sinsearach, agus cuirfidh sé sin sonraí na heachtra in iúl láithreach don Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus don POF.<br><br>- Tionólfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta cruinniú de dhaoine ábhartha láithreach chun déileáil leis an eachtra.<br>- Déanfaidh an grúpa sonraí an eachtra agus na rioscaí atá i gceist a mheas, lena n-áirítear:</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | - Cén cineál sonraí atá i gceist?<br>- Cé chomh híogair agus atá na sonraí atá i gceist?<br>- Cé mhéad duine aonair a ndeachaigh an sárú i bhfeidhm ar a gcuid sonraí pearsanta?<br>- An raibh cosaintí i bhfeidhm, e.g. criptiú?<br>- Cad iad na hiarmhairtí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann do dhaoine aonair agus cé chomh tromchúiseach nó substaintiúil is dóigh a bheidh siad?<br>- Cé chomh dóchúil is atá sé go dtiocfaidh iarmhairtí díobhálacha chun cinn?<br><br>**Fógra seachtrach**<br>- Is é an cleachtas is fearr Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a chur ar an eolas láithreach chun comhairle a fháil faoin mbealach is fearr le déileáil le hiarmhairtí sáraithe sonraí.<br>- Beidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.<br>- Cinnfidh an fhoireann bainistíochta, i gcomhairle le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, ar cheart na daoine ar sáraíodh a gcuid sonraí a chur ar an eolas (Ní bheidh fógra ag teastáil i gcás gach eachtra).<br>- Agus daoine aonair á gcur ar an eolas, breithneoidh an lucht bainistíochta an meán is oiriúnaí chun é sin a dhéanamh. Cuirfidh siad san áireamh slándáil an mheáin le haghaidh fógra agus an phráinn atá leis an gcás.<br>- Tabharfar comhairle shonrach shoiléir do dhaoine aonair maidir leis na céimeanna is féidir leo a ghlacadh chun iad féin a chosaint agus maidir leis an méid atá an eagraíocht sásta a dhéanamh chun cabhrú leo.<br>- Is é an Riarthóir Acadúil an teagmhálaí chun tuilleadh faisnéise nó faisnéis leanúnach a fháil.<br>- Breithneoidh an fhoireann bainistíochta freisin fógra a thabhairt do thríú páirtithe, amhail an Garda Síochána, a fhéadann cúnamh a thabhairt chun iarmhairtí díobhálacha a laghdú don duine is ábhar/do na daoine is ábhair do na sonraí.<br>- Cuirfear gníomhaireachtaí reachtúla eile ar an eolas, de réir mar is gá.<br><br>**Meastóireacht agus freagra**<br>- Tar éis aon sáraithe, déanfaidh an lucht bainistíochta athbhreithniú ar an eachtra. Is é aidhm an athbhreithnithe seo ná:<br>  • a chinntiú go raibh na bearta a rinneadh le linn na heachtra oiriúnach<br>  • cur síos a dhéanamh agus taifead a choinneáil ar na bearta atá á ndéanamh ionas nach dtarlóidh an eachtra arís<br>  • réimsí ina bhféadfadh feabhsúcháin a bheith ag teastáil a shainaithint.<br><br>Déanfar doiciméadú ar aon athruithe a mholtar ar bheartas agus/nó ar |

| | |
|---|---|
| | nósanna imeachta atá le bheith curtha i bhfeidhm a luaithe is féidir ina dhiaidh sin. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Taifead ar Chruinnithe (A.4.12), Ríomhphoist, an Plean Feabhsaithe Cáilíochta |

### 8.7.10 Iniúchtaí Inmheánacha

Chun cáilíocht chórais bainistíochta faisnéise agus sonraí Ghaelchultúir a dhearbhú, tá an eagraíocht tiomanta d'iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil a chórais ag feidhmiú go héifeachtúil agus i gceart, agus go gcomhlíonann an Institiúid agus a chórais faisnéise agus sonraí a gcuid beartas go hiomlán, mar aon leis an reachtaíocht uile atá ábhartha agus cothrom le dáta.

| **Beartas:** | IhIBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag feidhmiú de réir na n-achtanna agus na rialachán cosanta sonraí agus chun aon rioscaí nó neamhchomhlíonadh féideartha a shainaithint. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach córas faisnéise cáilíochtúil agus cainníochtúil de chuid Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach as:** | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | Cuirfidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta iniúchtaí inmheánacha i gcrích gach bliain agus déanfaidh sí an sceideal iniúchóireachta a dhréachtú.<br><br>Sonraítear sa sceideal na réimsí agus/nó na próisis atá le hiniúchadh, critéir iniúchta agus scóip an iniúchta.<br><br>- Déantar réimsí a shonraítear sa sceideal a iniúchadh i gcoinne doiciméadacht agus caighdeáin ábhartha (critéir iniúchta).<br>- Déantar iniúchtaí inmheánacha ar ghníomhaíochtaí roghnaithe ar bhonn bliantúil, agus níos minice más gá.<br>- Is féidir minicíocht na n-iniúchtaí a choigeartú, ag brath ar thorthaí iniúchtaí roimhe seo, ar mheastóireacht, ar nósanna imeachta nua nó ar an tábhacht a bhaineann le saincheist a shainaithnítear.<br><br>Is mar seo a dhéantar na hiniúchtaí:<br><br>- Athbhreithnítear nósanna imeachta lámhscríofa agus leictreonacha agus comhlíonadh.<br>- Comhairliúchán le Baill Foirne ábhartha.<br>- Athbhreithnítear tuarascálacha iniúchóireachta agus pleananna feabhsaithe a rinneadh roimhe seo.<br>- Comhlánaíonn an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta tuarascáil achomair ar iniúchadh inmheánach ina leagtar amach aon láidreachtaí agus aon réimsí atá le feabhsú.<br>- Nuair a thagtar ar shaincheist, taifeadtar í sa Phlean Feabhsaithe Cáilíochta agus tugtar tosaíocht d'aon saincheisteanna atá le cur i gcrích. | | |

| | |
|---|---|
| | - Ba cheart go mbeadh an t-iniúchóir agus an duine a bhfuil sé de chúram air an gníomh ceartaitheach a dhéanamh ar aon intinn maidir leis an saincheist agus an gníomh ceartaitheach.<br>- I gcás nach bhfaightear aon saincheisteanna, coimeádtar taifead chun a thaispeáint go ndearnadh iniúchadh, i.e. is gá fós tuarascáil iniúchóireachta a chur i gcrích.<br>- Seiceálann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta gníomhartha ceartaitheacha ag deireadh gach míosa lena fhíorú gur cuireadh i gcrích iad.<br>- Cuirtear tuarascálacha ar fáil don chéad chruinniú foirne cáilíochta eile lena n-athbhreithniú.<br><br>Coinnítear tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha ar feadh tréimhse trí bliana. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Tuarascálacha Iniúchóireachta, an Plean Feabhsaithe Cáilíochta, Taifead ar Ghníomhaíocht Cheartaitheach (A.7.8) |

### 8.7.11 Oiliúint agus Tacaíocht don Fhoireann

Tá sé mar pholasaí ag Gaelchultúr a bheith suas chun dáta maidir leis an oideachas agus an oiliúint ábhartha is déanaí agus a chinntiú go gcuirtear oiliúint leordhóthanach ar bhaill foirne le go mbeidh siad in ann feidhmiú go héifeachtach ina gcuid ról ainmnithe.

| **Beartas:** | OtTFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag baill foirne chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach ball foirne agus le tacaíocht TF. | | |
| **Freagrach as:** | An POF, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | Áireofar an méid seo a leanas le hoiliúint agus le tacaíocht:<br><br>- Soláthrófar faisnéis tosaigh maidir le cosaint sonraí ag an ionduchtú.<br>- Gheobhaidh gach ball foirne nua oiliúint ar an gcóras TF.<br>- Cuirfidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta nuashonruithe tráthrialta agus oiliúint feasachta ar fáil de réir mar is gá.<br>- Reáchtálfar ceardlanna uasoiliúna gach bliain.<br>- Déanfar lámhleabhair a athbhreithniú agus a nuashonrú gach bliain, nó níos luaithe más gá.<br>- Cuirfear nuashonruithe in iúl go leictreonach do pháirtithe leasmhara.<br><br>Cuirfidh an chuideachta tacaíochta TF comhairle agus tacaíocht leanúnach ar fáil. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Sonraí Logála isteach, Taifid FGL na Foirne (A.5.4), Seicliosta Ionduchtaithe (A.7.2) | | |

### 8.7.12 Coinneáil agus Diúscairt Sonraí

Tá Gaelchultúr tiomanta dá chleachtais choinneála agus diúscartha a leagan amach agus dá bheartas agus dá nósanna imeachta a leanúint lena chinntiú go gcomhlíonann an Institiúid an reachtaíocht agus na cleachtais tionscail ábhartha go hiomlán.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | ClDSBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Treoir a sholáthar don fhoireann maidir lena ndualgas a chomhlíonadh i dtaca le coinneáil agus le diúscairt sonraí. | | |
| **Scóip:** | Gach Ball Foirne | | |
| **Freagrach as:** | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, Gach Ball Foirne | | |
| **Nós imeachta:** | Cinnteoidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta:<br><br>- go gcuirtear an Fhoireann uile ar an eolas faoin sceideal coinneála taifead ionas go mbeidh a fhios acu cé na taifid a shocraigh an eagraíocht a choinneáil agus mar gheall ar a bhfreagracht phearsanta na sceidil choinneála a leanúint.<br><br>Déanfaidh úsáideoirí faisnéise:<br><br>- athbhreithniú ar thaifid de réir an sceidil coinneála nuair nach mbíonn siad ag teastáil a thuilleadh chun críocha gnó leanúnaigh nó chun críocha dlíthiúla nó rialála sonracha.<br>- athbhreithniú ar thaifid ag deireadh a dtréimhse choinneála agus socrú lena scriosadh go slán, lena n-aistriú le haghaidh stórála nó dáta nua athbhreithnithe a chinneadh - críochnófar agus coinneofar cáipéisí maidir le diúscairt nó aistriú taifead<br>- taifid leictreonacha a bhainistiú de réir an sceidil coinneála. Moltar dáta diúscartha nó athbhreithnithe atá beartaithe a ghabháil agus taifid leictreonacha á gcruthú.<br><br>Coinnítear na sonraí go léir a chruthaíonn agus/nó a fhaigheann baill foirne agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu má bhíonn na sonraí sin ag teastáil chun riachtanais dhlíthiúla, riaracháin, airgeadais agus oibríochtúla a chomhlíonadh.<br><br>Déantar an diúscairt deiridh, trína n-aistriú chuig cartlanna nó trína scriosadh, de réir na sceideal coinneála.<br><br>Braitheann tréimhsí coinneála ar chritéir éagsúla, lena n-áirítear an reachtaíocht agus na cleachtais is fearr a chomhlíonadh.<br><br>Is iad na tréimhsí coinneála an t-íosmhéid ama ba cheart taifid a choinneáil agus déantar iad a ríomh ó dheireadh na míosa féilire, tar éis na hiontrála deireanaí ar an taifead.<br><br>Beidh feidhm ag sceideal coinneála taifead maidir le sraith taifead agus léireofar ann cathain is gá taifid incháilithe a scriosadh agus cathain is gá taifid bhuana a chur i gcartlann. | | |

| | |
|---|---|
| | I gcomhar leis na tréimhsí coinneála a áirítear leis an mbeartas seo, ba cheart na prionsabail seo a leanas a chomhlíonadh freisin:<br><br>- Bí coimeádach agus déan leibhéil iomarcacha riosca a sheachaint.<br>- Cuir comhthoil daoine eolacha/a bhfuil taithí acu san áireamh.<br>- Coinnigh taifead más dóigh go mbeidh gá leis sa todhchaí, agus dá bhféadfadh sé go mbeadh iarmhairtí suntasacha ann mura mbeadh sé ar fáil agus má tá na hiarmhairtí sin intuartha ag an am.<br>- Léirigh ciall agus stuaim.<br><br>Ní mór don POF diúscairt taifead a údarú agus ansin an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta a chur ar an eolas.<br><br>- Sa chás go bhfuil taifid ar cóipeanna crua iad le scriosadh tar éis don tréimhse choinneála a bheith dulta in éag, ba cheart iad a scriosadh le stiallaire, nó i gcás go bhfuil go leor taifead le scriosadh, ba cheart conraitheoir gairmiúil a bhfuil saineolas aige sa réimse seo a fhostú ar bhonn rúnda chun go ndéanfaidh an conraitheoir sin maoirseacht ar an bpróiseas agus go n-eiseoidh sé deimhniú um scriosadh.<br>- Coinneofar taifead i bhfoirm cláir ar gach taifead a scriosadh, ina soláthrófar cruthúnas údaraithe infhíoraithe ar an scriosadh – scarbhileog Excel<br>- Ba cheart an clár a choinneáil go suthain agus ba cheart go soláthrófaí ann sonraí faoi na taifid go léir a scriosadh, lena n-áirítear ainm an duine lena mbaineann an taifead a aithint.<br>- Ba cheart don duine a d'údaraigh scriosadh na dtaifead an clár a shíniú agus dáta a chur leis. Ba cheart an clár seo a choinneáil in áit shlán.<br>- Ba cheart taifid leictreonacha a dhiúscairt de réir an sceidil coinneála.<br><br>Ba cheart tríú páirtithe a bhfuil taifid faighte acu a chur ar an eolas agus ba cheart a iarraidh orthu na taifid sin a dhiúscairt de réir an sceidil coinneála. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | An Sceideal Coinneála (A.7.5 - A.7.6), an Scriostaifead (A.7.7), Taifid FGL na Foirne (A.5.4), Ríomhphoist |

## 8.8 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Tá Gaelchultúr tiomanta do mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta a bhaineann le gach réimse cáilíochta agus chun a chinntiú go bhfuil gach gné dá Chóras Dearbhaithe Cáilíochta ag feidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach agus go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm.

Ba mhaith le Gaelchultúr a chinntiú go bhfuil a chórais bainistíochta faisnéise agus sonraí dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de agus go bhfuil a bheartais agus a nósanna imeachta ag teacht leis na cleachtais is fearr go léir atá cothrom le dáta agus leis an reachtaíocht ábhartha agus go ndéantar iad a nuashonrú dá réir.

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil gach córas bainistíochta faisnéise agus sonraí cothrom le dáta agus oiriúnach don fheidhm. |
| **Freagrach as:** | An POF, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an Riarthóir Acadúil, an Fhoireann TF |
| **Nós imeachta:** | Beidh feidhm ag na riachtanais monatóireachta agus tuairiscithe seo a leanas:<br><br>- Beidh an POF agus an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeartas agus na nósanna imeachta bainistíochta faisnéise agus sonraí.<br>- Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus an Riarthóir Acadúil monatóireacht ar na rudaí seo a leanas:<br>  • tuarascálacha iniúchóireachta maidir le bainistíocht faisnéise agus sonraí<br>  • tuarascáil iniúchóireachta an Chórais Dearbhaithe Cáilíochta.<br><br>- Déanfaidh an riarthóir acadúil monatóireacht ar chórais trína n-úsáid ó lá go lá.<br>- Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta monatóireacht ar chur i bhfeidhm aon ghníomhartha feabhsaithe cáilíochta a eascraíonn as monatóireacht agus athbhreithniú agus soláthróidh sí tuarascáil achomair don POF ag an gcéad chruinniú sceidealaithe eile.<br>- Déanfar athbhreithniú bliantúil ar thorthaí gníomhaíochtaí monatóireachta a dhéanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus déanfar aon fheabhsúcháin riachtanacha a dhoiciméadú sa Phlean Feabhsaithe Cáilíochta agus a chur i bhfeidhm.<br>- Déanfaidh an foghrúpa ábhartha agus an POF athbhreithniú ar bheartais gach trí bliana, nó níos luaithe más gá.<br>- Déanfaidh an Riarthóir Acadúil nósanna imeachta a athbhreithniú gach bliain, nó níos luaithe más gá.<br><br>Bearta Feidhmíochta lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh:<br><br>- an líon sáruithe ar shonraí<br>- caillteanas sonraí |

| | |
|---|---|
| | - forluí i mbailiú sonraí, cuntais a chruthaítear faoi dhó<br>- athchlárú agus dul chun cinn rathúil<br>- an céatadán ina gcomhlíontar leis an Sceideal Coinneála/Taifead um Scriosadh<br>- an céatadán ina gcomhlíontar leis an mBeartas Bainistíochta Doiciméad<br>- Céatadán na bpunanna foghlaimeoirí neamhiomlána<br>- Céatadán na bpróiseas ina gcomhlíontar le RGCS. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Tuarascálacha, an Plean Feabhsaithe Cáilíochta |

# 9. Faisnéis agus Cumarsáid

**Uimhir Thagartha Bheartais:** FsCBn-01

## 9.1 Faisnéis don Phobal

Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis uile a roinnimid lenár bpáirtithe leasmhara soiléir, cruinn, cothrom le dáta, inrochtana go héasca agus go léiríonn sí misean agus luachanna Ghaelchultúir. Cuirimid gach faisnéis ábhartha faoi bhráid ár bpáirtithe leasmhara agus, nuair is iomchuí, foilsítear an fhaisnéis seo ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dóibh:

- faisnéis faoi chláir Ghaelchultúir (forléargas ar chláir, dátaí clár, critéir iontrála, nós imeachta iontrála, etc.)
- faisnéis faoi bheartais agus nósanna imeachta Ghaelchultúir maidir le dearbhú cáilíochta
- meastóireachtaí dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus seachtracha a fhoilsiú (e.g. tuarascálacha féinmheastóireachta, tuarascálacha de chuid QQI).

Is féidir an leagan reatha de Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir a fháil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide agus foilsítear beartais ábhartha eile i lámhleabhair na foirne agus na bhfoghlaimeoirí lena chinntiú go gcuirtear in iúl go héifeachtach iad. Mar a luadh thuas, déanann Gaelchultúr faisnéis a chur in iúl agus a fhoilsiú faoina chúrsaí agus a ghníomhaíochtaí, go príomha trínár suíomh gréasáin (gaelchultur.com) ach úsáidimid bróisiúir agus fógráin, seisiúin faisnéise, na meáin shóisialta agus ár nuachtlitir ráithiúil freisin. Ina theannta sin, déanaimid cumarsáid lenár bpáirtithe leasmhara ar an ríomhphost, ar an bhfón agus aghaidh ar aghaidh mar is cuí. Déantar gach faisnéis a dhéanaimid a chur in iúl agus a fhoilsiú maidir lenár ngníomhaíochtaí de réir an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Táimid tiomanta do chumarsáid an-mhaith a bheith againn leis na páirtithe leasmhara go léir le déanamh cinnte go mbíonn fáil acu ar an bhfaisnéis ábhartha faoinár gcláir agus seirbhísí. Creidimid go gcaithfidh cumarsáid a bheith ina próiseas dhá threo agus mar sin féachann Gaelchultúr le cumarsáid éifeachtach a chur chun cinn leis na páirtithe leasmhara go léir. Déanaimid gach iarracht cumarsáid éifeachtach a chothú lenár bhfoghlaimeoirí go háirithe chun tacú leo agus iad ar a dturas foghlama agus chun cur ar a gcumas a gcuspóirí foghlama a bhaint amach. Iarraimid aiseolas rialta ónár bpáirtithe leasmhara le cur ar ár gcumas feabhas a chur ar ár seirbhísí go leanúnach agus chun cabhrú linn cúrsaí agus seirbhísí a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.

| **Beartas:** | FsPBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go ndéanann foireann Ghaelchultúir cumarsáid éifeachtach leis na páirtithe leasmhara go léir agus a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis uile a scaiptear agus a fhoilsítear soiléir, cruinn agus cothrom le dáta. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le foireann Ghaelchultúir go léir agus lena gcumarsáid leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir. | | |
| **Freagrach as:** | Gach ball foirne, go háirithe an Bord Clár, an Riarthóir Acadúil, an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF), an Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta, Léachtóirí/Teagascóirí | | |

| | |
|---|---|
| **Nós imeachta:** | Chun a chinntiú go bhfuil cumarsáid idir Gaelchultúr agus na páirtithe leasmhara éifeachtach, soiléir agus cruinn, glacfar na céimeanna seo a leanas:<br>- Déanfaidh foireann Ghaelchultúir cumarsáid le páirtithe leasmhara trí shuíomh gréasáin na hInstitiúide, trí na meáin shóisialta (Facebook, Twitter agus Instagram) agus Nuachtlitir Ghaelchultúir.<br>- Foilseoidh Gaelchultúr an leagan reatha dá Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide.<br>- Foilseofar beartais agus nósanna imeachta ábhartha i lámhleabhair na foirne agus na bhfoghlaimeoirí.<br>- Foilseofar tuarascálacha féinmheastóireachta ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir.<br>- Foilseofar tuairiscí ón bhforas cáiliúcháin ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir.<br>- Foilseofar faisnéis maidir le bailíochtú clár ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir.<br><br>Glacfar na céimeanna seo a leanas freisin chun cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara:<br><br>- Déanfaidh baill foirne Ghaelchultúir cumarsáid le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear foghlaimeoirí agus baill foirne, trí chumarsáid ó bhéal agus i scríbhinn.<br>- Beidh ionduchtú i gceist do bhaill foirne nua.<br>- Spreagfar foghlaimeoirí le teagmháil a dhéanamh le foireann Ghaelchultúir chun aon saincheisteanna nó seirbhísí tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu a phlé.<br>- Úsáidfear cruinnithe seachtainiúla pleanála foirne chun cumarsáid éifeachtach a chinntiú idir baill foirne.<br>- Spreagfar páirtithe leasmhara le haiseolas a thabhairt ar na cúrsaí agus seirbhísí a sholáthraíonn Gaelchultúr.<br>- Beidh ról tábhachtach ag cumarsáid le páirtithe leasmhara agus measúnú á dhéanamh ar riachtanais clár.<br>- I gcás an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA), tabharfar cuireadh d’ionadaithe na bhfoghlaimeoirí chuig cruinnithe den Bhord Clár chun aiseolas a thabhairt maidir leis an gcúrsa.<br>- Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, le cois an Bhoird Clár agus an Riarthóra Acadúil, athbhreithniú ar shuirbhéanna aiseolais ó fhoghlaimeoirí agus ar fhoirmeacha meastóireachta ó léachtóirí/teagascóirí agus pléifidh siad iad ag an gcruinniú bliantúil dearbhaithe cáilíochta.<br>- Déanfaidh Gaelchultúr cumarsáid le QQI lena chinntiú go bhfuil gach beartas agus nós imeachta ag teacht leis na rialacháin atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Seicliosta Ionduchtaithe (A.7.2), Ríomhphoist, Suirbhéanna Aiseolais ó Fhoghlaimeoirí (A.5.14), Foirmeacha Meastóireachta ó Léachtóirí/Teagascóirí, Comhfhreagras ón bhForas Cáiliúcháin, Miontuairiscí Cruinnithe (A.5.16) |

## 9.2 Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí

Tá rath na gcúrsaí ar fad atá ag Gaelchultúr ag brath ar fhaisnéis shoiléir chruinn a chur ar fáil don fhoghlaimeoir. Chun tacaíocht iomlán a chur ar fáil dár bhfoghlaimeoirí agus iad ar a dturas foghlaimeora, soláthraíonn Gaelchultúr an fhaisnéis ábhartha uile d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha maidir lenár gcláir agus na dámhachtainí atá ar fáil dóibh agus cinntíonn sé sin go bhfuil an fhaisnéis uile a chuirtear ar fáil cruinn agus cothrom le dáta. Tá cur síos sa bheartas agus sna nósanna imeachta thíos ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha agus tá cur síos ann ar an gcaoi a roinntear an fhaisnéis seo.

| **Beartas:** | FsFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis maidir le cúrsa ar fáil do gach foghlaimeoir agus foghlaimeoir ionchasach agus go mbíonn dóthain faisnéise acu chun rogha eolasach a dhéanamh faoi rannpháirtíocht ar chúrsa. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach foghlaimeoir agus foghlaimeoir ionchasach agus le baill foirne Ghaelchultúir a bheidh ag soláthar agus ag nuashonrú na faisnéise. | | |
| **Freagrach as:** | An Bord Clár, an Riarthóir Acadúil, an POF, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta | | |
| **Nós imeachta:** | Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha faoi gach clár de chuid Ghaelchultúir:<br><br>- Teideal an chláir<br>- ainm an fhorais cáiliúcháin<br>- cineál dámhachtana agus leibhéal na dámhachtana ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ)<br>- riachtanais iontrála agus faisnéis faoin bpróiseas iarratais<br>- seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí<br>- faisnéis faoi phróisis ARF (nuair is infheidhme)<br>- ábhar an chláir agus torthaí foghlama<br>- modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe<br>- próisis achomhairc agus gearán<br>- deiseanna dul chun cinn foghlaimeoirí (nuair is infheidhme)<br>- táillí cláir.<br><br>Tá an fhaisnéis seo ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha ar na bealaí seo:<br><br>- suíomh gréasáin Ghaelchultúir<br>- ábhair mhargaíochta<br>- ríomhphoist agus glaonna teileafóin<br>- Lámhleabhair na bhFoghlaimeoirí<br>- cruinnithe agus seisiúin faisnéise.<br><br>Tugtar Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí agus Leabhrán na bhFoghlaimeoirí d'fhoghlaimeoirí cláraithe ina mbíonn tuilleadh faisnéise faoi riachtanais an chúrsa agus faoi bheartais ábhartha, e.g. measúnú, bradaíl. (Féach 9.3 thíos | | |

| | |
|---|---|
| | chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí agus le Leabhrán na bhFoghlaimeoirí).<br>Cuirtear aon athruithe ar fhaisnéis ar fáil d'fhoghlaimeoirí (agus do pháirtithe leasmhara ábhartha eile) a luaithe is féidir. Bíonn sé de fhreagracht ar an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, i gcomhar leis an Stiúrthóir Oideachais, a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis, go háirithe an fhaisnéis a bhaineann le cúrsaí acadúla, cothrom le dáta agus cruinn agus go gcuirtear in iúl d'fhoghlaimeoirí/d'fhoghlaimeoirí ionchasacha í de réir mar is gá. Ní mór don POF agus, i gcásanna áirithe an Bord Stiúrtha, an t-eolas seo a fhaomhadh chomh maith, rud a fhágann go mbíonn ionchur ag taobh acadúil agus taobh tráchtála na hInstitiúide. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí, Ábhar Margaíochta, suíomh gréasáin Ghaelchultúir |

## 9.3 Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí

Is gné riachtanach é lámhleabhar na bhfoghlaimeoirí chun cumarsáid éifeachtach a chinntiú lenár bhfoghlaimeoirí. Is é aidhm lámhleabhar na bhfoghlaimeoirí faisnéis ríthábhachtach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí a chabhróidh leo ar feadh a dturas foghlama. Soláthraíonn sé príomhfhaisnéis agus treoir d'fhoghlaimeoirí maidir leis an gclár atá á dhéanamh agus sonraítear ann beartais ábhartha Ghaelchultúir. Cuimseoidh Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí faisnéis faoi na rudaí seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh:

- seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí
- amchlár agus suíomh an ranga
- riachtanais mheasúnaithe agus sceideal measúnaithe
- faisnéis faoi bheartas bradaíola Ghaelchultúir
- na próisis ghearáin agus achomhairc
- sonraí teagmhála na mball foirne ábhartha
- faisnéis ar ardán ríomhfhoghlama Ghaelchultúir
- Cairt na bhFoghlaimeoirí agus Cód Iompair na bhFoghlaimeoirí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | LrFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go gcuirtear cóip cothrom le dáta agus chruinn de Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí ar fáil do gach foghlaimeoir atá cláraithe do chúrsa sula dtosaíonn an cúrsa sin. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach foghlaimeoir atá cláraithe ar chúrsa de chuid Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach:** | An Riarthóir Acadúil, Léachtóirí/Teagascóirí/Ceartaitheoirí | | |
| **Nós imeachta:** | - Déanfar Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí a chur le chéile do gach cúrsa ina mbeidh faisnéis riachtanach<br>- Sula ndéanfar Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí a dháileadh ar fhoghlaimeoirí nua-chláraithe, déanfaidh an Riarthóir Acadúil cinnte go bhfuil an fhaisnéis atá ann cruinn agus cothrom le dáta agus gur léiriú ceart é ar bheartais agus éiteas Ghaelchultúir.<br>- Roimh thús gach cúrsa, seolfaidh an Riarthóir Acadúil cóip de Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí chuig gach foghlaimeoir atá cláraithe don chúrsa sin.<br>- Spreagfar foghlaimeoirí le teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir Acadúil má tá aon cheist acu faoi aon fhaisnéis atá i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí | | |

## 9.4 Cumarsáid san Eagraíocht

Tá cumarsáid rialta i measc bhaill foirne Ghaelchultúir, idir fhostaithe lánaimseartha agus iadsan atá ar conradh, riachtanach chun a chinntiú go bhfuil an Institiúid á reáchtáil go héifeachtach. Tá an struchtúr tuairiscithe foriomlán atá laistigh den eagraíocht leagtha amach sa struchtúr eagrúcháin (féach Cuid 1, mír 5, 'Struchtúr na hEagraíochta'). Mar a luadh cheana, tuigimid an tábhacht a bhaineann le cumarsáid dhá threo idir baill foirne agus déanaimid ár ndícheall línte cumarsáide oscailte a choinneáil leis an bhfoireann go léir chun a chinntiú go gcoinnítear ar an eolas iad agus chun a chinntiú gur féidir le gach ball foirne a thuairimí a roinnt agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúchán. Baintear é seo amach trí chumarsáid ó bhéal agus scríofa araon agus sonraítear sa bheartas agus sna nósanna imeachta thíos na bealaí ina gcothaítear cumarsáid éifeachtach laistigh den eagraíocht.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>CdEBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go ndéantar cumarsáid inmheánach a bhainistiú go héifeachtach agus go mbíonn cumarsáid rialta, éifeachtach agus comhtháite idir baill foirne uile Ghaelchultúir, idir fhostaithe lánaimseartha agus iadsan atá ar conradh.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo le gach ball foirne de chuid Ghaelchultúir.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">Foireann uile Ghaelchultúir</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Tá cumarsáid éifeachtach foirne ag brath ar na beartais earcaíochta agus ionduchtaithe (féach 4.1). Tugtar cóip de Lámhleabhar na Foirne do bhaill nua foirne chun iad a chur ar an eolas faoi bheartais Ghaelchultúir agus faoin gcód iompair d'fhoireann na hInstitiúide.<br><br>Cumarsáid i gcás na foirne lánaimseartha (idir lucht acadúil agus lucht riaracháin)<br>Bíonn cumarsáid ar siúl go leanúnach ar an tslí seo i gcás na mball foirne lánaimseartha:<br><br>- teagmháil rialta ar an ríomhphost agus ar an nguthán<br>- cumarsáid rialta aghaidh ar aghaidh (foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon)<br>- bailítear tuairimí na foirne ar bhonn leanúnach ag cruinnithe seachtainiúla foirne<br>- rannpháirtíocht sa chruinniú bliantúil dearbhaithe cáilíochta.<br><br>Cumarsáid le léachtóirí/teagascóirí/ceartaitheoirí<br>Bíonn cumarsáid ar siúl mar seo a leanas maidir le léachtóirí/teagascóirí/ceartaitheoirí:<br><br>- tugtar lámhleabhar do gach léachtóir/teagascóir agus ceartaitheoir ag tús gach seimeastair<br>- bíonn cumarsáid rialta i gceist leis an Riarthóir Acadúil<br>- cruinnithe aghaidh ar aghaidh le baill foirne ábhartha de chuid Ghaelchultúir (POF, Stiúrthóir Oideachais, Ceannaire Cláir, Riarthóir Acadúil)<br>- tar éis gach ranga agus ag deireadh an tseimeastair, iarrtar ar léachtóirí/teagascóirí/ceartaitheoirí aiseolas a fháil faoi ábhar an</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | chúrsa, seachadadh an chúrsa agus trealamh/acmhainní agus iarrtar orthu a machnamh a dhéanamh maidir le slite a bhféadfaí feabhas a chur ar na nithe sin.<br>- rannpháirtíocht i mboird clár ábhartha (maidir le forbairt agus athbhreithniú clár)<br>- coimeádann an Riarthóir Acadúil nó an Stiúrthóir Oideachais léachtóirí/teagascóirí/ceartaitheoirí ar an eolas faoi aon cheisteanna a bhaineann le gach cúrsa a bhfuil baint acu leis.<br><br>**Cumarsáid leis an mBord Stiúrtha**<br>I gcás Stiúrthóirí Ghaelchultúir, bíonn an chumarsáid leanúnach seo i gceist:<br><br>- teagmháil rialta ar an ríomhphost agus ar an nguthán<br>- cruinnithe aghaidh ar aghaidh le baill foirne ábhartha de chuid Ghaelchultúir<br>- cruinnithe in aghaidh na ráithe ag an POF leis an mBord Stiúrtha<br>- rannpháirtíocht i gcruinnithe den Bhord Clár.<br><br>**Cumarsáid leis an gComhairle Acadúil**<br>I gcás na Comhairle Acadúla, bíonn an chumarsáid seo i gceist:<br><br>- rannpháirtíocht i gcruinnithe de chuid na Comhairle Acadúla ar a laghad trí huaire sa bhliain<br>- rannpháirtíocht in aon bhoird clár ábhartha (e.g. bailíochtú/athbhailíochtú cláir)<br>- cuirtear miontuairiscí aon chruinnithe ábhartha ar fáil don Chomhairle Acadúil. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Miontuairiscí Cruinnithe (A.5.16), Lámhleabhar Foirne/Cód Iompair |

## 9.5 Lámhleabhar na Foirne/na Léachtóirí/na dTeagascóirí/na gCeartaitheoirí

Is mian le Gaelchultúr a chinntiú i gcónaí go bhfaigheann ár bhfoireann go léir an oiliúint riachtanach agus an fhaisnéis ábhartha ar fad maidir leis an gcuideachta agus lena bhfostaíocht nuair a thosaíonn siad ag obair leis an Institiúid. Tugtar Lámhleabhar na Foirne d'fhoireann na hInstitiúide ina bhfuil faisnéis faoi Chód Iompair na foirne agus faisnéis thábhachtach faoi bheartais agus nósanna imeachta Ghaelchultúir, iad seo san áireamh:

- comhionannas agus éagsúlacht
- beartais frithbhulaíochta agus chiaptha
- saoire bhliantúil
- sochair fostaíochta
- nósanna imeachta gearán
- nósanna imeachta araíonachta.

I gcás léachtóirí, teagascóirí agus ceartaitheoirí, tugtar lámhleabhar dóibh a bhaineann go sonrach leis an gclár lena bhfuil siad bainteach ina mbíonn faisnéis thábhachtach faoin gclár – dátaí measúnaithe, cuir i gcás, pleananna ceachta, beartas bradaíola, etc. Is féidir é seo a cheadú ag céim ar bith le linn cúrsa le teacht ar an eolas faoi aon cheisteanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn maidir leis an gclár.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | LrFFLTCBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go dtugtar faisnéis riachtanach dóibh siúd go léir atá fostaithe ag Gaelchultúr faoi bheartais agus nósanna imeachta na hInstitiúide, go bhfuil Lámhleabhar na Foirne agus Lámhleabhair na Léachtóirí/na dTeagascóirí/na gCeartaitheoirí cruinn agus go ndéantar iad a nuashonrú go rialta. | | |
| **Scóip:** | Foireann iomlán Ghaelchultúir | | |
| **Freagrach as:** | An POF, an Riarthóir Acadúil, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | - Tabharfar cóip de Lámhleabhar na Foirne do gach ball foirne nua ina mbeidh beartais Ghaelchultúir le feiceáil agus eolas faoin gcód iompair<br>- Iarrfar ar bhaill foirne foirm a shíniú ag deireadh an lámhleabhair chun a dhearbhú go bhfuil Lámhleabhar na Foirne léite acu agus go dtuigeann siad beartais agus cód iompair Ghaelchultúir<br>- Tabharfar cóip den lámhleabhar do gach léachtóir/teagascóir agus ceartaitheoir freisin a bhainfidh leis an gcúrsa ar a mbeidh siad ag múineadh/ag ceartú.<br>- Déanfar na lámhleabhair a nuashonrú gach seimeastar lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis uile cruinn agus cothrom le dáta. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Lámhleabhar na Foirne, Lámhleabhar na Léachtóirí/na dTeagascóirí/na gCeartaitheoirí | | |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Déanann an Riarthóir Acadúil lámhleabhair na léachtóirí/na dteagascóirí/na gceartaitheoirí a nuashonrú go rialta chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis uile cothrom le dáta agus cruinn. Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, i gcomhar leis an POF, freagrach as a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar Lámhleabhar na Foirne gach bliain chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis uile cothrom le dáta agus cruinn agus go bhfuil sí ag teacht leis an reachtaíocht reatha go léir. Ní mór don POF agus don Bhord Stiúrtha gach leasú atá beartaithe ar an lámhleabhar foirne a cheadú.

## 9.6 Foilsiú na dTuarascálacha maidir le Meastóireacht ar Dhearbhú Cáilíochta

Mar chuid dár dtiomantas do dhearbhú cáilíochta agus do chumarsáid thrédhearcach lenár bpáirtithe leasmhara, foilseoimid tuarascálacha na meastóireachtaí cáilíochta inmheánacha agus seachtracha. Foilseofar iad seo ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir i bhformáid a bheidh áisiúil don úsáideoir, a luaithe is féidir tar éis don mheastóireacht a bheith déanta.

Foilseofar tuarascáil bhliantúil dearbhaithe cáilíochta Ghaelchultúir, arna scríobh ag an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus an Fhoireann Cáilíochta, agus beidh na nithe seo a leanas le fáil inti:

- forbhreathnú ar an gclár
- anailís ar thorthaí measúnaithe (e.g. gráid na bhfoghlaimeoirí, rátaí críochnúcháin, rátaí dul chun cinn, etc.)
- beartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta
- torthaí nósanna imeachta maidir le meastóireacht dearbhaithe cáilíochta
- moltaí le cur i bhfeidhm
- tuairisciú ar mholtaí a cuireadh i bhfeidhm.

Foilseofar tuarascálacha bailíochtaithe agus athbhailíochtaithe ón bhforas cáiliúcháin QQI ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir. Trí na tuarascálacha maidir le meastóireacht dearbhaithe cáilíochta seo a fhoilsiú táimid ag léiriú ár dtiomantas do dhearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>FuTMDCBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go gcuirtear ar fáil tuarascálacha scríofa maidir le dearbhú cáilíochta agus go gcuirtear na tuarascálacha seo ar fáil do pháirtithe leasmhara ábhartha ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir agus inrochtana.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Baineann an beartas seo le gach páirtí leasmhar, inmheánach agus seachtrach.</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an POF</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Déanfar meastóireachtaí Dearbhaithe Cáilíochta ag deireadh gach bliana acadúla, i rith mhíonna an tsamhraidh de ghnáth. Mar thoradh ar mheastóireachtaí foirmiúla cáilíochta, cuirfear ar fáil tuarascálacha scríofa. Mar sin, tar éis an chruinnithe dearbhaithe cáilíochta, cuirfear tuarascáil ar fáil faoi na ceannteidil seo a leanas:<br><br>- Polasaithe agus Nósanna Imeachta um Dhearbhú Cáilíochta<br>- rátaí críochnúcháin foghlaimeoirí agus torthaí measúnaithe<br>- torthaí na nósanna imeachta maidir le meastóireacht dearbhaithe cáilíochta<br>- tuarascáil maidir le moltaí atá curtha i bhfeidhm<br>- moltaí le cur i bhfeidhm.<br><br>Cuirfear príomhthorthaí na Féinmheastóireachta Inmheánaí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ghaelchultúir. Foilseofar na tuarascálacha seo a leanas ar ár suíomh gréasáin freisin:<br><br>- Tuarascálacha de chuid an fhorais cáiliúcháin<br>- Beartais agus Nósanna Imeachta Dearbhaithe Cáilíochta</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | - Tuarascálacha Meastóireachta Seachtraí. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta, Miontuairiscí ó Chruinnithe (A.5.16) |

## 9.7 Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe

Comhlíonann Gaelchultúr gach prótacal de chuid QQI maidir le Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe (CFC) agus tá an chosaint seo i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí a chláraíonn ar chúrsaí bailíochtaithe trí mhí nó níos faide de réir an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Mar atá achoimrithe ag QQI, féachann Acht 2012 lena chinntiú:

> (1) go bhfuil deis ag foghlaimeoirí clár a chríochnú as a dtiocfaidh dámhachtain, nó
> (2) go n-aisíoctar an t-airgead is déanaí a íocadh le foghlaimeoirí má thagann deireadh le clár sula ndéanann siad é, agus
> (3) go gcuirtear faisnéis leordhóthanach agus chruinn ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoin gclár is mian leo a dhéanamh agus faoin gcosaint atá i bhfeidhm dóibh i gcás go scoirfidh an clár sula gcríochnófar é.

Faoi láthair tá socruithe um Chosaint d'Fhoghlaimeoirí i bhfoirm banna €75,000 le Banc na hÉireann i gceist. Tabharfar aisíocaíocht d'fhoghlaimeoirí má scoireann an eagraíocht de bheith ag feidhmiú nó má chuirtear deireadh luath le clár. Faigheann foghlaimeoirí faisnéis faoi shocruithe CFC mar chuid dá n-ionduchtú cúrsa, trí Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí.

| **Beartas:** | CtFCBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Sonraí a thabhairt maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann Gaelchultúr a oibleagáidí dlíthiúla maidir le foghlaimeoirí cláraithe a chosaint. | | |
| **Scóip:** | Gach foghlaimeoir a chláraíonn agus a íocann as cúrsaí trí mhí nó níos faide. | | |
| **Freagrach as:** | An Bord Stiúrtha, an POF | | |
| **Nós imeachta:** | Faigheann na foghlaimeoirí faisnéis faoi shocruithe CFC mar chuid dá n-ionduchtú cúrsa, trí Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí.<br><br>Cuirtear Cosaint d'Fhoghlaimeoirí ar fáil i bhfoirm banna de luach €75,000 le Banc na hÉireann. Cinntíonn an chosaint seo go ndéanfar clár a chríochnú nó go dtabharfar na táillí a íocadh le déanaí ar ais d'fhoghlaimeoirí, de réir Acht 2012.<br><br>Cuirfear socruithe CFC i ngníomh sna cásanna atá luaite thíos.<br><br>- Ní éiríonn le Gaelchultúr clár oideachais a mhaireann trí mhí nó níos faide a sholáthar i gcás inar íocadh airgead, ar chúis ar bith (lena n-áirítear dócmhainneacht nó foirceannadh na hInstitiúide), nó má tharraingíonn QQI siar bailíochtú an chláir.<br>- Tá foghlaimeoirí cláraithe tar éis tús a chur le clár oideachais a mhaireann trí mhí nó níos faide, ach nár críochnaíodh, ar íocadh táillí ina leith agus scoirfidh Gaelchultúr den chlár a sholáthar sula gcuirtear an clár sin i gcrích ar chúis ar bith (lena n-áirítear dócmhainneacht nó foirceannadh na hInstitiúide), nó mar gheall ar QQI bailíochtú clár a tharraingt siar.<br><br>**Nósanna Imeachta Treoracha maidir le socruithe CFC a thosú** | | |

| | |
|---|---|
| | Tá cur chuige i leith CFC leagtha amach sa chuid seo a leanas agus tugtar cur síos ann ar na nósanna imeachta bunúsacha a bheadh i gceist dá dtiocfadh cás CFC chun cinn.<br><br>- Cinnteoidh Gaelchultúr gur féidir le QQI rochtain éasca a fháil ar thaifid foghlaimeoirí i gcás gur gá socruithe CFC a thosú.<br>- Tosóidh Gníomhachtú CFC nuair a chuirfidh an POF/Bord Stiúrtha Ghaelchultúir in iúl do QQI agus do Bhanc na hÉireann gur gá na socruithe CFC a thosú, agus pléifidh agus comhaontóidh siad fráma ama oiriúnach chun sonraí agus foghlaimeoirí a aistriú chuig na soláthraithe malartacha.<br>- Toileoidh Gaelchultúr fráma ama chun foghlaimeoirí, mar aon le sonraí ag baint le taifid na bhfoghlaimeoirí agus faisnéis institiúideach ábhartha, a aistriú chuig QQI agus Banc na hÉireann.<br>- Tosóidh cruinnithe gníomhachtaithe éigeandála inmheánacha laistigh de Ghaelchultúr chun an fhaisnéis a ullmhú le haistriú chuig QQI a luaithe is féidir. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Tá an POF agus an Bord Stiúrtha freagrach as a chinntiú go bhfuil socruithe iomchuí CFC i bhfeidhm. Déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta maoirseacht ar an athbhreithniú ar shocruithe CFC a bheidh ar siúl ag deireadh gach bliana acadúla mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar dhearbhú cáilíochta. Déanfar é seo le cinntiú go gcomhlíonfar na rialacháin agus na rialacháin dlí uile atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin.

Cuirfear moltaí sa tuarascáil bhliantúil ar dhearbhú cáilíochta agus déanfaidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta maoirseacht ar chur i bhfeidhm na moltaí seo sna míonna ina dhiaidh sin.

Mar a luadh thuas, tá socruithe um Chosaint d’Fhoghlaimeoirí ann faoi láthair i bhfoirm banna de luach €75,000 le Banc na hÉireann. Tá Cuid 6 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas & Oiliúint) 2012 maidir le Cosaint d’Fhoghlaimeoirí Cláraithe á athbhreithniú faoi láthair, áfach, agus tá reachtaíocht nua beartaithe. Leis an mBille um Chur Chuige Athbhreithnithe do CFC thabharfaí isteach Scéim Náisiúnta CFC agus chuirfí tús le Ciste Cosanta d’Fhoghlaimeoirí. Nuair a dhaingneofar an bille atá beartaithe, déanfaidh Gaelchultúr athbhreithniú ar bheartas reatha na hInstitiúide maidir le CFC agus nuashonróidh sé é de réir mar is cuí i dteannta leis na socruithe nua CFC.

## 9.8 Soláthar Oideachais (Inmheánach agus Comhoibritheach)

Cé nach bhfuil Gaelchultúr ag comhoibriú faoi láthair le soláthraithe breisoideachais/ardoideachais eile chun teastasú a thairiscint i gcás aon leibhéal ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), tacaíonn fochonraitheoirí (léachtóirí, teagascóirí agus ceartaitheoirí) lenár soláthar oideachais, rud a chinntíonn gur féidir linn cúrsaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ag leibhéil éagsúla ar an CNC, in áiteanna éagsúla sa tír. Tá Gaelchultúr tiomanta do chinntiú go bhfuil gach ball dár bhfoireann, lena n-áirítear na fochonraitheoirí seachtracha, gairmiúil agus go bhfeidhmíonn siad de réir ardchaighdeáin acadúla agus eiticiúla. Mar sin, téimid i mbun fochonraitheoirí a roghnú le dícheall cuí agus cinntímid go ndéanaimid amhlaidh de réir an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Tá caighdeáin agus critéir shonracha ag Gaelchultúr maidir le comhoibriú leis na soláthraithe seachtracha seo (e.g. maidir le hearcaíocht, ionduchtú, cumarsáid agus seachadadh cúrsaí) chun a chinntiú go bhfuil na daoine ar fad a chomhoibríonn le Gaelchultúr cáilithe i gceart, go bhfuil an taithí ábhartha acu agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm éiteas agus straitéis teagaisc Ghaelchultúir, chun a chinntiú go ndéantar cúrsaí atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil go comhsheasmhach. Sa bheartas agus sna nósanna imeachta atá leagtha amach thíos, tá cur síos ar ár gcur chuige maidir leis an soláthar comhoibríoch seo le léachtóirí/teagascóirí seachtracha.

| **Beartas:** | SrOBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Teagmháil chomhoibríoch idir Gaelchultúr agus ár bhfochonraitheoirí a threorú. Trí chloí leis an mbeartas seo, déanfar na nithe seo a leanas lena chinntiú:<br><br>- go mbeidh an próiseas earcaíochta cothrom agus trédhearcach agus go mbeidh gach fochonraitheoir cáilithe i gceart don ról<br>- go dtabharfar ionduchtú agus oiliúint leordhóthanach do na fochonraitheoirí<br>- go gcuirfear fochonraitheoirí ar an eolas faoi chód iompair Ghaelchultúir<br>- go mbeidh línte cumarsáide soiléire ann idir Gaelchultúr agus gach fochonraitheoir<br>- go gcuirfear fochonraitheoirí ar an eolas faoi éiteas Ghaelchultúir agus straitéis teagaisc Ghaelchultúir. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach fochonraitheoir agus le baill foirne de chuid Ghaelchultúir a bhíonn ag comhoibriú leo. | | |
| **Freagrach as:** | An Riarthóir Acadúil, an Stiúrthóir Oideachais, an Fhoireann Acadúil, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | **Earcú fochonraitheoirí**<br>Agus fochonraitheoirí á n-earcú agus a roghnú, comhlíonfar na ceanglais dhlíthiúla go léir, agus cloífear leis na beartais agus treoirlínte ábhartha maidir le comhdheiseanna atá glactha ag Gaelchultúr. (Tá beartas earcaíochta Ghaelchultúir le fáil i rannóg 4, 'Earcaíocht, Bainistíocht agus Forbairt Foirne', thuas)<br><br>Le cinntiú go bhfuil próiseas earcaíochta na bhfochonraitheoirí cothrom agus trédhearcach déanfaidh Gaelchultúr: | | |

| | |
|---|---|
| | - critéir roghnúcháin shonraithe réamhchinnte a úsáid le haghaidh gach róil<br>- a chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí teagaisc riachtanach ag baill foirne nua a dhéanfar a earcú<br>- agallamh le hiarrthóirí, aghaidh ar aghaidh nó ar an nguthán.<br><br>Tabharfar conradh fostaíochta d'iarratasóirí a n-éireoidh leo ina leagfar síos téarmaí a gcuid fostaíochta le Gaelchultúr.<br><br>**Lámhleabhar do theagascóirí**<br>- Roimh thús an chúrsa, tugtar lámhleabhar do gach fochonraitheoir ina bhfuil faisnéis thábhachtach faoin gcúrsa, lena n-áirítear faisnéis faoi mheasúnuithe an chúrsa, critéir mharcála, beartais Ghaelchultúir maidir le bradaíl, etc.<br>- Iarrtar ar léachtóirí/teagascóirí agus ceartaitheoirí an lámhleabhar seo a léamh go cúramach agus teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir Acadúil nó leis an Stiúrthóir Oideachais má tá ceisteanna acu.<br><br>Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil thuas (féach 9.5, 'Lámhleabhar na Foirne agus Lámhleabhar na Léachtóirí/na dTeagascóirí/na gCeartaitheoirí')<br><br>**Ionduchtú do léachtóirí/teagascóirí agus ceartaitheoirí nua**<br>- Cuirtear ceardlann ionduchtaithe ar fáil do léachtóirí/teagascóirí agus ceartaitheoirí nua roimh thús gach seimeastair lena chinntiú go dtuigeann siad éiteas agus luachanna Ghaelchultúir, beartais a bhaineann le teagasc agus ceartú, agus ár gcur chuige teagaisc.<br>- Bíonn deis ag léachtóirí/teagascóirí agus ceartaitheoirí nach mbíonn in ann freastal ar an gceardlann ionduchtaithe cruinniú a eagrú leis an Stiúrthóir Oideachais chun na saincheisteanna atá luaite thuas a phlé.<br>- Féadtar athbhreithnithe idir piaraí a dhéanamh chun dea-chleachtas a chinntiú i measc na foirne teagaisc, go háirithe i measc baill foirne nuacheaptha (tá tuilleadh faisnéise faoin gcóras athbhreithnithe seo ar fáil i rannóg 4, 'Earcaíocht, Bainistíocht agus Forbairt Foirne').<br><br>**Cumarsáid le léachtóirí/teagascóirí agus ceartaitheoirí**<br>- Spreagann Gaelchultúr cumarsáid rialta le fochonraitheoirí ar an ríomhphost, ar an nguthán agus aghaidh ar aghaidh.<br>- Roimh thús gach cúrsa, tugtar sonraí teagmhála gach ball foirne ábhartha de chuid Ghaelchultúir (go háirithe sonraí an Riarthóra Acadúil) do gach léachtóir/teagascóir agus ceartaitheoir.<br>- Spreagtar léachtóirí/teagascóirí agus ceartaitheoirí le teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir Acadúil agus aon cheisteanna nó saincheisteanna atá acu a phlé leis.<br>- Bíonn an Riarthóir Acadúil i dteagmháil go rialta le léachtóirí/teagascóirí lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha go léir acu chun an cúrsa a chur ar fáil.<br>- Tá tuilleadh faisnéise faoi bheartas cumarsáide Ghaelchultúir ar fáil thuas. |

| | |
|---|---|
| | **Foirmeacha meastóireachta ó theagascóirí/léachtóirí**<br>- Iarrtar ar léachtóirí/teagascóirí foirm mheastóireachta ghearr a chomhlánú ag deireadh gach ranga. Tugann sé seo an deis dóibh Gaelchultúr a chur ar an eolas faoi aon chleachtaí nár éirigh leo, aon trealamh nár oibrigh nó faoi aon earráidí sna nótaí ranga nó i mbileoga na bhfoghlaimeoirí.<br>- Iarrtar ar léachtóirí/teagascóirí foirm mheastóireachta níos mionsonraithe a chomhlánú ag deireadh gach seimeastair chun cabhrú le próisis dearbhaithe cáilíochta Ghaelchultúir a fheabhsú.<br>- Déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta an fhaisnéis seo a chomhordú ag deireadh gach seimeastair chun aon fheabhsuithe ba cheart a dhéanamh ar an gcúrsa a aithint.<br><br>**Aiseolas ó Léachtóirí/Teagascóirí/Ceartaitheoirí**<br>- Déanfaidh ball foirne de chuid Ghaelchultúir athbhreithniú ar na chéad trí thasc a cheartóidh ceartaitheoirí nuacheaptha lena chinntiú go bhfuil siad ag leanúint treoirlínte ceartúcháin na hInstitiúide. Tabharfar aiseolas ar an obair seo don cheartaitheoir agus, más gá, tabharfar moltaí le haghaidh feabhsúcháin dó/di.<br>- Mar chuid de shuirbhéanna aiseolais na bhfoghlaimeoirí, iarrfar ar na foghlaimeoirí aiseolas a thabhairt ar an teagasc a bhí i gceist le linn an chúrsa. Déanfaidh an t-oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta an t-aiseolas a bhaileofar a chomhordú agus tabharfaidh sé aiseolas cabhrach don léachtóir/teagascóir. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Lámhleabhar na Léachtóirí/na dTeagascóirí, Lámhleabhar na gCeartaitheoirí, Lámhleabhar na Foirne, Cód Iompair Foirne, Foirmeacha Meastóireachta Foirne, Critéir Roghnaithe Teagaisc |

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Tá an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo. Déanfar é a athbhreithniú gach bliain chun a chinntiú go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm agus éifeachtach. Pléifear aon leasuithe riachtanacha ag an gcruinniú bliantúil dearbhaithe cáilíochta.

## 9.9 Beartas Suímh Gréasáin agus Beartas na Meán Sóisialta

Tá Gaelchultúr tiomanta do chumarsáid éifeachtach agus chruinn a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara. Is iad suíomhanna gréasáin Ghaelchultúir an príomhbhealach chun faisnéis a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara, go háirithe dár bhfoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha. Cuirfear faisnéis mhionsonraithe ar fáil ar an suíomh gréasáin maidir lenár gcúrsaí, lena n-áirítear faisnéis faoi na riachtanais iontrála agus na próisis iarratais, ár misean, luachanna agus aidhmeanna, agus ár bhfoireann. Úsáidimid ardáin de chuid na meán sóisialta freisin, leithéidí Facebook, Twitter, Instagram agus YouTube, chun faisnéis ábhartha a scaipeadh i measc ár bpáirtithe leasmhara. I gcás gach cumarsáid a dhéanann baill foirne na hInstitiúide ar ár suíomhanna gréasáin agus ar ardáin de chuid na meán sóisialta, cloítear lenár mbeartas GDPR (féach rannóg 8, 'Bainistíocht Sonraí agus Faisnéise' thuas chun tuilleadh faisnéise a fháil ar Bheartas Cosanta Sonraí Ghaelchultúir).

Chun a chinntiú go n-úsáidtear na meáin shóisialta agus fóraim ar líne go dearfach agus go hiomchuí, tá treoir ann maidir le húsáid chuí na meán sóisialta i Lámhleabhar na Foirne. Nuair a thoilíonn siad cloí le Cód Iompair na bhFoghlaimeoirí, tugann na foghlaimeoirí gealltanas go mbeidh meas acu ar a chéile i gcomhthéacsanna éagsúla – fóraim ar líne Ghaelchultúir san áireamh. Déantar monatóireacht rialta ar na meáin shóisialta agus ar na fóraim ar líne ar ranganna.com lena chinntiú go bhfuil gach trácht oiriúnach agus measúil.

| **Beartas:** | ShGMSBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
|---|---|---|---|
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | A chinntiú go gcuireann suíomhanna gréasáin Ghaelchultúir agus a chuid cainéal ar na meáin sóisialta an Institiúid chun cinn go héifeachtach trí fhaisnéis ábhartha agus chruinn a roinnt lenár bpáirtithe leasmhara. Ba cheart go mbeadh úsáid shuíomhanna gréasáin Ghaelchultúir agus cuid cainéal meán sóisialta na hInstitiúide nuálach, freagrach agus de réir na reachtaíochta ábhartha go léir. | | |
| **Scóip:** | Baineann an beartas seo le gach ball foirne, foghlaimeoir agus páirtí leasmhar eile a úsáideann suíomhanna gréasáin agus cainéil meán sóisialta Ghaelchultúir agus a théann i dteagmháil leo. | | |
| **Freagrach as:** | An POF, an Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta, an Bord Stiúrtha | | |
| **Nós imeachta:** | Chun a chinntiú go gcuirfidh suíomhanna gréasáin agus cainéil meán sóisialta Ghaelchultúir an Institiúid chun cinn go héifeachtach agus go freagrach, déanfaidh Gaelchultúr:<br><br>- a chinntiú go gcloífidh an fhaisnéis a fhoilseofar ar shuíomhanna gréasáin agus ar chainéil meán sóisialta na hInstitiúide leis an reachtaíocht ábhartha go léir (mar shampla, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003 agus 2018, na hAchtanna Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara 2000, 2004 agus 2007, an tAcht um Stádas Comhionann 2000, an tAcht um Chlúmhilleadh 2009 )<br>- a chinntiú go n-úsáidfear breithiúnas eiticiúil maith chun a chinntiú go gcloítear le beartais phríobháideachta agus rúndachta<br>- na suíomhanna gréasáin/cainéil ar na meáin shóisialta a nuashonrú go rialta lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis uile cruinn<br>- a chinntiú nach ndéanfaidh faisnéis a fhoilseofar ar shuíomhanna gréasáin agus ar chainéil meán sóisialta Ghaelchultúir dochar do cháil na hInstitiúide | | |

| | |
|---|---|
| | - a chinntiú nach sáróidh ábhar a phostálfar cóipcheart agus/nó maoin intleachtúil.<br>(Tá tuilleadh faisnéise faoinár gcód iompair maidir leis na meáin shóisialta i Lámhleabhar na Foirne).<br><br>Is féidir ábhar a bhaint de shuíomhanna gréasáin agus ó chainéil meán sóisialta Ghaelchultúir gan fógra breise a thabhairt má cheaptar gur sáraíodh Beartas Suímh Gréasáin agus/nó Beartas na Meán Sóisialta nó má mheasann Gaelchultúr gur gá é seo a dhéanamh ar chúiseanna dlisteanacha eile.<br><br>Is mian le Gaelchultúr a chinntiú freisin go bhfuil ár suíomhanna gréasáin furasta a úsáid agus inrochtana ag réimse leathan páirtithe leasmhara. Lena chois sin, déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mbeidh ár suíomhanna gréasáin inrochtana do pháirtithe leasmhara atá faoi mhíchumas. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Suíomhanna Gréasáin agus Cainéil Meán Sóisialta Ghaelchultúir, Lámhleabhar na Foirne, Cód Iompair na bhFoghlaimeoirí (A.1.30) |

## 9.10 Monatóireacht agus Athbhreithniú

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil don phobal, d'fhoghlaimeoirí agus do na páirtithe leasmhara go léir mar a deirtear sna beartais agus sna nósanna imeachta, agus go mbíonn an fhaisnéis seo cruinn agus cothrom le dáta i gcónaí. |
| **Freagrach as:** | An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, an POF, an Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta |
| **Nós imeachta:** | - Déanfaidh gach ball foirne monatóireacht ar na beartais i ndáil le Faisnéis Phoiblí agus Cumarsáid i rith na bliana. Tá freagracht ar leith ar an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus ar an POF, áfach, a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil don phobal cothrom le dáta agus cruinn. Is féidir an fhaisnéis seo a nuashonrú de réir mar is gá i gcaitheamh na bliana.<br>- Déanfar athbhreithniú níos foirmiúla ag deireadh gach bliana acadúla lena chinntiú go bhfuil gach faisnéis phoiblí lena n-áirítear Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir, suíomhanna gréasáin Ghaelchultúir, lámhleabhair na bhfoghlaimeoirí agus na foirne, tuarascálacha dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus seachtracha, cothrom le dáta agus cruinn. Cuirfear Plean Feabhsúcháin Cáilíochta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear aon athruithe riachtanacha i bhfeidhm.<br>- Beidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus an POF freagrach as a chinntiú go gcuirfear aon athruithe riachtanacha i bhfeidhm. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Taifid ar Chruinnithe (A.4.12), Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir, Tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta Inmheánacha agus Seachtracha |

# 10. Páirtithe Eile a bhfuil baint acu le hOideachas agus Oiliúint

**Uimhir Thagartha Bheartais:** PiEOOBn-01

## 10.1 Caidreamh Piaraí leis an bPobal Oideachais agus Oiliúna níos Leithne

**Uimhir Thagartha Bheartais:** ChPPOOLBs-01

Tuigeann Gaelchultúr go dtacaíonn caidreamh láidir le piaraí lena ghníomhaíochtaí agus go gcuireann sé deiseanna ar fáil chun saincheisteanna reatha agus treochtaí atá ag teacht chun cinn a phlé. Cuireann a leithéid deis ar fáil chun cuir chuige i dtaca le tagarmharcáil agus dea-chleachtais a roinnt, rud a chuireann le creidiúnacht na dtorthaí foghlama agus na ndámhachtainí a ghnóthaíonn foghlaimeoirí.

Tá caidreamh oibre láidir ag Gaelchultúr le roinnt mhaith ranna rialtais, comhlachtaí stáit, comhairlí contae agus institiúidí eile. Tá liosta le fáil ar ár suíomh gréasáin de na cliaint a bhí againn roimhe seo agus na cinn atá againn faoi láthair. Faigheann Gaelchultúr aiseolas ó rannáin oiliúna chomh maith leis na baill foirne a thugann faoin Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (TGG) chun seachadadh an chláir a fheabhsú nuair is féidir. Ní ghlacann na cliaint seo aon pháirt, áfach, i mbearta Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir.

Tá Gaelchultúr tar éis a bheith ag obair i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus le hinstitiúidí eile le blianta beaga anuas agus an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA) á reáchtáil againn; aoi-chainteoirí agus léachtaí a bhí i gceist den chuid is mó sa chomhoibriú seo. Tá sé mar aidhm ag Gaelchultúr comhoibriú le saineolaithe seachtracha atá eolach ar an margadh saothair chun a bheith in ann comhairle agus treoir chuí a sholáthar d’fhoghlaimeoirí maidir le deiseanna gairmiúla.

Freastalaíonn baill foirne de chuid Ghaelchultúir ar chruinnithe den Ionad Náisiúnta Barr Feabhais chun eolas a fháil agus a roinnt le soláthraithe 3ú leibhéal eile maidir le hoideachas Gaeilge. Aithníonn an Institiúid na buntáistí móra a bhaineann lena leithéid de chomhoibriú i gcás sheachadadh clár agus tá sí toilteanach i gcónaí deiseanna nua comhoibrithe a thapú.

## 10.2 Comhpháirtíochtaí Seachtracha agus Dara Soláthraithe

Is mian le Gaelchultúr a chinntiú i gcónaí go ndéantar ár gcláir go léir a sheachadadh go comhsheasmhach agus faoi chuimsiú ár mbeartais agus ár nósanna imeachta go léir. Má chinneann Gaelchultúr ar an dara soláthraí a fhostú chun clár ceadaithe a sheachadadh, glacfar na bearta iomchuí chun a chinntiú go gcloífear le beartas QQI maidir le Measúnuithe agus Caighdeáin, Athbhreithnithe 2013 agus an clár sin á sheachadadh.

Buailfidh an Stiúrthóir Oideachais agus an POF le haon pháirtí eile sula socrófar aon chomhaontú i dtaca le caidreamh comhoibritheach.

<table>
<tr><td>Beartas:</td><td>CtSDSBs-01</td><td>Leagan:</td><td>1.0</td></tr>
<tr><td>Faofa ar:</td><td></td><td>Athbhreithniú ar:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cuspóir:</td><td colspan="3">A chinntiú go gcomhlíonfaidh seachadadh aon chláir le páirtithe eile beartais QQI agus Ghaelchultúir araon maidir le Measúnuithe agus Caighdeáin.</td></tr>
<tr><td>Scóip:</td><td colspan="3">Aon chlár ina mbíonn Gaelchultúr ag comhoibriú le comhpháirtí seachtrach</td></tr>
<tr><td>Freagrach as:</td><td colspan="3">An Stiúrthóir Oideachais, an POF, an Fhoireann Acadúil</td></tr>
<tr><td>Nós imeachta:</td><td colspan="3">Sula n-aontaíonn Gaelchultúr dara soláthróir ar bith a fhostú, caithfear a dhearbhú roimh ré go bhfuil an soláthraí:<br><br>- an-eolach ar ábhar an chláir agus inniúil chun cabhrú le seachadadh an chláir<br>- ar an eolas faoi bheartais agus nósanna imeachta Ghaelchultúir agus eolach ar a bhfreagrachtaí i dtaca leo sin<br>- toilteanach (trí chomhaontú i scríbhinn) cur chuige agus riachtanais Ghaelchultúir a leanúint mar atá siad sainithe agus mionsonraithe inár Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta<br>- ar an eolas faoi na riachtanais uile atá ann maidir le fianaise a chur fáil go bhfuiltear ag cloí lenár bpolasaithe agus lenár nósanna imeachta.<br><br>Agus clár nua ar bith á sheachadadh leis an dara soláthraí, déanfaidh Gaelchultúr athbhreithniú agus monatóireacht chuí i gcónaí d’fhonn comhlíonadh na gceanglas thuas a chinntiú.<br><br>Déanfaidh ball den fhoireann acadúil, i gcomhar leis an Stiúrthóir Oideachais, an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú seo trí theagmháil rialta a dhéanamh leis an soláthraí eile agus aiseolas a lorg ó na foghlaimeoirí maidir le seachadadh an chláir.<br><br>I socrú comhoibritheach, áit a bhfuil Gaelchultúr mar phríomhpháirtí le haghaidh Dearbhú Cáilíochta, agus nuair a bheidh Gaelchultúr sásta le seachadadh an chláir, leanfaidh gach beartas agus nós imeachta a bhaineann leis an gclár sin na cinn a leagadh amach roimhe seo i rannóg 6.</td></tr>
<tr><td>Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):</td><td colspan="3"></td></tr>
</table>

## 10.3 Painéil saineolaithe, scrúdaitheoirí agus fíordheimhnitheoirí

Tuigeann Gaelchultúr an tábhacht a bhaineann le dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le measúnú cóir comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí de réir na gcaighdeán náisiúnta. Cuidíonn saineolaithe seachtracha le creidiúnacht an phróisis measúnaithe atá ag Gaelchultúr a dhearbhú agus cinntíonn siad go bhfuil torthaí measúnuithe marcáilte ar bhealach bailí iontaofa agus go ndéantar riachtanais na dámhachtana a chomhlíonadh leo.

Nuair a bhíonn an tríú páirtí fostaithe ag Gaelchultúr chun na próisis mheasúnaithe a fhíordheimhniú agus a mheas, cinntítear leis an nós imeachta seo go mbíonn gach eolas cuí ag na scrúdaitheoirí/fíordheimhnitheoirí agus go dtuigeann siad a ról agus a bhfreagrachtaí agus go bhfuil na cáilíochtaí cuí acu é sin a dhéanamh.

Úsáidtear painéal scrúdaitheoirí seachtracha freisin chun cabhrú le scrúduithe béil TGG a reáchtáil. Coinníonn an Riarthóir Acadúil, i gcomhar leis an bhfoireann acadúil, taifead den phainéal sin agus soláthraíonn sé gach eolas riachtanach agus na doiciméid chuí do scrúdaitheoirí seachtracha nuair a thugtar isteach iad.

Cinntíonn na saineolaithe seachtracha go bhfuil neamhspleáchas, trédhearcacht agus cothroime ag baint leis an bpróiseas measúnaithe agus tugann siad dearcadh seachtrach úrnua ar sheachadadh na gclár. Is minic a thugann a gcuid saineolais agus taithí eolas ar acmhainní foghlama eile atá ar fáil. Is gné luachmhar agus riachtanach de Bhearta Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir í an ghné chomhoibritheach sin den phróiseas seachtrach.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | PlSSFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Le cinntiú go ndéantar meastóireacht neamhspleách ar phróiseas agus nósanna imeachta measúnaithe Ghaelchultúir. | | |
| **Freagrach as:** | Baineann sé seo le gach cúrsa atá creidiúnaithe ag QQI. | | |
| **Scóip:** | Riarthóir Acadúil | | |
| **Nós imeachta:** | Is féidir le ball foirne inmheánach de chuid Ghaelchultúir scrúduithe béil a dhéanamh, ach earcóidh an Riarthóir Acadúil scrúdaitheoirí seachtracha nuair is gá. Cuirtear gach doiciméad agus faisnéis riachtanach (ionad, sceideal etc.) ar fáil dóibh roimh ré.<br><br>Roghnaíonn an Riarthóir Acadúil, i gcomhar leis an bhfoireann acadúil, na fíordheimhnitheoirí/scrúdaitheoirí seachtracha. Cinntíonn an Riarthóir Acadúil go bhfuil an FS/SS oilte chun a ról a chomhlíonadh trí na doiciméid riachtanacha agus an fhaisnéis ábhartha go léir a sholáthar.<br>Tugann Rannóg 6.1.8 cuntas ar na critéir roghnúcháin do gach FS/SS chomh maith le tuarascáil an FS/SS. | | |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | | | |

## 11. Féinmheastóireacht, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Tá Gaelchultúr tiomanta do mhonatóireacht, athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar bhealach córasach ar na seirbhísí agus na cláir a chuireann sé ar fáil. Tá an córas seo i bhfeidhm chun:

- measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht bheartais agus nósanna imeachta Ghaelchultúir ó thaobh seirbhís sheasmhach ardchaighdeáin, atá ag teacht le héiteas agus cuspóirí na hInstitiúide, a bhaint amach
- a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na bpáirtithe leasmhara, na bhforas cáiliúcháin agus na mball foirne uile
- réimsí a aimsiú a d'fhéadfaí a fheabhsú.

Bainfear leas san fhéinmheastóireacht inmheánach as aiseolas ó pháirtithe leasmhara éagsúla, foghlaimeoirí reatha agus iarfhoghlaimeoirí san áireamh. Próiseas foirmiúil (suirbhéanna foghlaimeoirí, tuarascálacha) agus neamhfhoirmiúil (plé le teagascóirí, foirmeacha aiseolais teagascóirí) a bheidh sa phróiseas seo.

Téann Gaelchultúr i dteagmháil le meastóirí seachtracha chun cur leis an bpróiseas féinmheastóireachta, rud a fhágann gur féidir maoirseacht oibiachtúil agus neamhspleách a dhéanamh ar éifeachtacht ár gclár, ár seirbhísí agus ár gcóras dearbhaithe cáilíochta. Mar gheall ar an tuairim oibiachtúil agus neamhspleách a eascraíonn ón meastóireacht sheachtrach, féadann Gaelchultúr measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar a nósanna imeachta agus ar a sheirbhísí. Beidh saineolas ag na daoine a dhéanfaidh gach meastóireacht sheachtrach ar phróisis féinmheastóireachta agus beidh siad neamhspleách ar an nós imeachta nó ar an gclár a bheidh á mheas.

Is gá meastóireacht sheachtrach a dhéanamh lena chinntiú go leanfaidh Gaelchultúr ar aghaidh ag baint amach na gcaighdeán ard atá mar sprioc aige agus lena mbíonn an foras cáiliúcháin ag súil.

Déantar meastóireacht inmheánach ar bhonn leanúnach agus déantar í le linn gach cláir agus ina dhiaidh. Déantar meastóireacht sheachtrach ar bhonn bliantúil ag tráth cuí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | FtMABs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Creatlach a chur ar fáil le haghaidh próiseas monatóireachta agus féinmheastóireachta san eagraíocht ina bhfreastalaítear ar riachtanais córais dearbhaithe cáilíochta a bhfuil an mheastóireacht mar chuid de. Aithnítear ann láidreachtaí agus laigí san eagraíocht agus cothaítear cultúr a bhfuil feabhsú cáilíochta leanúnach mar chuid de. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach seirbhís agus gach clár a chuireann Gaelchultúr ar fáil. | | |
| **Freagrach as:** | Tá freagracht fhoriomlán ar an POF as a chinntiú go ndéantar féinmheastóireacht, monatóireacht agus athbhreithniú ar gach seirbhís agus gach clár. Téann an POF i gcomhairle leis na baill foirne chuí lena chinntiú go bhfuil an próiseas ar siúl. Déanann an Riarthóir Acadúil, i | | |

| | |
|---|---|
| | gcomhar leis an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta, anailís ar thorthaí suirbhéanna ar fhoghlaimeoirí agus ar theagascóirí agus cuireann sé tuarascáil faoi bhráid na Foirne Acadúla ag deireadh gach téarma. Cuirtear bearta ceartaitheacha i gcrích leis an aiseolas seo a chur i bhfeidhm ar chúrsaí sa todhchaí nuair a mheastar gur cuí é sin. Tá sé de dhualgas ar an Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar phróiseas meastóireachta an TGG agus an DISA lena chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin agus leis na treoirlínte cuí agus go gcaomhnaítear iad.<br>Rachaidh an POF i dteagmháil le comhairleoirí seachtracha cuí nuair is gá le hiad a thabhairt isteach sa phróiseas féinmheastóireachta. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | |

## 11.1 Athbhreithniú Inmheánach, Féinmheastóireacht agus Monatóireacht an tSoláthraí

**Uimhir Thagartha Bheartais:** AuIFMSBs-01

Tá réimse próiseas monatóireachta agus athbhreithnithe ag Gaelchultúr atá cuimsitheach agus córasach agus tá sé mar aidhm aige cáilíocht agus soláthar a gcuid cúrsaí agus seirbhísí a mhéadú agus a fheabhsú go leanúnach.

Déanann Gaelchultúr gach iarracht cultúr a chothú san Institiúid ina mbíonn baill foirne eolach i gcónaí ar a gcuid freagrachtaí i dtaca le cáilíocht cúrsa nó soláthar seirbhíse a chinntiú agus ina sainaithníonn siad réimsí atá le feabhsú de réir mar a thagann siad chun cinn. Tá tuilleadh faisnéise le fáil faoi seo in Cur Chuige Doiciméadaithe maidir le Dearbhú Cáilíochta le Gaelchultúr (féach 2.1).

Cé gurb é an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta a dhéanann maoirseacht ar bhainistiú agus cur i bhfeidhm na bpróiseas dearbhaithe cáilíochta, tacóidh an Fhoireann Cáilíochta leis. Beidh an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta agus an POF in ann maoirseacht a dhéanamh ar dhréachtú gach beartais nua agus ní mór don POF/don Bhord Stiúrtha gach beartas nua agus gach uasdátú ar bheartas a athbhreithniú agus a fhaomhadh sula gcuirfear an beartas i bhfeidhm.

Déanann an POF agus an Stiúrthóir Oideachais nuashonruithe agus monatóireacht ar phlean feabhsaithe cáilíochta Ghaelchultúir ar bhonn leanúnach. Tugtar achoimre shoiléir ann ar aon réimse is ga a fheabhsú, ar cé atá freagrach as a chinntiú go ndéantar measúnú ar an réimse sin, ar na bearta is gá a dhéanamh agus ar an dáta ar a ndéanfar aon ghníomh is gá a dhéanamh.

## 11.2 Féinmhonatóireacht Inmheánach

Tá an mhonatóireacht inmheánach thar a bheith tábhachtach chun feabhas fiúntach agus tairbheach a chur ar ár gcuid seirbhísí agus ár gcuid clár. Achoimrítear sa bheartas seo an obair a dhéantar mar chuid de na próisis féinmheastóireachta agus de na cleachtais leanúnacha oideachais agus oiliúna. Tá tuilleadh faisnéise faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú inmheánach i ngach Treoirlíne Lárnach ábhartha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | FtIBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Sonraí a thabhairt maidir leis an modh ina ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú inmheánach ar chláir agus ar sheirbhísí, mar aon leis an minicíocht lena ndéantar iad. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach seirbhís agus gach clár a chuireann Gaelchultúr ar fáil. | | |
| **Freagrach as:** | An POF, an Stiúrthóir Oideachais, an Riarthóir Acadúil, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | - Déanann an Riarthóir Acadúil agus an Stiúrthóir Oideachais athbhreithnithe ar bhonn leanúnach ar ábhar na gcúrsaí, ar chleachtais mhúinteoireachta agus ar mheasúnuithe ar ghnóthachtálacha foghlama trí chomhrá neamhfhoirmiúil le léachtóirí/teagascóirí agus le foghlaimeoirí. Déantar taifead d'aon tuairimí nó tráchtanna cuí agus cuirtear faoi bhráid an Oifigigh um Dhearbhú Cáilíochta iad.<br>- Cruinnithe Rialta – Bíonn cruinnithe foirmiúla/neamhfhoirmiúla ag an bhfoireann leis an gcleachtas leanúnach agus ceisteanna a éiríonn as a phlé de réir mar is gá.<br>- Glacann gach ball foirne páirt i dtimthriall bliantúil i dtaca le gníomhaíochtaí reatha agus ionchasacha breithmheasa – bainistiú feidhmíochta a chabhróidh leo a gcuid spriocanna forbartha féin a shainaithint chomh maith le haon ní eile a d'fhéadfaí a fheabhsú.<br>- Déantar measúnú ar chaighdeáin oiliúna agus coinnítear taifead d'aon athrú ar chláir agus cuirtear na baill foirne chuí ar an eolas i dtaca leis seo.<br>- Bíonn Measúnuithe ar Chúrsaí ina gcuidiú le feidhmíocht a mheas agus sainaithnítear réimsí a d'fhéadfaí a fhorbairt mar gheall orthu.<br>- Bíonn suirbhéanna agus foirmeacha meastóireachta i gceist i lár agus ag deireadh gach cúrsa chun teacht ar thuairimí agus ar mheastóireacht na bhfoghlaimeoirí.<br>- Spreagtar an fhoireann le haiseolas a thabhairt maidir le beartais agus le nósanna imeachta, agus le haon réimse eile cleachtais nuair a mheastar go bhféadfaí athruithe a dhéanamh air.<br>- Pléann an Stiúrthóir Oideachais agus an teagascóir cuí athbhreithnithe ar gach cúrsa ag deireadh an chúrsa.<br>- Iniúchtaí Inmheánacha – déanann baill den Fhoireann Cáilíochta réimse iniúchtaí inmheánacha ar ghnéithe éagsúla de ghníomhaíochtaí a sceidealú le linn gach bliana. | | |

| | |
|---|---|
| | Déanann an POF, i gcomhar leis an mball foirne cuí, maoirseacht ar gach gné den fhéinmhonatóireacht inmheánach agus cuireann sí cúnamh ar fáil le go leagfar amach cuspóirí agus spriocdhátaí indéanta chun a chinntiú gur féidir na hathruithe agus na feabhsúcháin a dhéanamh a luaithe a shainaithnítear iad. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Taifead de Chruinnithe (A.4.12), Tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánacha agus Seachtracha, Foirmeacha Meastóireachta Foghlaimeoirí, Tuairiscí Aiseolais Teagascóirí |

## 11.3 Féinmheastóireacht agus Feabhsú

Baintear tairbhe as an bhféinmheastóireacht le dul i dteagmháil le gach páirtí leasmhar maidir le dearbhú cáilíochta chláir agus sheirbhísí na hInstitiúide, idir acadúil agus neamhacadúil. Déantar anailís ar an eolas ar fad a bhailítear ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear tuarascálacha, suirbhéanna agus fianaise eile, leis an méid a baineadh amach agus le forbairtí eile a shainaithint, mar aon le réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú. Tarraingítear ar an anailís seo i gcás bearta feabhsaithe sa todhchaí.

Tá an Bord Clár freagrach as plé agus anailís a dhéanamh ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, agus is é an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta a scríobhann Tuarascáil Féinmheastóireachta na hInstitiúide, lena n-áirítear plean gníomhaíochta ina gcuirtear síos ar chur i bhfeidhm na mbeart feabhsaithe. Cuirtear an plean seo ar fáil do gach páirtí leasmhar inmheánach agus pléitear é de réir mar is gá ag cruinnithe seachtainiúla pleanála na foirne.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beartas:** | FtFBs-01 | **Leagan:** | 1.0 |
| **Faofa ar:** | | **Athbhreithniú ar:** | |
| **Cuspóir:** | Athbhreithniú, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chláir Ghaelchultúir agus ar sheirbhísí bainteacha agus ar éifeachtacht an chórais dearbhaithe cáilíochta agus na nósanna imeachta atá ann lena soláthar. | | |
| **Scóip:** | Baineann sé seo le gach seirbhís agus le gach clár a chuireann Gaelchultúr ar fáil | | |
| **Freagrach as:** | An POF, an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta | | |
| **Nós imeachta:** | **Sonraí aiseolais a bhailiú**<br>Úsáidtear idir shuirbhéanna, chruinnithe agus tuarascálacha le heolas a bhailiú ó pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Bíonn an t-aiseolas seo cuimsitheach agus clúdaítear réimse leathan ábhar ann, idir acadúil agus neamhacadúil. Leagtar béim ar thaithí iad siúd a bhíonn i dteagmháil leis an Institiúid, agus ar an tionchar atá ag na bearta dearbhaithe cáilíochta ar na páirtithe leasmhara sin. Déantar iarracht measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbeart feabhsaithe a thugtar isteach bunaithe ar an bpróiseas féinmheastóireachta a rinneadh sna blianta roimhe sin.<br><br>**Suirbhéanna**<br>- Scaiptear suirbhéanna aiseolais ar fhoghlaimeoirí an TGG agus an DISA le linn na gcúrsaí agus ag a ndeireadh. Tá na suirbhéanna seo cuimsitheach, agus clúdaítear ábhar acadúil agus neamhacadúil araon iontu.<br>- Scaiptear suirbhéanna ar chliaint agus ar bhaill foirne de réir mar is cuí freisin le haiseolas a bhailiú.<br><br>**Tuarascálacha**<br>- Cuirtear san áireamh tuarascálacha ón gCoiste Feabhsaithe Cáilíochta, ón bPainéal Faofa Torthaí, ó Fhíordheimhnitheoirí | | |

| | |
|---|---|
| | Inmheánacha, ó Fhíordheimhnitheoirí Seachtracha agus ó Scrúdaitheoirí Seachtracha.<br><br>**Cruinnithe**<br>- Féadtar torthaí cruinnithe inmheánacha de chuid bhoird agus choistí na hInstitiúide a chur san áireamh sa phróiseas féinmheastóireachta má bhíonn aiseolas nó moltaí maidir le feabhsú iontu. Féadtar torthaí cruinnithe le páirtithe leasmhara eile a chur san áireamh freisin má bhíonn aiseolas iontu.<br><br>**Eile**<br>- Bíonn an fhoireann i gcomhairle le cliaint, le foghlaimeoirí agus le páirtithe leasmhara eile ar bhonn leanúnach. Féadann páirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt duine ar dhuine agus go neamhfhoirmiúil sa chomhthéacs seo. Más cuí, féadann baill foirne an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta a thabhairt isteach sa chomhrá seo, sa chaoi is go mbeifear in ann an t-aiseolas a chur san áireamh sa phróiseas féinmheastóireachta.<br><br>**Anailís ar aiseolas**<br>Déanann an Bord Clár anailís ar aiseolas ó na páirtithe leasmhara go léir agus pléann sé feabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh, bunaithe ar an aiseolas seo.<br>Athdhéantar an próiseas féinmheastóireachta ar bhonn bliantúil, agus déantar iarracht tionchar na mbeart feabhsaithe a mheas bliain i ndiaidh bliana.<br><br>**Torthaí na féinmheastóireachta**<br>Déanann an tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta torthaí anailís agus phlé an Bhoird Clár a dhoiciméadú sa Tuarascáil Féinmheastóireachta bhliantúil, ina sonraítear aon fheabhsúcháin atá le cur i bhfeidhm. Áirítear leis an tuarascáil seo, a scríobhtar i gcomhar leis an POF, plean gníomhaíochta ina sonraítear bearta atá le déanamh chun feabhsúcháin ar leith a bhaint amach. Tugtar achoimre sa phlean gníomhaíochta freisin ar an duine atá freagrach as gach beart a chur i bhfeidhm. |
| **Doiciméid tacaíochta (uimhir aguisín):** | Miontuairiscí Cruinnithe (A.5.16), Tuarascáil Féinmheastóireachta |

## 11.4 Baint le Dearbhú Cáilíochta Seachtrach

**Uimhir Thagartha Bheartais:** BtDCSBs-01

Agus Córas Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir á bhainistiú agus á fhorbairt go leanúnach, cuirtear riachtanais páirtithe leasmhara, riachtanais reachtúla agus dlí agus treoirlínte na bhforas cáiliúcháin san áireamh. Tá ceangal idir é agus dualgais sheachtracha Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir, lena n-áirítear athbhreithniú seachtrach reachtúil ar Dhearbhú Cáilíochta de réir an Achta um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 2012[12].

Cuirtear na beartais seo de chuid QQI san áireamh:

- Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta, 2016[13]
- Treoirlínte Lárnacha Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta[14]
- An Beartas um Monatóireacht[15]
- Ateagmháil le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, Beartas Uileghabhálach le haghaidh na Soláthraithe Uile[16]
- Beartais agus Critéir le haghaidh bailíochtú clár oideachais agus oiliúna[17]
- Treoirlínte maidir le Cleachtas Éifeachtach le haghaidh Scrúdúchán Seachtrach.[18]

Agus athbhreithnithe á ndéanamh, le haghaidh bailíochtaithe cuir i gcás, féadfar na nithe seo a dhéanamh: athbhreithniú agus ateagmháil institiúideach, comhairliúchán breise le páirtithe leasmhara, suirbhéanna agus tagarmharcáil in aghaidh cláir agus institiúidí náisiúnta/idirnáisiúnta.

Is gnéithe ríthábhachtacha de thiomantas Ghaelchultúir do phrionsabal na seachtrachta iad an scrúdú seachtrach ar gach clár arna fhaomhadh ag QQI agus an mhonatóireacht a dhéantar ar staitisticí náisiúnta arna bhfoilsiú ag QQI agus ag an Údarás um Ard-Oideachas.

[12] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2012/act/28/enacted/en/html
[13] https://www.qqi.ie/Downloads/Policy%20on%20Quality%20Assurance%20Guidelines.pdf
[14] https://www.qqi.ie/Downloads/Core%20Statutory%20Quality%20Assurance%20Guidelines.pdf
[15] https://www.qqi.ie/Publications/Publications/QQI%20Policy%20on%20Monitoring%202014.pdf
[16] https://www.qqi.ie/Publications/Publications/Reengagement%20with%20QQI%20Overarching%20Policy%20for%20All%20Providers.pdf
[17] https://www.qqi.ie/Publications/Publications/Initial_Validation_policy_7_10_13.pdf
[18] https://www.qqi.ie/Publications/Publications/Effective%20Practice%20Guidelines%20for%20External%20Examining%20Revised%20February%202015.pdf